AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2026
COM(2026) 420 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite

{SWD(2026) 253 final}

IARSCRÍBHINN

ROINN 1: FABHTANNA AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN BPLEAN TÉARNAIMH AGUS COIGILTIS

1. Tuairisc ar Athchóirithe agus Infheistíochtaí

A. COMHCHUID 1.1: GEILLEAGAR ATHLÉIMNEACH, GLAS AGUS DIGITEACH

Tá cur chuige leathan cothrománach ag an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na laigí struchtúracha i ngeilleagar na Cróite. Cuirtear bac ar fhás eacnamaíoch agus ar chóineasú na Cróite leis an gcuid eile den Aontas mar gheall ar tháirgiúlacht íseal, infheistíochtaí réasúnta íseal ón earnáil phríobháideach, rochtain theoranta ar mhaoiniú ag na cuideachtaí is nuálaí agus, go ginearálta, timpeallacht ghnó ina bhfuil ualach riaracháin agus paraifhioscach réasúnta ard agus rialáil iomarcach ar ghairmeacha. Ina theannta sin, tá sciar an táirgthe thionsclaíoch ar an sciar is ísle i measc na mBallstát Láir agus Thoir agus tá an Chróit chun deiridh freisin ar thíortha piaraí maidir le leibhéal na n-infheistíochtaí a théann isteach sa nuálaíocht, i dtáirgí ar leibhéal teicneolaíochta níos airde agus san aistriú glas agus san aistriú digiteach.

Tá trí chuspóir ag an gcomhpháirt:

- Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó trí leanúint de na hathchóirithe chun an t-ualach riaracháin agus paraifhioscach a laghdú agus chun gairmeacha rialáilte a léirscaoileadh a thuilleadh.
- Leithdháileadh níos fearr acmhainní caipitil a bhaint amach laistigh den gheilleagar trí athruithe ar an gcreat rialála a cheapadh chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach a dhreasú; tacú le hinfheistíochtaí táirgiúla ó ghnólachtaí trí dheontais agus ionstraimí airgeadais lamháltais, go háirithe chun teicneolaíochtaí glasa a ghlacadh; agus feabhas a chur ar an rochtain ar bhealaí malartacha nó nuálacha maoiniúcháin.
- Tacú le gnólachtaí a n-oibríochtaí a chur in oiriúint don timpeallacht dhigiteach nua agus béim ar leith á leagan ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a bhí buailte go dona ag na bearta dianghlasála a chuir srian ar sheirbhísí pearsanta.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar an moladh tírshonrach trí leachtacht a sholáthar do chuideachtaí beaga agus meánmhéide, trí mhuirir agus srianta paraifhioscacha a laghdú i rialáil mhargadh na n-earraí agus na seirbhísí, trí infheistíochtaí príobháideacha a chur chun cinn agus trí infheistíochtaí a dhíriú ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach (moladh tírshonrach 3, 2020). Rannchuidíonn sé freisin le haghaidh a thabhairt ar an moladh chun na muirir pharaifhioscacha is troime agus rialáil iomarcach ar an margadh táirgí agus seirbhísí a laghdú (moladh tírshonrach 4, 2019).

Tá an chomhpháirt roinnte ina dhá fho-chomhpháirt, C1.1.1 (Iomaíochas agus aistriú glas an gheilleagair a neartú) agus C.1.1.2 (Borradh a chur faoin nuálaíocht agus an geilleagar a dhigitiú.)

A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Fo-chomhpháirt C1.1.1 — Iomaíochas agus aistriú glas an gheilleagair a neartú

Is é is cuspóir don fho-chomhpháirt seo gníomhaíocht eacnamaíoch, iomaíochas agus infheistíocht a chur chun cinn tríd an ualach riaracháin agus paraifhioscach ar ghnólachtaí a laghdú a thuilleadh, gairmeacha rialáilte a léirscaoileadh a thuilleadh, rochtain ar chreidmheas a mhéadú le cabhair ó dheontais, iasachtaí lamháltais agus ionstraimí cothromais, infheistíochtaí díreacha coigríche a mhealladh agus tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ina n-aistriú digiteach.

Athchóiriú C1.1.1 R1 — Leanúint den athchóiriú ar an timpeallacht ghnó agus rialála.

Is é is cuspóir don athchóiriú seo timpeallacht ghnó na Cróite a fheabhsú a thuilleadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

digitiú a dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthraíonn riaracháin stáit agus phoiblí do ghnólachtaí,

- feabhas a chur ar dhálaí rialála do ghnólachtaí agus leanúint den fhaoiseamh maidir leis an ualach riaracháin agus fioscach agus

straitéis agus Plean Gníomhaíochta a ghlacadh chun measúnú tionchair eacnamaíoch a fheabhsú.

Áireofar san athchóiriú glacadh an 5ú Plean Gníomhaíochta chun an t-ualach riaracháin agus na muirir pharaifhioscacha agus neamhchánach a laghdú, córas TF a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart agus chun Clár na Muirear Neamhchánach a thabhairt cothrom le dáta agus a dhigitiú.

Straitéis agus plean gníomhaíochta a ghlacadh chun feabhas a chur ar nósanna imeachta um measúnú tionchair eacnamaíoch a úsáidtear sa riarachán poiblí chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don nuálaíocht agus chun samhlacha nua gnó a ghlacadh. Sa chomhthéacs sin, aistreofar an Tástáil Measúnaithe Tionchair FBM chuig ardán digiteach chun comhar na riarthóirí poiblí a éascú agus chun tacú le hoiliúint agus cumarsáid ar líne. Beidh oiliúint leanúnach státseirbhíseach i réimsí sonracha mar chuid den infheistíocht. Áireofar ar bhearta faoin infheistíocht Bosca Gainimh Rialála a chur chun feidhme, lena bhféadfar tástáil rialaithe a dhéanamh ar shamhlacha nua gnó.

Tabharfar an t-athchóiriú sin chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú C1.1.1 R2 — Leanúint den athchóiriú ar ghairmeacha rialáilte

Is é is cuspóir don athchóiriú borradh a chur faoin táirgiúlacht i ngeilleagar na Cróite trí leanúint de léirscaoileadh na margaí seirbhísí. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin 50 ceanglas rialála ar a laghad le haghaidh seirbhísí gairmiúla a shimpliú nó a dhíothú, i gcomhréir le pleananna gníomhaíochta maidir le margaí seirbhísí a léirscaoileadh agus moltaí ón mBanc Domhanda á gcur san áireamh.

Athchóiriú C1.1.1 R3 — An creat straitéiseach a chur chun cinn chun infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn

Is é is cuspóir don athchóiriú an Chróit a dhéanamh ina ceann scríbe tarraingteach le haghaidh infheistíochta trí Chreat Straitéiseach a fhorbairt agus a ghlacadh chun Infheistíocht Dhíreach Choigríche a Chur Chun Cinn agus a Éascú. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin creat straitéiseach a ghlacadh chun infheistíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear plean náisiúnta, plean gníomhaíochta, dlí nua maidir le hinfheistíocht a chur chun cinn, agus ardán comhordúcháin digiteach.

Athchóiriú C1.1.1 R6 — Earnálacha athléimneacha cultúrtha agus cruthaitheacha a fhorbairt

Áireofar san athchóiriú teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Dlí um Meáin Leictreonacha agus Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara lena mbunaítear cosaint dlí éifeachtach d'údair ábhair chruthaithigh, chultúrtha agus meán ar an Idirlíon, agus an gá atá le deireadh a chur le bacainní ar thráchtálú rathúil ábhair chosanta ar an Idirlíon á chur san áireamh. Táthar ag súil go ndreasóidh an creat dlíthiúil nua fiontraithe chun a bpróisis ghnó a chur in oiriúint do chaighdeáin tionscail sa Mhargadh Aonair Digiteach, trí shamhlacha gnó nua agus nuálacha ar líne, agus táirgí agus seirbhísí nua agus nuálacha a fhorbairt.

Táthar ag súil go gcothóidh an creat cóipchirt athchóirithe na tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha trí chreat dlíthiúil cobhsaí a chur ar fáil chun ardáin agus feidhmchláir ar líne a chruthú, ceadúnú ar líne d'ábhar cruthaitheach, cultúrtha agus meán a éascú, agus ar an gcaoi sin éagsúlacht chultúrtha, teanga agus meán a chur chun cinn. Le hathruithe ar chreat dlíthiúil na meán agus an chóipchirt, meastar go n-éascófar dáileadh trasteorann clár teilifíse agus raidió, trí rialacha soiléire a sholáthar maidir le cúrsaíocht comharthaí díreacha, mar a thugtar orthu, agus go n-éascófar athúsáid ábhair phoiblí chun táirgí agus seirbhísí nuálacha nua a chruthú ar an Margadh Aonair Digiteach. Thairis sin, áiritheofar leis an athchóiriú reachtach trédhearcacht i bhfoilsiú struchtúr úinéireachta atá nasctha le Clár na nÚinéirí Tairbhiúla agus i bhfoilsiú na faisnéise sin ar shuíomh gréasáin an tsoláthraí, agus tabharfar isteach tuilleadh trédhearcachta freisin maidir le faisnéis faoi mhéideanna agus faoi fhoinsí cistiúcháin.

Infheistíocht C1.1.1 R1-I1 — Digitiú na seirbhísí rialtais agus riaracháin phoiblí a sholáthraítear don earnáil ghnó (G2B)

Is é cuspóir na hinfheistíochta feabhas a chur ar inrochtaineacht, trédhearcacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí poiblí a sholáthraítear do ghnólachtaí trína ndigitiú i réimsí tosaíochta roghnaithe amhail clárú agus ceadúnú gnó. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin straitéis rialála agus plean gníomhaíochta a ghlacadh do FBManna, ardán íocaíochta táillí a sheoladh, córas START a uasghrádú le pointí rochtana agus modúl ceadúnúcháin, agus nósanna imeachta infheistíochta a dhigitiú.

Infheistíocht C1.1.1 R1-I2 — Faoiseamh leanúnach maidir leis an ualach riaracháin agus fioscach

Is é cuspóir na hinfheistíochta feabhas suntasach a chur ar an timpeallacht ghnó sa Chróit. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin Pleananna Gníomhaíochta comhleanúnacha a chur chun feidhme chun muirir pharaifhioscacha agus neamhchánacha a laghdú, ualaí riaracháin a laghdú, agus tástáil FBManna a dhigitiú trí ardán comhair nua.

Infheistíocht C1.1.1 R4-I1 — Tacaíocht d'fhiontair le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar atá tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní

Is é is cuspóir don infheistíocht seo infheistíochtaí táirgiúla ó chuideachtaí beaga, meánmhéide agus meánchaipitlithe i dteicneolaíochtaí glasa a mhaoiniú, trí dheontais, ar infheistíochtaí iad a rannchuidíonn le geilleagar atá tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní i dtionscail dianfhuinnimh. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo glaonna ar thograí a sheoladh agus deontais a dhámhachtain ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe le haghaidh infheistíochtaí i dtionscadail an gheilleagair chiorclaigh agus i dteicneolaíochtaí astaíochtaí ísle.

Infheistíocht C1.1.1 R4-I2 — Ionstraim airgeadais le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide

Is é cuspóir na hinfheistíochta gníomhaíocht infheistíochta ar mhargadh na Cróite a spreagadh a thuilleadh trí choinníollacha maoiniúcháin níos fabhraí a chur ar fáil do FBManna le linn chéim an fháis agus na forbartha (eintitis a bhfuil rochtain acu ar mhaoiniú) agus tacú le rochtain ar mhaoiniú

do spriocghrúpaí sonracha nach mbíonn an rochtain sin acu de ghnáth (amhail micrifhiontair, gnólachtaí nuathionscanta, fiontraithe óga, infheistíochtaí in TFN, oibreoirí eacnamaíocha a infheistíonn i réimsí beagfhorbartha). Is éard atá i gceist leis an mbeart seo ionstraimí airgeadais a bhunú trí HAMAG BICRO agus HBOR chun iasachtaí agus fóirdheontais ráta úis a chur ar fáil d'infheistíochtaí FBManna san iomaíochas, sa digitiú agus san aistriú glas.

Infheistíocht C1.1.1 R4-I3 — Ionstraim airgeadais le haghaidh fiontair mheánchaipitlithe agus fiontair mhóra

Is é cuspóir na hinfheistíochta iomaíochas agus aistriú glas agus digiteach cuideachtaí meánchaipitlithe agus cuideachtaí móra a chur chun cinn trí fhoinsí maoiniúcháin níos fabhraí a sholáthar mar phríomhchoinníoll le haghaidh fás infheistíochta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo cistí ráthaíochta agus fóirdheontais úis a bhunú trí HBOR chun infheistíochtaí san iomaíochas, sa digitiú agus i dteicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a mhaoiniú.

Infheistíocht C1.1.1 R4-I4 — Ionstraim airgeadais le haghaidh eintitis san earnáil phoiblí

Is é cuspóir na hinfheistíochta maoiniú lamháltais a sholáthar d'eintitis phoiblí le haghaidh tionscadail i mbonneagar eacnamaíoch, bardasach, iompair agus sóisialta, chomh maith le tionscadail teicneolaíochta a rannchuidíonn le haistriú glas agus digiteach na hearnála poiblí le leithdháileadh beartaithe EUR 26544562 (HRK 200000000). Is éard atá i gceist leis an mbeart seo cistí fóirdheontais úis a bhunú trí HBOR chun eintitis phoiblí a mhaoiniú le haghaidh infheistíochtaí bonneagair agus teicneolaíochta inbhuanaithe.

Infheistíocht C1.1.1. R4-I5 — Instealladh Cothromais in HBOR chun Tacú le hInfheistíochtaí Digiteacha Straitéiseacha agus Infheistíochtaí Glasa Straitéiseacha

Is é is aidhm don bheart seo tacú le hacmhainneacht fáis gheilleagar na Cróite trí choigeartú struchtúrach a dhéanamh ar leibhéal na tacaíochta poiblí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus ar neamhéifeachtúlachtaí laistigh den gheilleagar, in dhá réimse shonracha, an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas.

Is éard a bheidh sa bheart instealladh cothromais EUR 277398368 i mBanc Athstruchtúrúcháin agus Forbartha na Cróite (HBOR).

Glacfaidh HBOR beartas infheistíochta nua chun an cothromas breise a úsáid. Áireofar sa bheartas infheistíochta tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais mar aon leis an gcineál tairbhithe deiridh incháilithe a bhfuil coinne leis go dtacóidh an cothromas breise leo ar dtús, lena n-áirítear an amlíne a bhfuil coinne léi maidir le cur chun feidhme agus méid ionchasach gach táirge airgeadais. Úsáidfidh HBOR le haghaidh an chothromais bhreise an córas iniúchóireachta agus rialaithe céanna a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach air i gcomhréir le hAirteagal 157 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Ceanglófar leis an mBeartas Infheistíochta go gcomhlíonfaidh táirgí airgeadais a dtacaíonn an cothromas breise leo an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[1], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí

[1] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[2] (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[3] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[4]. Ina theannta sin, i gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí, eisiafar leis an mbeartas infheistíochta cuideachtaí a bhfuil fócas suntasach acu[5] sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara[6] (ii) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail a astaíonn a lán CO_2[7]; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol[8]; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt dramhaíola[9], (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtairbhithe deiridh.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht C1.1.1 R5-I1 — Infheistíocht in ionstraimí airgeadais cothromais agus cuasachothromais

Is é cuspóir na hinfheistíochta a áirithiú go ndéanfar cuideachtaí príobháideacha nach bhfuil in ann maoiniú a fháil ó institiúidí airgeadais traidisiúnta a fhorbairt níos tapúla le leithdháileadh beartaithe EUR 29862632 (HRK 225000000). Is éard atá i gceist leis an mbeart sin ionstraimí cothromais agus cuasachothromais a bhunú trí HBOR agus CEI chun infheistíochtaí a dhíriú i dtreo cothromas príobháideach, cistí caipitil fiontair, agus comhinfheistíochtaí.

---

[2] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

Níl feidhm ag an eisiamh [3] sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[4] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[5] Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[6] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[7] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[8] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

Níl feidhm ag an eisiamh [9] sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Infheistíocht C1.1.1 R6-I1 — Iomaíochas thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta a chlaochlú agus a neartú

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le claochlú agus iomaíochas na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo cistiú a chur ar fáil, trí dheontais, chun acmhainneacht micrifhiontar, fiontar beag agus meánmhéide agus daoine dlítheanacha agus nádúrtha eile atá gníomhach i réimse earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a fhorbairt.

Infheistíocht C1.1.1 R6-I2 — Córas seiceála fíricí agus nochta phoiblí sna meáin a bhunú

Is é cuspóir na hinfheistíochta an cumas dul i ngleic leis an mbréagaisnéis a neartú. Tacaíonn an infheistíocht le córas seiceála fíricí ar na meáin a bhunú ag an nGníomhaireacht um na Meáin Leictreonacha, lena n-áirítear creataí, uirlisí agus inniúlachtaí a fhorbairt.

Fo-chomhpháirt C.1.1.2 — Borradh a chur faoin nuálaíocht agus an geilleagar a dhigitiú

Is é is cuspóir don fho-chomhpháirt seo feabhas a chur ar sheasamh gheilleagar na Cróite ar an slabhra luacha trí bhorradh a chur faoin nuálaíocht agus faoin digitiú san earnáil phríobháideach. Áireofar ar bhearta na fo-chomhpháirte sin creat reachtach atá níos fabhraí don infheistíocht a ghlacadh, tacaíocht riaracháin agus airgeadais a chur ar fáil do ghnólachtaí óga agus nuálacha chun forbairt agus tráchtálú táirgí nuálacha a chur chun cinn, agus tacaíocht a chur ar fáil do ghnólachtaí dá n-aistriú digiteach.

Athchóiriú C1.1.2 R1 — Athchóiriú ar an gcóras dreasachta T & F

Is é is cuspóir don athchóiriú an líon fiontar a infheistíonn agus méid na n-infheistíochtaí in T & F a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin anailís a dhéanamh ar an scéim dreasachta cánach T & F atá ann faoi láthair agus an creat dlíthiúil a leasú chun nósanna imeachta a shimpliú, ualaí a laghdú, agus inrochtaineacht a fheabhsú.

Infheistíocht C1.1.2 R2-I2 — Infheistíocht i gcumas bainistíochta fiontar beag agus meánmhéide

Is é cuspóir na hinfheistíochta cabhrú le gnólachtaí a ngníomhaíochtaí a leathnú, a dtáirgiúlacht a mhéadú agus poist a chruthú trí thacaíocht chomhairliúcháin gnó a chur ar fáil do FBManna chun a n-acmhainneacht bainistíochta a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart seo tacaíocht chomhairleach, oiliúna agus mheantóireachta a chur ar fáil do FBManna chun an cumas bainistíochta a neartú.

Infheistíocht C1.1.2 R2-I3 — Maoiniú deontais nuathionscanta

Is é is cuspóir don infheistíocht seo fás gnólachtaí nuathionscanta a spreagadh sna hearnálacha ardteicneolaíochta agus eolasbhunaithe sa chéim réamhthráchtála trí thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt táirgí, d'acmhainneacht táirgeachta mhéadaithe agus d'ullmhacht infheistíochta.

Is éard atá i gceist leis an mbeart seo deontais a dhámhachtain do ghnólachtaí nuathionscanta sa chéim réamhthráchtála chun tacú le forbairt táirgí, leathnú acmhainneachta agus ullmhacht infheistíochta.

Infheistíocht C1.1.2 R2-I4 — Gníomhaíochtaí Luasghéaraithe a Neartú

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le clár luasghéaraithe a bhunú sa Chróit. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo meantóireacht, tacaíocht d'ullmhacht infheistíochta agus rochtain ar líonraí infheisteoirí a chur ar fáil do ghrúpaí suas le 120 gnólacht nuathionscanta thar thréimhse 3 mhí ar a laghad.

Infheistíocht C1.1.2 R2-I5 — Tráchtálú tionscadal nuálaíochta

Is é cuspóir na hinfheistíochta tráchtálú tionscadal nuálaíochta le haghaidh tionscadail aibí atá gar do dhul isteach sa mhargadh a spreagadh, agus onnmhairí táirgí, seirbhísí nó teicneolaíochtaí nuálacha ag FBManna a mhéadú trí thacú le bealaí díolacháin agus dáileacháin a chruthú ar mhargaí eachtracha agus trí na naisc idir institiúidí eolaíocha agus an tionscal, agus idir fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí níos mó, a neartú. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin deontais a chur ar fáil do FBManna a bhfuil tionscadail nuálaíochta aibí acu chun oiriúnú táirgí, seoladh margaidh agus idirnáisiúnú a mhaoiniú.

Infheistíocht C1.1.2 R3-I2 — Dearbháin digitithe

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le FBManna samhail ghnó dhigiteach a fhorbairt, a n-acmhainneacht a neartú chun a gcibearshlándáil a dhigitiú, nó a fheabhsú trí chóras dearbhán a thabhairt isteach. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin dearbháin a sholáthar do FBManna le haghaidh scileanna digiteacha, cibearshlándála agus tionscadail claochlaithe dhigitigh.

Infheistíocht C1.1.2 R3-I3 — Deontais le haghaidh digitiú

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le claochlú digiteach chuideachtaí na Cróite trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun réitigh dhigiteacha a chur in úsáid ina n-oibríochtaí gnó. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin deontais a chur ar fáil do FBManna chun uirlisí digiteacha a chur in úsáid, scileanna digiteacha a neartú, agus táirgí agus seirbhísí digiteacha nuálacha a fhorbairt.

A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
1	C1.1.1. R1	M	Glacadh na Straitéise um Meastóireacht ar Éifeachtaí Eacnamaíocha an Rialacháin ar earnáil na FBManna ag Rialtas na Cróite agus an Phlean Gníomhaíochta a ghabhann léi	Glacadh na Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta				R4	2022	Ag díriú go príomha ar thionchar eacnamaíoch na rialála ar earnáil na FBManna, glacfaidh MINGOR Straitéis cheangailteach um Beartas Rialála d'Aireachtaí, lena sanntar go soiléir freagrachtaí bainistíochta agus oibríochtúla le linn na gcéimeanna a bhaineann le tástáil éigeantach FBM a dhéanamh le linn an phróisis rialála. Bunaithe ar an Straitéis um Beartas Rialála, glacfar Plean Gníomhaíochta chun cur chun feidhme uirlisí agus modheolaíochtaí ábhartha ag Aireachtaí líne a eagrú, a phleanáil, a chomhordú agus faireachán a dhéanamh orthu (go príomha, le haghaidh tástáil FBManna agus anailísí eacnamaíocha eile ar rialáil, má bhraitear tionchar suntasach eacnamaíoch).
2	C1.1.1. R1-I1	M	Ardán digiteach oibríochtúil chun táillí a íoc	Ardán digiteach chun táillí i bhfeidhm a íoc				R2	2022	Bunófar ardán íocaíochta aonair le haghaidh táillí éigeantacha mar sheirbhís phoiblí dhigiteach nua chun an próiseas riaracháin atá ann cheana a bharrfheabhsú agus chun na feidhmiúlachtaí seo a leanas a thairiscint: (1) Liosta na dtáillí atá le híoc ag an oibreoir gnó (2) Féilire íocaíochta ina bhfuil spriocdhátaí chun iad a shocrú (3) An fhéidearthacht táillí a íoc go díreach ar líne (4) Forléargas ar na gealltanais a íocadh.
3	C1.1.1. R1-I1	M	Córais START a uasghrádú	Ardán a thosú le seirbhísí breise uasghrádaithe				R4	2024	Déanfar an t-ardán digiteach chun corparáidí faoi dhliteanas teoranta a chur ar bun, ar a dtugtar ardán START, a uasghrádú trí sheirbhísí breise a dhigitiú chun críoch clárúcháin agus tuairiscithe agus chun córais nuathionscanta atá ann cheana a chomhtháthú. Áirítear sa chéad ghníomhaíocht infheistíochtaí a chuirfidh leis an ardán digiteach atá ann cheana ar a dtugtar START chun corparáidí faoi dhliteanas teoranta a chur ar bun agus chun ligean d'úsáideoirí corparáidí nua a chlárú ar líne. Leathnóidh a ghníomhaíocht feidhmiúlachtaí ardán START d'fhonn méid na seirbhísí a mhéadú, rochtain agus infhaighteacht an chórais a fheabhsú agus a áirithiú go ndéanfar na sonraí gnó nua uile a chomhtháthú in aon bhunachar sonraí amháin. Ar an dara dul síos, tabharfar feidhmiúlachtaí nua

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										isteach in ardán START trína uasghrádú agus trína nascadh le bunachair sonraí éagsúla na clárlainne gnó chun rochtain ar nós imeachta riaracháin a cheadú trí fhíordheimhniú digiteach. Ar an tríú dul síos, bunófar ardán ceadúnúcháin digiteach (START Plus) chun trédhearcacht coinníollacha iontrála sa mhargadh chomh maith le trédhearcacht rialachán gnó a mhéadú.
4	C1.1.1. R1-I1	T	Pointí rochtana fisiciúla ar ardán START a chur ar bun		Líon	0	20	R4	2024	Chun úsáid ardán START a mhéadú agus chun na próisis a tionscnaíodh trí na hardáin dhigiteacha agus fhisiceacha a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, bunófar 20 pointe rochtana fisiciúla nua ar ardán START.
5	C1.1.1. R1-I1	M	Digitiú na bpróiseas spriocdhírithe MINGOR faoin Dlí maidir le Tionscadail Infheistíochta Straitéisí Phoblacht na Cróite, faoin Dlí maidir le Cur Chun Cinn Infheistíochta agus faoin Dlí maidir le Státchabhair le haghaidh Tionscadail Taighde agus Forbartha agus digitiú agus líonrú breise chóras JRPI	Próisis spriocdhírithe MINGOR a dhigitiú				R4	2024	Leis an ngarsprioc sin, ní mór digitiú a dhéanamh ar na próisis lena gcuirtear chun feidhme Dlí na Cróite maidir le Tionscadail Infheistíochta Straitéiseacha, an Dlí maidir le Cur Chun Cinn Infheistíochta agus an Dlí maidir le Státchabhair do Thionscadail Taighde agus Forbartha agus an Clár Aonair de Bhonneagar Fiontar (JRPI) a dhigitiú a thuilleadh agus a líonrú. Is éard a bheidh i gceist leis sin na nósanna imeachta thuas a shimpliú, bunachar sonraí leictreonach JRPI maidir le fiontair a fhorbairt agus a uasghrádú a thuilleadh agus ardán digiteach a chur chun feidhme chun iarratais a chur isteach agus rochtain a fháil orthu.
6	C1.1.1. R1-I2	T	Cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta chun muirir neamhchánach agus pharaifhioscacha a laghdú 2020		% (céatadán)	0	100	RÁITHE 1	2022	Le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta chun muirir neamhchánach agus pharaifhioscacha a laghdú 2020, a ghlac Rialtas na Cróite i mí na Bealtaine 2020 agus ina bhfuil 33 bheart chun muirir neamhchánacha agus pharaifhioscacha a laghdú agus 17 mbeart chun táillí ar scrúduithe gairmiúla a laghdú, tabharfar faoiseamh costais díreach don earnáil phríobháideach.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
7	C1.1.1. R1-I2	T	Cur chun feidhme na mbeart sna Pleananna Gníomhaíochta chun an t-ualach riaracháin ar an ngeilleagar a mhaolú 2018, 2019, 2020		% (céatadán)	61,02	95	R4	2022	Cur chun feidhme na mbeart chun an t-ualach riaracháin a laghdú a sainaithníodh i bPleananna Gníomhaíochta 2018, 2019 agus 2020, arb ionann é agus 95 % ar a laghad den laghdú costais atá beartaithe. Leis na Pleananna Gníomhaíochta maidir le faoiseamh ón ualach riaracháin, déanfar na próisis riaracháin a shainaithnítear mar na cinn is troime don earnáil phríobháideach a bharrfheabhsú agus a dhigitiú. Déanfar gach beart faoisimh ualaigh a bhunú i gcomhar le hionadaithe an phobail gnó, comhlachais ghnó agus comhlachais ghairmiúla.
8	C1.1.1. R1-I2	M	An Tástáil ar Mheasúnú Tionchair FBManna a dhigitiú trí ardán digiteach a fhorbairt le haghaidh chomhar na gcomhordaitheoirí, oiliúint ar líne agus cumarsáid fhrithpháirteach	Ardán Digiteach i bhfeidhm				R4	2023	Déanfaidh úsáid seirbhísí comhairliúcháin TF ardán digiteach a fhorbairt agus a chur ar bun chun an tástáil FBM a chur chun feidhme. Is éard a bheidh san ardán bunachar sonraí TF de thástálacha FBManna, bunachar sonraí de luachanna caighdeánaithe a úsáidtear chun an measúnú tionchair a ríomh, agus beifear in ann faireachán córasach a dhéanamh ar thionchair ríofa, ar thuarascálacha anailíseacha agus ar ionsamhlúcháin tionchair. Beidh tairseach ina cuid lárnach den ardán, sa bhreis ar an mbunachar sonraí, a bheidh tiomnaithe do chumarsáid fhrithpháirteach agus do mhalartú taithí idir saineolaithe náisiúnta a chruthaíonn an líonra um Rialáil Níos Fearr. Déanfar na gníomhaíochtaí uile a chur chun feidhme trí thionscadail cúnaimh theicniúil (TSI).
9	C1.1.1. R1-I2	T	Gníomhaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta nua a chur chun feidhme chun muirir neamhchánach agus pharaifhioscacha a laghdú		Líon (EUR)	0	132 722 808	R4	2023	Gné thábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht ghnó is ea na muirir éagsúla i bhfoirm tobhaigh pharaifhioscacha agus muirir riaracháin. Déanfar anailís agus breithniú ar gach táille a eascraíonn as forálacha rialála poiblí arna n-íoc ag gnóthais le comhlachtaí rialtais láir, le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha nó le comhlachtaí eile a bhfuil cumhachtaí poiblí acu. Beidh faoiseamh costais díreach nach lú ná EUR 132722808 mar thoradh ar chur chun feidhme na mbeart chun an t-ualach ar ghnólachtaí ó mhuirir pharaifhioscacha agus neamhchánacha a laghdú sa Phlean Gníomhaíochta nua/dara Plean Gníomhaíochta chun muirir pharaifhioscacha agus pharaifhioscacha a laghdú.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
10	C1.1.1. R1-I2	T	Cur chun feidhme na chéad sraithe beart a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta nua/cúigiú Plean Gníomhaíochta maidir le faoiseamh ón ualach riaracháin d'fhiontraithe		Líon (EUR)	0	132 722 808	R4	2024	Le Plean Gníomhaíochta nua/cúigiú Plean Gníomhaíochta a fhorbairt maidir le faoiseamh ó ualach riaracháin, leanfar de bharrfheabhsú agus digitiú na bpróiseas riaracháin a shainaithnítear mar na próisis is troime don earnáil phríobháideach. Cuirfidh sé timpeallacht dhlíthiúil agus riaracháin níos fabhraí ar fáil do ghnólachtaí trí leanúint de bhearta a chur chun feidhme chun ualaí a laghdú, chun gnó a shimpliú agus chun é a dhéanamh níos saoire. Le cur chun feidhme na mbeart a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta nua/cúigiú Plean Gníomhaíochta maidir leis an ualach riaracháin a laghdú sa gheilleagar, laghdófar an t-ualach ar fhiontraithe faoi EUR 132722808 ar a laghad. Áiritheofar cur chun feidhme na mbeart trí chomhar idir an Aireacht Geilleagair agus Forbartha Inbhuanaithe agus an Lároifig Stáit um Fhorbairt na Sochaí Digití.
11	C1.1.1. R1-I2	T	Cur chun feidhme an dara sraith beart a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta nua/cúigiú Plean Gníomhaíochta chun an t-ualach riaracháin ar fhiontraithe a laghdú a thuilleadh		Líon (EUR)	132 722 808	265 445 617	R4	2025	Le cur chun feidhme na mbeart a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta nua/cúigiú Plean Gníomhaíochta maidir le laghdú an ualaigh riaracháin ar an ngeilleagar, laghdófar an t-ualach ar fhiontraithe de EUR 132722808 ar a laghad i gcomparáid leis an sprioc a bunaíodh go dtí 4Q/2024.
12	C1.1.1. R2	T	50 ceanglas rialála ar a laghad le haghaidh seirbhísí gairmiúla a shimpliú nó a bhaint		Líon	250	300	R4	2024	Áireofar leis an sprioc simpliú nó baint iomlán 50 ceanglas rialála ar a laghad le haghaidh seirbhísí gairmiúla, bunaithe ar chur chun feidhme an dara agus an tríú plean gníomhaíochta chun margaí seirbhísí a léirscaoileadh, lena n-áirítear gairmeacha dlíodóirí, nótairí, comhairleoirí cánach, iniúchóirí, cógaiseoirí agus cógaslanna, fisiteiripeoirí, ailtirí, innealtóirí agus treoraithe turasóireachta, agus moltaí an tionscadail cúnaimh theicniúil i gcomhar leis an mBanc Domhanda á gcur san áireamh, chomh maith le moltaí maidir leis an méid seo a leanas: — Costais chlárúcháin agus bhallraíochta na ndlísheomraí

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										gairmiúla; — Cearta eisiacha ilroinnte i ngairmeacha aonair (e.g. ailtirí agus innealtóirí); — An scrúdú gairmiúil iarchéime (e.g. ailtirí agus innealtóirí) a sholáthar; — Srianta ar chomhairleoirí cánach maidir le leasanna úinéireachta agus bainistíochta nó cearta vótála.
13	C1.1.1. R3	M	Lena mbunaítear creat straitéiseach chun infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn	Plean Gníomhaíochta a ghlacadh chun borradh a chur faoin infheistíocht agus faoi chur i seirbhís ardáin dhigitigh chun cur chun cinn agus tacaíocht éifeachtach infheistíochta idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnaí a chomhordú agus a áirithiú.				R4	2024	Bunófar creat straitéiseach chun infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn, bunaithe ar anailís agus ar mholtaí, arb é a bheidh iontu glacadh agus foilsiú an Phlean Náisiúnta um Infheistíocht a Chur Chun Cinn 2023-2030, an Phlean Gníomhaíochta chun borradh a chur faoin infheistíocht 2023-2028, agus teacht i bhfeidhm Dlí nua maidir le Cur Chun Cinn Infheistíochta, agus cur i seirbhís ardáin dhigitigh oibríochtúil le haghaidh comhordú agus cur chun cinn agus tacaíocht éifeachtach infheistíochta idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnaí. Beidh trí staidéar anailíseacha sa gharsprioc: athbhreithniú a sholáthar ar an tírdhreach institiúideach, ii) measúnú ar thionchar na n-infheistíochtaí díreacha coigríche agus iii) moltaí maidir le hathruithe rialála, institiúideacha agus dearadh dreasachtaí cánach; an creat straitéiseach a ghlacadh lena n-áirítear plean gníomhaíochta agus ardán digiteach a bhunú chun cur chun feidhme a éascú. Meastar go n-áiritheofar leis an gcreat straitéiseach comhleanúnachas agus comhordú beartais ar fud aireachtaí agus institiúidí éagsúla a bhíonn ag déileáil le hinfheistíocht a chur chun cinn agus a éascú, tionchar na hinfheistíochta ar tháirgiúlacht, ar chruthú post agus ar fhorbairt réigiúnach a uasmhéadú agus tacú le haistriú digiteach agus aeráide na Cróite.
14	C1.1.1. R4-I1	M	Foilsiú glaonna ar chistiú le haghaidh infheistíochtaí lena ndírítear ar ghníomhaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a	Foilsiú fógra maidir le glao ar thograí le haghaidh deontas				R2	2022	Seoladh glaonna ar thograí le haghaidh deontas chun tacú le haistriú glas FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe i dtreo geilleagar atá tíosach ar fhuinneamh. Tacóidh na deontais le forbairt agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí glasa i bpróisis ghnó cuideachtaí chun tionchair dhiúltacha aeráide agus chomhshaoil a laghdú, táirgeadh inbhuanaithe a chothú, fostaíocht i bpoist níos inbhuanaithe a mhéadú agus iomaíochas áitiúil agus réigiúnach a neartú (i

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			bhfuil critéir incháilitheachta sheanbhunaithe acu d'iarratasóirí agus do thionscadail (lena n-áirítear critéir chomhlíontachta 'gan dochar suntasach a dhéanamh')							gcomhréir le tacsanomaíocht AE). Léireofar sna critéir roghnúcháin/incháilitheachta ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán RRF agus áiritheofar leo go gcomhlíonfaidh na tionscadail a dtacaítear leo Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas maidir le reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a chomhlíonadh. Ní thacóidh an beart seo le hinfheistíochtaí i suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA). Tacóidh na deontais le hinfheistíochtaí ó chuideachtaí san earnáil phríobháideach atá dírithe ar an méid seo a leanas: — Tionscadail atá dírithe ar an ngeilleagar ciorclach trí ghnéithe éifeachtúlachta acmhainní a chomhtháthú i dtáirgeadh agus i saolré táirgí, lena n-áirítear soláthar inbhuanaithe amhábhar príomhúil agus tánaisteach, agus/nó — Tionscail dianfhuinnimh a dhícharbónú agus astaíochtaí a laghdú go suntasach sna tionscail sin, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí nuálacha astaíochtaí ísle a léiriú.
15	C1.1.1. R4-I1	T	Na cistí a dheonú do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe le haghaidh infheistíochtaí atá dírithe ar ghníomhaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol		Líon	0	290	R3	2025	Conarthaí arna síniú le 250 FBM ar a laghad agus 40 cuideachta mheánchaipitlithe ar a laghad chun cistí a dheonú, i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a leagtar amach i nGarsprioc #14.
16	C1.1.1. R4-I2	M	Ionstraim airgeadais a bhunú chun tacú le hinfheistíocht ó mhicrifhiontair agus ó fhiontair bheaga agus	Comhaontuithe arna bhfoilsiú idir (i) an aireacht ábhartha (MINGOR nó				RÁITHE 1	2022	Spreagfaidh an beart infheistíocht ó mhicrifhiontair agus ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide i dteicneolaíochtaí nua, ceannach innealra agus trealaimh nua-aimseartha, agus acmhainneacht táirgeachta agus seirbhíse a mhéadú, chomh maith le bearta aistrithe ghlais (amhail teicneolaíochtaí glasa a ghlacadh, samhlacha gnó a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			mheánmhéide	MINFIN) agus HAMAG BICRO, agus idir (ii) an aireacht ábhartha (MINGOR nó MINFIN) agus HBOR chun coinníollacha fabhracha maoiniúcháin a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí agus sócmhainní caipitil oibre is gá chun na hinfheistíochtaí a dhéanamh agus/nó chun scála oibríochtaí oibreoirí eacnamaíocha a mhéadú.						thabhairt isteach atá bunaithe ar an ngeilleagar ciorclach, foinsí fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh). Ní thacóidh an beart seo le hinfheistíochtaí i suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA). Is éard a bheidh sa bheart 4 ionstraim airgeadais: 1) Micrichreidmheasanna díreacha suas le EUR 100000 ó Ghníomhaireacht na Cróite um FBManna, Nuálaíocht agus Infheistíochtaí (HAMAG BICRO) do ghnólachtaí a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar iasachtaí bainc tráchtála, ar feadh tréimhse suas le 10 mbliana, le rátaí úis lamháltais agus ceanglais chomhthaobhachta iasachta níos ísle. Meastar go gcuirfidh an ionstraim airgeadais sin EUR 49816843 (HRK 375744000) de chistiú ar fáil. Déanfar EUR 9519695 (HRK 71726143) ar a laghad a thiomnú do thacaíocht a thabhairt do phróisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus d'éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú in FBManna, úsáidfear EUR 7916199 (HRK 59644601) chun cabhrú le FBManna a n-oibríochtaí a dhigitiú, agus déanfar an EUR 32380949 (HRK 243974260) atá fágtha a thiomnú d'infheistíochtaí atá dírithe ar iomaíochas agus athléimneacht a neartú. Déanfar an ionstraim airgeadais sin a bhainistiú ar leithligh ó ionstraimí eile HAMAG BICRO chun a áirithiú go n-úsáidfear aon chistí nár úsáideadh nó athshreabhadh ón ionstraim sin, trí aisíoc an chaipitil, chun críoch comhchosúil agus leis na coinníollacha incháilitheachta céanna maidir leis an tionchar ar an gcomhshaol. 2) Iasachtaí díreacha ó Bhanc Athfhoirgníochta agus Forbartha na Cróite (HBOR) os cionn EUR 100000 do spriocghrúpaí sonracha amhail gnólachtaí nuathionscanta, fiontraithe óga, fiontraithe ban, infheistíochtaí i limistéir faoi mhíbhuntáiste, i limistéir bheagfhorbartha ó thaobh an gheilleagair de, agus TFN, nach bhfuil rochtain acu, mar gheall ar leibhéal níos airde riosca, ar chistiú baincéireachta, le rátaí úis lamháltais agus ceanglais chomhthaobhachta iasachta níos ísle. Meastar go gcuirfidh an ionstraim airgeadais sin EUR 66361404 (HRK 500000000) de chistiú ar fáil. Déanfar EUR 12681260 (HRK 95546955) ar a laghad a thiomnú do thacaíocht a thabhairt do phróisis táirgthe atá

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										neamhdhíobhálach don chomhshaol agus d'éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú in FBManna, úsáidfear EUR 10545231 (HRK 79453045) chun cabhrú le FBManna a n-oibríochtaí a dhigitiú, agus déanfar an EUR 43134913 (HRK 325000000) atá fágtha a thiomnú d'infheistíochtaí atá dírithe ar iomaíochas agus athléimneacht a neartú. Déanfar an ionstraim airgeadais seo a bhainistiú ar leithligh ó ionstraimí eile HBOR chun a áirithiú go n-úsáidfear aon chistí nár úsáideadh nó athshreabhadh ón ionstraim seo, trí aisíocaíocht an chaipitil, chun críche comhchosúla agus leis na coinníollacha incháilitheachta céanna maidir le tionchar ar an gcomhshaol. 3) Fóirdheontas ráta úis a shocrú ag HAMAG BICRO chun maolú a dhéanamh ar choinníollacha iasachtaithe iasachtaí bainc a dheonaítear do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a úsáideann na hionstraimí ráthaíochta HAMAG BICRO atá ann cheana. Meastar go gcuirfidh an ionstraim airgeadais sin EUR 3272281 (HRK 24655001) de chistiú ar fáil. Déanfar EUR 625313 (HRK 4711421) ar a laghad a thiomnú do thacaíocht a thabhairt do phróisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus d'éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú in FBManna, úsáidfear EUR 519985 (HRK 3917827) chun cabhrú le FBManna a n-oibríochtaí a dhigitiú, agus déanfar an EUR 2126983 (HRK 16025753) atá fágtha a thiomnú d'infheistíochtaí atá dírithe ar iomaíochas agus athléimneacht a neartú. 4) Ciste fóirdheontais ráta úis a bhunú ag HBOR chun coinníollacha iasachtaithe iasachtaí bainc a thugtar do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a úsáideann na hionstraimí creidmheasa HBOR atá ann cheana a éascú. Meastar go gcuirfidh an ionstraim airgeadais sin EUR 26544562 milliún (HRK 200000000) de chistiú ar fáil. Déanfar EUR 5072504 (HRK 38218782) ar a laghad a thiomnú do thacaíocht a thabhairt do phróisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus d'éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú in FBManna, úsáidfear EUR 4218093 milliún (HRK 31781218) chun cabhrú le FBManna a n-oibríochtaí a dhigitiú, agus déanfar an EUR 17253965 milliún (HRK 130000000) atá fágtha a thiomnú d'infheistíochtaí atá dírithe

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										ar iomaíochas agus athléimneacht a neartú. I gcás tionscadail a rannchuidíonn leis an aistriú glas, tá coinníollacha iasachtaithe níos fabhraí beartaithe ná mar atá i gcás tionscadail nach ndíríonn ar an aistriú glas. Ceadófar na hionstraimí airgeadais sin a chomhcheangal le maoiniú ó fhoinsí eile de chuid an Aontais nó ó fhoinsí náisiúnta eile ar choinníoll nach ndéanfar an infheistíocht a chistiú faoi dhó. Áiritheofar le beartas infheistíochta na gceithre ionstraim airgeadais go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) d’idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. As méid iomlán an bhirt: (i) leithdháilfear EUR 27898772 ar a laghad chun tacú le próisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus le héifeachtúlacht acmhainní in FBManna, agus coinne leis go rachaidh EUR 11128934 ar a laghad chun gáis ceaptha teasa a laghdú; (II) tiomnófar EUR 23199509 do chúnamh a thabhairt do FBManna agus oibríochtaí á ndigitiú; (III) tiomnófar EUR 94896808 d’infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh iomaíochas agus athléimneacht a neartú.
17	C1.1.1. R4-I2	T	Iasachtaí/fóirdheontais ráta úis a dheonaítear do mhicrifhiontair, d’fhiontair bheaga agus d’fhiontair mheánmhéide		Líon	0	750	R2	2026	750 iasacht/fóirdheontas ráta úis á soláthar ag HAMAG BICRO do mhicreaghnóthais, do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide.
18	C1.1.1. R4-I2	T	Iasachtaí/fóirdheontais ráta úis a dheonaítear do mhicrifhiontair,		Líon	0	350	R2	2026	350 iasacht/fóirdheontas ráta úis á soláthar ag HBOR do mhicreaghnóthais, do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide							
19	C1.1.1. R4-I3	M	Ionstraim airgeadais a bhunú chun tacú le hinfheistíocht ag cuideachtaí meánchaipitlithe agus cuideachtaí móra	Comhaontú idir an aireacht inniúil (MINGOR nó MINFIN) agus HBOR chun coinníollacha fabhracha (dreasú) maoiniúcháin agus ráthaíochtaí a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí agus caipiteal oibre is gá chun na hinfheistíochtaí a dhéanamh agus/nó chun scála na gníomhaíochta eacnamaíche a fhoilsítear a mhéadú.				RÁITHE 1	2022	Bunófar bratchiste ráthaíochta nua, lena ndíreofar ar chuideachtaí meánchaipitlithe agus ar fhiontair mhóra, chun ráthaíochtaí aonair nó punainne a eisiúint le haghaidh iasachtaí infheistíochta agus iasachtaí caipitil oibre is gá chun infheistíochtaí a chur chun feidhme agus chun go bhfásfaidh cuideachtaí meánchaipitlithe agus eintitis mhóra. EUR 59633685 a bheidh sa leithdháileadh iomlán don scáthchiste ráthaíochta. Úsáidfear aon chistí nár úsáideadh nó aon athshreabhadh ón ionstraim seo, trí aisíoc an chaipitil, chun críche comhchosúla agus leis na coinníollacha incháilitheachta céanna maidir leis an tionchar ar an gcomhshaol. Bunófar ciste d'fhóirdheontais úis ar iasachtaí arna ndeonú agus táillí/préimheanna arna n-eisiúint ar chuideachtaí meánchaipitlithe agus ar eintitis mhóra, le leithdháileadh iomlán EUR 46544562, chun infheistíocht nua agus fás gnó a spreagadh. Áirítear ar na bearta atá beartaithe comhar le hidirghabhálaithe airgeadais (bainc agus cuideachtaí léasaithe) chun éifeacht 'plódaithe san earnáil phríobháideach' a bhaint amach. Áiritheofar leis an dá ionstraim airgeadais go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) maidir le hidirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní thacóidh an beart seo le hinfheistíochtaí i suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA). Tairbhithe a fuair níos mó ná 10 % dá n-ioncam le linn na bliana airgeadais roimhe sin ó ghníomhaíochtaí nó ó shócmhainní ar an liosta eisiaimh, déanfaidh siad pleananna aistrithe glasa a ghlacadh agus a fhoilsiú.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										As méid iomlán an bhirt: (i) leithdháilfear EUR 26544562 ar a laghad chun tacú le próisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus le héifeachtúlacht acmhainní i bhfiontair mheánchaipitlithe agus i bhfiontair mhóra, agus coinne leis go rachaidh EUR 10617824 ar a laghad chun gáis ceaptha teasa a laghdú; (II) tiomnófar EUR 79633685 d'infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh iomaíochas agus athléimneacht a neartú Úsáidfear na hionstraimí airgeadais le haghaidh infheistíochtaí in ardteicneolaíochtaí nua, cothrom le dáta (innealra agus trealamh), i leathnú agus i neartú na hacmhainneachta gnó (leathnú saoráidí agus acmhainneachtaí monaraíochta agus seirbhíse), agus tús áite á thabhairt do thionscadail san fhuinneamh in-athnuaite, san éifeachtúlacht fuinnimh, sa gheilleagar ciorclach, i gcosaint an chomhshaoil, i ndigitiú na bpróiseas táirgthe, soláthair agus díolacháin.
20	C1.1.1. R4-I3	T	An líon tionscadal a deonaíodh le haghaidh cuideachtaí meánchaipitlithe agus fiontair mhóra		Líon	0	75	R2	2026	75 thionscadal ar a laghad (EUR 331807021 ar a laghad) de chuid cuideachtaí meánchaipitlithe agus eintitis mhóra a fhaigheann tacaíocht ó ráthaíochtaí/fóirdheontais ó STA an chiste ráthaíochta le haghaidh infheistíochtaí agus cistí oibre le haghaidh tionscadal.
21	C1.1.1. R4-I4	M	Ionstraim airgeadais a bhunú le haghaidh maoiniú níos fabhraí d'eintitis phoiblí	Comhaontú idir an aireacht inniúil (MINGOR nó MINFIN) agus HBOR ina bhfuil critéir incháilitheachta agus chomhoiriúnachta le haghaidh gníomhaíochtaí agus tairbhithe na				R2	2022	Tacaíocht airgeadais do chuideachtaí agus d'institiúidí atá faoi úinéireacht an Stáit nó faoi úinéireacht aonad rialtais áitiúil, réigiúnaigh agus réigiúnaigh a bhfuil dálaí fabhracha acu chun infheistíocht a spreagadh (i) sa bhonneagar eacnamaíoch, bardasach, iompair agus sóisialta is gá, agus (ii) infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus i gcórais nua is gá chun éifeachtúlacht eintitis na hearnála poiblí a mhéadú, d'fhonn cáilíocht na seirbhísí poiblí a fheabhsú agus an costas a bhaineann le maoiniú na hearnála poiblí a laghdú. Áireofar sa bheart freisin infheistíochtaí i dtionscadail aistrithe ghlais na hearnála poiblí, amhail teicneolaíochtaí glasa a ghlacadh, samhlacha gnó an gheilleagair chiorclaigh a thabhairt isteach, foinsí fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				mbeart						Áiritheofar leis na hionstraimí airgeadais go gcomhlíonfar Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) na dtairbhithe dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, an ceanglas go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol, agus an ceanglas ar thairbhithe a fuair níos mó ná 10 % dá n-ioncam le linn na bliana airgeadais roimhe sin ó ghníomhaíochtaí nó ó shócmhainní ar an liosta eisiaimh pleananna um aistriú glas a ghlacadh agus a fhoilsiú. Ní thacóidh an beart seo le hinfheistíochtaí i suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA). As an méid iomlán de EUR 26544562 (HRK 200000000) a leithdháiltear ar an mbeart: (i) beidh EUR 7963368 ar a laghad, nó 30 % dírithe ar thacaíocht a thabhairt do phróisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus d’éifeachtúlacht acmhainní san earnáil phoiblí, agus táthar ag súil go rachaidh EUR 3185347 ar a laghad i dtreo gáis ceaptha teasa a laghdú; (II) tiomnófar EUR 18581193 d’infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh inbhuanaitheacht agus cáilíocht an bhonneagair a fheabhsú. Déanfar an dáileadh cistí sin a shainiú i gconradh HBOR ach freisin sna conarthaí le hidirghabhálaithe airgeadais (bainc agus cuideachtaí léasaithe).
22	C1.1.1. R4-I4	T	Creidmheasanna a deonaíodh le haghaidh tionscadail san earnáil phoiblí		Líon	0	132 722 808	R2	2026	EUR 132722808 ar a laghad d’iasachtaí fóirdheonaithe arna soláthar ag HBOR do thionscadail san earnáil phoiblí.
444	C1.1.1. R4-I5	M	Beartas infheistíochta le haghaidh infheistíochtaí digiteacha straitéiseacha agus infheistíochtaí glasa straitéiseacha	Beartas infheistíochta a ghlacadh				R4	2025	Beartas infheistíochta nua a ghlacadh le haghaidh HBOR chun an cothromas breise a úsáid. Áiritheofar leis an mBeartas Infheistíochta go dtiomnófar EUR 74303410 den chothromas breise chun tacú le hinfheistíochtaí glasa straitéiseacha, arna n-ailíniú leis na réimsí idirghabhála ar sannadh comhéifeacht aeráide 100 % dóibh faoi Iarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2021/241, lena bhféadfar tacaíocht

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										d'acmhainneacht nua na nithe seo a leanas a áireamh, ach gan a bheith teoranta di: i) foinsí fuinnimh in-athnuaite gaoithe suiteáilte agus nasctha leis an eangach. Beidh tionscadail hibrideacha a bhfuil stóráil fuinnimh acu incháilithe freisin. ii) foinsí fuinnimh in-athnuaite fótavoltacha suiteáilte agus nasctha leis an eangach. Beidh tionscadail hibrideacha a bhfuil stóráil fuinnimh acu incháilithe freisin. iii) foinsí fuinnimh in-athnuaite atá suiteáilte agus nasctha leis an eangach (seachas fuinneamh fótavoltach gaoithe ach lena n-áirítear fuinneamh geoiteirmeach). I gcás fuinneamh geoiteirmeach, ní áireofar leis an druileáil aon taiscéalaíocht ná eastóscadh ola nó gáis. Ní cheannófar ná ní úsáidfear aon trealamh chun na gcríoch sin. Áiritheofar go n-íoslaghdófar scaoileadh meatáin agus go bhfanfaidh sé i bhfad faoi bhun na tairsí 20,000 tona de choibhéis CO2 in aghaidh na bliana. Áiritheofar freisin nach mbeidh aon tionchar díobhálach ag an druileáil gheoiteirmeach ar ghanntanas uisce ná ar cháilíocht an uisce. Áiritheofar leis an mBeartas Infheistíochta go dtiomnófar EUR 203094958 den chothromas breise chun tacú le hinfheistíochtaí digiteacha straitéiseacha, a bheidh ailínithe leis na réimsí idirghabhála ar sannadh comhéifeacht dhigiteach 100 % dóibh faoi Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, lena bhféadfar tacaíocht do dhigitiú fiontar, lena n-áirítear ríomhthráchtáil, ríomhghnó agus próisis ghnó líonraithe, moil nuálaíochta digití, saotharlanna beo, fiontraithe gréasáin agus gnólachtaí nuathionscanta TFC, gnólacht le gnólacht, a áireamh, ach gan a bheith teoranta don tacaíocht sin.
445	C1.1.1. R4-I5	M	Instealladh cothromais le haghaidh infheistíochtaí digiteacha straitéiseacha agus infheistíochtaí glasa	Deimhniú aistrithe				R2	2026	Aistreoidh an Chróit EUR 277398368 chuig HBOR chun a cothromas a mhéadú. Sa bhreis ar an instealladh cothromais in HBOR arb é atá ann infheistíocht RRF, tarchuirfidh an Chróit tuarascáil ina leagfar amach na gníomhaíochtaí a rinne HBOR faoin 31 Lúnasa 2026

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			straitéiseacha							chun an beartas infheistíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a rinneadh chun na táirgí airgeadais a chur chun feidhme a bhfuil coinne leis go dtacóidh an cothromas breise leo ar dtús, chomh maith leis na bearta a bhfuil coinne leis go ndéanfar iad chun na táirgí sin a chur chun feidhme a thuilleadh.
23	C1.1.1. R5-I1	M	Ionstraim maoinithe cothromais agus cuasachothromais (PE) a chruthú	an Comhaontú a foilsíodh idir an aireacht inniúil (MINGOR nó MINFIN) agus HBOR le haghaidh infheistíochtaí i gcistí caipitil fiontair, an méadú ar chistí PE atá ann cheana arna bhforbairt i gcomhar le CEI agus/nó forbairt cistí nua agus/nó comhinfheistíochtaí				R4	2022	Mar chuid den chomhar atá ann cheana leis an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI), bunóidh HBOR ionstraim airgeadais arb é is aidhm di uasmhéid na gcistí cothromais phríobháidigh agus caipitil fiontair atá gníomhach i margadh na Cróite a mhéadú nó a bhaint amach agus cistí nua agus/nó comhinfheistíochtaí a bhunú. Cuirfear cistí cothromais phríobháidigh agus cistí caipitil fiontair ar bun le rannpháirtíocht 30 % d'infheisteoirí príobháideacha i ndáil le spriocmhéid an chiste aonair. Áiritheofar leis na hionstraimí airgeadais go gcomhlíonfar Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) na dtairbhithe dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, an ceanglas go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol, agus an ceanglas ar thairbhithe a fuair níos mó ná 10 % dá n-ioncam le linn na bliana airgeadais roimhe sin ó ghníomhaíochtaí nó ó shócmhainní ar an liosta eisiaimh plean um aistriú glas a ghlacadh agus a fhoilsiú. Ní thacóidh an beart seo le hinfheistíochtaí i suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA). Tá na gníomhaíochtaí uile dírithe ar thionscadail atá 'inmharthana ó thaobh airgeadais de', a gcinneann cuideachtaí bainistíochta cistí a n-inmharthanacht airgeadais i gcomhréir leis na beartais infheistíochta atá leagtha amach ag CEI agus HBOR. Agus an infheistíocht á cur chun feidhme, áiritheoidh HBOR go n-úsáidfear acmhainní i gcomhréir leis na teorainneacha a bhfuil tuairisc orthu sa tuairisc ar an mbeart chomh maith leis an liosta 'eisiamh' a bhfuil tuairisc air san FI le haghaidh FBManna, eintitis mheánchaipitlithe agus eintitis mhóra.
24	C1.1.1. R5-I1	T	Infheistíochtaí a		Líon	0	29 862 632	R2	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag HBOR (i

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			dhéantar in ionstraimí cothromais agus cuasachothromais							gcomhinfheistíocht le CEI) le cistí cothromais/cistí caipitil fiontair le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Aistreoidh an Chróit EUR 29862632 chuig HBOR le haghaidh na Saoráide.
25	C1.1.1. R6	M	Leasuithe ar an gcreat dlíthiúil	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh um na Meáin Leictreonacha agus an Dlí maidir le Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara				R2	2022	Leis na leasuithe ar an nGníomh um na Meáin Leictreonacha agus ar an Dlí maidir le Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara, tacófar le gnólachtaí i réimse na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a ngnólachtaí a chur in oiriúint don mhargadh aonair digiteach agus do chreat rialála nua an Aontais agus na Cróite, rud a neartóidh an cumas oiriúnú do dhálaí nua gnó agus athrú go tapa ina ndálaí nua gnó, iomaíochas a bhaint amach agus leas a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh.
26	C1.1.1. R6-I1	T	Infheistíochtaí i gclaochlú agus in iomaíochas na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach		Líon	0	100	R2	2026	100 beart tacaíochta ar a laghad a dheonaítear do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do dhaoine dlítheanacha agus nádúrtha eile i réimse thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta chun a n-acmhainneacht chun oiriúnú do chreat rialála agus reachtach nua an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a neartú agus chun táirgí agus seirbhísí nuálacha nua a chruthú, a chur chun cinn agus a dháileadh.
27	C1.1.1. R6-I2	M	Córas a bhunú chun fíricí a sheiceáil	Córas seiceála fíricí i bhfeidhm				R2	2026	Áireofar an méid seo a leanas san infheistíocht arna cur chun feidhme ag an nGníomhaireacht um na Meáin Leictreonacha: - ardán lárnach a fhorbairt le haghaidh comhair maidir le heagraíochtaí seiceála fíricí, - conarthaí a shíniú le heagraíochtaí a roghnaíodh trí ghlao poiblí lena ndámhtar deontais le haghaidh tionscadail seiceála fíricí, agus - bunachar sonraí a fhorbairt chun sonraí dílseánaigh agus foinsí cistiúcháin cuideachtaí meán a fhoilsiú.
28	C1.1.2. R1	M	An creat dlíthiúil le	Teacht i bhfeidhm				R4	2024	D'fhonn líon na bhfiontar a infheistíonn in T & F a mhéadú agus

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			haghaidh dreasacht chánach T & F a leasú agus a fhorlíonadh	an Achta lena leasaítear an tAcht um Státchabhair do thionscadail taighde agus forbartha						infheistíocht phríobháideach in T & F a mhéadú, déanfar anailís ar an scéim dreasachta cánach T & F atá ann cheana. Tiocfaidh leasuithe i bhfeidhm ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh dreasachtaí cánach T & F chun an earnáil phríobháideach a spreagadh chun déine a hinfheistíochta T & F a mhéadú, líon na dtairbhithe dreasachtaí cánach T & F a mhéadú, na nósanna imeachta a shimpliú agus na hualaí riaracháin a laghdú, agus trédhearcacht agus inrochtaineacht á bhfeabhsú ag an am céanna. Déanfar leasuithe ar an Acht um Státchabhair ar bhonn thorthaí na hanailíse a rinneadh ar oiriúnacht agus éifeachtacht an chórais dreasachta cánach atá ann faoi láthair agus beidh páirtithe leasmhara ábhartha rannpháirteach iontu, go háirithe MFIN agus an Riarachán Cánach. Ullmhóidh MINGOR leasuithe dlíthiúla agus cuirfidh siad faoi bhráid an nós imeachta pharlaimintigh iad.
29	C1.1.2. R2-I2	T	Tacú le FBManna an acmhainneacht bhainistíochta a uasghrádú		Líon	0	150	R4	2025	Gheobhaidh 150 fiontar beag agus meánmhéide ar a laghad tacaíocht chomhairleach ghnó chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht bhainistíochta, amhail oiliúint nó meantóireacht ghnó aonair.
30	C1.1.2. R2-I3	T	Tacaíocht a dhámhachtain chun fás gnólachtaí nuathionscanta in earnálacha ardteicneolaíochta agus eolais a spreagadh		Líon	0	141	R2	2025	Cabhair a dhámhachtain tar éis meastóireachtaí le haghaidh tograí tionscadail faoin nglao ar ‘chabhair nuathionscanta neamh-inaisíoctha’ agus é mar aidhm leis sin fás gnólachtaí nuathionscanta sa chéim réamhthráchtála a spreagadh sna hearnálacha ardteicneolaíochta agus eolais trí thacaíocht d’fhorbairt táirgí, acmhainneacht táirgeachta agus ullmhacht infheistíochta a mhéadú le 141 ghnólacht nuathionscanta ar a laghad a bhaineann tairbhe as an gcabhair a dheonaítear. Áirítear leis sin uasghrádú, dearadh, bailíochtú feidhmíochta, bailíochtú margaidh, tástáil, forbairt línte píolótacha, cosaint maoine intleachtúla agus seirbhísí seachtracha atá dírithe ar smaoineamh nuálach a fhorbairt, chomh maith le hoiliúint maidir le maolú agus measúnú riosca ar riachtanais chistiúcháin. Féadfar a áireamh ar ghníomhaíochtaí cistithe freisin cuid de na costais a bhaineann le rochtain ar líonraí gnó domhanda nó ar bhraislí gnó domhanda, le glacadh uirlisí margaíochta nua agus le rochtain ar mhargaí nua. Áireofar ar

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										thairbhithe incháilithe FBManna nuálacha, suas le 5 bliana tar éis clárúcháin, nach ngintear le cumasc agus a thagann faoin sainmhíniú ar FBM nuálach de réir Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER).
31	C1.1.2. R2-I4	T	Tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí chlár luasaire a bhunú.		Líon	0	120	R2	2026	Leis an gClár Luasaire, soláthrófar meantóireacht, tacaíocht d'infheistíocht agus rochtain ar líonraí infheisteoirí do 120 gnólacht nuathionscanta ar a laghad thar thréimhse trí mhí ar a laghad.
32	C1.1.2. R2-I5	T	Tacaíocht do thionscadail chun nuálaíocht a thráchtálú		Líon	0	95	R4	2024	Cabhair a dheonú do 95 fhiontar bheaga agus mheánmhéide ar a laghad a bhfuil tionscadail nuálaíochta aibí acu (Leibhéal Ullmhachta Teicneolaíochta 7 nó níos airde) chun a ngníomhaíochtaí margaíochta, díolacháin agus dáileacháin a bhaineann le táirge nuálach a sheoltar ar an margadh intíre a thráchtálú agus a idirnáisiúnú. Tacóidh an sprioc-infheistíocht sin le táirge nó seirbhís fhorbartha a oiriúnú agus leis an ullmhúchán dá seoladh ar an margadh. Áirítear ar ghníomhaíochtaí incháilithe chun táirge forbartha a oiriúnú tástáil bhreise agus comhtháthú torthaí tástála sa táirge deiridh, seirbhísí comhairleacha, fothú acmhainneachta, iniúchtaí ar staidéir indéantachta, dearadh táirgí, agus cosaint ceart maoine intleachtúla. Áirítear ar na gníomhaíochtaí incháilithe chun lainseálacha táirgí a ullmhú plean gnó nó plean margaíochta a ullmhú nó a athbhreithniú, taighde agus tástáil margaidh, tástáil táirgí le custaiméirí ionchasacha, ullmhú táirgeachta agus infheistíocht i dtáirgí sraithe nialasaí, agus gníomhaíochtaí margaíochta oibríochtúla. Tacóidh sé le FBManna a bhfuil tionscadail nuálaíochta aibí acu atá gar do sheoladh ar an margadh agus táthar ag súil go dtabharfaidh sé tús áite do thograí a rannchuidíonn leis an aistriú glas.
33	C1.1.2. R3-I2	T	Tacaíocht deontais i bhfoirm dearbhán		Líon	0	1 500	R2	2026	1500 FBM ar a laghad a bhaineann tairbhe as dearbháin tacaíochta le haghaidh digitithe. Úsáidfear dearbháin chun cuidiú le fostaithe scileanna digiteacha a fheabhsú, lena n-áirítear scileanna a bhaineann le néalteicneolaíochtaí, inbhuanaitheacht smaointe agus

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										straitéisí deartha a thástáil le haghaidh claochlú digiteach a d'fhéadfadh a bheith ann, seirbhísí margaíochta digití a fháil, cibearshlándáil a mhéadú trí sheiceálacha slándála a thabhairt isteach ar an gcóras nó chun táirgí agus seirbhísí digiteacha casta a fhorbairt nó a chur in úsáid
34	C1.1.2. R3-I3	T	Tacaíocht deontais le haghaidh chlaochlú digiteach FBManna na Cróite		Líon	0	360	R2	2026	Síneofar conarthaí le 360 FBM ar a laghad a dhámhann deontais do thionscadail digitithe gnó. Áireofar an méid seo a leanas i dtionscadal digitithe gnó incháilithe: (i) réiteach digiteach nó teicneolaíocht dhigiteach lena dtacaítear le claochlú gnó; nó (ii) gníomhaíochtaí atá dírithe ar acmhainneacht dhigiteach.

A.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Athchóiriú C1.1.1 R5 — Margaí caipitil a éagsúlú agus rochtain ar mhaoiniú malartach a fheabhsú

Is é is cuspóir don bheart seo creat straitéiseach agus gníomhaíochtaí a chruthú chun an margadh caipitil náisiúnta a fhorbairt. Is éard atá i gceist leis an athchóiriú Straitéis a ghlacadh agus Plean Gníomhaíochta ina dhiaidh sin.

Athchóiriú C1.1.1 R7 — An Fóram Tacaíochta Airgeadais Inbhuanaithe a bhunú

Is é is cuspóir don athchóiriú rannchuidiú na hearnála airgeadais leis an aistriú glas a neartú agus tacú léi ceanglais rialála a chur chun feidhme i réimse an airgeadais inbhuanaithe. Is éard atá i gceist leis an mbeart plean gníomhaíochta a ghlacadh agus ardán páirtithe leasmhara a bhunú.

Infheistíocht C1.1.1. R4-I6 Infheistíocht — Instealladh Cothromais in HBOR chun Tacú le hInfheistíochtaí Straitéiseacha Cosanta agus Slándála

Is é is aidhm don bheart seo tacú le hacmhainneacht fáis gheilleagar na Cróite trí choigeartú struchtúrach a dhéanamh ar leibhéal na tacaíochta poiblí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus neamhéifeachtúlachtaí laistigh den gheilleagar i réimse na cosanta agus na slándála.

Is éard a bheidh sa bheart instealladh cothromais EUR 133214015 i mBanc Athstruchtúrúcháin agus Forbartha na Cróite (HBOR).

Glacfaidh HBOR beartas infheistíochta nua chun an cothromas breise a úsáid. Áireofar sa bheartas infheistíochta tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais mar aon leis an gcineál tairbhithe deiridh incháilithe a bhfuil coinne leis go dtacóidh an cothromas breise leo ar dtús, lena n-áirítear an amlíne a bhfuil coinne léi maidir le cur chun feidhme agus méid ionchasach gach táirge airgeadais. Úsáidfidh HBOR le haghaidh an chothromais bhreise an córas iniúchóireachta agus rialaithe céanna a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach air i gcomhréir le hAirteagal 157 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Ceanglófar leis an mBeartas Infheistíochta go gcomhlíonfaidh na táirgí airgeadais a dtacaíonn an cothromas breise leo an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, i gcás iasachtaí nó ionstraimí coibhéiseacha, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa bheartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach10, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha11, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí12 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla13. Maidir le cothromas,

---

10 Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise; (C) aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cosaint shibhialta nó comhrac dóiteáin agus feithiclí sainchuspóireacha atá bunaithe ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil is fearr atá ar fáil san earnáil; agus (d) naisc bhóthair, droichid agus/nó tolláin nua a thógáil ar lú ná 20 ciliméadar a bhfad aonair agus bóithre, droichid agus/nó tolláin a athchóiriú.

11 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

12 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí

eisiafar leis an mbeartas infheistíochta cuideachtaí a dhíríonn go suntasach ar14 na hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara15; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO216; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol17; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt dramhaíola18, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha fhaighteoirí deiridh na Saoráide.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

---

faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

13 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

14 Meastar go bhfuil ‘fócas substaintiúil’ ag Tairbhí Deiridh ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó más mó ná 50 % den ollioncam an t-ollioncam a ghintear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta.

15 Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

16 Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

17 Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad. Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le haerárthaí a úsáidtear le haghaidh cosaint shibhialta nó comhraic dóiteáin agus feithiclí sainchuspóireacha atá bunaithe ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil is fearr atá ar fáil san earnáil.

18 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

A.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Líon	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
373	C1.1.1.R5	M	Glacadh an Chreata Straitéisigh um Fhorbairt an Mhargaidh Caipitil sa Chróit agus an Phlean Gníomhaíochta a ghabhann leis	An Creat Straitéiseach agus an Plean Gníomhaíochta chun tacú le forbairt an mhargaidh chaipitil náisiúnta a ghlac Rialtas na Cróite				R4	2024	Déanfaidh an Aireacht Airgeadais, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, Creat Straitéiseach um Fhorbairt an Mhargaidh Caipitil i bPoblacht na Cróite agus Plean Gníomhaíochta a tharraingt suas, a bheidh le glacadh ag Rialtas na Cróite. Beidh an Plean Gníomhaíochta ag gabháil leis an gCreat Straitéiseach agus áireofar ann amlínte chun gníomhaíochtaí aonair a chur chun feidhme. Soláthrófar sa Straitéis (an Creat Straitéiseach maidir leis an Margadh Caipitil a Fhorbairt sa Chróit) anailís ar staid an mhargaidh caipitil sa Chróit, lena sainaithneofar príomhbhacainní ar a feidhmiú mar fhoinse mhalartach maoinithe agus deiseanna chun é a éagsúlú agus a fhorbairt. Tabharfar aghaidh ar na heilimintí seo a leanas ar a laghad: i. Ról na n-infheisteoirí móra institiúideacha sa mhargadh caipitil, lena n-áirítear institiúidí an dara colún (go háirithe cistí pinsin éigeantacha agus cuideachtaí árachais pinsin) agus cuideachtaí árachais; ii. Na féidearthachtaí a leathnú agus na nósanna imeachta maidir le liostú a shimpliú, agus na fiontair faoi úinéireacht stáit, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe á gcur san áireamh; iii. Leachtacht, éagsúlú agus láimhdeachas sa mhargadh caipitil a mhéadú, lena n-áirítear gníomhaíocht cruthaithe margaidh a chothú; iv. Margadh níos doimhne a chothú d'ionstraimí airgeadais, amhail bannaí corparáideacha agus bannaí rialtais, chomh maith le díorthaigh tráchtearraí agus urrúsuithe;

Líon	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										v. Bonneagair an mhargaidh airgeadais atá ann cheana a fhorbairt, lena n-áirítear roghanna chun samhail ghnó an chontrapháirtí lárnaigh a fheabhsú; vi. An creat rialála a oiriúnú chun freagairt níos fearr a thabhairt ar an gcuspóir maidir leis an margadh caipitil a fhorbairt; vii. Litearthacht airgeadais na n-infheisteoirí a neartú; viii. An creat le haghaidh maoiniú inbhuanaithe a neartú.
375	C1.1.1. R7	M	Glacadh an Chéad Phlean Gníomhaíochta chun tacú le cuspóirí an mhaoinithe inbhuanaithe	Glacadh an Chéad Phlean Gníomhaíochta ina bhfuil bearta chun tacú le cuspóirí an mhaoinithe inbhuanaithe, ina leagtar amach spriocdhátaí don chur chun feidhme				RÁITHE 1	2025	Forbróidh an Aireacht Airgeadais an chéad Phlean Gníomhaíochta ina mbeidh bearta agus amlínte chun gníomhaíochtaí aonair a chur chun feidhme lena dtacófar leis an earnáil airgeadais freastal ar leasanna an aistrithe ghlais, agus lena n-éascófar a ullmhú tráthúil do cheanglais rialála nua agus do thionscnaimh eile i réimse an airgeadais inbhuanaithe. Bunófar ardán comhpháirteach ar a dtabharfar an Fóram Tacaíochta Airgeadais Inbhuanaithe (SFSF) a mbeidh sé d'aidhm aige faisnéis a mhalartú agus an earnáil airgeadais (bainc agus neamhbhaincéireacht) a idirnascadh le haireachtaí líne, maoirseoirí, saineolaithe agus geallsealbhóirí eile.
446	C1.1.1. R4-I6	M	Beartas infheistíochta le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha cosanta agus slándála	Beartas infheistíochta a ghlacadh				R4	2025	Beartas infheistíochta nua a ghlacadh le haghaidh HBOR chun an cothromas breise a úsáid. Áiritheofar leis an mBeartas Infheistíochta go dtiomnófar EUR 133214015 den chothromas breise chun tacú le hinfheistíochtaí in earnálacha straitéiseacha cosanta agus slándála gheilleagar na

Líon	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Cróite, lena bhféadfar tacaíocht do na nithe seo a leanas a áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh: (i) struchtúir chosanta agus bonneagar cosanta sibhialta a thógáil; (ii) bonneagar dé-úsáide a thógáil agus a nuachóiriú; (iii) infheistíochtaí sa chibearshlándáil; (iv) nuachóiriú fiontar; (v) tacaíocht don taighde agus don fhorbairt (T & F).
447	C1.1.1. R4-I6	M	Instealladh cothromais le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha cosanta agus slándála	Deimhniú aistrithe				R2	2026	Aistreoidh an Chróit EUR 133214015 chuig HBOR chun a cothromas a mhéadú. Sa bhreis ar an instealladh cothromais in HBOR arb é atá ann infheistíocht RRF, tarchuirfidh an Chróit tuarascáil ina leagfar amach na gníomhaíochtaí a rinne HBOR faoin 31 Lúnasa 2026 chun an beartas infheistíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a rinneadh chun na táirgí airgeadais a chur chun feidhme a bhfuil coinne leis go dtacóidh an cothromas breise leo ar dtús, chomh maith leis na bearta a bhfuil coinne leis go ndéanfar iad chun na táirgí sin a chur chun feidhme a thuilleadh.

B. COMHCHUID 1.2: AN T-AISTRIÚ FUINNIMH AR MHAITHE LE GEILLEAGAR INBHUANAITHE

Is é is cuspóir don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite dícharbónú na n-earnálacha fuinnimh agus iompair a éascú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt, agus rannchuidiú le sprioc 2030 a bhaint amach maidir le sciar 36.6 % d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a leagadh síos i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFA) na Cróite agus rannchuidiú na Cróite le sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 32.5 % an Aontais a bhaint amach faoi 2030. Tá sé d'aidhm aige freisin rannchuidiú leis an sprioc mhéadaithe maidir le sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh san iompar de 14 % faoi 2030. Is éard a bheidh sna hathchóirithe sa chomhpháirt tionscnaimh reachtaíochta chun (i) bacainní agus nósanna imeachta riaracháin a bhaint lena gcuirtear srian ar ghlacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite; (II) deimhniú an oibreora córais tarchurtha gáis a thabhairt chun críche; agus (iii) úsáid breoslaí malartacha san iompar a chur chun cinn, lena n-áirítear hidrigin agus bithbhreoslaí ardfhorbartha.

Meastar go rannchuideoidh athchóirithe agus infheistíochtaí na comhpháirte leis an aistriú glas agus leis an sprioc aeráide a bhaint amach trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnálacha an fhuinnimh agus an iompair, i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide.

Rannchuideoidh na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha atá dírithe ar an gCróit maidir leis an ngá atá le 'beartas a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar [...] éifeachtúlacht fuinnimh, foinsí in-athnuaite fuinnimh' (moladh tírshonrach 3, 2019) agus 'infheistíocht a dhíriú ar an aistriú [...] glas, go háirithe ar [...] tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil' (moladh tírshonrach 3, 2020).

B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C.1.2 R1 — Dícharbónú na hearnála fuinnimh

Is é is cuspóir don athchóiriú dícharbónú na n-earnálacha fuinnimh agus iompair a éascú agus tacú leis an rannchuidiú náisiúnta le sprioc an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite. Áireofar an méid seo a leanas san athchóiriú:

- Leasuithe reachtacha ar an nGníomh um an Margadh Leictreachais agus ar an nGníomh um Chomhghiniúint Ardéifeachtúlachta chun maolú a dhéanamh ar bhacainní rialála agus riaracháin a chuireann srian ar fhorbairt tionscadal fuinnimh in-athnuaite, bunaithe ar thorthaí anailíse críochnúla ar an scrogall atá ann cheana agus tar éis comhairliúcháin phoiblí, chomh maith le córas préimhbhunaithe a thabhairt isteach chun tacú le hinfheistíocht i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, lena n-éascófar 1 500 MW breise d'acmhainneacht soláthair fuinnimh in-athnuaite (RES) atá le suiteáil.
- Cinneadh maidir le deimhniú a eisiúint chuig OCT Plinacro arna ghlacadh ag rialtóir fuinnimh náisiúnta na Cróite (HERA) a chuirfidh díchuachadh na ngníomhaíochtaí tarchurtha sa mhargadh gáis i gcrích agus a scarfaidh maoirseacht an oibreora córais tarchurtha gáis (OCT) atá faoi úinéireacht an stáit ó ghníomhaíochtaí soláthair agus táirgthe atá faoi úinéireacht an stáit.
- Gníomh nua maidir le Breoslaí Malartacha san Iompar a ghlacadh chun creat reachtach a chruthú chun breoslaí malartacha a chur in úsáid in earnáil an iompair agus chun táirgeadh agus úsáid bithbhreoslaí ardfhorbartha agus hidrigine san iompar a chur chun cinn. Forbrófar an Straitéis Forbartha Hidrigine, lena saineofar spriocanna 2030 maidir le hidrigin ghlas a tháirgeadh sa Chróit.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht C1.2 R1-I1 — An córas fuinnimh a athbheochan, a thógáil agus a dhigitiú agus tacú leis an mbonneagar chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú

Is é is cuspóir don infheistíocht sin tacú le leictriú agus dícharbónú na hearnála fuinnimh agus an nasc idir an eangach theas-thuaidh sa Chróit a uasghrádú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht uasghrádú a dhéanamh ar an líonra ardvoltais agus ar cháblaí fomhuirí a leagtar síos, uasghrádú a dhéanamh ar na cáblaí faoi thalamh a nascann 6 oileán le heangach na mórthíre, méadair chliste a shuiteáil, agus acmhainneacht stórála fuinnimh nua a shuiteáil.

Infheistíocht C1.2 R1-I2 — Éifeachtúlacht fuinnimh, teas agus fuinneamh in-athnuaite a chothú chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo éifeachtúlacht fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta a mhéadú agus úsáid foinsí in-athnuaite a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht féachaint ar acmhainneacht gheoiteirmeach, tacaíocht d'éifeachtúlacht fuinnimh agus d'úsáid fuinnimh in-athnuaite in earnáil na tionsclaíochta do chuideachtaí, agus glacadh an Chláir Éifeachtúlachta Fuinnimh.

Infheistíocht C1.2 R1-I3 — Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo feabhas a chur ar úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua sa Chróit, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) in earnáil an iompair agus sa tionsclaíocht a laghdú, tríd an Acht um Breoslaí Iompair Malartacha agus an Straitéis Forbartha Hidrigine a ghlacadh.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 31 Márta 2022.

B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
36	C1.2. R1	M	Doiciméad measúnaithe a fhoilsiú ina bhfuil moltaí chun bacainní agus nósanna imeachta riaracháin a mhaolú lena gcuirtear srian ar ghlacadh níos airde foinsí fuinnimh in-athnuaite	Doiciméad measúnaithe arna fhoilsiú ag an Aireacht Geilleagair agus Forbartha Inbhuanaithe				R2	2022	Soláthrófar sa doiciméad measúnú agus moltaí maidir le bearta beartais arb é is aidhm dóibh bacainní agus nósanna imeachta riaracháin a mhaolú a chuireann srian ar ghlacadh níos airde foinsí in-athnuaite fuinnimh. Áireofar san anailís agus sna moltaí freisin bearta chun an féintomhaltas in-athnuaite agus comhphobail fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn.
37	C1.2. R1	M	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta agus/nó rialacháin chun feabhas a chur ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear córas préimhbhunaithe a thabhairt isteach chun tacú le foinsí in-athnuaite fuinnimh.	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta agus/nó rialacháin				R4	2022	Leis an nGníomh Athbhreithnithe um an Margadh Leictreachais agus leis an nGníomh um Chomhghiniúint Ardéifeachtúlachta, maolófar bacainní agus nósanna imeachta riaracháin lena gcuirfear srian ar ghlacadh níos airde foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear bearta chun uath-ídiú fuinnimh in-athnuaite agus comhphobail fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. Beidh córas préimhbhunaithe chun tacú le foinsí fuinnimh in-athnuaite ag feidhmiú go hiomlán.
38	C1.2. R1	M	Deimhniú Plinacro ó rialtóir fuinnimh náisiúnta na Cróite	Cinneadh maidir le deimhniú a eisiúint arna ghlacadh ag rialtóir				R4	2023	Bainistíocht an oibreora córais tarchurtha gáis (Plinacro) a dheighilt go hiomlán ó ghníomhaíochtaí soláthair agus táirgthe an Stáit agus a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			(HERA)	fuinnimh náisiúnta na Cróite (HERA)						dheimhniú ag rialtóir fuinnimh náisiúnta na Cróite (HERA).
39	C1.2. R1-I1	M	Cead tógála deonaithe chun an líonra ardvoltais a uasghrádú	Cead tógála arna dheonú ag an Aireacht Pleanála Fisiciúla, Foirgníochta agus Sócmhainní Stáit				R2	2023	Cead tógála arna dheonú, tar éis scagadh agus/nó measúnú iomchuí de bhun Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, a dhéantar in aghaidh na gcuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach leis an láithreán i gcomhréir le ceanglais na Treorach. Cuirfear fianaise ar fáil nach bhfuil éifeacht shuntasach ag an tionscadal ar shláine láithreáin Natura 2000 lena mbaineann.
40	C1.2. R1-I1	T	Uasghrádú ar cháblaí faoi thalamh lena nasctar 6 oileán le heangach na mórthíre curtha i gcrích		Líon	0	6	R2	2024	Beidh nasc gréasáin leictreachais uasghrádaithe leis an mórthír ag sé oileán ar a laghad (is iad Krk, Cres, Lošinj, Brač, Hvar agus Korčula na hoileáin atá beartaithe). Áireofar leis an infheistíocht cáblaí nua atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur in ionad seancháblaí fomhuirí
41	C1.2. R1-I1	T	Uasghrádú ar an líonra ardvoltais (220/110 kV) curtha i gcrích	Uasghrádú an líonra ardvoltais agus meánvoltais a thabhairt chun críche (220/110 kV)	km	0	300	R3	2024	Déanfar 300 km ar a laghad de líne chumhachta ardvoltais a uasghrádú, rud a rannchuideoidh leis na naisc eangaí a neartú.
42	C1.2. R1	T	1 500 MW breise de thoilleadh RES suiteáilte		Líon	0	1 500	R4	2024	1 500 MW ar a laghad de thoilleadh RES nua suiteáilte.
43	C1.2. R1-I1	T	An líon méadar cliste a suiteáladh		Líon	0	40 000	R4	2024	Suiteáladh 40000 méadar cliste leictreachais ar a laghad.
376	C1.2. R1-I1	T	An líon méadar cliste		Líon	40 000	100 000	R2	2026	Suiteáladh 60000 méadar cliste leictreachais ar a laghad.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			a suiteáladh							
44	C1.2. R1-I1	M	An líonra ardvoltais (220/110 kV) arna uasghrádú agus cáblaí fomhuirí le haghaidh líonra dáileacháin a leagtar síos	Líonra ardvoltais (220/110 kV) arna uasghrádú agus cáblaí fomhuirí le haghaidh líonra díchumtha a leagtar síos				R2	2026	Soláthrófar cruthúnas ar uasghrádú 250 km ar a laghad de líne chumhachta ardvoltais agus 96 km ar a laghad de cháblaí fomhuirí a leagtar síos le haghaidh gréasán dáileacháin.
377	C1.2. R1-I1	M	Toilleadh nua stórála ceallraí fuinnimh	Toilleadh nua stórála ceallraí fuinnimh suiteáilte		0		R2	2026	Soláthrófar cruthúnas ar shuiteáil stórála ceallraí fuinnimh nua de thoilleadh 100 MhW.
45	C1.2. R1-I2	M	Ghlac an Rialtas Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú	Teacht i bhfeidhm an Chláir Éifeachtúlachta Fuinnimh chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú, arna fhorbairt ag an Aireacht Geilleagair agus Forbartha Inbhuanaithe				R3	2021	Saineofar sa chlár éifeachtúlachta fuinnimh réimsí infheistíochta in éifeachtúlacht fuinnimh agus i gcórais téimh ceantair, lena n-áirítear tosaíochtaí infheistíochta suas go dtí 2030. Áireofar sa phleanáil infheistíochta nuachóiriú ar chórais téimh ceantair agus ar thionscail dianfhuinnimh, ag díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite. Déanfar an clár a ailíniú leis an nuashonrú atá beartaithe ar an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, ina sonrófar sprioc níos airde do sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh in earnáil an téimh agus an fhuaraithe, lena n-áirítear bearta sonracha.
46	C1.2. R1-I2	T	Líon na gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite in earnáil na		Líon	0	50	R4	2021	50 conradh arna ndámhachtain ar na cuideachtaí is tairbhithe, tar éis tairiscint phoiblí chun tacú le foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair bheaga, mheánmhéide agus mhóra. Áireofar sna conarthaí bearta chun feabhas a chur ar phróisis táirgthe i dtionscail mhonaraíochta agus a chomhfhreagraíonn do réimsí idirghabhála rianaithe aeráide [024 — Tionscadail éifeachtúlachta

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
107	C1.4. R2-I6	T	Dhá fhréamhshamhail de thraenacha ceallraí a tháirgtear		Líon	0	2	R4	2025	Déanfar fréamhshamhail amháin de mhótarthraein leictreach ceallra (BEMV) agus fréamhshamhail amháin de mhótarthraein ceallra (BMV) a tháirgeadh, a chineál-thástáil agus déanfar réamhchead chun oibriú a fháil. Tógfar sé nasc cumhachta cobhsaí chun ceallraí tarraingthe traenach a luchtú.
108	C1.4. R2-I7	M	Nuachóiriú ar chórais TF HŽ le haghaidh Iompar Paisinéirí	Nuachóiriú déanta ar chórais TF HŽ Passenger Transport				R2	2026	Áireofar an méid seo a leanas le nuachóiriú chórais TF HŽ um Iompar Paisinéirí: • WIFI a shuiteáil ar 40 traein; • Córas GPS a shuiteáil ar 40 traein; • Uasghrádú lárionad sonraí an chórais díolacháin; agus • Trealamh a cheannach don ardán fíorúlaithe.
109	C1.4. R3	M	An tAcht nua um Thrácht Cósta Rialta agus Séasúrach	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh nua um Iompar Cósta Rialta agus Séasúrach				R3	2021	Leis an Acht nua um Iompar Muirí Cósta Rialta agus Séasúrach, simpleofar na nósanna imeachta riaracháin atá ann faoi láthair agus cruthófar réamhchoinníollacha níos fearr chun iompar muirí cósta poiblí a oibriú ar bhealach níos éifeachtúla, trí rialáil a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann le gníomhaíocht na Gníomhaireachta um Iompar Muirí Cósta Rialta, go háirithe sa roinn maidir le bealaí stáit a cheadúnú, chomh maith le húsáid agus rialú níos fearr a dhéanamh ar

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										chórais TF iompair phoiblí (córas SEOP).
110	C1.4. R3	M	An tAcht nua um Loingseoireacht Intíre agus Calafoirt	Teacht i bhfeidhm an Achta nua um Loingseoireacht Intíre agus Calafoirt				R3	2021	Leis an Acht nua um Loingseoireacht Intíre agus Calafoirt, beifear in ann, i gcás inar gá sin chun sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú, rioscaí sonracha in earnálacha uiscebhealaí intíre na Cróite (nó i gcodanna díobh) a shainaithint.
111	C1.4. R3	M	An tAcht nua um Fhearann Muirí agus Calafoirt Mhuirí	Teacht i bhfeidhm an Achta nua um Fhearann Muirí agus Calafoirt Mhuirí				R4	2022	Leis an Acht nua um Fhearann Muirí agus Calafoirt, déanfar struchtúr an chórais calafoirt atá oscailte do thrácht poiblí a atheagrú, arb é is aidhm dó aonfhoirmeacht a áirithiú i gcur chun feidhme na n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le calafoirt phoiblí a oibriú agus costais bhainistíochta a chuíchóiriú.
112	C1.4. R3-I1	T	Críochfort nua pasadóra ag Calafort Cathrach Split		Líon	0	2	R4	2025	Tógfar críochfort nua paisinéirí ag Calafort Cathrach Split.
114	C1.4. R3-I3	T	Faradh cábla nua ‘Križnica’ i mbun oibríochta trasna Abhainn Drava i mBardas Pitomača		Líon	0	1	R4	2022	Is é an toradh a bheidh ar an infheistíocht sin go dtógfar faradh cábla leictreach grianchumhachtaithe a nascann an mhórthír le hoileán Križnica, arna oibriú le formheas Chlár Loingseoireachta na Cróite.
117	C1.4. R4-I2	T	30 tramanna nua seachadta le haghaidh iompar poiblí		Líon	0	30	R4	2025	Déanfar 30 tramanna nua a sheachadadh.
118	C1.4. R5-I1	T	Láimhseáil aerárthaí ar an talamh ag Aerfort Zadar a		Líon	0	1	R4	2024	Láimhseáil aerárthaí ar an talamh a leictriú agus a ghlasú, lena n-áirítear: (i) naisc sheasta a shuiteáil chun cumhacht leictreach a sholáthar d’aerárthaí atá ina stad leis na hoiriúnuithe deartha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			leictriú agus a ghlasú							agus sábháilteachta is gá (gan an acmhainneacht naprúin a mhéadú); (II) aonaid a chumhachtaítear go leictreach a chur in ionad trealamh soghluaiste láimhseála ar an talamh a bhreoslaítear le díosal; agus (iii) gléasra cumhachta fótavoltaí 610 kW a thógáil agus é a nascadh leis an gcóras soláthair cumhachta seasta agus le stáisiúin luchtaithe le haghaidh trealamh soghluaiste láimhseála ar an talamh a chumhachtaítear le leictreachas. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Cuirfear an tionscadal chun feidhme go háirithe gan an acmhainneacht naprúin a mhéadú agus cuirfear aonaid a chumhachtaítear go leictreach in ionad an trealaimh shoghluaiste láimhseála ar an talamh a bhreoslaítear le díosal. Cuirfear fianaise ar fáil nach bhfuil éifeacht shuntasach ag an tionscadal ar shláine láithreáin Natura 2000 lena mbaineann.
119	C1.4. R5-I2	T	Fréamhshamhlacha fíorúcháin feithiclí lán-uathrialaitheacha agus leictreacha agus tástáil ábhartha		Líon	0	60	RÁITHE 1	2025	Déanfar fréamhshamhlacha fíorúcháin a tháirgeadh agus a thástáil, agus déanfar córais tiomána uathrialaitheacha a thástáil.
120	C1.4. R5-I2	M	Reachtaíocht nua maidir le tiomáint uathrialaitheach	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta nua maidir leis an tiomáint uathrialaitheach				R2	2024	Cumhdófar an méid seo a leanas, inter alia, sa reachtaíocht nua maidir le tiomáint uathrialaitheach: Nós imeachta tástála náisiúnta a fhorbairt le haghaidh tiomáint uathrialaitheach; Reachtaíocht náisiúnta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										oiriúnú chun feithiclí uathrialaitheacha atá i gcúrsaíocht a chumasú; Rialacha náisiúnta maidir le cineálcheadú feithiclí a oiriúnú; Rialacha maidir le sábháilteacht paisinéirí ar bhóithre a oiriúnú chun iompar paisinéirí ag feithiclí uathrialaitheacha a chumasú; An reachtaíocht árachais náisiúnta a oiriúnú chun árachas feithiclí agus seirbhísí uathrialaitheacha a chumasú.
122	C1.4. R5-I2	M	Seirbhís iompair uirbigh nua d'fheithiclí lán-uathrialaitheacha agus leictreacha atá curtha in oiriúint do riachtanais paisinéirí faoi mhíchumas agus bonneagar speisialaithe	Feithiclí lán-uathrialaitheacha agus leictreacha atá curtha in oiriúint do riachtanais na bpaisinéirí faoi mhíchumas a tháirgtear, agus bonneagar speisialaithe a oibríonn leis na feidhmiúlachtaí suiteáilte uile				R4	2025	Seirbhís iompair uirbigh nua arb é atá inti: (i) flít feithiclí leictreacha lán-uathrialaitheacha atá in ann na feidhmeanna tiomána dinimiciúla uile a dhéanamh gan aon chúnamh ó thiománaí le cabhair ón intleacht shaorga, (ii) bonneagar speisialaithe a fhorbairt agus a thógáil le haghaidh fhlít na bhfeithiclí uathrialaitheacha agus leictreacha atá comhtháite le hiompar uirbeach poiblí, agus (iii) ardán bogearraí a fhorbairt chun an córas iomlán a oibriú; beidh siad feidhmiúil, ionas gur féidir feithiclí leictreacha nua lán-uathrialaitheacha a oibriú. Déanfar an fheithicil leictreach lán-uathrialaitheach nua a oiriúnú do riachtanais paisinéirí faoi mhíchumas trí dhoirse sleamhnáin móra a bheith aici lenar féidir dul isteach níos éasca san fheithicil agus in urrann bhagáiste atá in ann freastal ar chathaoireacha rothaí.
123	C1.4. R5-I2	M	50000 dearbhán saor in aisce le haghaidh turais le feithicil lán-uathrialaitheach do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó	Comhaontú sínithe le cathair Shágraib agus leis an oibreoir iompair phoiblí chun 50000 dearbhán tiomána saor in aisce a eisiúint				RÁITHE 1	2026	Seachadfar comhaontú sínithe le cathair Shágraib agus leis an oibreoir iompair phoiblí chun 50000 dearbhán tiomána saor in aisce a eisiúint, a bheidh bailí ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis a n-eisiúna, do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil deacrachtaí acu modhanna iompair phoiblí eile a úsáid.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			a bhfuil deacrachtaí acu modhanna iompair phoiblí eile a úsáid							
124	C1.4. R5-I3	M	2000 feithicil bhóthair a chumhachtaítear go malartach (leictreach agus/nó hidrigin)	2000 feithicil bhóthair chumhachtaithe ionadúil ceannaithe				R2	2026	Soláthrófar cruthúnas ar cheannach 2000 feithicil bhóthair nua arna gcumhachtú go malartach (leictreach agus/nó hidrigin).

D.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht C1.4 R1-I1 — Córas leictreonach dolaí

Is é cuspóir na hinfheistíochta brú tráchta ar bhóithre a laghdú, agus cosaint an chomhshaoil agus sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht córas nua ríomhbhailiúcháin dolaí a chur ar fáil.

D.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
93	C1.4. R1-I1	M	Córas ríomhbhailiúcháin dolaí nua	Córas ríomhbhailiúcháin dolaí nua seachadta				R2	2026	Seachadfar bogearraí (amhail lárchóras TF) agus crua-earraí (amhail tairseacha nua dolaí le ceamaraí) de Chóras Dolaí Leictreonacha nua atá bunaithe ar réiteach saorshreafa il-lán (MLFF) gan feithiclí a stopadh le modhanna íocaíochta éadadhaill le haghaidh mótarbhealaí arna n-oibriú ag Croatian Motorways Ltd, Highway Zagreb-Macelj (AZM) agus BINA Istra. Déanfar an Tástáil Suiteála ar an gCéad Láithreán ar Chóras Dolaí Leictreonacha nua.

E. COMHCHUID 1.5: FEABHAS A CHUR AR ÚSÁID ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA, AGUS AN SLABHRA SOLÁTHAIR BIA A NEARTÚ

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite slándáil bia agus iomaíochas earnáil agraibhia na Cróite a mhéadú.

Is éard a bheidh sa chomhpháirt: (i) líonra bonneagair lóistíochta a bhunú chun slabhra an mhargaidh táirgthe in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a neartú; (II) córas a bhunú chun talamh talmhaíochta a athstruchtúrú agus a chomhdhlúthú; (III) réitigh dhigiteacha a fhorbairt in earnáil na talmhaíochta; agus (iv) feabhas a chur ar chórais deonaithe bia.

Rannchuideoidh an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir leis an ‘gá atá le gach beart is gá a dhéanamh agus freagairt go héifeachtach don phaindéim, an geilleagar a chothú agus tacú leis an téarnamh’ (moladh tírshonrach 1, 2020); ‘maidir leis an ngá atá le rochtain ar sheirbhísí digiteacha a mhéadú’ (moladh tírshonrach 2, 2020) agus maidir le ‘tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme agus do mhaoiniú tionscadal infheistíochta poiblí agus tionscadal infheistíochta a d’fhéadfadh a bheith príobháideach go poiblí chun tacú le téarnamh an gheilleagair’ (moladh tírshonrach 3, 2020).

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C1.5 R1 — Líonra bonneagair lóistíochta a bhunú chun slabhra an mhargaidh táirgeachta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú soláthar feirmeacha beaga a eagrú agus a nascadh trí eagraíochtaí táirgeoirí chun comhthiomsú, comhar, malartú taithí agus eolais a spreagadh. Meastar go bhfeabhsóidh an t-athchóiriú seasamh na bhfeirmeoirí i slabhraí soláthair, go háirithe in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, agus go gcuirfidh sé le forbairt táirgí a bhfuil breisluach níos mó ag baint leo. Áireofar san athchóiriú glacadh an Chláir Oibríochtúil chun acmhainneacht mhargaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a neartú le haghaidh na tréimhse 2021-2026 ag Rialtas na Cróite.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht C1.5 R1-I1 — Ionaid lóistíochta agus dáileacháin a thógáil le haghaidh torthaí agus glasraí

Is é cuspóir na hinfheistíochta feabhas a chur ar an iomaíocht in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin ionaid dáilte lóistíochta a thógáil le haghaidh torthaí agus/nó glasraí.

Infheistíocht C1.5 R1-I2 Seasamh agus infheictheacht táirgeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú

Is é is aidhm don infheistíocht é a chur ar a gcumas do tháirgeoirí ról níos tábhachtaí a bheith acu i struchtúr rialachais agus úinéireachta na lárionad lóistíochta agus dáileacháin.

Is éard atá sa bheart seo oiliúint d’eagraíochtaí táirgeoirí agus an córas inaitheanta a bhunú chun torthaí agus glasraí a lipéadú.

Athchóiriú C1.5 R2 — Feabhas a chur ar chórais athstruchtúrúcháin agus comhdhlúthaithe talún talmhaíochta

Is é is cuspóir don athchóiriú nósanna imeachta comhdhlúthaithe agus faireachán leanúnach ar thalamh talmhaíochta a éascú, rud a chruthóidh réamhchoinníollacha chun modhanna feirmeoireachta nua-aimseartha a chur i bhfeidhm, chun bonneagar a thógáil (amhail líonra bóithre páirce agus bealaí feabhsaithe), agus chun déileáil le caidreamh dlíthiúil maoine ar thalamh

talmhaíochta. Rannchuideoidh an t-athchóiriú le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as talamh talmhaíochta sa talmhaíocht, rud a mhéadóidh táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta agus béim á leagan ar an gcomhshaol a chaomhnú agus ar an saol i gceantair thuaithe a fheabhsú. Mar chuid den athchóiriú, tiocfaidh an tAcht nua um Chomhdhlúthú Talún Talmhaíochta i bhfeidhm.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Márta 2026.

Infheistíocht C1.5 R2-I2 — Clár Faireacháin ar Thalamh Talmhaíochta

Is é is aidhm don infheistíocht sin na dálaí a áirithiú chun talamh talmhaíochta a chosaint go héifeachtach, chun a áirithiú go mbeidh fáil leanúnach ar na sonraí is gá chun measúnú a dhéanamh ar staid na hithreach agus chun an beartas bainistíochta inbhuanaithe a chur chun feidhme.

Is éard atá i gceist leis an mbeart seo uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras faisnéise oibríochtúla chun faireachán a dhéanamh ar thalamh talmhaíochta agus 90 stáisiún buan faireacháin talún a bhunú.

Athchóiriú C1.5 R3 — Claochlú digiteach na talmhaíochta

Is é is cuspóir don athchóiriú seirbhísí poiblí in earnáil na talmhaíochta a dhéanamh níos inrochtana d'fheirmeoirí trí na seirbhísí sin a dhigitiú, agus an t-ualach riaracháin a laghdú ag an am céanna. Áireofar san athchóiriú aonad comhordúcháin a chur ar bun lena ndéanfar cur chun feidhme na n-infheistíochtaí uile a phleanáil agus faireachán orthu agus lena n-áiritheofar go mbainfear amach na spriocanna sainithe: seirbhísí poiblí digitithe, ardán oibríochtúil na Talmhaíochta Cliste agus córas faisnéise inrianaitheachta atá inrochtana don phobal.

Meastar go rannchuideoidh an t-athchóiriú le táirgeadh talmhaíochta a mhéadú, cáilíocht agus inrianaitheacht táirgí talmhaíochta a áirithiú agus cur i bhfeidhm cleachtas agranamaíoch atá inbhuanaithe san fhadtéarma don aeráid agus don chomhshaol a áirithiú.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht C1.5 R3-I1 — Seirbhísí poiblí digiteacha a chur in úsáid

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo claochlú digiteach 30 seirbhís phoiblí talmhaíochta ar a laghad. Áireofar san infheistíocht, inter alia, ullmhú an Phlean Gníomhaíochta um Chlaochlú Digiteach, a bheidh mar bhonn chun na seirbhísí talmhaíochta uile atá le digitiú a thaifeadadh. Déanfar 30 seirbhís phoiblí ar a laghad a chlárófar sa Phlean Gníomhaíochta a dhigitiú agus a chur ar fáil do thairbhithe. Leis an infheistíocht, laghdófar an gá atá le seirbhísí pearsanta agus rannchuideofar le seirbhísí poiblí digiteacha a chruthú d'fheirmeoirí.

Tabharfar an infheistíocht chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht C1.5 R3-I2 — Talmhaíocht Chliste

Is é is aidhm don infheistíocht seo tacú le claochlú digiteach earnáil talmhaíochta na Cróite.

Is éard atá i gceist leis an mbeart seo ardán Talmhaíochta Cliste a chruthú.

Infheistíocht C1.5 R3-I3 — Córas Inrianaitheachta

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta an fheirmeoireacht inbhuanaithe a chur chun cinn a thuilleadh, go háirithe ag táirgeoirí beaga áitiúla, agus tomhaltóirí a chur ar an eolas a thuilleadh faoi thábhacht agus infhaighteacht na dtáirgí a fhaightear ar bhealach inbhuanaithe, ar an leibhéal áitiúil ar fud na Cróite. Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an infheistíocht ar fhorbairt tuaithe i roinnt pobal áitiúil agus go gcuirfidh sí le muinín tomhaltóirí as táirgí bia a tháirgtear go háitiúil agus atá inbhuanaithe a mhéadú. Áireofar san infheistíocht córas náisiúnta faisnéise inrianaitheachta a chur ar bun a mbeidh rochtain ag an bpobal air.

Tabharfar an infheistíocht chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú C1.5 R4 — Córais deonaithe bia a fheabhsú

Is é is cuspóir don athchóiriú an geilleagar ciorclach a chur chun cinn san earnáil agraibhia, cur amú bia a laghdú agus slándáil bia a mhéadú do na daoine is boichte trí fheabhas a chur ar an gcóras deonaithe bia. Áireofar san athchóiriú banc bia a bhunú, acmhainneacht bhonneagair na n-idirghabhálaithe sa slabhra deonaithe bia a neartú, ardán ar líne chun cur amú bia a chosc a sheoladh, an córas TF maidir le deonú bia a uasghrádú, comhaontuithe deonacha maidir le cur amú bia a chosc a thabhairt i gcrích idir údaráis agus geallsealbhóirí ábhartha i slabhra an tsoláthair bia, an saol acadúil, an pobal eolaíochta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chomh maith le feachtas faisnéise agus oideachais a chur chun feidhme maidir le cur amú bia a chosc agus maidir le deonú bia.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht C1.5 R4-I1 — Feistiú bonneagair banc bia agus idirghabhálaithe sa slabhra deonaithe bia

Is é cuspóir na hinfheistíochta acmhainneacht bhonneagair na n-idirghabhálaithe sa slabhra deonaithe bia agus sa bhanc bia a neartú chun na réamhchoinníollacha bunúsacha a chruthú chun cainníochtaí an bhia a dheonaítear a mhéadú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cur amú bia a laghdú agus slándáil bia a mhéadú do ghrúpaí daonra níos boichte. Áireofar leis an infheistíocht cur chun feidhme Scéimeanna Tacaíochta maidir le bonneagar feistithe banc bia agus idirghabhálaithe sa slabhra deonaithe bia, arna bhforbairt ag an Aireacht Talmhaíochta agus arna nglacadh ag Rialtas na Cróite.

Críochnófar an infheistíocht faoin 31 Nollaig 2023.

E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
126	C1.5. R1	M	An Clár Oibríochtúil chun acmhainneacht mhargaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a neartú don tréimhse 2021-2026	Teacht i bhfeidhm an chinnidh ó Rialtas na Cróite maidir le glacadh an Chláir Oibríochtúil chun acmhainneacht mhargaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a neartú le haghaidh na tréimhse 2021-2026				R4	2021	Chun an beart a chur chun feidhme arb é is aidhm dó go príomha ról agus acmhainneacht bhainistíochta eagraíochtaí táirgeoirí a neartú sa slabhra táirgthe agus margaíochta torthaí agus glasraí, glacfaidh Rialtas na Cróite an Clár Oibríochtúil chun acmhainneacht mhargaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a neartú don tréimhse 2021-2026. Áireofar leis cur chun feidhme na mbeart seo a leanas: (i) Ionaid dáileacháin torthaí agus glasraí lóistíochta a thógáil agus a fheistiú agus (i an seasamh agus an t-aitheantas atá ag táirgeoirí i slabhra soláthair na dtorthaí agus na nglasraí a neartú.
127	C1.5. R1-I1	T	Ionad dáilte lóistíochta (LDC) tógtha agus oibríochtúil		Líon	0	1	R4	2023	Áireofar sa Lárionad Dáileacháin Lóistíochta tógtha páirt athchóirithe atá beartaithe chun an táirge a ghlacadh, a ghlanadh, a ní, a shórtáil agus a phacáistiú, chomh maith le cuid stórála d'acmhainneacht oiriúnach ghlactha agus stórála faoi fhuarú agus stóráil fhadtéarmach agus leibhéal áirithe próiseála ar an táirge. Tá próiseáil phríomhúil torthaí agus glasraí beartaithe chun úsáid a bhaint as táirgí de cháilíocht neamhchaighdeánaithe agus, ar an gcaoi sin, cur amú bia (dramhaíl) a sheachaint. Beidh acmhainneacht stórála LDC 3000 ar a laghad suas le 12000 tona ar a mhéad. Baineann an beart le foirgneamh nua a thógáil, ag a bhfuil Príomhéileamh Fuinnimh (PED) atá 20 % níos ísle ar a laghad ná an foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (NZEB).
128	C1.5. R1-I1	T	Tógadh dhá ionad dáileacháin lóistíochta ar a		Líon	1	3	RÁITHE 1	2026	Tógfar dhá Lárionad Dáileacháin Lóistíochta (LDCanna) ar a laghad, a mbeidh toilleadh stórála 3000 tona ar a laghad ag gach ceann acu. Baineann an beart le foirgnimh nua a thógáil

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			laghad							ag a bhfuil príomhéileamh fuinnimh atá 20 % níos ísle ar a laghad ná meán na dtairseach d'fhoirgnimh nach mór neodrac ó thaobh fuinnimh (NZEB) le haghaidh foirgnimh neamhchónaithe agus a úsáideann foinsí fuinnimh in-athnuait
129	C1.5. R1-I2	T	Oiliúint d'eagraíochtaí táirgeoirí		Líon	0	3	R2	2026	Beidh trí eagraíocht táirgeoirí (ETanna) ar a laghad atá nascth leis na hionaid dáilte lóistíochta rannpháirteach in oiliúint a bhaineann le réimse bainistíochta agus airgeadais eagraíochta táirgeoirí, ina mbeidh 15 dhuine ar a laghad rannpháirteach.
130	C1.5. R1-I2	M	Córas chun torthaí agus glasraí a lipéadú	Doiciméad a eisíodh lena ndeimhnítear go gcomhlíonann ceanglais lipéadaithe scéimeanna cáilíochta nua				R2	2026	Formheasfar córas chun lipéid inaitheanta a chruthú ar mhargadh na dtorthaí agus na nglasraí. Beidh an córas deonac agus comhlántach le scéim cáilíochta atá ann cheana arna forbairt ag an Aireacht Talmhaíochta.
131	C1.5. R2	M	An tAcht nua um Chomhdhlúthú Talún Talmhaíochta	Teacht i bhfeidhm an Achta nua um Chomhdhlúthú Talún Talmhaíochta				RÁITHE 1	2022	Leis an Acht nua um Chomhdhlúthú Talún Talmhaíochta atá beartaithe, déanfar an méid seo a leanas, inter alia: • Coinníollacha a thabhairt isteach chun an próiseas comhdhlúthaithe a shimpliú, • Líon na gcomhlachtaí rannpháirteacha a laghdú, • An t-am is gá chun gníomhaíochtaí a dhéanamh faoi chuims an leithdháilte a ghiorrú, • Teicneolaíochtaí faisnéise a chur i bhfeidhm agus nascadh le bunachair sonraí atá ann cheana agus le bunachair sonraí nua páirtithe leasmhara éagsúla, agus bunachar sonraí cáilíochta ithreach á chruthú ag an am céanna.
133	C1.5. R2-I2	T	Uasghrádú ar an gcóras faisnéise oibríochtúla chun faireachán a dhéanamh ar		Líon	0	90	R2	2025	Bunófar an clár chun faireachán buan a dhéanamh ar an mbai atá ar thalamh talmhaíochta. Léireofar i dtorthaí an chláir na limistéir ghéarchéime ina bhfuil ithreacha neamhchosanta ar

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			thalamh talmhaíochta agus 90 stáisiún buan a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar an mbail atá ar thalamh talmhaíochta							bhagairtí. Le huasghrádú an chórais faisnéise chun faireachán dhéanamh ar thalamh talmhaíochta, beifear in ann paraiméada inchomparáide a fháil. Bunófar 90 stáisiún ar a laghad mar chuid den chóras uasghrádaithe chun faireachán a dhéanamh ar an mbail atá ar thalamh talmhaíochta agus cumhdófar gach foréigiún talmhaíochta leis.
134	C1.5. R3	M	Aonad a bhunú chun Tionscadail um Chlaochlú Digiteach a Chur Chun Feidhme agus a Bhainistiú san Aireacht Talmhaíochta	Cinneadh a rinne an tAire Talmhaíochta chun Aonad a bhunú chun Tionscadail um Chlaochlú Digiteach a Chur Chun Feidhme agus a Bhainistiú san Aireacht Talmhaíochta				R4	2021	Déanfaidh an t-aonad bunaithe, i gcomhar leis na húdaráis ábhartha (an Ghníomhaireacht Íocaíochta, Gníomhaireacht Talmhaíochta agus Bia na Cróite agus an Lároifig Stáit um Fhorbairt na Sochaí Digitíl) cur chun feidhme na n-infheistíochtaí uile a phleanáil agus déanfaidh sé faireachán orthu, chun a áirithiú go mbainfear amach na nithe seo a leana 30 seirbhís phoiblí dhigitithe ar a laghad, ardán oibríochtúil Talmhaíochta Cliste agus córas faisnéise inrianaitheachta atá inrochtana don phobal.
135	C1.5. R3-I1	T	Digitiú 30 seirbhís phoiblí ar a laghad sa talmhaíocht a liostaítear sa Phlean Gníomhaíochta um Chlaochlú Digiteach Seirbhísí Poiblí Talmhaíochta		Líon	0	30	R4	2024	Beidh an Plean Gníomhaíochta um Chlaochlú Digiteach mar bhonn chun na seirbhísí talmhaíochta uile atá le digitiú a thaifeadadh. Áireofar sa phlean gníomhaíochta samhail agus próiseas claochlaithe le haghaidh gach seirbhíse poiblí a thaifeadfar. 30 seirbhís phoiblí ar a laghad a chlárófar sa Phle Gníomhaíochta agus a dtabharfar tacaíocht dóibh faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite, déanfar iad a dhigit agus a chur ar fáil do thairbhithe. Saineofar sa phlean gníomhaíochta na seirbhísí poiblí aonair atá le digitiú trí chur chun feidhme an tionscadail. Déanfar 30 seirbhís ar a laghad dhigitiú agus a chur ar fáil do thairbhithe.
136	C1.5. R3-I2	M	Ardán Talmhaíochta Cliste	Ardán Talmhaíochta				R4	2025	Cuirfear ardán Talmhaíochta Cliste ar fáil do na tairbhithe. Cuirfidh an t-ardán um Thalmhaíocht Chliste faisnéis atá

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			a bhunú	Cliste ar fáil						cothrom le dáta, struchtúrtha agus tráthúil ar fáil go díreach ó pháirceanna agus ó fheirmeacha.
137	C1.5. R3-I3	M	Córas faisnéise inrianaitheachta a bhunú	Córas faisnéise inrianaitheachta oibríochtúil agus inrochtana don phobal				R4	2024	Leis an gcóras faisnéise inrianaitheachta atá beartaithe, beifea in ann tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr trí fhaireachán a dhéanamh ar inrianaitheacht táirgí talmhaíochta agus bia. Beidh an córas deonach agus úsáidfear é chun rianú faisnéise a aontú agus a éascú, chun gnó a éascú agus chun faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí trí chód QR. Dearfar an córas chun nascadh le ríomhchórais eile agus chun faisnéis maidir le hinrianaitheacht a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach. Beidh sé d'acmhainn ag an gcóras freisin faisnéis thaifeadadh faoi thrádálaithe agus idirghabhálaithe nach bhféadfadh teagmháil fhisiciúil a bheith acu leis an táirge riamh.
138	C1.5. R4	M	An t-ardán ar líne chun cur amú bia a chosc agus córas TF uasghrádaithe um dheonú bia	Tá an t-ardán ar líne chun cur amú bia a chosc agus chun an réiteach teicniúil don chóras TF le haghaidh deonú bia a uasghrádú oibríochtúil agus ar fáil don phobal				R2	2022	Seolfar an t-ardán ar líne maidir le cur amú bia a chosc agus a laghdú chun dea-chleachtais a scaipeadh, feasacht a mhúscail agus oideachas a chur ar dhaoine faoi shaincheist an chur amú bia agus an deonaithe bia. Déanfar an córas TF um dheonú bia atá i bhfeidhm cheana féin, a uasghrádú le feidhmiúlachtaí nua lena gcuirtear béim ar an bhféidearthacht go ndéanfaí rialacha réigiúnach ar an gcóras agus go ndéanfaí sonraí a léiriú ar bhonn staidrimh.
139	C1.5. R4-I1	M	Scéim Tacaíochta maidir le bonneagar feistithe banc bia agus idirghabhálaithe sa slabhra deonaithe bia	Scéim Tacaíochta le haghaidh bonneagar feistithe banc bia agus idirghabhálaithe sa slabhra deonaithe bia a chuirtear chun feidhme				R4	2023	Cuirfear an Scéim Tacaíochta i bhfeidhm tar éis glao poiblí agus cuirfear conarthaí i gcrích, trí eisíocaíocht na gcistí, a úsáidfear chun saoráidí stórála, trealamh stórála agus troscán, trealamh fuaraithe agus stórála bia, forcardaitheoirí, feithiclí cuisniúcháin, feithiclí agus trealamh TF a thógáil agus a athchóiriú.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				agus cistí a eisíoctar						

F. COMHCHUID 1.6: TURASÓIREACHT INBHUANAITHE, NUÁLACH AGUS ATHLÉIMNEACH A FHORBAIRT

Bhí tionchar an-diúltach ag paindéim COVID-19 ar earnáil na turasóireachta ar fud an domhain agus sa Chróit araon. Mar ghníomhaíocht straitéiseach sa Chróit, is ionann an turasóireacht agus sciar díreach 11.4 % de OTI agus taifeadadh laghdú 55 % ar líon na n-oícheanta in 2020 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. I bhfianaise éifeachtaí sin na géarchéime agus na n-ionchas éilimh atá ag athrú, is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite earnáil na turasóireachta a chlaochlú agus a nuachóiriú agus, ag an am céanna, a hiomaíochas, a hinbhuanaitheacht agus a hathléimneacht a mhéadú trí na cuspóirí uileghabhálacha seo a leanas a bhaint amach:

- Athléimneacht agus inbhuanaitheacht earnáil na turasóireachta a mhéadú trí thacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.
- Rannchuidiú le téarnamh earnáil na turasóireachta ó ghéarchéim COVID-19 trí fheabhas a chur ar acmhainneacht chóiríochta agus ar chomhtháthú sóisialta agus críochach.
- An geilleagar ciorclach sa turasóireacht a mhéadú agus tomhaltas freagrach a chothú agus éifeachtaí indíreacha na turasóireachta ar ghníomhaíochtaí gaolmhara a mhéadú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar leis an moladh tírshonrach chun na muirir pharaifhioscacha is troime a laghdú (moladh tírshonrach 4, 2019), na bearta uile is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an bpaindéim (moladh tírshonrach 1, 2020) agus tionscadail infheistíochta poiblí aibí a thús-ualú agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun an téarnamh eacnamaíoch a chothú (moladh tírshonrach 3, 2020).

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin freisin leis na cuspóirí a leagtar amach i bhfo-chomhpháirteanna eile an phlean seo, go háirithe C1.5. Úsáid acmhainní nádúrtha a fheabhsú agus slabhra an tsoláthair bia a neartú agus C2.3. Claochlú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí.

F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C1.6 R1 — Athléimneacht agus inbhuanaitheacht earnáil na turasóireachta a fheabhsú

Is é is aidhm don athchóiriú creat éifeachtach eagraíochtúil agus dlíthiúil a bhunú chun forbairt na turasóireachta inbhuanaithe a bhainistiú tríd an Acht Turasóireachta, Straitéis 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe na Turasóireachta, an Plean Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe na Turasóireachta faoi 2027 agus an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a tharraingt suas.

Áireofar an méid seo a leanas san athchóiriú:

- Faoiseamh breise riaracháin agus paraifhioscach d’earnáil na turasóireachta;
- Athrú breise a dhéanamh ar an gcreat reachtach lena bhféadfar bainistiú níos fearr a dhéanamh ar fhorbairt na turasóireachta agus infheistíocht ghnó sa nuálaíocht á spreagadh ag an am céanna;
- Samhail nua turasóireachta a fhorbairt lena dtairgtear táirgí turasóireachta níos éagsúlaithe, lena gcuirtear le haistriú glas agus digiteach fiontraithe turasóireachta agus lena n-áirithítear go gcloítear le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh;

- Nósanna imeachta oibríochtúla a laghdú a chuideoidh le gnó turasóireachta a thionscnamh ar bhealach níos éasca, níos tapúla agus níos saoire.

Tá sé beartaithe freisin an t-athchóiriú ar an gcóras bainistíochta turasóireachta a oibríochtú trí infheistíocht C.2.3 R3-I15 — Réitigh feidhmchláir turasóireachta a bhunú arb é is aidhm dóibh fiontraithe a shaoradh ó thaobh riaracháin de agus an tsamhail turasóireachta a athrú i dtreo na hinbhuanaitheachta. Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme i gcomhréir le prionsabal an chomhairliúcháin phoiblí, ina mbeidh raon leathan páirtithe leasmhara san éiceachóras turasóireachta foriomlán, lena n-áirítear fiontraithe, comhlachais tionscail agus acadóirí.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht C1.6 R1-I1 — Éagsúlú réigiúnach agus speisialtóireacht thurasóireacht na Cróite trí infheistíochtaí i bhforbairt táirgí turasóireachta ard-bhreisluacha

Is é is aidhm don infheistíocht sin tacaíocht airgeadais a chur ar fáil i bhfoirm deontas chun bonneagar turasóireachta poiblí a fhorbairt, a oiriúnú agus a uasghrádú ar fud na Cróite.

Is éard atá sa bheart infheistíochtaí lena ndéantar bonneagar turasóireachta a fhorbairt tuilleadh, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus táirgí turasóireachta a chur chun cinn i gcinn scríbe turasóireachta nach bhfuil chomh forbartha sin.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht C1.6 R1-I2 — Iomaíochas fiontraithe a neartú agus aistriú glas agus digiteach earnáil na turasóireachta a chothú

Is é is aidhm don infheistíocht buntáiste airgeadais a chur ar fáil d’aistriú glas agus digiteach earnáil na turasóireachta.

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tionscadail ghlasa a chur chun feidhme, amhail éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, foinsí in-athnuaite agus an geilleagar ciorclach a úsáid, glacadh na nuálaíochta agus na dteicneolaíochtaí digiteacha agus táirgí turasóireachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus éifeachtúlacht acmhainní a fhorbairt.

Críochnófar an infheistíocht faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht C1.6 R1-I3 — Acmhainneacht an chórais a neartú le haghaidh turasóireacht athléimneach inbhuanaithe

Is é cuspóir na hinfheistíochta athléimneacht an chaipitil dhaonna a neartú ar fud earnáil na turasóireachta, trí chláir oideachais atá ceaptha go sonrach do riachtanais mhargadh an tsaothair.

Áireofar ar na príomhghníomhaíochtaí infheistíochta cláir oideachais a dhearadh a fhreagraíonn do riachtanais mhargadh an tsaothair agus oiliúint a chur ar dhaoine faoi na cláir oideachais sin

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
140	C1.6. R1	M	Anailís ar chásanna mar chuid den Straitéis Forbartha Turasóireachta Inbhuanaithe do 2030	Anailís ar Chásanna a fhorbairt				R4	2021	Beidh an anailís ar chásanna a dhéanfar mar chuid den phróiseas forbartha straitéise mar bhonn chun na hinfheistíochtaí dá dtagraítear faoin bhfo-chomhpháirt seo a shlógadh. Leis an anailís ar chásanna, forbrófar réamh-mheastachán ar an treo forbartha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal críochach i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil.
141	C1.6. R1	M	Glacadh na Straitéise um Fhorbairt na Turasóireachta Inbhuanaithe faoi 2030 ag Rialtas Phoblacht na Cróite	Foráil maidir le teacht i bhfeidhm na Straitéise um Thurasóireacht Inbhuanaithe a Fhorbairt faoi 2030				R3	2022	Mar chuid den athchóiriú sin, déanfar an próiseas chun samhail forbartha na turasóireachta a chlaochlú i dtreo na hinbhuanaitheachta a chur chun feidhme trí Straitéis Forbartha Turasóireachta Inbhuanaithe 2030 a fhorbairt, ó thaobh na hinbhuanaitheachta socheacnamaíche, an chomhshaoil agus na hinbhuanaitheachta críochaí de. Leis an straitéis, mar ghníomh fadtéarmach pleanála straitéisí a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint léi, tabharfar aird ar leith freisin ar na saincheisteanna a bhaineann le húsáid talún go dtí seo, i.e. róthurasóireacht i gcinn scríbe aonair, mar cheann de na príomhfhadhbanna a bhaineann le forbairt na turasóireachta. Tabharfaidh an Straitéis freagairt freisin ar conas laghdú na forbartha réigiúnaí neamhchothroime sa Chróit a chur chun cinn ar bhealach níos fearr.
142	C1.6. R1	M	Creat Méadreolaíoch Chuntas Satailíte Turasóireachta Inbhuanaithe Phoblacht na Cróite	Foráil maidir le teacht i bhfeidhm Chreat Méadreolaíoch an Chuntais Satailíte Turasóireachta				R3	2023	Cruthóidh córas na gCuntas Satailíte Turasóireachta-Inbhuanaitheachta na dálaí chun forbairt na turasóireachta a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh uirthi trí tháscairí inbhuanaitheachta turasóireachta sainithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach araon. Beidh an cuntas satailíte ina uirlis chun beartas poiblí a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			a tharraingt suas	Inbhuanaithe						bhainistiú. Déanfar bailiú agus tiomsú sonraí a chomhchuibhiú leis an gCóras Eorpach de Tháscairí Turasóireachta (ETIS) agus le coincheapa, sainmhínithe, aicmithe agus rialacha cuntasaíochta an Chórais Cuntasaíochta Eacnamaíche Comhshaoil (SEEA). Chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bheartais turasóireachta réigiúnaigh, bunófar Cuntas Réigiúnach Turasóireachta-Saitilíte Inbhuanaithe, agus déanfar táscairí sonracha maidir le gníomhaíocht turasóireachta ar leibhéal an chinn scríbe a choigeartú chun a léiriú go bhféadfadh an róthurasóireacht tarlú. Beidh sonraí agus anailís mar bhonn agus mar thaca ag treo straitéiseach na pleanála, idir phoiblí agus phríobháideach, agus beidh siad ina n-uirlis bainistithe beartais ábhartha chomh maith.
143	C1.6. R1	M	An tAcht Turasóireachta lena mbunaítear creat chun faireachán agus forbairt a dhéanamh ar earnáil na turasóireachta	Teacht i bhfeidhm an Achta Turasóireachta				R4	2023	Leis an Acht Turasóireachta, soláthrófar creat chun faireachán agus forbairt a dhéanamh ar earnáil na turasóireachta trí chóras faireacháin agus anailíse sonraí a bhunú, córas dreasachtaí, faireachán agus anailís a dhéanamh ar infheistíochtaí, ról na bpríomhpháirtithe leasmhara i bhforbairt na turasóireachta agus an chomhair idirsheirbhíse a shainiú, agus táscairí agus caighdeáin a shainiú chun inbhuanaitheacht na turasóireachta a áirithiú (go háirithe caighdeáin ghlasa agus dhigiteacha).
144	C1.6. R1-I1	M	Glaonna poiblí a sheoladh ar aistriú glas agus digiteach an bhonneagair turasóireachta poiblí atá ann cheana agus ar bhonneagar turasóireachta poiblí a fhorbairt lasmuigh	Doiciméid tairisceana a fhoilsiú maidir le haistriú glas agus digiteach an bhonneagair turasóireachta poiblí atá ann cheana agus bonneagar turasóireachta poiblí a				R3	2022	Sonrófar sa doiciméadacht tairisceana go ndíreoidh infheistíochtaí ar thionscadail ar féidir leo cáilíocht ghlas agus dhigiteach an bhonneagair turasóireachta a mhéadú agus an tionchar ar an gcomhshaol agus, dá bhrí sin, comhchruinniú na n-aíonna sa séasúr a laghdú. Sna príomhlimistéir turasóireachta agus chósta, de réir an Innéacs Forbartha Turasóireachta, ní bheidh ach infheistíochtaí in aistriú glas agus digiteach an bhonneagair turasóireachta atá ann cheana agus suas le EUR 29623731 de bhuiséad iomlán na

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			de na príomhlimistéir turasóireachta agus chósta	fhorbairt lasmuigh de na príomhlimistéir turasóireachta agus chósta						hinfheistíochta incháilithe chun rannchuidiú le bainistiú inbhuanaithe ceann scríbe, rud a laghdóidh an tionchar ar an gcomhshaol le linn an tséasúir turasóireachta. Áireofar sna critéir incháilitheachta comhlíonadh na Treorach Teicniúla maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01).
145	C1.6. R1-I1	M	Bailchríoch a chur ar thionscadail a dámhadh chun bonneagar turasóireachta poiblí a thógáil agus a oiriúnú	Deimhniú críochnaithe ón innealtóir maoirseachta.				R2	2026	10 dtionscadal a dámhadh ar an infheistíocht a thabhairt chun críche chun bonneagar turasóireachta poiblí a thógáil agus a oiriúnú.
146	C1.6. R1-I2	M	Glaonna poiblí a sheoladh chun an inbhuanaitheacht a neartú agus chun borradh a chur faoi aistriú glas agus aistriú digiteach na bhfiontraithe turasóireachta, agus 50 % ar a laghad de na hinfheistíochtaí iomlána ag tacú leis an aistriú glas	Doiciméid tairisceana a fhoilsiú chun inbhuanaitheacht a neartú agus aistriú glas agus digiteach fiontraithe turasóireachta a chothú				R3	2022	Sonrófar sa doiciméadacht tairisceana go ndámhfar EUR 29862632 ar a laghad de na hinfheistíochtaí iomlána ar infheistíocht atá dírithe ar mhaolú ar an athrú aeráide nó oiriúnú don athrú sin, ar dhigitiú gníomhaíochtaí i gcomhréir leis na critéir maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa nó éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú dramhaíola a laghdú, chomh maith leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach. Rannchuideoidh critéir roghnúcháin na dtionscadal leis an aistriú glas, i gcomhréir le NRS, leis an gConradh Glas don Eoraip, leis na táscairí inbhuanaitheachta a shainítear sa staidéar féidearthachta chun cuntas satailíte turasóireachta inbhuanaithe de chuid Phoblacht na Cróite a chruthú agus leis na treoirlínte chun an Straitéis Forbartha Turasóireachta Inbhuanaithe do 2030 a tharraingt suas. I gcomhréir le prionsabail Threoir Theicniúil DNSH, léireoidh iarratasóirí conas a mhaolóidh siad na tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol is féidir a bheith bainteach leis an tionscadal agus conas a rannchuideoidh siad le tionchair dhearfacha le linn chur chun feidhme an tionscadail.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Sannfar sa doiciméad tairisceana EUR 29862632 ar a laghad de na hinfheistíochtaí iomlána chun tacú leis an aistriú glas, agus sonrófar ann, i gcás na hinfheistíochta sin, na critéir roghnúcháin/incháilitheachta lena léireofar ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme [3-100] d'Iarscríbhinn [VI/VII] agus comhlíonadh Threoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) agus comhlíonadh acquis comhshaoil ábhartha an Aontais agus an acquis comhshaoil náisiúnta ábhartha ag na tionscadail a fhaigheann tacaíocht.
147	C1.6. R1-I2	M	Bailchríoch a chur ar thionscadail na hinfheistíochta a dámhadh chun inbhuanaitheacht a neartú agus aistriú glas agus digiteach fiontraithe turasóireachta a chothú	Deimhniú críochnaithe ón innealtóir maoirseachta.				R2	2026	Bailchríoch a chur ar 37 dtionscadal a dámhadh maidir leis an infheistíocht chun an inbhuanaitheacht a neartú agus chun aistriú glas agus digiteach na bhfiontraithe turasóireachta a chothú.
148	C1.6. R1-I3	T	Cláir oideachais chun eolas agus scileanna turasóireachta a neartú		Líon	0	10	R4	2024	Cláir oideachais a forbraíodh chun eolas agus scileanna turasóireachta a neartú, lena n-áirítear scileanna digiteacha d'oifigigh rialtais agus d'oifigigh phoiblí sa chóras turasóireachta, oideachas do dhaoine dífhostaithe agus d'fhostóirí Beidh na cláir oideachais a fhorbrófar bunaithe ar anailísí ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus beidh mar bhonn leo eolas agus scileanna sa turasóireacht a neartú, lena n-áirítear scileanna digiteacha d'oifigigh rialtais sa chóras turasóireachta agus atá fostaithe i gcóras pobail na turasóireachta, daoine dífhostaithe agus oideachas d'fhostóirí. Is iad na critéir a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										úsáidfear chun na cláir atá le forbairt a roghnú rannchuidiú le cuspóirí an aistrithe dhigitigh agus ghlais a bhaint amach, eadhon an t-eolas agus na scileanna is gá a fháil chun tionscadail arna gcistiú le hinfheistíochtaí C1.6 I2 agus I1 den fho-chomhpháirt seo a chur chun feidhme, amhail eolas a bhaineann le tógáil ghlas, fuinneamh in-athnuaite, táirgí nuálacha, scileanna fiontraíochta, bainistiú inbhuanaithe ceann scríbe.
149	C1.6. R1-I3	T	Daoine oilte i gcláir oideachais a bhaineann leis an turasóireacht		Líon	0	1 000	R4	2025	Glacann 1000 duine ar a laghad páirt i gcúrsaí oiliúna a bhaineann leis an turasóireacht.

G. COMHPHÁIRT 2.1: AN CUMAS A NEARTÚ CHUN BEARTAIS AGUS TIONSCADAIL PHOIBLÍ A CHEAPADH AGUS A CHUR CHUN FEIDHME

Is é is aidhm don chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite cáilíocht an cheaptha beartas poiblí a fheabhsú, acmhainneacht an riaracháin phoiblí a mhéadú chun beartais phoiblí a cheapadh agus a chur chun feidhme agus ilroinnt an riaracháin phoiblí a shárú trí chomhordú i measc aireachtaí ábhartha a fheabhsú agus trí chur chun feidhme beartas poiblí agus tionscadal poiblí a fheabhsú. Áireofar sa chomhpháirt bearta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Dearadh agus cur chun feidhme beartas poiblí agus tionscadal poiblí a éascú ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil trí úsáid mhéadaithe a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha;
- Cúnamh a thabhairt do thairbhithe agus tionscadail agus doiciméadacht theicniúil á n-ullmhú le haghaidh tionscadail i réimse an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus
- Sásraí a neartú chun beartais phoiblí a chomhordú agus a bhainistiú.

Rannchuideoidh an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha maidir le hacmhainneacht an riaracháin a mhéadú tionscadail phoiblí agus beartais phoiblí a dhearadh agus a chur chun feidhme (moladh tírshonrach 3, 2019) agus maidir le hacmhainneacht agus éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a threisiú chun tionscadail phoiblí agus beartais phoiblí a dhearadh agus a chur chun feidhme ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil (moladh tírshonrach 4, 2020).

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C2.1 R1 — Sásraí a neartú chun beartais phoiblí a chomhtháthú agus a bhainistiú le gairmiúlú na pleanála straitéisí

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar beartais phoiblí a bhainistiú agus a chur chun feidhme.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin reachtaíocht a chur ar fáil chun feabhas a chur ar chomhordú beartas poiblí agus, ar an gcaoi sin, pleanáil straitéiseach agus measúnú tionchair ar rialacháin a ghairmiúlú.

Athchóiriú C2.1 R2 — An acmhainneacht a neartú chun tionscadail an Aontais a ullmhú agus a chur chun feidhme

Agus é mar chuspóir ionsú chistí an Aontais a mhéadú, méadóidh an t-athchóiriú sin an acmhainneacht chun cistí an Aontais a ullmhú agus a chur chun feidhme. Ina theannta sin, saineofar sa Chinneadh Rialtais maidir leis na comhlachtaí i gcóras cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na húdaráis inniúla agus na freagrachtaí chun na cúraimí a bhaineann leis an gcur chun feidhme a dhéanamh, bunófar comhlacht lárnach comhordaithe faoin Aireacht Airgeadais chun an Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (NRRP) a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh air, agus tabharfar sainordú don Choiste Cur Chun Feidhme comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a áirithiú maidir le húsáid chistí an Aontais. Ullmhófar anailís ar an ualach oibre chun acmhainneacht riaracháin a neartú ar fud na gclár oibríochtúil uile. Déanfar reacht na Gníomhaireachta um Iniúchóireacht ar Chóras Cur Chun Feidhme Chláir an Aontais Eorpaigh (ARPA) a oiriúnú chun é a thabhairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 agus chun an sainordú dlíthiúil a sholáthar chun iniúchtaí a dhéanamh faoi raon feidhme an NRRP.

Déanfar an córas TF a úsáidtear le haghaidh chistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa a uasghrádú chun gur féidir sonraí maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna a bhailiú, a stóráil agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear ar leibhéal na bhfaighteoirí deiridh.

Tabharfar an t-athchóiriú sin chun críche faoin 31 Eanáir 2022, agus sula gcuirfear an chéad iarraidh ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin.

> Infheistíocht C2.1 R1-I1 — Barrfheabhsú, caighdeánú agus digitiú na bpróiseas le haghaidh pleanáil straitéiseach agus measúnú tionchair ar bheartais phoiblí

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú le digitiú na pleanála straitéisí, an chur chun feidhme agus na meastóireachta ar bheartais phoiblí.

Is éard atá sa bheart seo ardán TF a fhorbairt, an Córas Faisnéise Pleanála Straitéisí chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar ullmhú doiciméad straitéiseach.

> Infheistíocht C2.1 R2-I1 — Cúnamh a sholáthar do thairbhithe chun doiciméadacht tionscadail-teicniúil a ullmhú

Is é is cuspóir don bheart seo ráta ratha agus ionsú chistí an Aontais a mhéadú.

Is éard atá sa bheart seo glaonna chun cúnamh a chur ar fáil do thairbhithe féideartha cistí éagsúla de chuid an Aontais chun dlús a chur le hullmhú doiciméadachta tionscadail-teicniúla agus chun an t-ullmhúchán sin a bharrfheabhsú.

G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
150	C2.1. R1	M	Leasuithe ar an Ionstraim maidir le Córas Pleanála Straitéisí agus Bainistithe Forbartha Phoblacht na Cróite agus ar fhodhlíthe	Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena leasaítear an Gníomh um an gCóras Pleanála Straitéisí agus Rialachais d'Fhorbairt Phoblacht na Cróite agus na fodhlíthe a ghabhann leis				R4	2022	Cuirfidh leasuithe ar an nGníomh um Pleanáil Straitéiseach agus Córas Bainistíochta Forbartha Phoblacht na Cróite agus ar na fodhlíthe a ghabhann leo feabhas ar éifeachtacht na pleanála straitéisí agus ar ghairmiúlú ullmhú na ndoiciméad straitéiseach. Áireofar leis freisin bonn do thuairiscí ar phoist agus d'inniúlachtaí státseirbhíseach a bhaineann le pleanáil straitéiseach;
151	C2.1. R1	M	Leasuithe ar an nGníomh um Measúnú Tionchair Rialála	Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena leasaítear an Gníomh um Measúnú Tionchair Rialála				R4	2023	Le leasuithe ar an nGníomh um Measúnú Tionchair Rialála, simpleofar próisis measúnaithe tionchair rialála ex post, lena n-áirítear modheolaíocht agus nósanna imeachta, bunaithe ar mholtaí na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ón tionscadal a bhaineann leis an measúnú tionchair rialála ex post. Áireofar sna leasuithe freisin athruithe ar thuairiscí poist agus ar inniúlachtaí na státseirbhíseach a bhaineann leis an measúnú tionchair d'fhonn comhordú, dréachtú agus faireachán éifeachtaí na rialála sa riarachán poiblí a ghairmiúlú.
152	C2.1. R1	T	An t-ualach riaracháin a dhéanann difear díreach do shaoránaigh a laghdú, trí nósanna imeachta a dhigitiú		% (céatadán)	0	20	R4	2025	Laghdú 20 % ar a laghad ar an ualach riaracháin i gcomparáid leis an 31 Nollaig 2019, do shaoránaigh trí úsáid a bhaint as modheolaíocht na Samhla Costais Caighdeánaí (SCM), trí nósanna imeachta a dhigitiú agus/nó a shimpliú.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			agus a shimpliú							
153	C2.1. R1-I1	T	Mapáil na bpróiseas gnó uile a dhigitiú i réimse na pleanála straitéisí agus an mheasúnaithe tionchair rialála		% (céatadán)	0	100	R4	2025	Déanfar gach próiseas gnó mapáilte i réimse na pleanála straitéisí agus an mheasúnaithe tionchair rialála a dhigitiú agus a úsáid tríd an ardán TF (córas TF chun an próiseas pleanála straitéisí agus an measúnú tionchair rialála a dhigitiú). Leis an gcóras TF, beifear in ann faireachán a dhéanamh ar ullmhú doiciméad straitéiseach, ar chur chun feidhme agus ar mheastóireacht beartas poiblí agus ar mheasúnú tionchair rialachán. Áireofar sa chóras TF freisin deais lena dtabharfar forléargas ar thorthaí chur chun feidhme na mbeartas poiblí.
156	C2.1. R2	M	Leasú ar reachtanna ARPA chun a shainordú a athshainiú	Faisnéis maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe ar reachtanna ARPA				R3	2021	Le leasuithe ar reachtanna na Gníomhaireachta um Iniúchóireacht ar Chóras Cur Chun Feidhme Chláir an Aontais Eorpaigh (ARPA), saineofar sainordú ARPA chun iniúchtaí agus rialuithe córais a bhaineann leis an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a chur ar bun agus a dhéanamh
157	C2.1. R2	M	Bunú an chórais cur chun feidhme agus iniúchóireachta agus rialaithe don phlean téarnaimh agus athléimneachta	Teacht i bhfeidhm an chinnidh ó Rialtas na Cróite maidir leis na comhlachtaí i gcóras cur chun feidhme an NRRP, bunú an chomhlachta chomhordaithe faoin Aireacht airgeadais agus nuashonrú na nósanna imeachta a				R4	2021	Saineofar sa chinneadh maidir leis na comhlachtaí sa chóras RRP na húdaráis inniúla agus na freagrachtaí maidir leis na cúraimí a dhéanamh i gcur chun feidhme an RRP, lena n-áirítear comhlacht lárnach comhordaithe faoin Aireacht Airgeadais chun cur chun feidhme agus faireachán bhearta RRF a áirithiú, lena n-áirítear athchóirithe, agus áiritheoidh an Coiste Cur Chun Feidhme comhsheasmhacht agus comhleanúnachas maidir le húsáid chistí an Aontais. Bunófar an Comhlacht Comhordúcháin don RRP agus beidh sé go hiomlán feidhmiúil, laistigh den

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				úsáideann comhlachtaí cur chun feidhme.						Aireacht airgeadais. Tabharfar na nósanna imeachta uile a úsáideann comhlachtaí cur chun feidhme don RRP cothrom le dáta agus i bhfeidhm.
158	C2.1. R2	M	Glacadh an Ghnímh maidir leis an gcreat institiúideach do chistí an Aontais	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir leis an gcreat institiúideach le haghaidh chistí an Aontais				R4	2021	Chomh maith leis an gcreat institiúideach agus na comhlachtaí ainmniúcháin a bhunú san Acht, soláthrófar leis an dlí freisin creat chun na gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a bhunú, a mheastar go ndéanfar tuilleadh forbartha orthu trí Threochlár um fhothú acmhainneachta riaracháin. Tá an Treochlár seo á fhorbairt faoi chlársceidealú Chistí SIE. Aithneofar sa dlí gur gá acmhainneacht na dtairbhithe a neartú a thuilleadh chun tionscadail a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme, ar tionscadail iad a chuirtear chun feidhme trí chláir (oibríochtúla) arna gcistiú ag an Aontas.
159	C2.1. R2	M	Measúnú ar an acmhainneacht riaracháin	Foilsítear anailís ar an ualach oibre				R4	2021	Déanfar anailísí ar an ualach oibre le haghaidh na n-institiúidí a bhfuil baint acu leis na córais bhainistíochta agus rialaithe faoi seach, agus an t-ualach a eascraíonn as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á chur san áireamh freisin. Cuirfear faisnéis leordhóthanach ar fáil san anailís i dtéarmaí riachtanais acmhainneachta riaracháin d'fhonn iad a bhaint amach go tráthúil, lena n-áirítear trí shraith moltaí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar acmhainneacht neamhleor i gcás inar gá. Bunaithe ar an anailís agus ar na moltaí, leithdháilfear na hacmhainní is gá ar na hinstitiúidí lena mbaineann.
160	C2.1. R2	M	Uasghrádú chóras TF eFondovi: Córas Stórais um Iniúchadh	Tuarascáil iniúchóireachta lena ndeimhnítear				RÁITHE 1	2022	Beidh stórchóras chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF i bhfeidhm agus oibríochtúil. Áireofar sa chóras, ar a laghad, na feidhmiúlachtaí

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			agus Rialú: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF	feidhmiúlachtaí an chórais stóir						seo a leanas: (a) bailiú sonraí agus faireachán ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna; (b) na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2)(d)(i) go (iii) de Rialachán RRF a bhailiú, a stóráil agus rochtain orthu a áirithiú.
161	C2.1. R2-I1	T	Doiciméadacht theicniúil tionscadail a ullmhú le haghaidh tionscadail aistrithe ghlais agus dhigitigh		Uimhir (Méid)	0	6 370 695	R4	2022	Bronnfar EUR 6370695, trí chinntí maidir le maoiniú chun doiciméadacht theicniúil tionscadail a fhorbairt arna n-ullmhú ag aireachtaí, gníomhaireachtaí náisiúnta agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.
162	C2.1. R2-I1	T	Doiciméadacht theicniúil tionscadail a ullmhú le haghaidh tionscadail aistrithe ghlais agus dhigitigh		Líon	0	100	R4	2025	Bronntar deontais ar eintitis phoiblí chun doiciméadacht theicniúil tionscadail a fhorbairt le haghaidh 100 tionscadal ar a laghad chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

G.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht C2.1 R1-I2 — Acmhainneacht a neartú sa phleanáil straitéiseach agus sa rialáil níos fearr

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo rannchuidiú le hinbhuanaitheacht an chórais pleanála straitéisí a áirithiú agus cáilíocht ullmhú agus chur chun feidhme na mbeartas poiblí sa Chróit a fheabhsú.

Leis an infheistíocht sin, forbrófar modúil oideachais agus eagrú oiliúna, chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na gcúraimí pleanála straitéisí sna comhlachtaí rialtais.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 31 Nollaig 2025.

G.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
154	C2.1. R1-I2	T	Modúil oiliúna le haghaidh pleanáil straitéiseach agus measúnú tionchair rialála ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil		Líon	0	10	R4	2024	Forbrófar 10 modúl oideachais/oiliúna le haghaidh pleanáil straitéiseach, agus rialáil níos fearr chun gairmiúlú na hoibre a áirithiú, lena n-áirítear compánaigh ríomhfhoghlama le tacaíocht theicniúil ó NSPA (Scoil Náisiúnta Riaracháin Phoiblí). Déanfar na modúil a fhorbairt faoi dheireadh 2024.
155	C2.1. R1-I2	T	Laethanta oiliúna arna ndéanamh d'oifigigh atá nasctha leis an gcóras pleanála straitéisí agus cur chun feidhme tionchar rialála ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach		Líon	0	15	R4	2025	15 lá oiliúna ar a laghad a dhéantar chun oiliúint a sholáthar bunaithe ar mhodúil oideachais sa chóras pleanála straitéisí agus cur chun feidhme éifeachtaí rialála ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

H. COMHPHÁIRT 2.2: ÉIFEACHTÚLACHT AN RIARACHÁIN PHOIBLÍ A FHEABHSÚ A THUILLEADH

Is é is aidhm don chomhpháirt riarachán poiblí na Cróite a nuachóiriú agus é a dhéanamh níos dírithe ar an úsáideoir, trí chumaisc iarbhír agus fheidhmiúla na n-aonad rialtais áitiúil a dhreasú, digitiú, idir-inoibritheacht, gnóthachain éifeachtúlachta i leithdháileadh acmhainní ar an leibhéal áitiúil a mhéadú, agus an córas luacha saothair agus bainistiú acmhainní daonna a athchóiriú.

Is iad na spriocanna uileghabhálacha feabhas a chur ar an gcumas fostaithe riaracháin phoiblí ardcháilíochta cumasacha a mhealladh agus a choinneáil, agus feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí poiblí in aonaid rialtais áitiúil agus réigiúnaigh, a bhfuil bac orthu mar gheall ar acmhainneacht lag riaracháin agus fhioscach agus easpa trédhearcachta.

Áireofar sa chomhpháirt athchóirithe móra le hinfheistíochtaí gaolmhara:

- Feabhas a chur ar an bpróiseas earcaíochta sa státseirbhís trí chóras iontrála na státseirbhíse a neartú agus trí inniúlachtaí na státseirbhíseach a fheabhsú a thuilleadh,
- Samhlacha nua pá agus oibre a thabhairt isteach sa státseirbhís, lena n-áirítear córas pá na hearnála poiblí a athchóiriú, an córas bainistithe acmhainní daonna a uasghrádú, agus soghluaisteacht ingearach agus chothrománach a chothú,
- Claochlú digiteach na mbonn caomhnaithe agus na dtaifead cartlainne,
- Rialtas áitiúil feidhmiúil agus inbhuanaithe a áirithiú trí aonaid rialtais áitiúil a bharrfheabhsú agus a dhílárú a thuilleadh trí thacaíocht dhreasaithe do chumaisc fheidhmiúla agus iarbhír.

Rannchuideoidh an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha maidir leis an ngá atá le héifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a neartú (moladh tírshonrach 1, 2019) agus maidir le feabhas a chur ar sholáthar agus ar cháilíocht seirbhísí sna haonaid rialtais áitiúil níos lú (moladh tírshonrach 4, 2020).

Áirítear sa chomhpháirt ceithre athchóiriú agus seacht n-infheistíocht.

H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C2.2 R1 — An earcaíocht sa státseirbhís a fheabhsú

Is é is aidhm don athchóiriú seo feabhas a chur ar an gcóras earcaíochta sa státseirbhís chun earcú oifigeach an-inniúil a áirithiú, oifigigh a rannchuideoidh le héifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú agus a chumasóidh an riarachán poiblí a athdhíriú ar riachtanais na saoránach. Áireofar san athchóiriú leasuithe ar an gcreat reachtach. In éineacht leis an athchóiriú, tá sé beartaithe ag na húdaráis uirlisí teicneolaíochta faisnéise, modheolaíochtaí agus an t-ábhar is gá a fhorbairt le haghaidh fíorú inniúlachta, agus bearta fothaithe acmhainneachta.

Tabharfar isteach córas roghnúcháin láraithe do státseirbhísigh, bunaithe ar phleananna réamhbhunaithe, ar anailís ar an ualach oibre, agus ar riachtanais iarbhír na n-údarás poiblí chun próifíl shonrach oifigeach a earcú. Sa phróiseas earcaíochta, déanfar iarrthóirí a thástáil ar líne, lena n-áiritheofar roghnú trédhearcach agus níos oibiachtúla iarrthóirí.

Críochnófar an beart faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht C2.2 R1-I1 — Córas roghnúcháin láraithe

Is é is aidhm don infheistíocht seo córas earcaíochta níos oibiachtúla agus níos trédhearcaí a bhunú bunaithe ar riachtanais shainaitheanta iarbhír agus ar acmhainní airgeadais iarbhír. Áiritheoidh sé go

n-earcófar na hiarrthóirí is fearr agus is inniúla, rud a rannchuideoidh le héifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú.

Áireofar san infheistíocht na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Anailís chomparáideach a fhorbairt ar dhearadh córas fostaíochta láraithe i mBallstáit an Aontais agus togra le haghaidh samhail nua fostaíochta a dhréachtú;
- Leasuithe ar an gcreat reachtach, lena n-áirítear Acht na Státseirbhíse, ar na nósanna imeachta chun státseirbhísigh a earcú i gcomhlachtaí riaracháin stáit, i seirbhísí gairmiúla agus in oifigí rialtais;
- Tástálacha caighdeánaithe agus oiliúint chaighdeánaithe a fhorbairt;
- An t-ardán TF a fhorbairt;
- An t-ardán TF a thástáil agus a chur chun feidhme.

Críochnófar an beart faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht C2.2 R1-I2 — Scrúdú Ríomhstáit

Is é is aidhm don infheistíocht seo córas nua a bhunú chun pas a fháil i scrúdú stáit trí mheán leictreonach, lena n-áiritheofar bealach níos oibiachtúla, níos iomchuí agus níos bailí chun measúnú a dhéanamh ar eolas na n-iarrthóirí trí scrúdú caighdeánaithe i scríbhinn.

Áireofar leis an infheistíocht feidhmchlár bogearraí a fhorbairt trína seachadfar na nósanna imeachta chun an t-ábhar tástála a fhorbairt don scrúdú stáit, an t-iarratas ar scrúdú, eagrú, stiúradh agus pasáil an scrúdaithe Stáit. Cuirfear an deimhniú scrúdúcháin ar fáil go leictreonach. Cruthóidh an córas bunachar sonraí de thascanna agus d'ábhair na dtrialacha mar aon le bunachar sonraí d'iarrthóirí agus áiritheoidh sé go gcruthófar tuarascálacha a bhaineann le déanamh agus torthaí na dtrialacha. Leis an gcóras sin, beifear in ann faireachán agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar na próisis uile chun scrúduithe stáit a fhorbairt agus a sheoladh. Déanfar seomraí tástála i 4 ionad tástála i Ságrab, Split, Rijeka agus Osijek a fheistiú agus a chur ar fáil le haghaidh riachtanais an e-exam chomh maith leis an gcóras roghnúcháin láraithe (Infheistíocht C2.2.R1-I1).

Críochnófar an beart faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú C2.2 R2 — Samhlacha nua pá agus oibre sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí

Is é is aidhm don athchóiriú sin córas pá atá cothrom, trédhearcach, comhsheasmhach agus inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de a thabhairt isteach sa riarachán stáit agus sa tseirbhís phoiblí mar aon le córas bainistíochta acmhainní daonna atá caighdeánaithe, digitithe agus dírithe ar an úsáideoir. Chun aghaidh a thabhairt ar an réaltacht nua oibre, tabharfar isteach samhail oibre chliste, lena dtabharfar na huirlisí agus na scileanna is gá do na hoifigigh chun a gcúraimí a dhéanamh go cianda.

Bunaithe ar anailís ar an staid agus ar chomparáid idir tuarastail i riarachán rialtais agus i seirbhís phoiblí, cruthófar córas íocaíochta nua agus glacfar Acht nua reachtaíochta maidir le pá na státseirbhíse agus Acht nua maidir le pá i seirbhísí poiblí. Áireofar sna hAchtanna nua forálacha chun poist a mheas de réir critéar bunaithe, agus chun comhchuibhiú tuarastal i riarachán stáit agus i seirbhísí poiblí a chinntiú. Leis an tsamhail tuarastail nua, cuirfear córas luaíochta i bhfeidhm a bheidh bunaithe ar fheidhmíocht (feidhmíocht oibre). Leasófar na rialacháin a bhaineann le státseirbhísigh a mheas agus a chur chun cinn. Beidh an measúnú ar fheidhmíocht agus ar éifeachtacht ina bhonn don dul chun cinn gairme agus don ardú céime.

Críochnófar an beart faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht C2.2 R2-I1 — Feabhas a chur ar an gcóras luacha saothair sa riarachán stáit agus sna seirbhísí poiblí

Leis an infheistíocht sin, cuirfear an córas luacha saothair nua i bhfeidhm sa riarachán stáit agus sna seirbhísí poiblí, lena dtacófar leis an athchóiriú sa réimse céanna. Áiritheoidh sé córas níos cothroime ó thaobh státseirbhíseach de, éireoidh sé níos iomaíche agus níos inbhuanaithe go fioscach, ó thaobh an t-ualach pá iomlán a choinneáil i mbuiséad an stáit agus é a dháileadh ar bhealach níos réasúnaí.

Bunófar comhlacht comhordaithe rialtais amháin a bheidh i gceannas ar chomhordú idirinstitiúideach na ngníomhaíochtaí uile, agus beidh foirne saineolaithe, lena n-áirítear ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta, in éineacht leis. Déanfar anailís ar an gcóras pá agus ar an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair agus forbrófar anailís chomparáideach le piar-bhallstáit. Bunaithe ar na hanailísí, déanfar an togra nua le haghaidh córas nua pá agus creat dlíthiúil nua a fhorbairt, áireofar naoi bhfeidhmiúlacht nua sa chóras TF bainistithe acmhainní daonna agus déanfar straitéis chumarsáide a ullmhú agus a chur chun feidhme.

Críochnófar an beart faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht C2.2 R2-I2 — Samhail Rochtana Hibrideach ar an Ionad Oibre a thabhairt isteach — Oibriú cliste

Is é is aidhm don infheistíocht seo samhail a thabhairt isteach chun cur ar chumas státseirbhíseach oibriú go cianda chun seirbhís phoiblí leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil a mbeidh rochtain ag cách uirthi agus chun spreagadh na n-oifigeach a mhéadú. Bunóidh sé sreabhadh oibre nuálach a bheidh bunaithe ar ghné de sholúbthacht in am oibre agus san áit oibre de réir riachtanais phróisis agus phleananna an riaracháin phoiblí. Leasófar na socruithe reachtacha a bhaineann leis an státseirbhís agus leis an gcaidreamh saothair chun samhail hibrideach oibre a thabhairt isteach sa riarachán poiblí agus sna breithiúna (an Cód Saothair, Acht na Státseirbhíse, an tAcht um Chosaint Saothair agus na fodhlíthe) chun go mbeidh fostaithe in ann oibriú go rianúil agus go leanúnach.

Chun na cuspóirí thuas a bhaint amach, déantar foráil leis an mbeart maidir leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Saineolaithe seachtracha a fhostú chun staid reatha na ndálaí teilea-oibre a shainaithint agus chun oiliúint bhainistíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme.
- Togra a fhorbairt le haghaidh samhail agus plean maidir le rochtain hibrideach ar an ionad oibre le réiteach normatach iomlán chun é a chur chun feidhme ag saineolaithe seachtracha.
- Leasuithe ar an gcreat reachtach agus ar mhodheolaíochtaí oibre.
- Teicneolaíocht faisnéise a fháil (ríomhairí glúine, táibléid agus fóin chliste agus na bogearraí is gá), a fhaightear trí phróisis thrédhearcacha soláthair phoiblí.
- Oiliúint foirne.

Críochnófar an beart faoin 30 Meán Fómhair 2023.

Athchóiriú C2.2 R3 — Claochlú digiteach na mbonn caomhnúcháin agus na dtaifead cartlainne

Is é is aidhm don athchóiriú seo feabhas a chur ar bhainistiú doiciméadachta ag údaráis phoiblí chun próisis ghnó a fheabhsú. Táthar ag súil go mbeifear in ann seirbhísí riaracháin phoiblí a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtúla leis an mbeart trí úsáid a bhaint as réitigh TFC a cuireadh chun feidhme lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht agus comhroinnt sonraí, laghdú costais, trédhearcacht ghnó agus cosaint chearta na saoránach.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag na húdaráis seirbhís phoiblí dhigiteach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun rochtain a sholáthar ar bhoinn chaomhnaithe dhigiteacha a thógtar le haghaidh láithreáin chultúrtha agus stairiúla. Thairis sin, trí na caighdeáin agus na critéir is gá a fhorbairt, cuirfear feabhas ar éifeachtúlacht fhoriomlán an riaracháin phoiblí sa chomhthéacs sin. Tá sé beartaithe an córas faisnéise cartlann náisiúnta a fhorbairt, an bonneagar agus acmhainneachtaí an duine i gcartlanna stáit a neartú agus an cumas atá ag cruthaitheoirí agus úinéirí doiciméad taifid pháipéir analógacha a dhigitiú a neartú chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí digiteacha trí rochtain níos tapúla ar dhoiciméadacht agus trí chearta úsáideoirí agus na saoránach leasmhar uile a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr.

Críochnófar an beart faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht C2.2 R3-I1 — Bonneagar digiteach agus seirbhísí riaracháin phoiblí a imscaradh trí chóras boinn caomhnaithe a fhorbairt

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin seirbhís phoiblí dhigiteach nua a bhunú atá nasctha leis na seirbhísí poiblí digiteacha atá ann cheana arb é is aidhm di bacainní riaracháin a laghdú agus a chur ar chumas oifigeach cásanna a phróiseáil ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtúla.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin boinn chaomhnaithe dhigiteacha a fhorbairt.

Infheistíocht C2.2 R3-I2 — Bonneagar agus seirbhísí digiteacha na hearnála poiblí a fheabhsú tríd an gCóras Náisiúnta Faisnéise Cartlainne a fhorbairt agus an líonra náisiúnta cartlann a neartú

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin feabhas a chur ar bhainistiú agus ar chartlannú doiciméad arna gcruthú ag údaráis phoiblí agus ag an gcóras breithiúnach trí rochtain a thabhairt do na húdaráis phoiblí uile lena mbaineann.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht córas náisiúnta faisnéise cartlainne a fhorbairt agus seirbhís nua ríomhchartlainne a chur ar bun, laistigh de bhonneagar faisnéise an stáit.

Athchóiriú C2.2 R4 — Rialtas áitiúil feidhmiúil agus inbhuanaithe

Is é is aidhm don athchóiriú sin córas ardcháilíochta éifeachtúil rialtais áitiúil agus réigiúnaigh a bhunú trí chomhtháthú feidhmiúil agus iarbhír na n-aonad rialtais áitiúil a dhreasú. Tá coinne leis go gcuirfidh an t-athchóiriú le soláthar feabhsaithe, éifeachtúil agus trédhearcach seirbhísí poiblí do shaoránaigh, rud a chuirfidh comhdheiseanna ar fáil dóibh chun freastal ar a riachtanais agus ar a leasanna, gan beann ar a n-áit chónaithe.

Déanfar an reachtaíocht ábhartha, an Gníomh um Chur i bhFeidhm Bhuiséad Stáit Phoblacht na Cróite 2022, a leasú agus cuirfear sásra tacaíochta airgeadais i bhfeidhm chun cumaisc fheidhmiúla agus iarbhír araon a dhreasú. Déanfar acmhainní leordhóthanacha a áirithiú i mbuiséad an stáit chun spreagadh airgeadais a thabhairt do chumasc iarbhír 20 % ar a laghad de na haonaid rialtais áitiúil, agus do chumasc feidhmiúil 40 % ar a laghad de na haonaid rialtais áitiúil. I gcéim deartha an tsásra, sainaithneofar roinnt samhlacha maoiniúcháin féideartha le haghaidh feidhmíocht chomhpháirteach, agus raon feidhme na seirbhísí nach mór do na haonaid rialtais áitiúla agus réigiúnacha a sholáthar mar a shainítear de réir dlí agus riachtanais thuairiscithe na n-aonad chun na comhchúraimí a dhéanamh á gcur san áireamh. Beidh cur i gcrích rathúil phróiseas na gcumasc iarbhír nó feidhmiúil ina réamhriachtanas chun acmhainní breise nó cómhaoiniú ón mbuiséad náisiúnta a leithdháileadh. Leagfar síos leis an gcinneadh ó Rialtas na Cróite critéir agus leibhéal na ndreasachtaí, le dreasachtaí fioscacha níos mó do chumaisc iarbhír, agus braitheann na dreasachtaí do chumaisc fheidhmiúla ar líon agus ar chineál na bhfeidhmeanna atá beartaithe don chumasc.

Leasuithe ar na rialacháin a bhaineann leis an sásra tacaíochta airgeadais d’údaráis áitiúla agus réigiúnacha, lena gceadaítear dreasachtaí airgeadais cumaisc a eisíoc.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Márta 2022.

Infheistíocht C2.2 R4-I1 — Aonaid rialtais áitiúil agus réigiúnaigh a bharrfheabhsú agus a dhílárú a thuilleadh trí thacaíocht a thabhairt do chumaisc fheidhmiúla agus iarbhír

Is é is cuspóir don bheart seo tacaíocht a chur ar fáil do na haonaid rialtais áitiúil agus cinntí á ndéanamh acu maidir le dul faoi chumaisc fheidhmiúla nó iarbhír chun cáilíocht sheirbhísí an rialtais áitiúil a fheabhsú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin an córas TF a uasghrádú chun tacú leis an athchóiriú a ghabhann leis (C2.2 R4) agus córas ardcháilíochta a bhunú chun cumaisc fheidhmiúla agus iarbhír na n-aonad rialtais áitiúil a chothú.

H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
163	C2.2. R1	M	Creat reachtach leasaithe le haghaidh córas láraithe roghnúcháin i riarachán an stáit, lena sainaithnítear na cáilíochtaí riachtanacha atá ag státseirbhísigh agus lena mbunaítear córas earcaíochta nua-aimseartha	Teacht i bhfeidhm creata reachtaigh leasaithe le haghaidh córas láraithe chun státseirbhísigh a roghnú,				R2	2023	Áireofar sa reachtaíocht athbhreithnithe na bearta seo a leanas ar a laghad: — Próifílí poist a bhaineann go sonrach leis an riarachán náisiúnta a shainiú chun na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá a mhealladh; — Ardán aonair fostaíochta a chruthú chun nósanna imeachta earcaíochta a lárú laistigh d'aon ardán amháin do gach riarachán náisiúnta; — An próiseas earcaíochta a choigeartú le haghaidh na nithe seo a leanas: an t-aistriú ó chóras eolais amháin go córas atá bunaithe go príomha ar inniúlachtaí agus ar scileanna iomchuí; measúnú na n-inniúlachtaí d'fheidhmíocht státseirbhíseach; III) idirdhealú a dhéanamh idir earcaíocht ar an leibhéal tosaigh, ar cheart di a bheith bunaithe go heisiach ar inniúlachtaí, agus earcú sainphróifílí, ar cheart dóibh inniúlachtaí a chomhcheangal le taithí oibre ábhartha agus rochtain ar ghairmeacha ar leibhéal níos airde a bheith mar thoradh orthu; — Tiomantas don chothromaíocht inscne a neartú agus cothromas inscne a áirithiú san earcaíocht, chomh maith le hardú céime na mban i bpoist ardbhainistíochta.
164	C2.2. R1-I1	T	Fostaítear 100 % de na		% (céatadán)	0	100	R4	2024	Déanfar córas roghnúcháin láraithe do státseirbhísigh a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme ar bhonn

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			státseirbhísigh bhuana nua-earcaithe uile i gcomhlachtaí rialtais go heisiach trí chóras roghnúcháin agus earcaíochta nua láraithe, digitithe agus caighdeánaithe, atá ar fáil trí ardán TF nuafhorbartha.							pleananna glactha réamhbhunaithe bunaithe ar anailísí ar an ualach oibre agus ar riachtanais iarbhír na n-údarás poiblí próifíl áirithe oifigeach a earcú. Forálfar leis an gcóras go ndéanfar iarrthóirí a thástáil ar líne sa phróiseas earcaíochta chun roghnú níos trédhearcaí agus níos oibiachtúla iarrthóirí a áirithiú.
165	C2.2. R1-I2	T	100 % d'oifigigh na n-institiúidí poiblí uile ar gá dóibh pas a fháil sa scrúdú stáit, pas a fháil sa scrúdú stáit go digiteach, bunaithe ar shamhail nua scrúdaithe.		% (céatadán)	0	100	R4	2022	100 % d'oifigigh na n-institiúidí poiblí uile, a bhfuil gá leo chun pas a fháil sa scrúdú stáit, pas a fháil sa scrúdú trí shamhail lán-digitithe. Déantar an próiseas chun pas a fháil sa scrúdú Stáit a dhigitiú d'fhonn an córas scrúdaithe a dhéanamh níos trédhearcaí, níos inrochtana (i roinnt áiteanna ar fud na tíre) agus níos éifeachtúla.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
166	C2.2. R2	M	Teacht i bhfeidhm na nAchtanna maidir le tuarastail i riarachán an stáit agus i seirbhísí poiblí agus teacht i bhfeidhm rialachán le haghaidh soghluaisteachta	Teacht i bhfeidhm na nAchtanna maidir le tuarastail sa riarachán stáit agus sna seirbhísí poiblí agus na rialachán le haghaidh soghluaisteacht ingearach agus chothrománach státseirbhíseach sa riarachán poiblí				R2	2023	Le reachtaíocht nua maidir le tuarastail i riarachán an stáit agus sna seirbhísí poiblí, beifear in ann measúnú cothrom trédhearcach a dhéanamh ar phoist i gcomhréir leis na critéir bhunaithe, lena n-áiritheofar comhchuibhiú grád agus bónas sa státseirbhís agus sa státseirbhís, comhéifeachtaí a shocrú ar an leibhéal ceirde i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, agus córas luaíochta a bhunú bunaithe ar fheidhmíocht (feidhmíocht oibre). Cruthófar córas íocaíochta nua agus áireofar sna hAchtanna nua maidir le tuarastail státseirbhíse agus tuarastail seirbhísí poiblí forálacha chun poist a mheas go cothrom agus go trédhearcach i gcomhréir le critéir bhunaithe agus chun comhchuibhiú tuarastal sa státseirbhís agus sna seirbhísí poiblí a áirithiú, agus chun córas luaíochta a bhunú a bheidh bunaithe ar fheidhmíocht oibre. Leasófar an creat reachtach (an tAcht um Sheirbhís Shibhialta agus fodhlíthe) le haghaidh soghluaisteacht ingearach agus chothrománach. Áirítear leis sin plean gairme lena n-áirítear rochtain fhéideartha ar phoist mheánbhainistíochta agus ardbhainistíochta agus an nasc idir dul chun cinn gairme agus measúnú feidhmíochta a neartú. Ina theannta sin, na réamhchoinníollacha a leagan síos le haghaidh margadh saothair éifeachtúil sa riarachán poiblí lena n-áirítear (a) córas fógraíochta trédhearcach agus aonfhoirmeach a chruthú do gach folúntas sa riarachán poiblí (b) an fhéidearthacht iarratas a dhéanamh ar aon phost atá ar fáil áit ar bith sa riarachán poiblí.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
167	C2.2. R2-I1	T	Comhlánaítear an córas bainistíochta acmhainní daonna, Clárlann na nOifigeach Poiblí agus an Córas Láraithe Tuarastail (RegZap — Cop), le naoi bhfeidhmiúlacht nua, lena ndigiteofar na próisis ghaolmhara uile lena simpleofar an leasú ar an gcóras tuarastail agus lena gcuirfear dlús leis		Líon	0	9	R2	2024	Déanfar naoi bhfeidhmiúlacht nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme in REGZAP-COP (is iad sin: gníomhartha a dhréachtú maidir le cearta agus oibleagáidí foirne, meastóireacht, taifid oibre, pleanáil agus forbairt gairme, margadh inmheánach an tsaothair agus cur chuige pearsantaithe i leith an chórais ag oifigigh, misin) chun tacú le cur chun feidhme na n-athruithe atá beartaithe ar an gcóras tuarastail.
168	C2.2. R2-I2	T	Tá 20 % ar a laghad de státseirbhísigh ag obair sa tsamhail oibre		% (céatadán)	0	20	R3	2023	Tá 20 % de státseirbhísigh ag obair cheana féin sa tsamhail oibre cliste, rud a chuireann ar a gcumas oibriú go cianda chun seirbhís phoiblí leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil a bhfuil rochtain ag cách uirthi agus chun inspreagadh na n-oifigeach a mhéadú.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			cliste							
169	C2.2. R2-I2	T	60 % ar a laghad de státseirbhísigh ar cuireadh oiliúint orthu i modh oibre na hoibre cliste		% (céatadán)	0	60	R3	2023	Cuirtear oiliúint ar 60 % de státseirbhísigh sa tsamhail oibre cliste agus tá na scileanna is gá acu chun oibriú go cianda chun seirbhís phoiblí leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil a bhfuil rochtain ag cách uirthi agus chun inspreagadh na n-oifigeach a mhéadú.
170	C2.2. R3	M	Seirbhís ríomhchaomhnaithe a bhunú	Bunseirbhís phoiblí dhigiteach ríomhchaomhnaithe lánfheidhmiúil agus inrochtana				R4	2023	Trí bhonneagar digiteach agus seirbhísí riaracháin phoiblí a bhunú, feabhsaítear bainistiú doiciméadachta ag údaráis phoiblí agus ag cruthaitheoirí doiciméad eile mar fheidhmeanna tacaíochta fíor-riachtanacha do gach próiseas gnó trí chóras bonn caomhnaithe a fhorbairt. Leis an gcóras ríomhchaomhnaithe, beifear in ann seirbhísí riaracháin phoiblí a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtúla trí úsáid a bhaint as réitigh TFC arna gcur chun feidhme lena n-áirithítear idir-inoibritheacht agus comhroinnt sonraí, laghdú costais, trédhearcacht ghnó agus cosaint chearta na saoránach. Bunófar an tseirbhís phoiblí dhigiteach (bonn ríomhchaomhnaithe) atá nasctha le seirbhísí poiblí digiteacha atá ann cheana, lena gcuirfear deireadh le bacainní riaracháin sa phróiseas ceadúnúcháin faoin Dlí maidir le Maoin Chultúrtha a Chosaint agus a Chaomhnú.
171	C2.2. R3	M	Córas náisiúnta faisnéise	Córas Faisnéise na Cartlainne Náisiúnta				R2	2024	Bunófar córas náisiúnta faisnéise cartlainne chun feabhas a chur ar bhainistiú doiciméadachta ag údaráis

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			cartlainne a bhunú	lánfheidhmiúil agus inrochtana						phoiblí agus ag cruthaitheoirí eile doiciméad, mar fheidhm thacaíochta fhíor-riachtanach do gach próiseas gnó.
172	C2.2. R3-I1	T	Sraith 60 bunáit chaomhnaithe atá ar fáil go poiblí a chruthú do na láithreáin chultúrtha agus stairiúla is casta a bhfuil ardluach séadchomhartha í ag baint leo		Líon	0	60	R2	2026	Cruthaíodh ardán TF ina bhfuil 60 bonn ríomhchaomhnaithe ar a laghad agus cuireadh ar fáil don phobal é. Forbrófar bonn ríomhchaomhnaithe le haghaidh láithreáin stairiúla chultúrtha a bhfuil ardluach séadchomharthaí ag baint leo agus a chomhlíonann na critéir maidir le cur i mbaol agus práinn maidir le cur i gcrích i bhfianaise na n-oibríochtaí tógála atá beartaithe.
173	C2.2. R3-I2	T	600 cruthaitheoir doiciméad a úsáideann an córas faisnéise cartlainne		Líon	0	600	R2	2026	600 cruthaitheoir ar a laghad a úsáideann an córas faisnéise náisiúnta chun doiciméadacht a bhainistiú agus a stóráil. . Áireofar na gníomhaíochtaí seo a leanas i mbunú an chórais náisiúnta faisnéise cartlainne: • Acmhainneacht stórála a neartú in 8 gcartlann rialtais réigiúnaigh chun taifid bhuana pháipéir a aistriú, • WArranging and selection paper records at the judicial authorities [Taifid pháipéir a shocrú agus a roghnú ag na húdaráis bhreithiúnacha], • Diúscairt taifead ag údaráis bhreithiúnacha atá

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										imithe thar thréimhsí coinneála agus nach n-úsáidtear a thuilleadh le haghaidh gnáthphróisis ghnó, • Fanann digitiú taifead páipéir roghnaithe sna húdaráis bhreithiúnacha i gcomhréir leis na treoirlínte gairmiúla maidir le digitiú na gcartlann agus leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.
174	C2.2. R4	M	Na creataí reachtacha a leasú chun cumasc deonach feidhmiúil nó iarbhír na n-aonad rialtais áitiúil (LGUnna) a spreagadh agus Cinneadh ó Rialtas na Cróite a ghlacadh maidir leis na critéir chun dreasachtaí fioscacha a dheonú le haghaidh cumaisc dheonacha	Teacht i bhfeidhm an chreata reachtaigh				RÁITHE 1	2022	Leis an gcreat reachtach leasaithe agus leis an sásra tacaíochta airgeadais, spreagfar cumasc feidhmiúil éifeachtach na n-aonad rialtais áitiúil (LGUnna), agus acmhainní leordhóthanacha á n-áirithiú ag an am céanna i mbuiséad an stáit chun cumasc iarbhír 20 % ar a laghad de LGUnna a spreagadh ó thaobh airgeadais de, i.e. 40 % ar a laghad de LGUnna thar an tréimhse suas go dtí 2026. Agus an méid sin á dhéanamh acu, coinneoidh na LGUnna atá cumaiscthe go feidhmiúil na hacmhainní buiséid céanna a bheidh ar fáil dóibh roimh an gcumasc, ar feadh íostréimhse 2 bhliain, cumhdóidh na dreasachtaí costais mheasctha aonuaire freisin agus soláthróidh siad acmhainní breise bunaithe ar an gcoigilteas a bhainfear amach sna 5 bliana amach romhainn. Ina theannta sin, áireofar ar dhreasachtaí le haghaidh fíorchumaisc LGU aistrithe caipitil aonuaire thar chúig bliana a bheidh le húsáid ag LGU atá tiomnaithe do thionscadail bhonneagair. Leagfar síos leis an gcinneadh ó Rialtas na Cróite critéir agus leibhéal na ndreasachtaí, le dreasachtaí fioscacha níos mó do chumaisc iarbhír, agus braitheann na dreasachtaí

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			fheidhmiúla nó iarbhír							do chumaisc fheidhmiúla ar líon agus ar chineál na bhfeidhmeanna atá beartaithe don chumasc. Tar éis ghlacadh an Chinnidh ó Rialtas Phoblacht na Cróite, foilseofar cuireadh poiblí chuig na LGUnna chun spéis a léiriú sa chumasc deonach feidhmiúil nó iarbhír san Iris Oifigiúil.
175	C2.2. R4-I1	M	Sásra tacaíochta le haghaidh naisc fheidhmiúla dheonacha agus fhíornaisc agus córas tacaíochta iomlán a bhunú chun aonaid a chúpláil go feidhmiúil agus go héifeachtach	Tá sásra tacaíochta cuimsitheach i bhfeidhm le haghaidh cumaisc fheidhmiúla/iarbhír na n-aonad rialtais áitiúil				R2	2025	Déanfar córas TF arna fhorbairt faoi thionscadal Chiste Sóisialta na hEorpa dar teideal ‘An Córas Féinrialtais Áitiúil agus Réigiúnach a Bharrfheabhsú’ a uasghrádú chun tacú le haonaid rialtais áitiúil agus iad a spreagadh chun cúraimí a chur i gcrích go comhpháirteach (cumaisc fheidhmiúil) nó chun iad a chumasc le haonaid féinrialaithe áitiúla eile. Áireofar an méid seo a leanas sa tacaíocht don phróiseas breise optamaithe post fheidhmiúil laistigh de shainchúram na n-aonad áitiúil: — Ceistneoir (féin)mheasúnaithe arna tharraingt suas agus arna chomhlánú ag aonaid rialtais áitiúil chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-aonad na cúraimí a dhéanamh laistigh dá raon feidhme agus chun an gá agus an spéis i bhfeidhmiú comhpháirteach na gcúraimí, i.e. an cumasc iarbhír, a léiriú i ngach aonad rialtais áitiúil; - Treoirlínte a ullmhófar ar bhonn na sonraí réamhluaite. — Oibríochtaí a shainaithint atá oiriúnach d’fheidhmíocht chomhpháirteach idir aonaid aonair

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										chun éifeachtúlacht a fheabhsú, comhpháirtithe féideartha a shainaithint le haghaidh cumaisc fhiniciúla agus iarbhír, samhlacha atá beartaithe le haghaidh cumasc. — Córas tacaíochta TF a chur chun feidhme chun cúraimí na n-aonad rialtais áitiúil a nascadh go feidhmiúil — Oideachas 50 oifigeach de chuid an riaracháin stáit chun tacú le haonaid rialtais áitiúil i dtéarmaí naisc fheidhmiúla agus cumasc iarbhír curtha i gcrích. — Oideachas a chur ar 100 oifigeach aonaid rialtais áitiúil chun cúraimí comhpháirteacha a dhéanamh mar chuid de nasc feidhmiúil a cuireadh i gcrích.

H.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Athchóiriú C2.2 R5 — Samhlacha nua pá agus oibre sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí — méadú ar uaillmhian an athchóirithe trí cheanglais shonracha bhreise a shonrú maidir le hábhar fodhlíthe

Is é is aidhm don athchóiriú sin uaillmhian chur chun feidhme Athchóiriú R2 Samhlacha nua pá agus oibre sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí a mhéadú, trí cheanglais shonracha a chur leis maidir le hábhar na bhfodhlíthe a ghabhann leis an Acht maidir le tuarastail sna seirbhísí sibhialta agus poiblí arna ghlacadh faoi R2.

Le foraitheanta rialtais lena dtacaítear leis an Acht um thuarastail sna seirbhísí sibhialta agus poiblí, saineofar go mionsonraithe raonta na gcomhéifeachtaí agus na mbandaí tuarastail laistigh den scála pá aonfhoirmeach le haghaidh comhlachtaí stáit agus seirbhísí poiblí.

Ina theannta sin, leagfar síos le Rialachán Rialtais teidil na bpost, na coinníollacha maidir le post ar leith a shannadh, aicmiú na bpost, an grád tuarastail lena mbaineann agus comhéifeachtaí ríofa tuarastail laistigh den ghrád sin.

Cinnfear comhéifeachtaí ríofa tuarastail ar bhonn cleachtadh meastóireachta poist, agus na critéir chaighdeánacha meastóireachta poist agus aicmithe mar a shainmhínítear san Acht maidir le tuarastail sna seirbhísí sibhialta agus poiblí (amhail castacht poist, taithí ghairmiúil riachtanach, uathriail oibre, agus inniúlachtaí agus ceadúnais bhreise a cheanglaítear) á gcur san áireamh. Cinnfear le Rialacháin Rialtais an modh ina gcuirfear critéir chaighdeánacha i bhfeidhm le linn mheastóireacht agus aicmiú na bpost.

Is é is aidhm do thagarmharcáil post cur chun feidhme phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach a áirithiú trí thagarmharcanna caighdeánacha aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm agus deireadh a chur leis an gcleachtas go dtí seo go n-íoctar poist leis na poist chéanna nó le poist chomhchosúla, ach i gcomhlachtaí stáit éagsúla nó i seirbhísí poiblí éagsúla, ar bhealach éagsúil.

Ar deireadh, is é is aidhm do na fodhlíthe a áirithiú go n-aicmeofar an grád céanna mar phoist den luach céanna nó gar don luach céanna ó thaobh castacht post, freagrachtaí, uathriail oibre agus critéir chaighdeánacha eile de.

Críochnófar an beart faoin 30 Meitheamh 2024.

H.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
393	C2.2.R5	M	Teacht i bhfeidhm fodhlíthe lena rialaítear na samhlacha nua pá agus an córas láraithe roghnúcháin i seirbhísí sibhialta agus poiblí	Teacht i bhfeidhm na rialachán Rialtais lena leagtar amach na critéir chun samhlacha nua pá i seirbhísí sibhialta agus poiblí a rialáil				R2	2024	Teacht i bhfeidhm sé fhodhlí lena sonraítear an córas luacha saothair grád pá agus comhéifeachtaí d'fhostaithe sna seirbhísí sibhialta agus poiblí chomh maith leis an nós imeachta, na critéir agus an modh chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht státseirbhíseach agus fostaithe i gcomhlachtaí Stáit agus i seirbhísí poiblí. Cuirfear san áireamh sna fodhlíthe, i gcás inarb ábhartha, an anailís a rinne an banc Domhanda faoi infheistíocht C2.2.R2-I1. Saineofar an méid seo a leanas leis na fodhlíthe: —an modh chun na critéir chaighdeánacha a chur i bhfeidhm, a leagtar síos leis an Acht maidir le Tuarastail sna Seirbhísí Sibhialta agus Poiblí, sa nós imeachta chun meastóireacht agus aicmiú a dhéanamh ar phoist i gcomhlachtaí stáit agus i seirbhísí poiblí (déanfaidh foirne saineolaithe riaracháin stáit agus seirbhísí poiblí meastóireacht ar phoist agus, i gcomhar leis an Aireacht Dlí agus Cirt agus Riaracháin nó leis an Aireacht Saothair, Córas Pinsin, Teaghlaigh agus Beartais Shóisialta, déanfaidh siad anailís a bheidh le cur san áireamh agus na comhéifeachtaí párolla á gcinneadh); —teidil na bpost, na coinníollacha maidir le roghnú na bpost, aicmiú na bpost agus na gráid tuarastail lena mbaineann, chomh maith leis na comhéifeachtaí tuarastail sa státseirbhís (tar éis líon na bpost a chomhdhlúthú nó a laghdú); —na raonta comhéifeachtaí laistigh de ghráid tuarastail den scála pá comhionann le haghaidh

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										seirbhísí sibhialta agus poiblí; —an nós imeachta, na critéir agus an modh chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht oifigeach (lena n-áirítear iad siúd ar phoist bhainistíochta) agus fostaithe sa státseirbhís.

I. COMHCHUID 2.3: AISTRIÚ DIGITEACH NA SOCHAÍ AGUS AN RIARACHÁIN PHOIBLÍ

Rangaítear an Chróit sa 20ú háit in 2020 san Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI), agus d'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar inrochtaineacht seirbhísí poiblí ar líne. Cuireann nascacht dhigiteach íseal na Cróite bac freisin ar fhorbairt bhreise gheilleagar digiteach na tíre agus cuireann sí leis an deighilt dhigiteach idir ceantair uirbeacha agus thuaithe.

Is é is cuspóir don chomhpháirt sin tacú le haistriú digiteach gheilleagar agus shochaí na Cróite. Áirítear ann athchóirithe agus infheistíochtaí chun an riarachán poiblí a dhigitiú, soláthar seirbhísí poiblí ar líne a mhéadú agus rochtain a sholáthar ar líonraí nascachta gigighiotáin i limistéir a ndéanann cliseadh margaidh difear dóibh, lena n-áirítear ceantair thuaithe.

Cuidíonn an chomhpháirt sin le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir leis an ngá atá le '*Sochair shóisialta a chomhdhlúthú agus feabhas a chur ar a n-acmhainneacht an bhochtaineacht a laghdú*' (moladh tírshonrach 2, 2019), 'Rochtain *ar bhonneagar digiteach agus ar sheirbhísí digiteacha a mhéadú'* (moladh tírshonrach 2, 2020), *agus 'Infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar leathanbhanda ardluais'* (moladh tírshonrach 3, 2020).

Áirítear sa chomhpháirt ceithre athchóiriú agus fiche infheistíocht.

I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C2.3 R1 — Straitéis na Cróite Digití agus comhar agus comhordú idirinstitiúideach a neartú ar mhaithe le haistriú digiteach rathúil na sochaí agus an gheilleagair

Is é is cuspóir don athchóiriú seo claochlú digiteach shochaí agus gheilleagar na Cróite a stiúradh do na deich mbliana amach romhainn. Soláthrófar leis creat straitéiseach, 'Straitéis Dhigiteach 2030 na Cróite', lena leagfar síos an creat le haghaidh infheistíochtaí san aistriú digiteach agus lena saineofar cuspóirí straitéiseacha sna réimsí seo a leanas: (i) aistriú digiteach an gheilleagair, (ii) digitiú an riaracháin phoiblí agus an cheartais, (iii) nascacht dhigiteach/forbairt líonraí cumarsáide leictreonaí leathanbhanda agus (iv) forbairt scileanna digiteacha agus post digiteach.

Leis an athchóiriú, bunófar sásra freisin chun comhordú a dhéanamh ar ullmhú agus ar chur chun feidhme tionscadal lena dtacaítear le claochlú digiteach na sochaí agus an gheilleagair ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, le treoirlínte maidir le critéir shoiléire tosaíochta agus mheastóireachta le haghaidh infheistíochtaí.

Athchóiriú C2.3 R2 — Idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise a fheabhsú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo tacú le soláthar seirbhísí poiblí digiteacha agus an idirghníomhaíocht idir saoránaigh/gnólachtaí agus an riarachán poiblí a éascú. Is é is aidhm don athchóiriú freisin ardanailísíocht sonraí a thabhairt isteach sa riarachán náisiúnta, d'fhonn tacú le cinnteoireacht shonraíbhunaithe ar gach leibhéal den riarachán.

Cé go n-úsáideann údaráis phoiblí sa Chróit na céadta clár agus bunachar sonraí éagsúil faoi láthair, meastar go gcruthófar leis an athchóiriú na réamhchoinníollacha chun clár lárnach (lárchóras idir-inoibritheach) a bhunú lena n-idirnascfar croíchláir (Infheistíocht C2.3.R2.I1), chomh maith le bunachar sonraí lárnach a bhunú lena gcumasófar ardanailísíocht sonraí a úsáid d'údaráis inniúla (Infheistíocht C2.3.R2.I2).

Meastar go dtiocfaidh athruithe sistéamacha as an athchóiriú, i dtreo córais idir-inoibritheacha a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta agus i dtreo cinnteoireacht shonraíbhunaithe. Táthar ag súil freisin go gcuirfidh sé feabhas ar sholáthar seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán ar líne do ghnólachtaí agus do shaoránaigh.

Saineofar leis an mbeart struchtúr eagraíochtúil agus bainistíochta le haghaidh bhainistiú an Lárchórais Idir-inoibritheachta chomh maith le catalóg na ríomhsheirbhísí a bheidh le nascadh leis an Lárchóras Idir-inoibritheachta. Forbróidh sé freisin an t-éiceachóras chun sonraí a bhailiú, a phróiseáil, a anailísiú, a thaispeáint agus a chomhroinnt, d'fhonn anailísíocht sonraí a thabhairt isteach sa riarachán náisiúnta mar bhealach nua oibre ar gach leibhéal cinnteoireachta.

Tabharfar an t-athchóiriú sin chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht C2.3 R2-I1 — Lárchóras idir-inoibritheachta a bhunú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo ilroinnt reatha na gclár a leigheas, i gcomhréir leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta (CEI).

Is éard atá sa bheart an lárchóras idir-inoibritheachta a bhunú.

Infheistíocht C2.3 R2-I2 — Stór lárnach sonraí agus córas anailísíochta gnó a bhunú

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo stóras lárnach sonraí (DWH) a thógáil d'údaráis rialtais, a bhfuil coinne leis go gcuirfidh sé feabhas ar an gcóras bainistithe sonraí, trí bhailiú sonraí i bhformáidí caighdeánaithe, próiseáil, anailís agus comhroinnt sonraí ar fud údaráis phoiblí (amhail aonaid Stáit agus rialtais áitiúil) a éascú. Cumasóidh an t-ardán anailís fíor-ama ar shonraí agus táirgfidh sé arduirlisí anailísíochta sonraí (amhail táscairí gnó, deaiseanna agus tuarascálacha réamhshainithe ar bhonn laethúil), a bhfuiltear ag súil go gcuirfidh siad feabhas suntasach ar chinnteoireacht shonraíbhunaithe ar gach leibhéal den riarachán náisiúnta.

Beidh rochtain ag saoránaigh agus ag gnólachtaí ar chuid den stóras sonraí freisin, d'fhonn a chur ar chumas na hearnála príobháidí seirbhísí breisluacha a thógáil agus a fhorbairt maidir leis na sonraí agus na huirlisí anailíseacha a chuirtear ar fáil dóibh.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht C2.3 R3-I1 — An Lárionad Seirbhísí Comhroinnte a Uasghrádú

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo acmhainneacht néal an Stáit (Ionad Seirbhísí Comhroinnte, 'CDU') a leathnú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart néal an Stáit a uasghrádú agus líon a úsáideoirí a mhéadú.

Infheistíocht C2.3 R3-I2 — Acmhainneacht na bpóilíní a neartú chun dul i ngleic leis an gcibearchoireacht

Is é cuspóir na hinfheistíochta acmhainneacht na hAireachta Gnóthaí Baile a neartú chun an chibearchoireacht a chomhrac.

Áirítear leis an infheistíocht trealamh speisialaithe a cheannach do na póilíní chun anailís a dhéanamh ar fhianaise dhigiteach, oiliúint speisialaithe do phóilíní chun cibirionsaithe a bhrath agus a chomhrac agus feachtas coiscthe poiblí a chur chun feidhme atá dírithe ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh chun feasacht a mhúscailt i gcoinne na cibearchoireachta.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht C2.3 R3-I3 — Ionad ilfhreastail a bhunú do gach seirbhís deisce cabhrach ríomhphoiblí

Is é cuspóir na hinfheistíochta ionad ilfhreastail (JKC) a chruthú lena gcomhchuibhítear agus lena láraítear córas deisce cabhraí sheirbhísí ar líne na riarachán poiblí uile. Táthar ag súil go gcuirfidh an t-ionad ilfhreastail seirbhís nua fheabhsaithe ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí chun cumarsáid a dhéanamh le riaracháin phoiblí agus cuirfidh sé ar chumas úsáideoirí an fhaisnéis a iarrtar a aimsiú go héasca. Beidh gnéithe ag an ionad ilfhreastail freisin a chuirfidh ar chumas úsáideoirí aiseolas a sheoladh, measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na hidirghníomhaíochta le

státseirbhísigh agus meastóireacht iar-ionaid, rud a mheastar a chlaochlóidh an idirghníomhaíocht idir riarachán poiblí na Cróite agus a húsáideoirí.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht C2.3 R3-I4 — Córais bonneagair faisnéise sláinte CEZIH a chomhdhlúthú

Is é cuspóir na hinfheistíochta uasghrádú a dhéanamh ar Lárchóras Sláinte Faisnéise Phoblacht na Cróite (CEZIH), a úsáideann gach gníomhaí sa chóras sláinte (amhail ospidéil, foireann leighis, scoileanna leighis, institiúidí sláinte poiblí, cógaslanna, saotharlanna).

Déanfaidh an infheistíocht go háirithe an córas a aistriú isteach i néal an Stáit (Lárionad Seirbhísí Comhroinnte) agus bunóidh sí réitigh athshlánaithe ó thubaiste, chun leanúnachas gnó a áirithiú agus chun modh oibríochta leanúnach, iontaofa agus slán an Lárchórais Faisnéise Sláinte a sholáthar.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht C2.3 R3-I5 — Tionscadal Imscartha an Chárta Aitheantais Dhigitigh

Is é cuspóir na hinfheistíochta úsáid ríomhshínithe a chur chun cinn in idirghníomhaíocht na saoránach leis an riarachán poiblí. Táthar ag súil go gcuirfidh an beart ar chumas úsáideoirí ríomh-shainaitheantas doiciméid a shíniú ar ardáin mhóibíleacha trí fheidhmchlár móibíleach Certilia a úsáid.

Bunóidh sé Córas Bainistíochta Céannachta Digití (IDP) agus córas sínithe móibíleach chun deimhnithe cianda a eisiúint le haghaidh ríomhshíniú cáilithe cianda. Is réamhriachtanas é deimhniú den sórt sin a eisiúint chun doiciméid a shíniú go leictreonach ar ardáin mhóibíleacha nó in feidhmchláir sínithe shoghluaiste.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht C2.3 R3-I6 — Infheistíocht i ngréasán bonneagair faisnéise an Stáit

Is é is cuspóir don infheistíocht seo acmhainneacht an líonra bonneagair faisnéise Stáit (líonra DII) a nuachóiriú agus a leathnú.

Is éard atá sa bheart líonra DII a uasghrádú agus úsáideoirí nua a nascadh le líonra DII.

Infheistíocht C2.3 R3-I7 — Feabhas a chur ar an gcóras pleanála spásúlachta, tógála agus sócmhainní stáit tríd an digitiú

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo Córas Faisnéise na bPleananna Spásúla (ISPU) a uasghrádú ina chóras faisnéise comhtháite le haghaidh pleanáil spásúil, agus digitiú na nósanna imeachta a bhaineann le hullmhú agus cur chun feidhme tionscadal aonair a chumasú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart pleananna spásúla na Chéad Ghlúine Eile a chruthú agus ISPU a uasghrádú.

Infheistíocht C2.3 R3-I8 — Ardán digiteach móibíleach a chruthú

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo ardán seirbhíse poiblí digiteach móibíleach a chruthú chun cur ar chumas saoránach seirbhísí poiblí ar líne a úsáid go héasca ar a bhfóin chliste. Forbraíodh na ‘seirbhísí eCitizen’ atá ann cheana le haghaidh ríomhairí pearsanta agus níl siad curtha in oiriúint do ghléasanna móibíleacha faoi láthair, agus dá bhrí sin tá gá le hardán atá curtha in oiriúint d’fheidhmchláir mhóibíleacha.

Leis an infheistíocht sin, agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí agus caighdeáin úrscothacha, tógfar ardán lena soláthrófar bealach caighdeánaithe chun seirbhísí poiblí a thairiscint ar ardáin mhóibíleacha (amhail an iarraidh ar chruthúnas breithe, an iarraidh ar chruthúnas cónaithe, clárú

athraithe seolta; mótarfheithicil a chlárú). Nascfaidh sé gach clár agus bunachar sonraí gaolmhar leis an mBus Lárnach Idirmhalartaithe Sonraí (GSB). Leis an infheistíocht, beifear in ann an Córas Náisiúnta Fíordheimhniúcháin Aitheantais (NIAS) a uasghrádú freisin go dtí na treochtaí fíordheimhnithe is déanaí d'ardáin mhóibíleacha, agus modhanna nua-aimseartha iarratais bhithmhéadraigh á gcur chun feidhme.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht C2.3 R3-I9 — Ardán nua a bhunú le haghaidh Fheasachán Leictreonach Soláthair Phoiblí Phoblacht na Cróite

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo ardán TF nua a bhunú don chóras ríomhsholáthair, d'fhonn tacú le digitiú an phróisis soláthair phoiblí agus chun na foirmeacha caighdeánacha nua a chur chun feidhme chun fógraí a fhoilsiú i réimse an tsoláthair phoiblí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 ón gCoimisiún (ríomhfhoirmeacha).

Leis an infheistíocht, déanfar nuachóiriú ar ardán TF Fhógraíocht Leictreonach Soláthair Phoiblí na Cróite (EOJN), atá bunaithe faoi láthair ar theicneolaíocht atá as dáta agus nach dtacaíonn go cuí le seoladh éifeachtúil nósanna imeachta soláthair phoiblí. Go háirithe, leis an mbeart beifear in ann na próisis soláthair uile a nascadh (ó phlean soláthair, tríd an nós imeachta a dhéanamh le sonraí maidir le híocaíochtaí bunaithe ar chonarthaí a tugadh i gcrích) agus tabharfar isteach achomhairc ar líne (ríomhachomhairc) mar achomhairc éigeantacha agus an fhéidearthacht táillí a íoc ar líne. Bunófar leis an infheistíocht freisin creat chun rianú a dhéanamh ar chomhlíonadh íoschritéar agus íoschuspóirí éigeantacha áirithe (amhail soláthar poiblí straitéiseach, glas nó nuálach).

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht C2.3 R3-I10 — Digitiú CES (eHZZ)

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo Seirbhís Fostaíochta na Cróite (CES — HZZ) a dhigitiú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart córas bainistíochta céannachta digití CES agus córas bainistíochta acmhainní daonna digiteacha a chur i bhfeidhm, agus digitiú CES a uasghrádú.

Infheistíocht C2.3 R3-I11 — Tacaíocht TFC do nuachóiriú HZMO (eHZMO)

Is é is cuspóir don infheistíocht seo córas TF Institiúid Árachais Pinsean na Cróite (HZMO) a nuachóiriú agus a príomhphróisis ghnó a dhigitiú.

Is éard atá sa bheart uasghrádú ar chóras TF HZMO.

Infheistíocht C2.3 R3-I12 — Digitiú chartlann HZMO (eArhiva)

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo cartlanna Institiúid Árachais Pinsean na Cróite (HZMO) a dhigitiú agus feidhmíocht fhoriomlán obair HZMO agus cost-éifeachtúlacht na gcartlann a fheabhsú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart na cartlanna digiteacha (Córas Bainistíochta na gCartlann Digiteach) a chur i bhfeidhm, agus leathanaigh ón gcartlann náisiúnta a scanadh agus a innéacsú go digiteach.

Infheistíocht C2.3 R3-I13 — Claochlú digiteach an Riaracháin Cánach

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo an Córas Faisnéise Riaracháin Cánach a nuachóiriú agus éifeachtúlacht an Riaracháin Cánach a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart an Córas Faisnéise uasghrádaithe um Riarachán Cánach a chur ar líne agus é a dhéanamh inrochtana.

Infheistíocht C2.3 R3-I14 — An córas íocaíochta neamhairgid sa gheilleagar a chur chun feidhme trí ríomhshonraisc le ríomhchartlanna comhtháite agus cuntasaíocht chánach ghníomhach

Is é is cuspóir don infheistíocht seo córas cuntasaíochta cánach ar líne a bhunú arb é is aidhm dó an t-ualach riaracháin ar cháiníocóirí a laghdú.

Leis an infheistíocht, bunófar córas nua TF chun ríomhshonraisc (ríomhshonraisc) arna n-eisiúint ag údaráis phoiblí le haghaidh íocaíocht neamhairgid a chlárú sa Chóras Faisnéise Riaracháin Cánach. Bunóidh an infheistíocht ardchóras cuntasaíochta CBL ar líne freisin,

Tá coinne leis go rannchuideoidh an infheistíocht le tuairisceáin chánach a shimpliú trí líon na bhfoirmeacha is gá a laghdú agus trí thacú le comhlíonadh cánach.

Tabharfar an infheistíocht chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht C2.3 R3-I15 — Réitigh feidhmchlár turasóireachta a bhunú

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo uirlisí TF nua a fhorbairt chun cuidiú le forbairt na turasóireachta a bhainistiú go héifeachtach agus chun tacú le hinbhuanaitheacht na hearnála.

Is éard atá i gceist leis an mbeart ceithre uirlis TF a sholáthar.

Infheistíocht C2.3 R3-I16 — Digitiú na bpróiseas sa spórt agus san áineas ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo an Córas Faisnéise sa Spórt (ISS) a uasghrádú agus rochtain ar an gcóras a éascú do na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

Is éard atá sa bheart trí mhodúl iarratais nua atá á gcomhtháthú san ISS uasghrádaithe.

Infheistíocht C2.3 R3-I18 — Ranníocaíochtaí deonacha leis an gComhghnóthas EuroHPC um Ghigeamhonarcha IS nó le bonneagar coibhéiseach IS

Is é is aidhm don bheart seo tacú leis an gCróit Gigeamhonarchana Intleachta Saorga agus a seirbhísí a bhunú agus rochtain a fháil orthu. Is éard a bheidh sa bheart ranníocaíocht dheonach EUR 39000000.00 leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach. Tacóidh an ranníocaíocht le Gigeamhonarcha IS nó le bonneagar coibhéiseach intleachta saorga agus le teicneolaíochtaí candamacha atá le bunú san Aontas.

Athchóiriú C2.3 R4 — An nascacht a neartú mar bhunchloch d’aistriú digiteach na sochaí agus an gheilleagair

Is é is cuspóir don athchóiriú seo an bealach a réiteach chun a áirithiú go mbeidh líonraí cumarsáide leictreonaí ar fáil lena soláthrófar nascacht ghigighiotáin do theaghlaigh agus do ghníomhaithe socheacnamaíocha, i gcomhréir le cuspóirí na Sochaí Gigighiotáin Eorpaí.

Is é is aidhm don athchóiriú sin cur chun feidhme tráthúil agus cuimsitheach an chreata rialála agus straitéisigh i réimse na cumarsáide leictreonaí a áirithiú, tríd an nGníomh um Chumarsáid Leictreonach a ghlacadh, i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2018/1972 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, agus cur chun feidhme chuspóirí an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda sa Chróit don tréimhse 2021-2027 a áirithiú.

Tá coinne leis go sainaithneofar leis an athchóiriú an t-ualach riaracháin agus bacainní rialála a bhaineann le tógáil líonraí nascachta gigighiotáin, lena n-áirítear líonraí 5G, agus go dtabharfar aghaidh orthu leis an athchóiriú, chun infheistíocht i leathadh amach líonraí 5G a spreagadh.

Tá an t-athchóiriú sin comhlántach leis na hinfheistíochtaí sa nascacht dhigiteach trí naisc leathanbhanda i líonraí fosaithe agus ardlíonraí gan sreang agus móibíleacha, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí 5G.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht C2.3 R4-I1 — Cur chun feidhme tionscadal faoin gClár Réime Náisiúnta um Bonneagar Leathanbhanda a Fhorbairt

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo cumhdach leathanbhanda náisiúnta a mhéadú le nascacht ghigighiotáin i limistéir nach bhfuil leas tráchtála leordhóthanach iontu, i gcomhréir leis an gClár Réime Náisiúnta um Bonneagar Rochtana Leathanbhanda a Fhorbairt.

Is éard atá i gceist leis an mbeart comhaontuithe deontais a shíniú chun na tionscadail a chur chun feidhme faoin gCreat Náisiúnta chun bonneagar rochtana leathanbhanda (ONP) a fhorbairt agus rochtain ar leathanbhanda a sholáthar do theaghlaigh i limistéir bhána NGA.

Infheistíocht C2.3 R4-I2 — Bonneagar cumarsáide leictreonaí éighníomhach a thógáil

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo infhaighteacht líonraí Gigighiotáin a mhéadú i limistéir thuaithe agus i limistéir inar tearc an daonra i gcás nach bhfuil aon leas tráchtála ann maidir leis na líonraí sin a thógáil.

Is éard atá i gceist leis an mbeart comhaontú deontais a shíniú chun bonneagar cumarsáide leictreonaí éighníomhach a thógáil agus rochtain ar 5G a sholáthar do limistéir thuaithe agus do limistéir inar tearc an daonra.

I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
176	C2.3. R1	M	Straitéis maidir leis an gCróit Dhigiteach	Teacht i bhfeidhm Straitéis na Cróite Digití				R4	2022	Sa “Straitéis Dhigiteach don Chróit 2030”, saineofar go soiléir na cuspóirí agus na tosaíochtaí straitéiseacha a bheidh mar bhonn le gníomhaíochtaí a shainiú sna réimsí seo a leanas: digitiú an riaracháin phoiblí agus na mbreithiúna; líonraí cumarsáide leictreonaí leathanbhanda a fhorbairt; inniúlachtaí digiteacha agus poist dhigiteacha a fhorbairt.
177	C2.3. R2 C2.3. R2.I2	M	Na hardáin don lárchóras idir-inoibritheachta a chur ar bun	Tuarascáil ón Lároifig um Fhorbairt na Sochaí Digití (SDURDD) go bhfuil na hardáin oibríochtúil agus go ndéantar tástáil orthu lena n-úsáid				R4	2022	Soláthróidh an tairseach lárnach náisiúnta idir-inoibritheachta catalóg de na seirbhísí uile atá ar fáil agus beidh an Stóras Sonraí (DWH) oibríochtúil lena úsáid.
178	C2.3. R2-I1	M	An lárchóras idir-inoibritheachta a bhunú	Tuarascáil ón Lároifig um Fhorbairt na Sochaí Digití (SDURDD) go bhfuil an córas oibríochtúil agus go ndéantar é a thástáil lena úsáid				R3	2024	Beidh an lárchóras idir-inoibritheach, lena bhforáiltear d’idir-inoibritheacht na gclár, ar líne agus inrochtana. Déanfaidh sé: i) a áirithiú go ndéanfar 19 nós imeachta riaracháin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach a sholáthar ar líne d’úsáideoirí trasteorann an Aontais; ii) áireofar ann an tairseach náisiúnta lárnach; iii) ocht gclár phoiblí lárnacha bhreise atá ann cheana a chomhtháthú agus a idirnascadh sa chóras;

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										iv) a áirithiú go gcomhdhlúthófar an fhaisnéis ar na cláir éagsúla in aon áit amháin agus go mbeidh sí ar fáil do riaracháin phoiblí, do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.
179	C2.3. R3-I1	T	Uasghrádú ar Néal an Stáit	Tuarascáil ón Lároifig um Fhorbairt na Sochaí Digití (SDURDD)	Líon	0	6	R4	2022	Beidh 6 fheidhmiúlacht nua oibríochtúil lena n-úsáid i néal an Stáit (CDU) agus beidh rochtain ag úsáideoirí orthu: —Ardán chun feidhmchláir d'úsáideoirí a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a thástáil, —Ardán le haghaidh tacaíocht TFC, —Lárchóras faireacháin slándála faisnéise chun teagmhais slándála a d'fhéadfadh a bheith ann a bhainistiú, —Ardán Fíordheimhniúcháin Bithmhéadrach, —Ardán chun ábhar digiteach na suíomhanna gréasáin a bhainistiú, —Ardán chun teicneolaíochtaí blocshlabhra a fhorbairt don néal Stáit.
180	C2.3. R3-I1	T	Méadú ar líon na n-úsáideoirí sa Lárionad Seirbhísí Comhroinnte		Líon	0	450	R2	2026	Déanfar 450 úsáideoir nua a chomhtháthú sa Lárionad Seirbhísí Comhroinnte. Cuireadh tús le hardán an Lárionaid Seirbhísí Comhroinnte a chomhtháthú sna Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha, mar a dheimhnigh soláthróir na teicneolaíochta ábhartha lena gcumasaítear an comhtháthú, agus an méid seo a leanas á aithint: i) ullmhaíodh an mheitea-chatalóg de shonraí sláinte atá suite laistigh den Loch Sonraí go teicniúil, agus ii) go bhfuil an SPE (Timpeallacht Próiseála Shlán) daingnithe.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
181	C2.3. R3-I2	M	Treoirthionscadal maidir leis an gcibearshlándáil	Tuarascáil ón Aireacht Gnóthaí Baile				R4	2023	Déanfar treoirthionscadal le haghaidh tástáil struis córais — le hionsamhlú ar chionta coiriúla ‘cibirspleácha’ agus ‘cibearchumasaithe’. Beidh comhpháirteanna sonracha bogearraí agus crua-earraí ag an gcóras le haghaidh imscrúdú cibearchoireachta, cuardach foinse oscailte ar an Idirlíon agus fóiréinsic dhigiteach, agus tacair anailíse imscrúdaithe chun anailís a dhéanamh ar fhianaise dhigiteach. Comhlíonfaidh cur chun feidhme an tionscadail an réamhchoinníoll is gá chun uirlisí agus córais fhóiréinseacha a uasghrádú, chomh maith le córais faireachais rúnda le haghaidh líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, atá riachtanach chun leibhéal na cibearshlándála sa Chróit agus san Aontas a mhéadú. A luaithe a bheidh an trealamh faighte agus lánoibríochtúil, déanfar treoirthionscadal chun taighde ar chibearchoireacht a ionsamhlú i bhfoirm Cleachtadh Táblaí, chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú an trealaimh le bearta agus cuspóirí an tionscadail cibear-fhorfheidhmithe a bhaint amach.
182	C2.3. R3-I2	M	Feachtas um chosc poiblí maidir leis an gcibearshlándáil	Tuarascáil ón Aireacht Gnóthaí Baile				RÁITHE 1	2024	Déanfar feachtas um chosc poiblí maidir le léirithe cibearchoireachta agus bearta coisctheacha, agus déanfar faireachán ar an bhfeachtas sin leis na táscairí seo a leanas: — an líon gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus oideachais coisctheacha a rinne spriocghrúpaí éagsúla maidir le bearta iompair

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										fhéinchosanta i ndáil le rioscaí na cibearchoireachta — líon na rannpháirtithe sna gníomhaíochtaí — an líon ábhar coisctheach a dáileadh — an líon postálacha ar na meáin (na meáin uile san áireamh) — líon na bhfreagraí ó spriocghrúpaí ar na meáin shóisialta — líon agus torthaí próiseáilte na suirbhéanna ar líne a rinneadh trí líonraí sóisialta — líon na meastóireachta ar spriocghrúpaí a rinneadh trí mhodhanna cainníochtúla a úsáid
183	C2.3. R3-I3	M	Ionad ilfhreastail a bhunú	Tuarascáil ón Lároifig um Fhorbairt na Sochaí Digití (SDURDD) go bhfuil an t-ionad ilfhreastail bunaithe agus oibríochtúil lena úsáid				R4	2023	Bunófar an t-ardán ionaid ilfhreastail (JKC) lena gcuirtear faisnéis agus tacaíocht do chustaiméirí ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí in aon suíomh láraithe amháin, agus beidh sé oibríochtúil lena úsáid.
184	C2.3. R3-I4	M	Córas TF CEZIH	Tuarascáil ón Aireacht Sláinte				R2	2024	Beidh lárchóras faisnéise sláinte na Cróite oibríochtúil lena úsáid i néal an stáit (CDU)
185	C2.3. R3-I5	T	Ríomhshíniú an Chárta Aitheantais Dhigitigh	Tuarascáil ón nGníomhaireacht um Shlándáil Dhigiteach (AKD)	Líon	0	300 000	R4	2024	Íoslódálfar feidhmchlár móibíleach Certilia 300000 uair trí Google Play Store agus App Store. Ina theannta sin, eiseofar 100000 deimhniú le haghaidh ríomhshíniú cáilithe cianda. Cuirfidh feidhmchlár móibíleach Certilia agus dintiúir mhóibíleacha phearsanta ar a gcumas do 50000 úsáideoir uathúil ar a laghad an próiseas fíordheimhnithe a chur i gcrích 700000 uair ar a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										laghad.
186	C2.3. R3-I6	M	Líonra an Bhonneagair Faisnéise Stáit (DII) uasghrádaithe	Uasghrádú ar DII ar líne agus inrochtana				R3	2025	Beidh an líonra uasghrádaithe bonneagair faisnéise Stáit (DII) ar líne agus inrochtana lena úsáid. Maidir leis an líonra: i) An fhéidearthacht rochtain leathanbhanda ar líonra fíor-ardacmhainne a áirithiú do na húdaráis phoiblí uile ii) nascacht leanúnach na n-institiúidí uile sa chóras a áirithiú trí chlár a thacaíonn le faireachas ar fheidhmiú an líonra ag an Lárionad Faireacháin Ríomhlíonra (NOC) agus, iii) beidh córas ann, a bheidh ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae agus 7 lá sa tseachtain, chun fabhtcheartú innealtóireachta agus cúnamh a chur ar fáil d'úsáideoirí.
187	C2.3. R3-I6	T	Úsáideoirí nua líonra bonneagair faisnéise an Stáit (DII)		Líon	36	136	R4	2025	Beidh 100 úsáideoir nua ar a laghad nasctha le gréasán bonneagair faisnéise an Stáit. Soláthrófar bonneagar snáithín, chomh maith le trealamh teirminéil do gach láithreán.
188	C2.3. R3-I7	M	Pleananna spásúla digiteacha	Pleananna spásúla digiteacha cruthaithe				R4	2025	Deimhniú aistrithe ón gconraitheoir chun 570 plean spásúil den Chéad Ghlúin Eile a fhorbairt agus a chur i gcrích (pleananna spásúla i bhfoirm dhigiteach).

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
189	C2.3. R3-I7	M	Uasghrádú ar Chóras Faisnéise na bPleananna Spásúla	Modúil leictreonacha ar líne agus inrochtana, agus íomhánna satailíte faighte				R4	2025	Beidh modúil leictreonacha, lena ndéantar nósanna imeachta maidir le pleanáil spásúil, tógáil agus sócmhainní stáit a dhigitiú mar chuid de Chóras Faisnéise na bPleananna Spásúla, ar líne agus inrochtana. Gheofar íomhánna satailíte de limistéar ardtaifigh na Cróite.
190	C2.3. R3-I8	T	Ríomhsheirbhísí poiblí digiteacha arna gcomhtháthú san ardán móibíleach nua	Tuarascáil ó SDURDD go bhfuil an 20 ríomhsheirbhís comhtháite agus oibríochtúil lena n-úsáid	Líon	0	20	R4	2024	Déanfar 20 ríomhsheirbhís ar a laghad a chomhtháthú san ardán móibíleach agus beidh siad oibríochtúil lena n-úsáid, lena n-áirítear: 1) iarratas ar dheimhniú clárúcháin breithe, 2) iarratas ar chruthúnas ar chónaí, 3) taifead ar stádas mic léinn, 4) iarratas tosaigh ar chead isteach in institiúid ardoideachais phoiblí, 5) iarratas ar aitheantas acadúil dioplómaí, teastas nó fianaise eile ar staidéar nó ar chúrsaí, 6) r-Sheirbhís Cúraim Shóisialta, 7) iarratas ar Chárta Eorpach um Árachas Sláinte, 8) iarratas ar chárta cánach (PK), 9) athrú ar sheoladh a chlárú, 10) mótarfheithicil de thionscnamh Ballstáit nó atá cláraithe cheana féin i mBallstát, nósanna imeachta neamhchaighdeánacha, 11) bosca ríomhphoist úsáideora, 12) r-chumarsáid leis na cúirteanna, 13) Mo chuntas — Regos, 14) iarratas ar fhaisnéis faoi phinsin ó scéimeanna éigeantacha, 15) féilire chun táillí éigeantacha a íoc, 16) árachas éileamh saothair, 17) e-Leabhrán oibre — taifead leictreonach ar stádas fostaíochta, 18) e-Imeachtaí riaracháin, 19) dearbhú nach bhfuil aon imeachtaí coiriúla ar feitheamh, 20) e-

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Child — Mudrica.
191	C2.3. R3-I9	M	Ardán nua soláthair phoiblí agus feidhmchlár móibíleach a bhunú	Seoladh an chéad nós imeachta soláthair phoiblí ar an ardán nua ríomhthairisceana				R3	2023	Beidh an t-ardán nua chun nósanna imeachta soláthair phoiblí a sheoladh, agus an feidhmchlár móibíleach oibríochtúil, agus seolfar nós imeachta soláthair phoiblí ar an ardán nua ríomhthairisceana.
192	C2.3. R3-I10	M	Córais CES um chéannacht dhigiteach agus bainistiú acmhainní daonna	Tuarascáil ó CES/HZZ				R4	2023	Beidh córas bainistíochta céannachta digití agus córas bainistíochta acmhainní daonna digiteacha CES i bhfeidhm agus oibríochtúil.
193	C2.3. R3-I10	M	Digitiú CES a uasghrádú	Próisis ghnó CES digitithe				R2	2026	Soláthróidh an conraitheoir uathoibriú agus digitiú phróisis ghnó CES, lena gcumasófar cúrsaíocht agus próiseáil lárnach doiciméad leictreonach. Beidh na nithe seo a leanas ar áireamh ann: i) ceadúnais bogearraí le haghaidh córas bainistithe teagmhas agus teagmhas slándála ii) córas tacaíochta croíphróisis iii) an córas e_Advisor (lena n-áirítear feidhmiúlacht sínithe dhigitigh agus bhithmhéadraigh) iv) na cartlanna digiteacha, (VI) córas cuntasaíochta VII) córas digiteach bainistithe doiciméad.
194	C2.3. R3-I11	M	Córas TF uasghrádaithe Institiúid Árachais Pinsean na Cróite	Déanfar córas TF uasghrádaithe Institiúid Árachais Pinsean na				R2	2026	Soláthróidh an conraitheoir córas TF agus príomhphróisis ghnó Institiúid Árachais Pinsean na Cróite (HZMO).

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			(HZMO)	Cróite a sheachadadh.						Áireofar sa chóras TF a chuirfear ar fáil modúil chun bainistiú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: i) na ríomhanna le haghaidh pinsean agus sochair linbh, ii) ranníocaíochtaí agus taifid íocaíochta, iii) sonraí tairbhithe, iv) achomhairc, nósanna imeachta athbhreithnithe agus díospóidí, v) doiciméadacht dhigiteach agus cartlanna digiteacha, vi) sonraí anailíseacha agus cuntasaíochta, vii) oibríochtaí airgeadais, vii) próisis soláthair, chonarthacha agus ordaithe, viii) fiachas agus dliteanas (ceannaitheoirí/soláthróirí), ix) bainistíocht sócmhainní.
195	C2.3. R3-I12	M	Cartlanna digiteacha Institiúid Árachais Pinsean na Cróite (HZMO)	Taifead aistrithe HZMO ar an gcóras oibriúcháin chun cartlanna digiteacha a bhainistiú				R4	2022	Beidh an córas chun cartlanna digiteacha a bhainistiú (Córas Bainistíochta na gCartlann Digiteach) oibríochtúil
196	C2.3. R3-I12	M	Cartlann Dhigiteach Institiúid Árachais Pinsean na Cróite (HZMO)	Cartlanna scanta agus innéacsaithe				R2	2026	Deimhniú aistrithe ón gconraitheoir chun oibreacha a chur i gcrích chun 50000000 leathanach a dhigitiú agus a innéacsú ón gcartlann náisiúnta go dtí an Chartlann Dhigiteach nua.
197	C2.3. R3-I13	M	Córas Faisnéise uasghrádaithe maidir le Riarachán Cánach	Tá an Córas Faisnéise um Riarachán Cánach uasghrádaithe ar líne agus inrochtana				R2	2026	Tá an Córas Faisnéise um Riarachán Cánach uasghrádaithe ar líne agus tá sé ar fáil. Áireofar an méid seo a leanas sa chóras: i) Ardán: (a) uathoibriú phróisis ghnó an riaracháin cánach a chumasú, agus (b) anailísíocht sonraí a sholáthar. ii) Digitiú 340 nós imeachta um chinneadh

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										agus bailiú lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le cáin bhreisluacha, ranníocaíochtaí sóisialta agus cáin chorparáide a mheasúnú agus a bhailiú, chomh maith le taifid chuntasaíochta cánach, oibríochtaí íocaíochta, agus córais chun sonraí cánach a mhalartú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, arna bhfianú le deimhniú aistrithe ó chonraitheoir. iii) Bonneagar TFC slándála: (a) an bonneagar TFC a chomhdhlúthú agus a uasghrádú, (b) an leibhéal slándála TFC a mhéadú agus (c) leanúnachas gnó a áirithiú.
199	C2.3. R3-I14	M	Córas le haghaidh ríomhshonrasc agus cuntasaíocht CBL ar líne	Tuarascáil ón Aireacht Airgeadais — Riarachán Cánach				R4	2024	Beidh an córas nua chun ríomhshonraisc a chlárú sa Riarachán Cánach do gach úsáideoir (samhail gnólacht le gnólacht agus daoine inchánach le haghaidh soláthar poiblí) agus ardchuntasaíocht CBL ar líne oibríochtúil agus réidh le húsáid.
200	C2.3. R3-I15	T	Uirlisí sa chóras TF turasóireachta	Tuarascáil ón Aireacht Turasóireachta agus Spóirt (MINTS)	Líon	0	4	R2	2026	Cuirfidh an conraitheoir uirlisí ar fáil: 1) le haghaidh nósanna imeachta comhtháite riaracháin agus neamhriaracháin chun oibríochtaí gnó agus cumarsáid leis an riarachán poiblí a éascú 2) chun cinn scríbe a bhainistiú, lena n-áirítear réiteach chun sreafaí turasóireachta a bhainistiú 3) faisnéis ghnó sa turasóireacht chun tacú le fiontraithe i gcinnteoireacht ghnó agus i gcinnteoireacht na hearnála poiblí i gceapadh beartas poiblí trí úsáid a bhaint as sonraí a dhíorthaítear ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear an

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										‘clár lárnach turasóireachta’, an ‘córas e-Visitor’ agus córas CROSTO 4) digitiú chóras CROSTO a uasghrádú, agus ‘Córas Faireacháin um Fhorbairt Cinn Scríbe’ digiteach a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na gceann scríbe i gcomhréir leis an ‘gCóras Eorpach de Tháscairí Turasóireachta le haghaidh Bainistiú Inbhuanaithe Cinn Scríbe’ (ETIS).
201	C2.3. R3-I16	T	Modúil feidhmchláir nua don chóras TF spóirt	Tuarascáil ón Aireacht Turasóireachta agus Spóirt (MINTS)	Líon	0	3	R2	2026	Déanfar trí mhodúl iarratais nua a chomhtháthú sa chóras faisnéise spóirt (ISS): 1) chun rochtain dhíreach a sholáthar do chlubanna spóirt, ar clubanna iad a bhfuil cearta iontrála sonraí acu (lena n-áirítear taifid spóirt agus taifid scrúduithe leighis lúthchleasaithe),ar chláir bhunúsacha agus ar chláir bhunúsacha an chórais faisnéise sa spórt 2) chun riachtanais spóirt phoiblí na n-aonad rialtais áitiúil agus réigiúnach a mhaoiniú; 3) chun sonraí a bhailiú maidir le spórt agus aclaíocht choirp atá dírithe ar an tsláinte lena n-áirítear taifead a bhunú i réimse na haclaíochta coirp atá dírithe ar an tsláinte.
449	C2.3. R3-I18	M	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta idir an Chróit agus Comhghnóthas EuroHPC agus eisíocaíocht na	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta				R2	2026	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta idir an Chróit agus an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC). Áireofar an méid seo a leanas sa Chomhaontú Ranníocaíochta: i) Léiriú ar na gníomhaíochtaí atá le

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			ranníocaíochta deonaí leis an gComhghnóthas EuroHPC							cistiú leis an ranníocaíocht dheonach, is é sin tacaíocht airgeadais do Ghigeamhonarcha IS nó do bhonneagar IS coibhéiseach agus do thionscnaimh teicneolaíochta candamaí atá le forbairt agus le bunú san Aontas. ii) An ceanglas go n-úsáidfear an ranníocaíocht dheonach ar bhealach atá i gcomhréir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil 2021/C58/01. iii) Méid beacht na ranníocaíochta deonaí ó chistí RRF. iv) Ceanglas go n-úsáidfidh Comhghnóthas EuroHPC méideanna nár úsáideadh a chumhdaítear leis an gcomhaontú chun tacú leis na cuspóirí beartais céanna chun tairbhe an Bhallstáit lena mbaineann agus nach n-aistreofar ar ais chuig an mBallstát iad. v) Aistreoidh an Chróit EUR 39000000,00 chuig an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach.
202	C2.3. R4	M	Barrfheabhsú an phróisis deonaithe ceadanna le haghaidh infheistíochtaí nascachta	Teacht i bhfeidhm creata dhlíthiúil athbhreithnithe				R2	2022	Le creat dlíthiúil athbhreithnithe, tacófar le barrfheabhsú an phróisis ceadúnúcháin agus beifear in ann an bonneagar cumarsáide leictreonaí a chur i láthair i bpleananna spásúla. Leis an gcreat nua, tabharfar aghaidh ar an ualach riaracháin agus ar bhacainní rialála a bhaineann le líonraí fíor-ardacmhainne a thógáil, lena n-áirítear

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										líonraí 5G.
203	C2.3. R4-I1	M	Comhaontuithe deontais arna síniú chun na tionscadail a chur chun feidhme faoin gCreat Náisiúnta chun bonneagar rochtana leathanbhanda (ONP) a fhorbairt	Tuarascáil ón Aireacht Mhara, Iompair agus Bonneagair (MSTI)				R3	2023	Síneofar comhaontuithe deontais le haghaidh 20 tionscadal faoi ONP mar thoradh ar an bpróiseas roghnúcháin
204	C2.3. R4-I1	M	Rochtain ar leathanbhanda do theaghlaigh i limistéir bhána NGA	Tuarascáil ón Aireacht Mhara, Iompair agus Bonneagair (MSTI)				R2	2026	Deimhniú críochnaithe gur tógadh an bonneagar leathanbhanda agus go bhfuil rochtain leathanbhanda 100 MBit/s (ar féidir é a uasghrádú go 1 Gige) ar a laghad á cumasú aige, lena íoslódáil ag úsáideoirí, do 40136 teaghlach breise ar a laghad i limistéir bhána NGA.
205	C2.3. R4-I2	M	Comhaontú deontais sínithe chun bonneagar cumarsáide leictreonaí éighníomhach a thógáil	Tuarascáil ón Aireacht Mhara, Iompair agus Bonneagair (MSTI)				RÁITHE 1	2023	Síniú an Chomhaontaithe Deontais agus tús a chur le cur chun feidhme an tionscadail chun bonneagar cumarsáide leictreonaí éighníomhach a thógáil
206	C2.3. R4-I2	T	Rochtain ar 5G	Tuarascáil ón Aireacht Mhara, Iompair agus Bonneagair (MSTI)	Líon	0	14	R2	2026	Suiteálfar 14 phol cumarsáide éighníomhaí sa limistéar tuaithe agus sa limistéar inar tearc an daonra (i gcás inar lú an meándaonra ná 20/km²). Tabharfar conarthaí i gcrích le hoibreoirí, ina léireofar gealltanas ó na hoibreoirí an méid seo a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										leanas a dhéanamh: trealamh gníomhach a shuiteáil ar na 14 phol cumarsáide éighníomhaí, ii) seirbhísí 5G a sholáthar tríd an trealamh gníomhach, faoi dheireadh 2026. Is ar bhonn neamhbhrabúsach amháin a dhéanfar bainistiú an bhonneagair atá le tógáil tríd an infheistíocht, agus é mar aidhm leis sin a áirithiú go gcumhdófar costais oibriúcháin agus chothabhála uile an bhonneagair leis na fáltais ón mbonneagar a fháil ar cíos. I gcás inar mó an t-ioncam cíosa ná na costais, díreofar an barrachas ar thoilleadh bonneagair nua a leathnú nó a thógáil.

I.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht C2.3 R3-I17 — Clár an Daonra, na dTeaghlach agus na dTeaghlach a Bhunú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo Clár an Daonra, an Teaghlaigh agus na dTeaghlach a bhunú (an Chróitis: Registar stanovništva, obitelji i kućanstva; as seo amach: Sok), chun sonraí faoi ioncam agus faoi shócmhainní an daonra, na dteaghlach agus na dteaghlach a aontú.

Is éard atá sa bheart teacht i bhfeidhm Dlí lena mbunaítear an SOK.

I.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
394	C2.3 R3- I17	M	Dlí lena mbunaítear Clár an Daonra, an Teaghlaigh agus na dTeaghlach (SOK)	Teacht i bhfeidhm an Dlí				R4	2025	Tagann an Dlí maidir le bunú SOK i bhfeidhm. Sonrófar sa Dlí go ndéanfaidh an SOK an méid seo a leanas: i) na nósanna imeachta agus na sainmhínithe a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chearta agus oibleagáidí a bhraitheann ar ioncam nó ar shócmhainní daoine aonair, teaghlach nó teaghlach a aontú. ii) a bheith ceangailte leis an gCóras ríomhchánach.

J. COMHCHUID 2.4: FEABHAS A CHUR AR BHAINISTIÚ SÓCMHAINNÍ STÁIT

Gineann fiontair faoi úinéireacht stáit (SOEnna) atá i seilbh an rialtais thart ar 7 % de bhreisluach an gheilleagair fhoriomláin agus is ionann iad agus 4 % den fhostaíocht iomlán. I bhfianaise an róil shuntasaigh atá acu i ngeilleagar na Cróite, d'fhéadfadh méadú ar leith ar tháirgiúlacht fhoriomlán a bheith mar thoradh ar fheabhas a chur ar rialachas corparáideach fiontar faoi úinéireacht stáit agus ar an laghdú leanúnach ar phunann sócmhainní an rialtais.

Is é is cuspóir don chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn agus éifeachtúlacht fhoriomlán na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a mhéadú, trí na bearta seo a leanas:

- Líon na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a laghdú a thuilleadh.
- Feabhas a chur ar bhainistiú maoine stáit.
- An creat rialála náisiúnta le haghaidh rialachas corparáideach a oiriúnú do dhea-chleachtais idirnáisiúnta bunaithe ar mholtaí ECFE.
- Feabhas a chur ar an rialachas i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit agus a bhfuil leas ar leith ag Poblacht na Cróite agus ag fiontair de chuid an rialtais láir atá faoi úinéireacht tromlaigh iontu agus comhordú idir na húdaráis inniúla náisiúnta a fheabhsú.
- Acmhainneacht an duine a neartú chun faireachán a dhéanamh ar rialachas corparáideach i bhfiontair faoi úinéireacht stáit.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir le feabhas a chur ar rialachas corparáideach na bhfiontar faoi úinéireacht stáit agus dlús a chur le díol na bhfiontar faoi úinéireacht stáit agus sócmhainní neamhtháirgiúla (moladh tírshonrach 4, 2019). Rannchuidíonn an chomhpháirt freisin leis na gealltanais aontachais iar-ERM II chun bainistiú na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a neartú.

J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C2.4 R1 — Athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a bhfuil leas ar leith ag an gCróit iontu

Is é is cuspóir don athchóiriú seo úinéireacht stáit a chuíchóiriú trí bheartas úinéireachta nua a ghlacadh lena leagfar síos na critéir maidir le sócmhainní straitéiseacha agus trí liosta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a bhfuil leas ar leith ag an gCróit iontu a thabhairt cothrom le dáta agus tríd an míniú lena dtugtar údar cuí leis an gcinneadh cuideachta a choinneáil ar an liosta sin a fhoilsiú.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú C2.4 R2 — Feabhas a chur ar rialachas corparáideach i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a bhfuil leas ar leith ag Poblacht na Cróite iontu agus i bhfiontair de chuid an rialtais láir atá faoi úinéireacht tromlaigh.

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar rialachas corparáideach fiontar faoi úinéireacht stáit.

Is éard atá san athchóiriú an fhoráil maidir le teacht i bhfeidhm creata dhlíthiúil nua maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit lena n-ionchorpraítear moltaí ECFE agus teacht i bhfeidhm Beartais Úinéireachta.

Athchóiriú C2.4 R3 — Acmhainneacht an duine a neartú chun faireachán a dhéanamh ar rialachas corparáideach i bhfiontair faoi úinéireacht stáit

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar acmhainneacht dhaonna an rialtais láir faireachán a dhéanamh ar rialachas fiontar faoi úinéireacht stáit.

Is éard atá san athchóiriú oiliúint a chur ar fáil d'aireachtaí líne agus do láraonaid chomhordúcháin i ngníomhaíochtaí rialachais chorparáidigh.

Athchóiriú C2.4 R4 — Líon na bhfiontar faoi úinéireacht stáit nach bhfuil spéis ar leith ag an gCróit iontu a laghdú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo líon na bhfiontar faoi úinéireacht stáit nach bhfuil spéis ar leith ag an gCróit iontu a laghdú trína ndíol a éascú.

Athchóiriú C2.4 R5 — Bainistíocht maoine atá faoi úinéireacht an Stáit a bharrfheabhsú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar bhainistiú maoine atá faoi úinéireacht an stáit, ar a tráchtálú agus ar thorthaí uaithi.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú córas agus modheolaíocht TF riaracháin a fhorbairt chun maoin atá faoi úinéireacht an stáit a bhainistiú, rud a fhágfaidh go ngníomhachtófar sócmhainní neamhúsáidte níos tapúla.

J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
207	C2.4. R1	M	Cinneadh nua ó Rialtas na Cróite glactha maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit a bhfuil leas ar leith ag an gCróit iontu	Foilsiú liosta athbhreithnithe na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a bhfuil leas ar leith ag an gCróit iontu i gcomhréir leis na critéir bhunaithe				R4	2021	Glacfaidh agus foilseoidh an Rialtas Cinneadh nua lena saineofar liosta nua d'fhiontair faoi úinéireacht stáit a bhfuil leas ar leith ag an gCróit iontu. Áireofar leis an gcinneadh míniú ar an bhfáth a gcoinnítear cuideachta ar an liosta sin. Cuideachtaí liostaithe — nach léirítear gurb ann do leas poiblí ina leith — aistreofar iad chuig punann an Lárionaid Athstruchtúrúcháin agus Díolacháin (CERP) d'fhonn luach airgid a chur ar na sócmhainní. Ar an gcaoi sin, déanfar punann shócmhainní airgeadais na Cróite a dheighilt go soiléir sa chuid a bhfuil leas ar leith ag baint léi agus, dá bhrí sin, beidh sí fós faoi úinéireacht an Stáit agus sa chuid nach bhfuil leas ar leith ag an gCróit inti agus, dá bhrí sin, cuirfear luach airgid uirthi.
208	C2.4. R2	M	Creat dlíthiúil nua maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit, lena n-ionchorpraítear moltaí ECFE.	Foráil maidir le teacht i bhfeidhm an dlí maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit				RÁITHE 1	2024	Áireofar sa chreat dlíthiúil nua le haghaidh rialachas fiontar faoi úinéireacht stáit forálacha chun treoirlínte ECFE maidir le rialachas corparáideach fiontar faoi úinéireacht stáit a chomhlíonadh, agus beidh an méid seo a leanas ar a laghad ann: (i) Dlí nua lena gcomhchuibheofar an rialachán maidir le rialachas corparáideach fiontar faoi úinéireacht stáit sa Chróit. Ina theannta sin, déanfar foráil leis an dlí sin maidir le láraonad comhordúcháin a bhunú d'fhonn an beartas

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
N. COMHCHUID 2.8: AN CREAT IN AGHAIDH SCIÚRADH AIRGID A NEARTÚ

Is é is cuspóir don chomhpháirt sin cumas údaráis na Cróite (údaráis mhaoirseachta, an Oifig um Fhrithsciúradh Airgid, údaráis forfheidhmithe dlí) a neartú chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, feabhas a chur ar a gcomhordú agus ar a gcomhar agus feasacht a mhúscailt a thuilleadh i measc na bpáirtithe leasmhara uile lena mbaineann.

Tá an t-athchóiriú sin i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta na Cróite maidir le rannpháirtíocht sa Sásra Ráta Malairte Eorpach II (ERM II).

N.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C2.8 R1 — Múscailt feasachta maidir leis an ngá atá le sciúradh airgid a chosc

Is é is aidhm don athchóiriú seo éifeachtúlacht an chórais airgeadais a choinneáil ar bun i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus sreafaí airgeadais neamhdhlisteanacha a chosc ag an am céanna trí fheasacht a mhúscailt, trí chreat a bhunú le haghaidh oiliúint rialta, i measc na n-institiúidí agus na n-údarás freagrach uile chun na bearta frithsciúrtha airgid a chur chun feidhme.

Athchóiriú C2.8 R2 — Comhar a fheabhsú idir an Oifig um Fhrithsciúradh Airgid agus na húdaráis mhaoirseachta

Is é is aidhm don athchóiriú seo feabhas a chur ar an gcomhar idir an Oifig um Fhrithsciúradh Airgid agus na húdaráis mhaoirseachta trí fheabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus dea-chleachtas sa chomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.

Athchóiriú C2.8 R3 — Cur chun feidhme iomlán an Phlean Gníomhaíochta chun rioscaí sainaitheanta sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a laghdú

Is é cuspóir foriomlán an athchóirithe seo an Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme chun na rioscaí a shainaithnítear sa Mheasúnú Riosca Náisiúnta maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a laghdú sa Chróit arna ghlacadh ag an Rialtas. Tá bearta sa phlean gníomhaíochta arb é is aidhm dóibh, mar shampla, acmhainneacht riaracháin na hOifige um Fhrithsciúradh Airgid, na Cigireachta Airgeadais agus na n-údarás maoirseachta a neartú, líon na ngníomhaíochtaí maoirseachta a mhéadú, feabhas a chur ar an mbonneagar TF agus oiliúint a chur ar fáil d'oifigigh na n-eintiteas uile faoi oibleagáid d'fhonn comhar agus acmhainneacht riaracháin a neartú.

Athchóiriú C2.8 R4 — Feabhas a chur ar mhaoirseacht ar chomhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta bunaithe ar mheasúnú riosca san earnáil airgeadais sa Chróit

Is é cuspóir foriomlán an athchóirithe seo feabhas a chur ar an gcreat chun sciúradh airgid a chosc agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac sa Chróit agus acmhainneacht institiúideach agus riaracháin a neartú, trí na moltaí a rinneadh faoi thionscadal na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil (TSI) a chur chun feidhme maidir le cur chuige rioscabhunaithe a fhorbairt i leith maoirseacht ar chomhrac an sciúrtha airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

N.2 Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
250	C2.8. R1	M	Feasacht a mhúscailt i measc na bpáirtithe freagracha uile trí oiliúint rialta	Creat i bhfeidhm chun oiliúint leanúnach a chur ar bhaill foirne a bhfuil sé d'oibleagáid orthu tuairisciú ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc				R4	2020	An Creat atá i bhfeidhm le haghaidh oiliúint leanúnach ag comhlachtaí maoirseachta agus ag an Oifig Frithsciúrtha Airgid d'fhoireann na n-institiúidí agus na n-údarás tuairiscithe uile, lena n-áirítear oifigigh chomhlíontachta frithsciúrtha airgid agus bainistíocht institiúidí creidmheasa. Le tionscnaimh oideachais atá beartaithe sa chreat, díreofar ar fheasacht a mhúscailt maidir leis an gcur chuige rioscabhunaithe i leith bearta díchill chuí do chustaiméirí a dhéanamh agus maidir leis an oibleagáid gníomhaíochtaí amhrasacha a thuairisciú. Mar chuid den chreat, déanfaidh comhlachtaí maoirseachta agus an Oifig um Fhrithsciúradh Airgid faisnéis atá cothrom le dáta maidir le forbairtí sciúrtha airgid a sholáthar go rialta d'institiúidí agus d'údaráis.
251	C2.8. R2	M	Leanúint den chomhar idir an Oifig um Fhrithsciúradh Airgid agus údaráis	Sínítear comhaontú comhair nuashonraithe idir an Oifig um Fhrithsciúradh Airgid agus na húdaráis mhaoirseachta maidir le malartú faisnéise agus comhar				R4	2020	Comhaontú comhair nuashonraithe idir an Oifig um Fhrithsciúradh Airgid agus na húdaráis mhaoirseachta maidir le malartú faisnéise, agus comhar, lena n-áireofar: malartú na sonraí agus na faisnéise is gá le haghaidh na nósanna imeachta

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			mhaoirseachta							maoirseachta, II) malartú faisnéise maidir le neamhrialtachtaí arna sainaithint ag eintitis tuairiscithe, III) malartú faisnéise faoi na típeolaíochtaí is déanaí maidir le Sciúrtha Airgid/Airgeadaithe sceimhlitheoireachta arna sainaithint ag an Oifig um Fhrithsciúradh Airgid agus ag na húdaráis mhaoirseachta, (IV) an méadú ar ghníomhaíochtaí maoirseachta bunaithe ar na rioscaí sainaitheanta go dtarlódh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus malartú sonraí staidrimh chun críche an Mheasúnaithe Riosca Náisiúnta ar Sciúradh Airgid agus ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta agus measúnú ar éifeachtacht iarrachtaí an chórais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a bhrath.
252	C2.8. R2	T	Maoirseacht a neartú trí chruinnithe rialta den Mheitheal Idirinstitiúideach um		Líon	0	12	R4	2024	Chun cleachtais mhaoirseachta a chomhchuibhiú, feabhas a chur ar an malartú taithí agus eolais idir údaráis mhaoirseachta agus faisnéis a mhalartú, beidh 12 chruinniú ar a laghad ag an Meitheal Idirinstitiúideach um Maoirseacht AML/CFT (MIRS) idir deireadh 2020 agus deireadh 2024.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			Maoirseacht							Treiseoidh an Mheitheal Idirinstitiúideach um Maoirseacht an comhar idir na húdaráis mhaoirseachta uile atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme bhearta agus ghníomhaíochtaí an Ghnímh um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta. Déanfaidh an Mheitheal Idirinstitiúideach um Maoirseacht faireachán ar an méid seo a leanas go háirithe: i) malartú éifeachtach sonraí staidrimh maidir le faireachas a rinneadh, ii) malartú taithí faireachais (‘dea-chleachtais’), (iii) malartú faisnéise maidir le neamhrialtachtaí a braitheadh i gcur i bhfeidhm an Ghnímh, (iv) gníomhaíochtaí faireachais a neartú agus a chomhordú, agus (v) malartú faisnéise maidir le pleananna faireachais.
253	C2.8. R3	M	Cur chun feidhme iomlán an Phlean Gníomhaíochta nua chun rioscaí sainaitheanta sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a mhaolú bunaithe ar	Cur chun feidhme iomlán an Phlean Gníomhaíochta nua chun rioscaí sainaitheanta sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a mhaolú trí chomhar agus malartú faisnéise a neartú a thuilleadh				R4	2021	Bunaithe ar an Measúnú Riosca Náisiúnta um Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta i bPoblacht na Cróite, cuirfear Plean Gníomhaíochta chun feidhme go hiomlán faoin 31 Nollaig 2021 chun na rioscaí sainaitheanta a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mhaolú. Beidh bearta sa phlean gníomhaíochta chun laghdú a dhéanamh ar na rioscaí sainaitheanta, ar an dlí poiblí agus ar

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			mheasúnú riosca náisiúnta nuashonraithe.							chomhlachtaí eile arna n-ainmniú ag na sealbhóirí chun na bearta aonair a chur chun feidhme, chomh maith leis an sprioc-am chun na bearta a chur chun feidhme. Cuirfear san áireamh sa phlean na rioscaí arna sainaithint ag maoirseoirí (Banc Náisiúnta na Cróite, Cigireacht Airgeadais, Gníomhaireacht Maoirseachta Seirbhísí Airgeadais na Cróite), an Oifig um Fhrithsciúradh Airgid, Oifig Aturnae Stáit Phoblacht na Cróite agus eintitis dhlíthiúla faoi oibleagáid (bainc agus eile). Neartóidh sé a thuilleadh an comhar agus an malartú faisnéise idir na hinstitiúidí agus na húdaráis fhreagracha uile.
254	C2.8. R4	M	Maoirseacht ar an earnáil airgeadais a neartú bunaithe ar mheasúnú riosca i réimse AML/CFT	Cur chun feidhme iomlán nósanna imeachta agus modheolaíochtaí feabhsaithe le haghaidh maoirseacht riosca-bhunaithe, arna bhforbairt faoi thionscadal na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil (TSI) ‘Maoirseacht riosca-bhunaithe ar fhrithsciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta san earnáil airgeadais sa Chróit’, chun rioscaí sainaitheanta sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a mhaolú				R4	2023	Déanfaidh na húdaráis bearta, trí reachtaíocht a ghlacadh más gá, chun maoirseacht na hearnála airgeadais a neartú, ar bhonn measúnú riosca arna dhéanamh ag Banc Náisiúnta na Cróite agus ag Gníomhaireacht Maoirseachta Seirbhísí Airgeadais na Cróite agus trí úsáid a bhaint as cur chuige rioscabhunaithe arna fhorbairt i gcomhréir leis na torthaí ón gcúnamh teicniúil arna sholáthar faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Leis na gníomhaíochtaí, neartófar an acmhainneacht institiúideach agus riaracháin agus rannchuideofar le

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				go héifeachtach						feabhas a chur ar éifeachtacht an chórais iomláin chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac sa Chróit agus, ar deireadh, feabhas a chur ar an gcreat foriomlán chun an sciúradh airgid a chomhrac sa Chróit.

O. COMHCHUID 2.9: AN CREAT SOLÁTHAIR PHOIBLÍ A NEARTÚ

Chun feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí agus chun é a ailíniú le dea-chleachtais an Aontais, áirítear sa chuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite bearta chun feabhas a chur ar an gcóras oiliúna don soláthar poiblí, chun an córas athbhreithnithe a neartú trí ríomhachomhairc éigeantacha a thabhairt isteach agus chun úsáid soláthair nuálaigh a spreagadh. Rannchuideoidh an córas feabhsaithe soláthair phoiblí, *inter alia*, leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus beidh ionsú níos fearr ar chistí AE mar thoradh air, a bhfuiltear ag súil go mbeidh timpeallacht ghnó níos fearr, infheistíocht phríobháideach mhéadaithe, táirgiúlacht agus cruthú post nua mar thoradh orthu.

Áirítear sa chomhpháirt trí athchóiriú agus infheistíocht amháin arb é is aidhm dóibh trédhearcacht agus éifeachtúlacht an chórais soláthair phoiblí sa Chróit a fheabhsú. Rannchuideoidh siad sin freisin leis an éilliú a chosc ar bhealach níos fearr, go háirithe ar an leibhéal áitiúil (Moladh Tírshonrach 2019) agus le hacmhainneacht agus éifeachtúlacht riarachán poiblí na Cróite a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 2020).

O.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C2.9 R1 — Soláthar leanúnach oiliúna soláthair phoiblí

Is é is cuspóir don athchóiriú feabhas a chur ar an gcóras oiliúna soláthair phoiblí trí uirlisí nua a fhorbairt chun eolas teoiriciúil agus praiticiúil, scileanna gairmiúla agus inniúlachtaí a fháil chun nósanna imeachta soláthair phoiblí a chur chun feidhme go gairmiúil, go costéifeachtach, go héifeachtúil agus go héifeachtach ar gach leibhéal. Tógfaidh sé ar chur chuige cuimsitheach chun iomaíochas na ngeallsealbhóirí sa chóras soláthair phoiblí a neartú trí thorthaí na hanailíse ar an ualach oibre faoin ngníomhaíocht infheistíochta C2.9.R1-I1 a chomhtháthú. Go háirithe, saineofar san anailís na riachtanais maidir le hoiliúint leanúnach agus phleanáilte na bpríomhfhostaithe soláthair phoiblí bunaithe ar an maitrís Inniúlachta lena sainítear 30 inniúlacht agus scil.

Ina theannta sin, tabharfar isteach an Creat Inniúlachta Eorpach do Ghairmithe Soláthair Phoiblí ProcurCompEU, a fheidhmíonn mar chomhchreat tagartha do chleachtóirí soláthair, i gcóras oiliúna na Cróite faoin 31 Nollaig 2023. Ar an gcéad dul síos, i gcás daoine aonair, éascaíonn an creat sainaithint agus dearadh inniúlachtaí pearsanta agus gairmiúla. Ar an dara dul síos, bainfidh eintitis chonarthacha úsáid as chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an tsoláthair phoiblí ina n-eagraíocht agus chun feabhas a chur uirthi. Ar deireadh, beidh soláthraithe oiliúna sa soláthar poiblí in ann creat ProcurCompEU a úsáid chun cláir chuimsitheacha foghlama agus oiliúna a fhorbairt.

Ar an tríú dul síos, leis na cláir oiliúna ghinearálta, a bheidh ar oscailt do na tairgeoirí freisin, ardófar an leibhéal eolais agus scileanna maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí a dhéanamh ar thaobh na dtairgeoirí, rud a chuirfidh feabhas ar leibhéal rannpháirtíochta agus rath na FBManna sa soláthar poiblí.

Tabharfar an t-athchóiriú sin chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht C2.9 R1-I1 — Anailís ar ualach oibre fhostaithe na bpríomhinstitiúidí sa chóras soláthair phoiblí

Leis an infheistíocht sin, soláthrófar anailís ar an ualach oibre chun líon na ngníomhaithe, inniúlachtaí riachtanacha na foirne, agus na feabhsuithe is gá ar an gcóras cúitimh a chinneadh. Trí mholadh na hanailíse a chur chun feidhme, meastar go mbainfear amach agus go gcoinneofar an líon is fearr ball foirne ardoilte spreagtha, a fhreagróidh do riachtanais na bpríomhinstitiúidí soláthair phoiblí.

Áirítear an méid seo a leanas sa bheart:

- an anailís ar an ualach oibre sna comhlachtaí soláthair phoiblí, a áirítear i mbainistiú chistí an Aontais;
- tuairisc ar na cúraimí a dhéanann siad;
- sainiú na n-inniúlachtaí is gá.

Beidh an anailís ar an ualach oibre bunaithe ar shonraí stairiúla maidir leis an ualach oibre, agus na treochtaí a bhfuil coinne leo maidir leis an ualach oibre á gcur san áireamh freisin, lena n-áirítear an gá atá le hoiliúint leanúnach agus phleanáilte foirne maidir le hábhair shonracha a bhaineann le soláthar amhail soláthar straitéiseach, freagrach go sóisialta, soláthar inbhuanaithe, soláthar nuálach agus rochtain FBManna ar an margadh soláthair sin.

Úsáidfear torthaí na hanailíse chun riachtanais oiliúna leanúnacha agus bheartaithe fhoireann na bpríomhinstitiúidí sa chóras soláthair phoiblí a shainiú (MINGOR- an Aireacht Geilleagair agus Forbartha Inbhuanaithe, SAFU- an Lár-Ghníomhaireacht Airgeadais agus Chonarthach, agus DKOM- Coimisiún an Stáit um Maoirseacht ar Sholáthar Poiblí).

Críochnófar an beart sin faoin 30 Meán Fómhair 2022.

Athchóiriú C2.9 R2 — An córas athbhreithnithe sa soláthar poiblí a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú rannchuidiú leis an ualach riaracháin a bhaineann leis an gcóras athbhreithnithe a laghdú agus cuidiú leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe tríd an meán-am le haghaidh achomharc a ghiorrú agus trí ríomh-achomhairc a dhéanamh éigeantach.

Is éard atá san athchóiriú athruithe ar an gcreat reachtach don soláthar poiblí chun an ríomhachomharc a thabhairt isteach mar uirlis éigeantach sa chóras soláthair phoiblí agus chun an meán-am chun déileáil le hachomhairc a laghdú.

Athchóiriú C2.9 R3 — Soláthar Nuálach

Is é is cuspóir don athchóiriú úsáid an tsoláthair nuálaíochta sa Chróit a mhéadú.

Áirítear leis an mbeart sin clár oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le soláthar nuálaíochta do sholáthróirí poiblí sa Chróit.

O.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
256	C2.9. R1	M	Treoir maidir le feabhas a chur ar rannpháirtíocht FBManna i nósanna imeachta soláthair phoiblí agus ar chomhthiomsú na nósanna imeachta sin	Treoirlínte a fhoilsiú ar an Tairseach Soláthair Phoiblí				R3	2022	Chun rannpháirtíocht FBManna i nósanna imeachta soláthair phoiblí a spreagadh tuilleadh, forbrófar agus foilseofar treoirlínte d'eintitis chonarthacha agus do thairgeoirí chun rannpháirtíocht FBManna i margadh an tsoláthair phoiblí a spreagadh. Áireofar sna treoirlínte freisin na forálacha is tábhachtaí den Ghníomh um Sholáthar Poiblí arb é is aidhm dóibh é a dhéanamh níos éasca do FBManna dul san iomaíocht le haghaidh conarthaí poiblí. Leanfar den chomhar le comhlachais ghnó maidir le hoiliúint spriocdhírithe a chur ar fáil do thairgeoirí i nósanna imeachta soláthair phoiblí. Ullmhófar an treoir bunaithe ar thoradh thionscadal an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach.
257	C2.9. R1	M	Leasú ar na Rialacha maidir le hoiliúint sa soláthar poiblí	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar na Rialacha maidir le hoiliúint sa soláthar poiblí				RÁITHE 1	2023	Áireofar an méid seo a leanas ar na leasuithe ar an gcreat reachtach chun feabhas a chur ar oiliúint sa soláthar poiblí: i) curaclam do Chláir Uas-scilithe a bhunú, na hinniúlachtaí agus na cuspóirí foghlama a shainiú, (ii) ProcurCompEU a chomhtháthú sa scéim éigeantach oiliúna agus deimhniúcháin le haghaidh soláthar poiblí; (III) ceanglas chun measúnú cáilíochtúil a dhéanamh ar an oiliúint. Tá coinne leis go soláthrófar leis na leasuithe cur chuige cuimsitheach is gá chun a áirithiú go neartófar acmhainneacht riaracháin na foirne i bpríomhinstitiúidí soláthair phoiblí, agus úsáid á baint freisin as na moltaí ón anailís ar an ualach oibre (R1-I1). Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										eagraíochtúil agus na dtosaíochtaí straitéiseacha, tabharfar tosaíocht d'oiliúint ar féidir léi an tionchar is mó a sholáthar maidir le cuspóirí a bhaint amach amhail saincheisteanna sláine agus trédhearcachta, pleanáil chuí nósanna imeachta, sonraíochtaí teicniúla cothroma agus oscailte, critéir shoiléire roghnúcháin agus mheastóireachta le haghaidh tairiscintí, bainistiú conarthaí agus leasuithe.
258	C2.9. R1	M	Creat saincheaptha le haghaidh oiliúint leanúnach oifigeach soláthair faoi ProcurCompEU a chomhtháthú sa scéim éigeantach oiliúna agus deimhniúcháin le haghaidh soláthar poiblí.	Teacht i bhfeidhm an chreata um oiliúint leanúnach oifigeach soláthair phoiblí atá ailínithe le ProcurCompEU;				R4	2023	Déanfar an uirlis ProcurCompEU a oiriúnú do shainiúlachtaí na Cróite agus déanfar í a chomhtháthú sa scéim éigeantach oiliúna agus deimhniúcháin um sholáthar poiblí atá ann cheana. Cruthófar foleathanach ar an Tairseach Soláthair Phoiblí ina mbeidh uirlisí ProcurCompEU ar fáil agus saor in aisce lena n-úsáid ag na páirtithe leasmhara uile sa chóras soláthair phoiblí, agus ina dtacóidh an comhlacht inniúil um beartas soláthair phoiblí lena chur chun feidhme praiticiúil agus lena mhaoirseacht phraiticiúil.
259	C2.9. R1-I1	M	Anailís neamhspleách agus moltaí nithiúla a fhoilsiú chun feabhas a chur ar bhainistiú ualaigh fhoireann uile na bpríomhinstitiúidí sa chóras soláthair (MINGOR, SAFU, DKOM).	Foilsiú anailíse ar ualach oibre fhostaithe na bpríomhinstitiúidí sa chóras soláthair phoiblí (MINGOR, SAFU agus DKOM) lena n-áirítear plean gníomhaíochta chun moltaí agus bearta acmhainní daonna a				R3	2022	Déanfaidh saineolaithe seachtracha neamhspleácha anailís chuimsitheach ar ualach oibre fhoireann na bpríomhinstitiúidí sa chóras soláthair phoiblí a áirítear i gcistí an Aontais, lena n-áirítear tuairisc ar na cúraimí a dhéanann siad agus na hinniúlachtaí is gá agus an córas cúitimh. Beidh an tuarascáil neamhspleách fhoilsithe bunaithe ar anailís chuimsitheach ar róil sa chóras soláthair phoiblí agus ar an ualach oibre, agus sonraí stairiúla maidir leis an ualach oibre á gcur san áireamh agus iad á gcur i gcomparáid le treochtaí maidir leis an ualach oibre atá ag dul i méid, lena n-áirítear riachtanais oiliúna

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				chur chun feidhme						maidir le hábhair shonracha amhail soláthar inbhuanaithe agus rochtain ar FBManna. Áireofar sa tuarascáil plean gníomhaíochta chun bearta agus moltaí le haghaidh feabhais a chur chun feidhme chun earcú agus coinneáil pearsanra ardoilte a áirithiú.
260	C2.9. R2	M	Leasú ar an gcreat reachtach um sholáthar poiblí lena ndéantar modh éigeantach chun achomharc a thaisceadh d'úsáid ríomh-achomhairc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht um Sholáthar Poiblí agus ar na fodhlíthe (Reacht maidir le hAchomhairc i Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí)				R3	2022	Leasófar an creat reachtach um sholáthar poiblí (an tAcht um Sholáthar Poiblí agus fodhlíthe ábhartha) chun ríomh-achomharc a thabhairt isteach mar mhodh éigeantach chun sásamh a fháil sa chóras soláthair phoiblí.
261	C2.9. R2	T	An meán-am chun déileáil le hachomhairc agus cinntí a laghdú		Líon	35.2	29.2	R4	2024	Déanfar meánlíon na laethanta chun cinneadh a dhéanamh maidir le cásanna achomhairc ón dáta a fhaightear an t-achomharc a laghdú 6 lá ar a laghad.
263	C2.9. R3	M	Cláir agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar sholáthar poiblí nuálach a dhearadh agus a bhainistiú	Clár i bhfeidhm chun cúnamh gairmiúil agus oiliúint ghairmiúil a sholáthar do sholáthróirí i soláthar nuálaíochta				RÁITHE 1	2024	Trí úsáid a bhaint as tacaíocht cúnaimh theicniúil, cuirfidh institiúidí na Cróite cláir ar bun chun cúnamh gairmiúil a chur ar fáil do sholáthróirí i nósanna imeachta soláthair a bhaineann leis an nuálaíocht. Neartófar an Lárionad Iomaíochta um Sholáthar Poiblí Nuálach a bunaíodh in HAMAG-BICRO (Gníomhaireacht na Cróite um Ghnólachtaí Beaga, Nuálaíocht agus Infheistíocht) agus cuirfear oiliúint ar a fhoireann chun oiliúint a chur ar fáil maidir le soláthar poiblí nuálaíochta as a stuaim féin. Neartófar acmhainneacht riaracháin MINGOR (an Aireacht Geilleagair agus Forbartha Inbhuanaithe) ar

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										an mbealach céanna freisin. Ullmhófar tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le neartú sin na n-acmhainneachtaí faoi R1 2024. Thairis sin, foilseofar lámhleabhar d'eintitis soláthair ina mbeidh treoir maidir le conas nósanna imeachta soláthair a bhaineann leis an nuálaíocht a sheoladh.
264	C2.9. R3	T	Oiliúint maidir le soláthar nuálaíochta		Líon	0	150	R4	2025	Cuirfear oiliúint ar ionadaithe 150 soláthróir poiblí ar a laghad maidir le soláthar nuálaíochta. Déanfaidh na húdaráis faireachán freisin ar úsáid soláthair nuálaíochta le foilseachán staidrimh agus déanfaidh siad gníomhaíochtaí múscailte feasachta do gheallsealbhóirí san earnáil phríobháideach.

P. COMHPHÁIRT 3.1: ATHCHÓIRIÚ AR AN GCÓRAS OIDEACHAIS

Tá roinnt dúshlán suntasach roimh an gcóras oideachais sa Chróit. Tá freastal ar chúram leanaí foirmiúil agus rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) i measc na ndaoine is ísle san Aontas, rud a eascraíonn den chuid is mó as easpa bonneagar ECEC agus ganntanas múinteoirí, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha leathana ann a chuireann leis an neamhionannas. Tá an timthriall scolaíochta éigeantaí (a mhaireann 8 mbliana) bliain amháin níos giorra ná caighdeán an Aontais. Tá an t-am teagaisc bliantúil i mbunscoileanna níos ísle ná meán an Aontais freisin, toisc go n-oibríonn go leor scoileanna i sealanna mar gheall ar ghanntanais bonneagair. Tá feidhmíocht na ndaltaí sna bunscileanna uile faoi bhun mheán an Aontais. Tá gnóthachtáil oideachais threasaigh ar cheann de na gnóthachtáil is ísle san Aontas. Tá rannpháirtíocht san oideachas aosach an-íseal freisin.

Is é is cuspóir don chomhpháirt sin dul i ngleic leis na dúshláin sin go léir. Áirítear leis athchóiriú cuimsitheach ar an gcóras oideachais, arb é is aidhm dó tacú le rochtain ar oideachas agus le cáilíocht an oideachais ar gach leibhéal oideachais. Áirítear leis freisin infheistíochtaí comhlántacha i mbonneagar ECEC, i scoileanna agus i mbonneagar digiteach ardoideachais.

Cuidíonn an chomhpháirt sin le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha atá dírithe ar an gCróit le dhá bhliain anuas, maidir leis an ngá atá ann ‘*an t-athchóiriú oideachais a bhaint amach agus rochtain ar oideachas agus ar oiliúint ar gach leibhéal agus a gcáilíocht agus a n-ábharthacht don mhargadh saothair a fheabhsú*’ (CSR 2 2019) agus ‘*fáil scileanna a chur chun cinn’*(CSR 2 2020).

P.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C3.1 R1 — Athchóiriú struchtúrach ar an gcóras oideachais

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar rochtain ar oideachas agus ar cháilíocht an oideachais ar gach leibhéal, go háirithe do dhaoine agus do leanaí ó ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch19.

- Oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC)

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú sin feabhas a chur ar an rochtain ar oideachas agus ar chúram na luath-óige (ECEC) do leanaí ó thrí bliana d’aois go dtí go dtosaíonn siad ar an mbunoideachas agus samhail mhaoiniúcháin nua a chur ar bun chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach chistiú ECEC a áirithiú.

- Bunscoileanna

Is é is aidhm don athchóiriú cáilíocht na dtorthaí teagaisc agus foghlama a mhéadú, go háirithe do leanaí ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, trí sheal aonair, teagasc lae iomláin a chur chun feidhme i mbunscoileanna agus trí líon na n-uaireanta teagaisc éigeantacha a mhéadú. Tá sé d’aidhm ag an athchóiriú freisin tacú le forbairt leanúnach múinteoirí agus le meastóireacht sheachtrach chórasach ar thorthaí foghlama i mbunscoileanna.

Leis an athchóiriú, leasófar an tAcht Oideachais chun an tsamhail nua teagaisc lae iomláin a thabhairt isteach i mbunscoileanna, lena leasófar íoslíon na n-uaireanta teagaisc éigeantacha agus an curaclam do bhunscoileanna, agus beidh cláir forbartha múinteoirí chórasacha ag gabháil leis.

Tabharfar an fothacar sin de bhearta an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

[19] Go háirithe leanaí Romacha, leanaí faoi mhíchumas, leanaí atá ina gcónaí sna réigiúin is lú forbairt sa Chróit, leanaí ó theaghlaigh a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos ísle acu agus grúpaí leochaileacha eile leanaí.

- Scoileanna dara leibhéal

Is é is aidhm don athchóiriú ábharthacht an mheánoideachais a mhéadú, trí chlárú mac léinn sa mheánoideachas ginearálta (cláir ‘gimnazija’) a mhéadú, agus sciar an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) a laghdú agus ábharthacht na ngairmchlár maidir le margadh an tsaothair a fheabhsú ag an am céanna.

Rannchuideoidh an t-athchóiriú leis an iliomad clár gairmoideachais tánaisteach atá ann cheana a chomhdhlúthú, trí bharrachas clár gairme a laghdú agus trí ábharthacht na gclár do riachtanais mhargadh an tsaothair a mhéadú. Leis an athchóiriú, tabharfar isteach curaclaim nua bunaithe ar chaighdeáin cháilíochta agus ghairme Chreat Cáilíochtaí na Cróite (CROQF), a mbeidh forbairt ábhair teagaisc nua agus oiliúint ghairmiúil múinteoirí gairmoideachais ag gabháil leo.

Tabharfar an fothacar sin de bhearta an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

- Oideachas do dhaoine fásta

Is é is aidhm don athchóiriú cáilíocht agus ábharthacht an oideachais aosaigh a mhéadú. Leis an nGníomh Nua um Oideachas Aosach, déanfar cláir oideachais aosaigh a ailíniú le caighdeáin cháilíochta Chreat Cáilíochtaí na Cróite (CROQF), a bhfuil coinne leis go n-éascófar leis aitheantas an eolais agus na scileanna a fuarthas. Déanfar foráil san athchóiriú freisin maidir le cuntais oideachais aonair a thabhairt isteach chun a chur ar chumas gach duine páirt a ghlacadh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Leis an athchóiriú, tabharfar isteach freisin córas meastóireachta ar sholáthraithe oideachais aosaigh.

Tabharfar an fothacar sin de bhearta an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Tacaítear leis an athchóiriú sin le trí infheistíocht (C3.1 R1-I1, C3.1 R1-I2, C3.1 R1-I3, agus C3.1 R1-I4).

Infheistíocht C3.1 R1-I1 — Saoráidí ECEC a thógáil, a uasghrádú, a atógáil agus a fheistiú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú le rochtain ar oideachas agus ar chúram na luath-óige sa Chróit. Áirítear leis an mbeart sin saoráidí nua ECEC a thógáil agus athchóiriú a dhéanamh ar shaoráidí atá ann cheana, agus é mar chuspóir 12000 áit nua a chruthú in ECEC.

Infheistíocht C3.1 R1-I2 — Bunscoileanna a thógáil, a uasghrádú, a atógáil agus a fheistiú le haghaidh seal aonair teagaisc lae iomláin

Is é is cuspóir don bheart seo tacú leis an aistriú chuig teagasc lae iomláin do bhunscoileanna sa Chróit. Is éard atá i gceist leis an mbeart bunscoileanna nua a thógáil agus na bunscoileanna atá ann cheana a uasghrádú.

Infheistíocht C3.1 R1-I3 — Meánscoileanna a thógáil, a uasghrádú, a athchóiriú agus a fheistiú

Is é is cuspóir don bheart seo acmhainneachtaí bonneagair fhisicigh a mhéadú i meánscoileanna. Áirítear leis an mbeart meánscoileanna nua a thógáil agus na meánscoileanna atá ann cheana a uasghrádú, lena n-áirítear bonneagair spóirt scoileanna.

Athchóiriú C3.1 R2 — An t-ardoideachas a nuachóiriú

Is é is aidhm don athchóiriú sin feabhas a chur ar infhaighteacht, cáilíocht agus ábharthacht an ardoideachais don mhargadh saothair, chomh maith le sciar na gcéimithe ardoideachais a mhéadú, go háirithe ó ghrúpaí leochaileacha agus tearcionadaithe.

Áireofar san athchóiriú Acht nua Eolaíochta agus Ardoideachais agus Dlí nua maidir le Dearbhú Cáilíochta san Eolaíocht agus san Ardoideachas a ghlacadh, chun samhail chistiúcháin éifeachtúil nua a bhunú d’ollscoileanna poiblí agus d’institiúidí ardoideachais poiblí eile. Beidh an tsamhail chistiúcháin nua bunaithe ar chritéir thrédhearcacha agus ar tháscairí feidhmíochta atá nasctha le

cuspóirí forbartha na hinstitiúide. Tá coinne leis go dtabharfar isteach an tsamhail chistiúcháin nua trí chomhaontuithe cláir lena gcumhdófar taighde eolaíoch agus gníomhaíochtaí teagaisc na hollscoile/na hinstitiúide ar feadh tréimhse 2 bhliain.

Tá sé d'aidhm ag an athchóiriú freisin an t-oideachas a ailíniú níos fearr le riachtanais mhargadh an tsaothair. Leanfaidh sé de chaighdeáin cháilíochta a bhunú do gach cáilíocht ardoideachais agus iad a áireamh i gClár Chreat Cáilíochtaí na Cróite (CROQF), a bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar cáilíochtaí ardoideachais a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais mhargadh an tsaothair. Bunófar leis an athchóiriú freisin clár digiteach dioplómaí, ar céim é i dtreo córas rianaithe céimithe a fhorbairt chun infhostaitheacht céimithe a rianú.

Tacóidh an t-athchóiriú freisin le naisc níos dlúithe idir gníomhaíochtaí teagaisc agus taighde eolaíoch, idirnáisiúnú agus rannpháirtíocht ollscoileanna na Cróite i gcomhghuaillíochtaí ollscoileanna Eorpacha na todhchaí, agus tacóidh sé le claochlú digiteach an ardoideachais.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht C3.1 R2-I1 — Claochlú digiteach an ardoideachais

Is é cuspóir an bhirt seo tacú le claochlú digiteach an ardoideachais agus ríomhfhoghlaim a éascú.

Is éard atá sa bheart infheistíochtaí i mbonneagair dhigiteacha le haghaidh teagaisc agus uirlisí teagaisc digiteacha.

P.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
265	C3.1. R1	M	Glacadh an chreata dhlíthiúil athbhreithnithe maidir leis an bhfoghlaim aosach	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil athbhreithnithe lena rialaítear an fhoghlaim aosach				R4	2021	Leis an gcreat dlíthiúil athbhreithnithe lena rialaítear oideachas daoine fásta, tacófar le meaitseáil níos fearr idir tairiscint na gclár agus riachtanais mhargadh an tsaothair, trí chláir oideachais aosaigh a ailíniú le hábhar chaighdeáin cháilíochta Chreat Cáilíochtaí na Cróite (CROQF) agus trí aitheantas don fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil a chumasú.
266	C3.1. R1	M	Anailís chuimsitheach ar riachtanais mheánoideachais	Torthaí na hanailíse cuimsithí a rinneadh ar riachtanais mheánoideachais a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na hAireachta Eolaíochta agus Oideachais				RÁITHE 1	2022	Déanfar anailís chuimsitheach ar riachtanais mheánoideachais chun tacú le bearta chun sciar na mac léinn atá cláraithe i gcláir ghinearálta mheánoideachais a mhéadú, chun sciar na mac léinn atá cláraithe i gcláir ghairme bharrachais a laghdú agus chun cláir ghairme a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair.
267	C3.1. R1	M	Glacadh na Samhla um Oideachas agus Cúram Luath-Óige a Mhaoiniú	Teacht i bhfeidhm shamhail chistiúcháin ECEC				RÁITHE 1	2023	Glacfaidh Rialtas na Cróite samhail chun costais oibriúcháin saoráidí ECEC a mhaoiniú le haghaidh bardais/aonaid rialtais áitiúil a bhfuil acmhainneacht airgeadais níos lú acu, chun

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										inbhuanaitheacht na hinfheistíochta a áirithiú tar éis athchóiriú saoráidí ECEC atá ann cheana nó tógáil saoráidí nua ECEC.
268	C3.1. R1	M	Glacadh na leasuithe le haghaidh samhail teagaisc lae iomláin	Teacht i bhfeidhm na leasuithe arna nglacadh ar an dlí lena rialaítear bunoideachas agus meánoideachas le haghaidh teagasc lae iomláin				R4	2023	Saineofar sna leasuithe ar an dlí lena rialaítear bunoideachas agus meánoideachas na coinníollacha chun teagasc lae iomlán a thabhairt isteach.
269	C3.1. R1	T	Rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige		% (céatadán)	76,3	90	R2	2026	Beidh méadú go 90 % ar sciar na leanaí idir 3 bliana d'aois agus aois scoile atá ag freastal ar ECEC le feiceáil ó staidreamh náisiúnta oifigiúil.
270	C3.1. R1-I1	T	Líon na n-áiteanna a tógadh in ECEC		Líon	0	12 000	R2	2026	Cruthófar 12000 áit nua ar a laghad in ECEC mar thoradh ar na hinfheistíochtaí bonneagair i dtógáil, in uasghrádú agus in atógáil shaoráidí ECEC. Beidh tógáil agus athchóiriú saoráidí ECEC bunaithe ar thorthaí anailíse riachtanas ina gcuirfear san áireamh acmhainneachtaí agus forbairtí déimeagrafacha na scoile.
271	C3.1. R1-I2	T	Líon na seomraí ranga bunscoile a tógadh nó a		Líon	0	286	R2	2026	Déanfar 286 sheomra ranga i mbunscoileanna a thógáil nó a atógáil lena gcruthófar acmhainneachtaí breise,

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			athchruthaíodh							arna bhformheas ag an Aireacht Eolaíochta, Oideachais agus Toilithe Óige lena gcinnfear an acmhainneacht is gá. Tógfar 4 halla spóirt nua ar a laghad. Beidh tógáil agus athchóiriú bunscoileanna bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais infheistíochtaí bonneagair, agus acmhainneachtaí na scoile agus forbairtí déimeagrafacha á gcur san áireamh.
396	C3.1. R1-I3	T	Líon na seomraí ranga meánoideachais a athchóiríodh nó a tógadh		Líon	0	52	R2	2026	Déanfar 52 sheomra ranga ar a laghad le haghaidh cláir ghinearálta mheánoideachais a athchóiriú nó a thógáil. Beidh tógáil agus athchóiriú scoileanna a bhfuil cláir mheánoideachais á reáchtáil acu bunaithe ar mheasúnú ar na hacmhainneachtaí agus ar na riachtanais atá ann cheana maidir le bonneagar fisiciúil breise.
273	C3.1. R2	M	Glacadh an Ghnímh nua um Ghníomhaíocht Eolaíoch agus um Ardoideachas	Teacht i bhfeidhm an Achta um Eolaíocht Nua agus um Ardoideachas				R3	2022	Leis an gcreat nua, beifear in ann athchóiriú eagraíochtúil a dhéanamh ar ollscoileanna poiblí agus ar institiúidí eolaíocha agus tabharfar isteach samhail chistiúcháin fheidhmíochtbhunaithe.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
274	C3.1. R2-I1	T	Bonneagar digiteach agus trealamh digiteach a sheachadtar chuig institiúidí ardoideachais poiblí		% (céatadán)	0	90	R2	2026	Bainfidh 90 % ar a laghad d’institiúidí poiblí níos airde tairbhe as uasghrádú an bhonneagair dhigitigh éighníomhaigh agus as ceannach trealaimh.

P.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht C3.1 R1-I4 — Bunscoileanna a thógáil, a uasghrádú, a atógáil agus a fheistiú le haghaidh seal aonair teagaisc lae iomláin

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo go bhfreastalóidh gach dalta bunscoile ar shealscoileanna aonair. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin bunscoileanna nua a thógáil agus na bunscoileanna atá ann cheana a uasghrádú, lena n-áirítear bonneagair spóirt.

P.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Líon	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
397	C3.1. R1-I4	T	Líon na seomraí ranga bunscoile a tógadh nó a athchruthaíodh		Líon	286	1318	R2	2026	Déanfar 1032 sheomra ranga breise ar a laghad i mbunscoileanna a thógáil nó a athchóiriú chun acmhainneachtaí breise a chruthú, arna bhformheas ag an Aireacht Eolaíochta, Oideachais agus Toilithe Óige lena gcinnfear an acmhainneacht is gá. Tógfar 197 halla spóirt nua ar a laghad. Beidh tógáil agus athchóiriú bunscoileanna bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais infheistíochtaí bonneagair, agus acmhainneachtaí na scoile agus forbairtí déimeagrafacha á gcur san áireamh.

Q. COMHCHUID 3.2: BORRADH A CHUR FAOIN ACMHAINNEACHT TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA

Tá tírdhreach taighde agus nuálaíochta poiblí na Cróite an-ilroinnte. Cuireann infheistíocht neamhleor sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht, go háirithe ón earnáil ghnó, mar aon le samhail chistiúcháin agus eagraíochtúil neamhleor ollscoileanna agus institiúidí eolaíocha, bac ar acmhainneacht iomlán earnáil taighde na Cróite. Mar thoradh air sin, tá táirgiúlacht eolaíoch, éifeachtúlacht agus aistriú eolais fós teoranta. Tá réamhchoinníollacha maidir le hacmhainní daonna a fhorbairt i réimsí na hEolaíochta, na hInnealtóireachta Teicneolaíochta agus na Matamaitice (ETIM) agus na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), rud a d'fhágfadh go bhféadfaí ullmhacht na sochaí don aistriú digiteach a mhéadú, tearcfhorbartha. Tá ilroinnt agus neamhéifeachtúlachtaí na mbeartas taighde, forbartha agus nuálaíochta agus an easpa torthaí ó infheistíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta ar cheann de na príomhchúiseanna leis an mbac ar fhás táirgiúlachta agus iomaíochais.

Is é is aidhm don chomhpháirt sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin trí na cuspóirí seo a leanas a shaothrú:

- Feabhas a chur ar an gcóras cistiúcháin institiúidigh d'ollscoileanna agus d'institiúidí eolaíocha chun táirgiúlacht eolaíoch, éifeachtúlacht agus aistriú eolais a spreagadh trí infheistíocht dhíreach agus trí chistiú méadaithe don taighde eolaíoch.

- Infheistíocht mhéadaithe i mbonneagar taighde agus in acmhainneachtaí eagraíochtúla ollscoileanna agus institiúidí eolaíocha, rud a fhágfaidh go mbeidh taighde eolaíoch ar cháilíocht níos airde ann chomh maith le feabhas a chur ar tharraingteacht gairmeacha taighde sa Chróit.

- Creat cumasúcháin nua a thabhairt isteach chun taighdeoirí a chur chun cinn agus a fhorbairt ina ngairm, i gcomhréir le sainiúlachtaí na réimsí eolaíocha, eolaithe óga ón gCróit agus eolaithe eachtracha ardcháilíochta a mhealladh agus a choinneáil.

- Creat institiúideach agus clársceidealaithe níos éifeachtúla a thabhairt isteach le haghaidh scéimeanna cistiúcháin taighde agus forbartha.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht i ndáil le taighde agus nuálaíocht (moladh tírshonrach 3, 2019).

Q.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C3.2 R1 — Acmhainneachtaí taighde agus forbartha na hearnála taighde poiblí a athchóiriú agus a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo cáilíocht agus infheictheacht idirnáisiúnta an taighde phoiblí a mhéadú, taighde spriocdhírithe agus tionchar na heolaíochta ar fhorbairt bhreise na nuálaíochta, an gheilleagair agus na sochaí a neartú trí earnáil an taighde phoiblí a atheagrú. Áireofar san athchóiriú na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Samhail nua de chomhaontuithe cláir a ghlacadh chun an córas taighde eolaíoch poiblí a chistiú,

- Buiséad na n-institiúidí eolaíocha a mhéadú le haghaidh taighde a mbeidh tionchar níos mó aige,

- Ilroinnt an chórais taighde eolaíoch a laghdú trí institiúidí taighde eolaíoch a chomhtháthú d'fhonn aistriú chuig eagrú níos éifeachtúla ollscoileanna agus institiúidí taighde,

- Feabhas a chur ar cháilíocht na hoibre taighde eolaíoch trí aistriú chuig córas cistiúcháin feidhmíochtbhunaithe a chothú.

Áireofar le cur chun feidhme an athchóirithe Gníomh nua maidir le Gníomhaíocht Eolaíoch agus Ardoideachas a ghlacadh lena soláthrófar creat dlíthiúil agus airgeadais chun ollscoileanna agus institiúidí eolaíocha a chomhtháthú go heagraíochtúil agus go feidhmiúil, chomh maith le hidirphlé maidir le cuspóirí institiúideacha agus creat cistiúcháin nua atá bunaithe ar thorthaí. Meastar go mbeidh foilseacháin ag a mbeidh tionchar níos mó, tionscadail níos iomaíche, comhar idirnáisiúnta níos láidre, agus líon méadaithe tionscadal i gcomhar le gnólachtaí mar thoradh ar an gcreat dlíthiúil agus airgeadais nua.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.

Infheistíocht C3.2 R1-I1 — Córas comhaontuithe cláir a fhorbairt chun ollscoileanna agus institiúidí taighde a chistiú atá dírithe ar nuálaíocht, taighde agus forbairt

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo feabhas a chur ar an gcóras cistiúcháin d'obair eolaíoch ollscoileanna agus institiúidí eolaíocha d'fhonn cáilíocht níos airde agus ábharthacht níos mó a bhaint amach maidir le torthaí taighde.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin cistiú a sholáthar do ghlaonna ar thionscadail taighde do na heintitis taighde phoiblí sin a shíníonn comhaontuithe cláir.

Athchóiriú C3.2 R2 — Creat a chruthú chun mic léinn agus taighdeoirí a mhealladh chuig réimsí ETIM agus TFC

Is é is cuspóir don athchóiriú seo creat cumasúcháin nua a thabhairt isteach chun dul chun cinn agus forbairt gairme a dhéanamh ar thaighdeoirí i réimsí ETIM agus TFC chun líon agus cáilíocht na dtaighdeoirí agus na ngairmithe sna hearnálacha eolaíocha agus gnó a mhéadú agus chun feabhas a chur ar an acmhainneacht nuálaíochta. San fhadtéarma, meastar go gcuirfidh an t-athchóiriú ar chumas an chaipitil dhaonna leathnú ó institiúidí eolaíocha go dtí an geilleagar trí eolas speisialaithe, ardteicneolaíochtaí, comhar idir an saol acadúil agus gnó a aistriú trí ardáin teicneolaíochta agus trí ghnólachtaí nuathionscanta agus seach-chuideachtaí ardteicneolaíochta a fhorbairt, chomh maith le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta oscailte.

Déanfar gairmeacha eolaíocha níos tarraingtí trí bheartas earcaíochta soiléir, trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas i bpríomhréimsí an taighde eolaíoch. Cuirfear gairmeacha eolaíochta in ETIM agus TFC chun cinn ó na leibhéil oideachais is luaithe. Leasófar an creat reachtach chun aghaidh a thabhairt ar an tsamhail earcaíochta agus ardaithe céime i gcóras taighde eolaíoch na Cróite atá neamhiomaíoch agus a bhfuil ualach riaracháin ag baint léi.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.

Infheistíocht C3.2 R2-I1 — Samhail chumasúcháin a fhorbairt le haghaidh dul chun cinn gairme taighdeoirí agus taighde eolaíoch ceannródaíoch a dhéanamh i réimsí ETIM agus TFC

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo creat cumasúcháin agus córas dreasachta nua a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun gairmeacha taighdeoirí a fhorbairt.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht glaonna ar dheontais taighde chun taighdeoirí óga, cláir oiliúna agus soghluaisteacht leis an earnáil ghnó a spreagadh.

Infheistíocht C3.2 R2-I2 — Infheistíocht i dtaighde — bonneagar teicneolaíochta i réimsí ETIM agus TFC

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú leis an aistriú digiteach trí infheistíochtaí i bpríomhthionscadail bhonneagair le haghaidh taighde feidhmeach agus spriocdhírithe.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sé thionscadal bonneagair a thógáil chun tacú go díreach le gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta.

Athchóiriú C3.2 R3 — Feabhas a chur ar éifeachtúlacht na hinfheistíochta poiblí sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht

Is é is cuspóir don athchóiriú seo samhail rialachais níos feidhmiúla agus níos éifeachtúla a chur chun feidhme le haghaidh taighde iomaíoch agus scéimeanna forbartha agus nuálaíochta a chur i bhfeidhm lena gcumasófar próiseas roghnúcháin níos tapúla atá bunaithe ar fhiúntas de thionscadail taighde.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										sholáthraítear.
304	C4.3. R1	T	Tairbhithe an tSochair Íosta Ráthaithe agus cúiteamh náisiúnta do dhaoine scothaosta		Líon	66 890	68 000	RÁITHE 1	2026	Ardófar go 68000 an líon iomlán tairbhithe a gheobhaidh an Sochar Íosta Ráthaithe nó cúiteamh náisiúnta do dhaoine scothaosta.
305	C4.3. R1	M	Riail normatach a ghlacadh maidir le sochair shóisialta atá comhtháite go feidhmiúil	Teacht i bhfeidhm an Achta Leasa Shóisialaigh nó an Achta um Fhorlíonadh Cuimsitheach				R4	2024	Leasuithe ar an Acht Leasa Shóisialaigh nó ar an Acht um Fhorlíonadh Cuimsitheach ar shochair shóisialta chomhtháite lena ndéanfar an méid seo a leanas: —An Sochar Íosta Ráthaithe a leasú tríd an mbunmhéid a mhéadú go EUR 160, trí Chinneadh ar bhonn mhéid an tsochair íosta ráthaithe a ríomh, agus faoi 25 % ar a laghad i gcás teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, agus comhtháthú iomlán an tSochair Íosta Ráthaithe (GMB) le sochair shóisialta eile a áirithiú. —Comhtháthú (feidhmiúil) na sochar sóisialta a shainiú ar bhonn sainanailíse; —Na forálacha maidir le hincháilitheacht chun sochair shóisialta a fháil a neartú inter alia

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										trí úsáid níos fearr a bhaint as tástáil acmhainne agus ioncaim; —Bearta agus forálacha a chur san áireamh chun cumhdach, leordhóthanacht agus spriocdhíriú na sochar sóisialta a fheabhsú, bunaithe ar anailís shaineolach agus béim ar leith á leagan ar dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht mharthanach; —Forálacha a bheith ann maidir leis an bpróiseas faireacháin agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha le linn an chur chun feidhme; — Innéacsú a thabhairt isteach mar ghné chaighdeánach de shochair shóisialta —Forálacha a bheith ann maidir le meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht agus leordhóthanacht sochar sóisialta;
398	C4.3. R1	M	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht Leasa Shóisialaigh agus glacadh an Chinnidh maidir le sochar íosta	Teacht i bhfeidhm an Achta Leasa Shóisialaigh leasaithe agus glacadh an chinnidh ag an Rialtas				R4	2023	Déanfar an méid seo a leanas leis na leasuithe ar an Acht Leasa Shóisialaigh: — Deireadh a chur leis na forálacha dlíthiúla lena sainordaítear méideanna Íossochair Ráthaithe (GMB) eisíoctha a aisíoc agus liain a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			ráthaithe							fhorchur ar na maoine atá faoi úinéireacht tairbhithe GMB, —An t-ualach riaracháin ar thairbhithe an bhirt atá bunaithe ar an margadh domhanda a mhaolú trí shásra reachtúil a bhunú chun liain a bhaint go huathoibríoch. Glacfaidh an rialtas Cinneadh ar bhonn mhéid an tsochair íosta ráthaithe a ríomh. Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024 agus ardóidh sé an bonnmhéid go EUR 150.
307	C4.3. R1-I1	T	Rochtain na n-aonad rialtais áitiúil ar shochair shóisialta le haghaidh gach tairbhí aonair		Céatadán	0	1	R4	2025	Beidh rochtain fheidhmiúil ag gach aonad rialtais áitiúil agus réigiúnach ar na sonraí uile atá ar fáil maidir le sochair shóisialta do gach tairbhí aonair.
308	C4.3. R1-I2	M	Infhaighteacht dhigiteach faisnéise maidir le sochair chosanta sóisialta ar an leibhéal náisiúnta	Feidhmchlár gréasáin forbartha agus feidhmiúil chun faisnéis a chur ar fáil maidir le sochair shóisialta lena ngabhann critéir agus coinníollacha atá curtha chun feidhme chun 12 chineál sochar sóisialta a fháil i gcóras cosanta sóisialta ar an leibhéal				R4	2024	Ar bhonn comhad tionscadail agus sonraíocht theicniúil, forbrófar feidhmchlár gréasáin agus cuirfear ar fáil do gach saoránach é. Tabharfaidh an t-iarratas rochtain ar fhaisnéis maidir leis na sochair slándála sóisialta uile atá ann cheana sa chóras cosanta sóisialta agus an deis tháscach iad a fháil ar an leibhéal náisiúnta. Beidh na critéir agus na coinníollacha chun

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				náisiúnta						12 chineál sochar sóisialta a fháil i gcóras cosanta sóisialta ar an leibhéal náisiúnta ar fáil san iarratas.
309	C4.3. R2	T	Oiliúint a chur ar ghairmithe meantóireachta sóisialta		Líon	0	220	R2	2022	Cuirfear oiliúint ar mheantóirí sóisialta i gcrích trí 15 mhodúl agus cuirfidh 220 gairmí i gcrích í. Leanfaidh an tseirbhís sin prionsabail ghairm na hoibre sóisialta agus comhlánóidh sí gníomhaíochtaí ionad leasa shóisialaigh atá ann cheana. Tabharfar aghaidh ann ar an ngá atá le comhoibriú le soláthraithe seirbhísí sóisialta pobalbhunaithe eile agus ar an ngá atá le tairbhithe na gcóras leasa shóisialta a rannpháirtiú go gníomhach chun a n-eisiamh sóisialta féin a shárú.
310	C4.3. R2-I1	T	Fostú gairmithe meantóireachta sóisialta		Líon	0	220	R4	2025	Fostaíodh 220 gairmí meantóireachta sóisialta ar fud gach ceann de na 21 Seirbhís Réigiúnacha in Institiúid na Cróite um Obair Shóisialta.
312	C4.3. R3	M	Glacadh an Phlean Náisiúnta um Fhorbairt Seirbhísí	Glacadh an Phlean Náisiúnta um Fhorbairt Seirbhísí Sóisialta 2021-				R3	2021	Sainaithneofar sa Phlean Náisiúnta um Fhorbairt Seirbhísí Sóisialta 2021-2027 tosaíochtaí maidir le seirbhísí sóisialta a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			Sóisialta 2021-2027	2027						fhorbairt agus leagfar amach ann riachtanais na ngrúpaí úsáideoirí uile maidir le cineálacha éagsúla cúraim, idir neamh-institiúideach agus institiúideach, d'fhonn plean cúraim córasach iomlánaíoch a bhaint amach a bheidh saincheaptha do riachtanais na n-úsáideoirí. Saineofar agus socrófar sa phlean freisin na critéir is gá chun seirbhísí cónaithe, seirbhísí baile agus seirbhísí pobail a fhorbairt chomh maith le seirbhísí eile a fheabhsaíonn an cháilíocht saoil agus a chuireann ar chumas úsáideoirí fanacht níos faide ina dtithe agus ina bpobal. Leagfar amach sa phlean freisin tabhairt isteach seirbhíse meantóireachta sóisialta, chomh maith leis an aistriú ó sheirbhísí institiúideacha go seirbhísí baile agus pobalbhunaithe i gcúram do dhaoine scothaosta, lena ndéanfar an méid seo a leanas: —Tacú le forbairt seirbhísí baile agus seirbhísí pobalbhunaithe le haghaidh cúram fadtéarmach; —A áirithiú nach mbeidh seirbhísí institiúideacha ar fáil ach amháin do na daoine scothaosta sin a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										bhíonn ag brath go hiomlán, ó thaobh feidhme de, ar chúram institiúideach, agus nach féidir a riachtanais a sholáthar trí sheirbhísí lasmuigh den institiúid; —Pleanáil cúraim leathchónaithe nó chónaithe a thabhairt isteach, agus tosaíocht láidir á tabhairt do sheirbhísí cúraim baile agus infhaighteacht seirbhísí agus riachtanais úsáideoirí á gcur san áireamh.
313	C4.3. R3	M	Caighdeáin chóireála a ghlacadh do chúntóirí teaghlaigh	Caighdeáin chóireála a ghlacadh do chúntóirí teaghlaigh				R4	2022	Le caighdeáin forbartha chun gníomhaíochtaí cúntóirí teaghlaigh a rialáil, beifear in ann seirbhísí ar an láthair a sholáthar go comhchuibhithe i dteach an tairbhí i gcomhar le geallsealbhóirí eile ar leibhéal an phobail áitiúil.
314	C4.3. R3-I1	T	Acmhainneacht an duine a neartú chun seirbhísí pobalbhunaithe a sholáthar		Líon	0	400	R4	2024	Déanfar institiúidiú a chosc trí ghairmithe nua a earcú sa tseirbhís shóisialta chun seirbhísí lasmuigh den institiúid a sholáthar agus trí Chomhairleoirí a oiliúint agus a cheadúnú maidir le bearta dlíthiúla cosanta teaghlaigh. Go háirithe, déanfar oiliúint agus ceadúnú leanúnach agus

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										spriocdhírithe ar ghairmithe in institiúidí leasa shóisialta chun bearta dlíthiúla cosanta teaghlaigh a chur chun feidhme do leanaí (oideachas agus ceadúnú le haghaidh 750 gairmí san iomlán sa tseirbhís shóisialta — Comhairleoirí maidir le bearta dlíthiúla cosanta teaghlaigh agus oiliúint 30 Cúntóir Teaghlaigh). Earcófar an líon 400 oibrí gairmiúil in institiúidí cúraim shóisialta agus i soláthraithe seirbhísí sóisialta.
316	C4.3. R3-I3	M	Ríomh chóras TF na bpraghsanna le haghaidh seirbhísí sóisialta agus soláthraithe seirbhíse sa líonra	Córas TF forbartha agus feidhmiúil chun praghsanna a ríomh do na seirbhísí sóisialta uile agus do na soláthraithe seirbhíse uile sa líonra	Líon	0	1	R2	2023	Córas TF bainistithe sonraí a forbraíodh chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú go huathoibríoch agus chun praghsanna a ríomh do gach cineál seirbhíse sóisialta a sholáthraítear agus do gach soláthraí seirbhíse sóisialta sa líonra. Maoineofar leis an infheistíocht ceanglais bogearraí, crua-earraí agus oideachais chun feidhmiúlacht iomlán an réitigh a chumasú.
317	C4.3. R3-I4	T	Tógáil ionad do dhaoine scothaosta, cúram		Líon	0	9	R2	2026	Naoi n-ionad do dhaoine scothaosta a thógáil ina mbeidh toilleadh do 900 tairbhí, go

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			institiúideach, cúram baile agus cúram pobail							heisiach do dhaoine a bhraitheann go hiomlán ar chúram institiúideach agus nach féidir a riachtanais a chur ar fáil ar leibhéal an bhaile nó ar leibhéal an phobail. Ina theannta sin, cruthóidh na hionaid do dhaoine scothaosta dálaí chun cúram pobail agus seirbhísí lasmuigh den institiúid a sholáthar do dhaoine scothaosta atá ina gcónaí sa bhaile.

T.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht C4.3 R3-I2 — Feabhas a chur ar dhigitiú an chórais leasa shóisialta agus ionaid leasa shóisialta a nascadh le soláthraithe seirbhísí sóisialta

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo uasghrádú a dhéanamh ar fheidhmchlár baile an chúraim shóisialta lena mbainistítear agus lena dtaifeadtar nósanna imeachta a bhaineann le haitheantas a thabhairt do chearta chun seirbhísí sóisialta ag soláthraithe seirbhíse aonair. Áireofar san infheistíocht comhtháthú an fheidhmchláir sa chóras TF leasa shóisialaigh aonair lena gcuirtear ardán digiteach aonair ar fáil chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar shonraí maidir le húsáideoirí agus seirbhísí leasa.

Tabharfar an infheistíocht chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

T.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
315	C4.3. R3-I2	T	Córas Faisnéise Aonair (córas faisnéise SocSkrb)		Líon	0	1	R4	2024	Is é cuspóir na hinfheistíochta seo uasghrádú a dhéanamh ar an bhfeidhmchlár cúraim shóisialta lena mbainistítear agus lena dtaifeadtar nósanna imeachta a bhaineann le cearta chun seirbhísí sóisialta a aithint ina gcóras feidhmiúil TF aonair ina mbeidh na geallsealbhóirí uile rannpháirteach sa phróiseas maidir le cearta a aithint agus seirbhísí a sholáthar don úsáideoir, agus ar an gcaoi sin beifear in ann faireachán agus anailís a dhéanamh ar shonraí maidir le húsáideoirí agus seirbhísí sa chóras leasa shóisialaigh, amhail faisnéis maidir leis na háiteanna atá ar fáil le soláthraithe seirbhíse agus praghsanna a seirbhísí. Déanfar an réiteach bogearraí forbartha a chomhtháthú sa chóras faisnéise SocSkrb atá ann cheana agus atá in úsáid ag lárionaid leasa shóisialta. Ar deireadh, cumasófar leis sin nascadh TF na n-ionad leasa shóisialta uile leis na soláthraithe seirbhísí sóisialta a mhaoinítear le buiséad an stáit.

COMHPHÁIRT 5.1 U.: ATHLÉIMNEACHT AN CHÓRAIS CÚRAIM SLÁINTE A NEARTÚ

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, ar measa fós iad mar gheall ar phaindéim COVID-19, a bhaineann le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht an chórais cúraim sláinte i ndáil le meánionchas saoil an Aontais, cúram lag coisctheach, ainsealach agus fadtéarmach. Is é cuspóir uileghabhálach na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sa chomhpháirt sin éifeachtúlacht, cáilíocht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht airgeadais an chórais sláinte a fheabhsú.

Áireofar sa chomhpháirt na bearta seo a leanas:

- Samhlacha nua cúraim a thabhairt isteach d'othair, agus béim ar leith á leagan ar chúram coisctheach agus ainsealach othar ailse;
- Ospidéil a chomhtháthú go feidhmiúil agus ospidéil lae a neartú ar an leibhéal tánaisteach agus ar an leibhéal treasach (cothrománach agus ingearach);
- Sciar na speisialtóirí teaghlaigh i líon iomlán na ndochtúirí atá ar conradh i gcoitinne agus i bhfoirne teaghlaigh a mhéadú;
- Feabhas a chur ar an gcóras digitithe soláthair chomhpháirtigh chun ospidéil atá faoi úinéireacht contae a áireamh, d'fhonn coigilteas suntasach a dhéanamh sa chóras agus cáilíocht a fheabhsú;
- Úsáid fhorleathan a bhaint as lárchóras ullmhúcháin in 8 n-ospidéal agus córas dáilte teiripe aonaid a thabhairt isteach i 40 ospidéal.

Rannchuideoidh an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le hathléimneacht an chórais sláinte a fheabhsú, dáileadh geografach cothrom na n-oibrithe agus na saoráidí sláinte, comhar níos dlúithe idir gach leibhéal riaracháin agus infheistíochtaí i ríomhsheirbhísí sláinte (moladh tírshonrach 1.2, 2020), chomh maith le rannchuidiú le rochtain ar bhonneagar digiteach agus ar sheirbhísí digiteacha a mhéadú (moladh tírshonrach 2.3, 2020), agus sealbhú scileanna a chur chun cinn (moladh tírshonrach 2.4, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

U.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C5.1 R1 — Éifeachtúlacht, cáilíocht agus inrochtaineacht an chórais sláinte a fheabhsú

Is é is cuspóir don bheart seo rochtain chomhionann ar chúram sláinte príomhúil a mhéadú, go háirithe i gceantair thuaithe, iargúlta agus oileánacha, trí raon agus cáilíocht na seirbhísí ar leibhéal dochtúirí teaghlaigh (cleachtóirí ginearálta) a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin an t-ualach ar na hospidéil a laghdú. Chun na torthaí sláinte a rianú ar bhealach níos fearr, bunófar creat an Mheasúnaithe ar Fheidhmíocht na gCóras Sláinte (HSPA) chun rannchuidiú le príomhtháscairí feidhmíochta a chruthú de réir modheolaíocht shainithe d'fhonn bearta a nascadh leis na cuspóirí a leagtar amach sna páipéir straitéise náisiúnta agus sna hathchóirithe, agus tráthúlacht na sonraí sláinte atá ar fáil le haghaidh anailís straitéiseach agus beartais a fheabhsú.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht C5.1 R1-I4 — Diagnóisic íomhá digití den Lárionad Ospidéal Cliniciúil ‘KBC Split’

Is é cuspóir an bhirt seo diagnóis íomhánna digiteacha KBC Split a uasghrádú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar chúram sláinte i réimse chosc, chóireáil agus dhiagnóisiú na ngalar. Beidh sé d’aidhm ag an infheistíocht cáilíocht agus inrochtaineacht an chúraim sláinte a mhéadú do gach catagóir othar, torthaí cliniciúla a fheabhsú, agus diagnóisic níos luaithe agus ar cháilíocht níos fearr a chur ar fáil, go háirithe in othair phéidiatraiceacha agus oinceolaíocha. Go háirithe, déanfaidh sé seirbhísí agus próisis sláinte a dhigitiú, trédhearcacht a áirithiú i soláthar seirbhísí sláinte, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní an chórais ospidéil agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú amach anseo. Leis an infheistíocht, oiriúnófar an spás chun an trealamh leighis nuafhaighte a óstáil, lena n-áirítear athshondas Maighnéadach 3T, an t-angio-seomra digiteach Neurointervention DSA, meaisín diascópach digiteach RTG agus seomra gastraiteireolaíoch iondoscópach.

Críochnófar an beart faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht C5.1 R1-I5 — Bloc oibriúcháin lárnach ‘OB Varaždin’ a thógáil agus a fheistiú

Is é is aidhm don infheistíocht acmhainní an chórais cúraim sláinte ospidéil a bharrfheabhsú, sábháilteacht othar a mhéadú agus dálaí leordhóthanacha a chur ar fáil d’obair na foirne cúraim sláinte. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin bloc oibriúcháin lárnach a thógáil agus a fheistiú agus conairí nasctha a thógáil le saoráidí leighis atá ann cheana.

Infheistíocht C5.1 R1-I6 — Ospidéal Cliniciúil na diagnóisice íomhá digití ‘KB Dubrava’

Is é is cuspóir don bheart seo trealamh raideolaíoch digiteach a cheannach d’Institiúid Chliniciúil KB Dubrava um Raideolaíocht Diagnóiseach agus Idirghabhála a chuireann seirbhís ar fáil do níos mó ná 350000 othar. Ar an iomlán, meastar go gcuirfidh an infheistíocht sin feabhas suntasach ar cháilíocht agus ar inrochtaineacht an chúraim sláinte do gach catagóir othar, go gcuirfidh sí feabhas ar an diagnóis, ar an gcóireáil agus ar an bhfaireachán iarchóireála, agus, dá bhrí sin, ar thorthaí cliniciúla do gach grúpa othar, lena n-áirítear d’othair a dteastaíonn an chóireáil is casta uathu i gclinicí agus in aonaid eagraíochtúla an ospidéil. Mar thoradh air sin, meastar go laghdófar fad an ospidéalaithe, aimhréidheanna, ospidéalú in aonaid dianchúraim, costais chóireála agus liostaí feithimh. Áireofar san infheistíocht trealamh úrscothach a cheannach.

Críochnófar an beart faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht C5.1 R1-I7 — Saoráidí nua a sholáthar d’ospidéal lae agus do mháinliacht aon lae agus iontráil chomhtháite éigeandála in ospidéal agus oiriúnú do Chlinic na Néar-Mháinliachta ag Lárionad Ospidéal Cliniciúil ‘KBC Sestre Milosrdnice’

Is é is cuspóir don bheart seo an acmhainneacht chun cóir leighis a chur ar othair a mhéadú 22 % ar a laghad i gcomparáid le líon na n-othar a gcuirtear cóir leighis orthu faoi láthair. Meastar go gcuirfidh an infheistíocht feabhas mór ar cháilíocht an chúraim sláinte do thart ar 700000 othar ar chuir KBC cóireáil orthu, ar éigeandálaí thart ar 300000 díobh agus go gcuirtear cóireáil ar thart ar 40000 othar in ospidéal lae agus i máinliacht. Leis an mbeart, cuirfear saoráidí nua ar fáil d’ospidéal lae agus do mháinliacht lae agus d’iontráil chomhtháite éigeandála ospidéil agus déanfar Clinic Néar-Mháinliachta a oiriúnú sa Lárionad Ospidéal Cliniciúil (KBC) Sestre Milosrdnice.

Críochnófar an beart faoin 31 Márta 2024.

Infheistíocht C5.1 R1-I8 — Cóireáil réamhoibríochtúil agus cóireáil othar a bhfuil titimeas cógaiseora orthu in Ospidéal Ginearálta ‘KB Dubrava’

Is é cuspóir an bhirt seo tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Institiúid Néareolaíochta KB Dubrava chomh maith le modhanna agus cóireálacha réamhoibríochtúla titimis in othair atá frithsheasmhach in aghaidh cógasaíochta. Áireofar san infheistíocht trealamh úrscothach a fháil agus acmhainneacht spásúil a oiriúnú.

Críochnófar an beart faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht C5.1 R1-I9 — Lárionad Ospidéal Cliniciúil 'KBC Zagreb' a fhorbairt, Céim III — trealamh leighis agus neamhleighis a fheistiú

Is é is cuspóir don bheart seo cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chumasú agus rochtain ar chúram a mhéadú ar leibhéil threasacha agus cheathartha cúraim sláinte. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo trealamh leighis agus neamhleighis a cheannach in Ionad Ospidéal Cliniciúil Ságrab.

Athchóiriú C5.1 R2 — Samhail chúraim nua a thabhairt isteach le haghaidh príomhdhúshláin sláinte

Is é cuspóir an bhirt seo cáilíocht na seirbhísí cúraim sláinte a fheabhsú agus a chomhchuibhiú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo ríomh-Treoirlínte Cliniciúla comhtháite a fhorbairt.

Infheistíocht C5.1 R2-I1 — Ceannach trealaimh chun othair ailse a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil

Is é is cuspóir don bheart seo cóireáil optamach a áirithiú do gach othar oinceolaíoch sa Chróit gan mhoill, agus úsáid á baint as teicnící radaiteiripe nua-aimseartha. Is éard atá sa bheart seo trealamh leighis a cheannach.

Infheistíocht C5.1 R2-I2 — Trealamh a fháil agus a chur chun feidhme chun an Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta agus an Bunachar Sonraí Náisiúnta Oinceolaíochta a bhunú

Is é cuspóir an bhirt seo líonra náisiúnta a chruthú don Bhunachar Sonraí Náisiúnta Oinceolaíochta, lena nascfar agus lena dtaifeadfar sonraí ó chórais faisnéise ospidéil agus ó chórais eile tríd an uathoibreánachas., Is éard atá i gceist leis an mbeart sin ardán TF a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar othair oinceolaíocha agus chun líonra oinceolaíoch náisiúnta a chruthú.

Athchóiriú C5.1 R3 — Córas bainistithe straitéisigh acmhainní daonna i réimse na sláinte a thabhairt isteach

Is é is aidhm don athchóiriú sin rochtain ar chúram sláinte a mhéadú do shaoránaigh, go háirithe dóibh siúd i gceantair thuaithe agus i gceantair nach bhfuil an daonra chomh dlúth sin iontu agus, ag an am céanna, éifeachtacht an leighis éigeandála a fheabhsú agus córas sláinte ardcháilíochta agus éifeachtúil a áirithiú. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, cuirfear sainoiliúint ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte, go háirithe dochtúirí ar leibhéal an chúraim sláinte phríomhúil agus d'altraí agus do theicneoirí i réimse an leighis éigeandála, agus ar an gcaoi sin dáileadh geografach cothrom gairmithe sláinte agus slí bheatha leordhóthanach Líonra na Seirbhíse Sláinte Poiblí a bhaint amach. Thairis sin, beartaítear leis an athchóiriú go nglacfar Plean Forbartha Sláinte Náisiúnta 2021-2027 lena ndéanfar an méid seo a leanas:

— Riachtanais forbartha a shainiú chun córas cúraim sláinte atá solúbtha, éifeachtúil agus bainistithe go hiomlánaíoch a bhaint amach;

— Bearta a léiriú maidir le sláinte a chur chun cinn go rathúil agus galair a chosc;

— Comhordú soláthraithe cúraim sláinte a thabhairt isteach agus samhlacha cóireála agus athshlánaithe a chlaochlú i dtreo bainistiú gníomhach próisis cúraim ag gach céim agus ag gach leibhéal;

— Comhtháthú seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a shainiú agus samhlacha comhtháite cúraim fhadtéarmaigh a fhorbairt;

— Bearta a thabhairt isteach chun cáilíocht an chúraim sláinte agus sábháilteacht na n-othar a rialú agus a fheabhsú;

— Feabhas a chur ar fhorálacha maidir le bainistiú foirne;

— Cuspóirí sonracha a thabhairt isteach a rannchuidíonn go hindíreach leis an gcuspóir straitéiseach a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Athchóiriú (NRS) a bhaint amach faoi 2030.

Is mar seo a leanas a chuirfear leis an méadú sna blianta sláinte d'ionchas saoil:

— Stíleanna maireachtála sláintiúla agus cosc galar a chur chun cinn, ar príomhfhadhb sláinte poiblí iad;

— Cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú trí fheabhas a chur ar éifeachtacht, sábháilteacht, inrochtaineacht agus comhtháthú feidhmiúil gach leibhéil agus gach cuid den chúram sláinte;

— An tsamhail chúraim nua a thabhairt isteach le haghaidh príomhdhúshláin sláinte amhail galair chardashoithíocha, oinceolaíocha agus neamhchoitianta, agus diaibéiteas chun fad a chur leis an bhfad saoil agus chun feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil

— Áit inmhianaithe fostaíochta a dhéanamh den chóras sláinte trí rialachas straitéiseach, agus ar an gcaoi sin líon agus dáileadh barrmhaith na bhfostaithe sa chóras sláinte a áirithiú;

— Samhail mhaoinithe agus bhainistíochta an chórais sláinte a fheabhsú.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Infheistíocht C5.1 R3-I1 — Cistiú lárnach le haghaidh speisialtóireachtaí

Is é is cuspóir don bheart seo a áirithiú go mbeidh rochtain leordhóthanach ag an bpobal ar na seirbhísí sláinte uile i bhfianaise ganntanas dochtúirí freisin. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin sainoiliúint a chur ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte, do dhochtúirí leighis ag an mbunleibhéal príomhúil cúraim sláinte, agus i réimse na sláinte poiblí chomh maith.

Infheistíocht C5.1 R3-I2 — Oiliúint speisialaithe altraí agus teicneoirí sa leigheas éigeandála

Is é is cuspóir don bheart seo é a chur ar a gcumas d'altraí agus do theicneoirí sa leigheas éigeandála oibriú go neamhspleách i seirbhísí leighis éigeandála. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo sainoiliúint a chur ar fáil d'altraí agus do theicneoirí sa leigheas éigeandála

Athchóiriú C5.1 R4 — Inbhuanaitheacht airgeadais an chórais sláinte a áirithiú

Is é is cuspóir don bheart seo aghaidh a thabhairt ar an ardú neamh-inbhuanaithe ar riaráistí, ar nósanna imeachta neamhréireacha agus ar sholáthar cógas costasach sa chóras sláinte, agus é mar aidhm leis córas sláinte poiblí atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de a bhaint amach, trí chaighdeán aonfhoirmeach ullmhúcháin, conraitheoireachta agus cur chun feidhme a dhéanamh, ar nósanna imeachta iad a mbíonn tionchar acu ar na bealaí agus ar na féidearthachtaí a bhaineann le cúram sláinte a sholáthar. Áireofar san athchóiriú athbhreithniú ar an gcreat reachtach ina bhfuil an tAcht um Chúram Sláinte agus an tAcht um Árachas Sláinte Éigeantach ina mbeidh na heilimintí seo a leanas:

- Feabhas a chur ar eagrú ghníomhaíochtaí leighis éigeandála na hInstitiúide um Leigheas Éigeandála agus cúraimí oibríochtúla a dhéanamh trí aonaid eagraíochtúla shainithe;
- Atheagrú na seirbhíse sláinte poiblí agus é mar aidhm aige a héifeachtúlacht a mhéadú, agus béim ar leith á leagan ar chosc agus ar dhiagnóisiú luath, ar fhreagairt fheabhsaithe i gcúinsí éigeandála agus speisialta (paindéimí);
- Cearta bainistíochta ospidéal a aistriú ó na contaetha agus ó Chathair Shágraib go Poblacht na Cróite, chun úsáid éifeachtúil agus éifeachtach na n-acmhainneachtaí atá ann cheana a bhaint amach, agus chun infhaighteacht agus cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú trí shamhail bhainistíochta na n-ospidéal a atheagrú;
- An t-am ar liostaí feithimh do sheirbhísí leighis aonair a ghiorrú, na hacmhainní cúraim sláinte atá ar fáil a bharrfheabhsú agus a dháileadh ar bhealach níos fearr ó árachas sláinte éigeantach chun seirbhísí sláinte níos inrochtana a bhaint amach do dhaoine árachaithe;
- Forálacha bainistíochta airgeadais a neartú agus caipiteal airgeadais á ráthú ag an am céanna chun cobhsaíocht airgeadais an chórais sláinte poiblí a bhaint amach;
- Athruithe reachtacha chun comhlíonadh tráthúil oibleagáidí íocaíochta Chiste Árachais Sláinte na Cróite (HZZO) a chinntiú.

Bainfidh an t-athchóiriú na spriocanna seo a leanas amach:

- Cuirfear comhtháthú feidhmiúil 8 n-ospidéal ar a laghad i gcrích;
- 85 % ar a laghad de chatagóirí ceannaigh, arb ionann iad agus 80 % ar a laghad de chaiteachas iomlán na n-ospidéal faoi bhainistíocht rialtais, arna soláthar trí nós imeachta soláthair chomhpháirtigh.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht C5.1 R4-I1 — Ullmhúchán lárnach d’ullmhóidí paireintreacha in 8 n-ospidéal de chuid na Cróite

Is é is cuspóir don bheart seo costais a laghdú agus an leibhéal sábháilteachta is airde a sholáthar maidir le húsáid cógas paireintreach, earráidí cógais a chosc, laethanta breise ospidéalaithe agus an t-ualach ar dhochtúirí agus ar altraí i roinn an ospidéil a laghdú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo lárchóras ullmhúcháin a chur chun feidhme le haghaidh na n-ullmhúchán paireintreach in ospidéil.

Infheistíocht C5.1 R4-I2 — Córas dáileacháin teiripe aonaid a thabhairt isteach i 40 ospidéal de chuid na Cróite

Is é is cuspóir don bheart seo rannchuidiú le sábháilteacht othar a mhéadú, earráidí cógais a chosc, stoic cógas a rialú agus abhcóideacht othar a mhéadú, arb é is aidhm dó torthaí foriomlána cóireála a fheabhsú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo córas dáileacháin teiripe aonaid a thabhairt isteach in ospidéil.

Infheistíocht C5.1 R4-I3 — An rianú cógas leighis a dhigitiú trí institiúidí cúraim sláinte ar leibhéil thánaisteacha agus threasacha cúraim sláinte

Is é cuspóir an bhirt seo conair na ndrugaí a dhigitiú chun go mbeidh córas sláinte na Cróite in ann faireachán a dhéanamh ar thomhaltas cógas. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin réiteach TF comhtháite feidhmiúil a sholáthar chun faireachán iomlán a dhéanamh ar na cógais sa chóras ospidéil ón gcógaslann go dtí an t-othar.

Infheistíocht C5.1 R4-I4 — Córas faireacháin agus coiscthe ganntanas cógas a fhorbairt sa Chróit

Is é is cuspóir don bheart seo bainistiú spriocdhírithe a thabhairt isteach ar shonraí stoc-charn cógas arb é is aidhm dó níos mó éifeachtúlachta a cheadú maidir le cógais leighis a fháil. Leis an mbeart, bunófar córas beacht oibríochtúil chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar láimhdeachas cógas áirithe.

Infheistíocht C5.1 R4-I5 — Córas faireacháin ar thorthaí cóireála a thabhairt isteach le haghaidh cúram othar seachtrach agus béim á leagan ar othair ainsealacha i gcógaslanna poiblí

Is é is cuspóir don bheart seo pleanáil, faireachán agus meastóireacht níos córasaí a bhaint amach maidir le costéifeachtacht infheistíochtaí i dteiripe chógaisíochta othar neamhospidéil. Is éard atá i gceist leis an mbeart clár faireacháin a chruthú le haghaidh torthaí othar i gcógaslanna poiblí.

Athchóiriú C5.1 R5 — r-Shláinte

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar an acmhainneacht bhainistíochta trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as sonraí agus réitigh nuálacha sláinte a spreagadh chun feabhas a chur ar bhainistiú an chórais sláinte. Le hathchóiriú na r-Shláinte, tacófar le hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine ar na seirbhísí sláinte riachtanacha (lena n-áirítear cosc, cóireáil, athshlánú agus cúram maolaitheach) ar cháilíocht leordhóthanach. Áireofar san athchóiriú an creat náisiúnta teilileighis a ghlacadh d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Raon feidhme na seirbhísí teilileighis a leathnú agus idir-inoibritheacht leis an gcóras náisiúnta faisnéise sláinte agus oiriúnacht do mhalartú trasteorann amach anseo a áirithiú;
- Paraiméadair atá ríthábhachtach d'othair a tharchur ón tSeirbhís Sláinte Éigeandála (HMS) chuig Comhsheirbhís Ospidéal Éigeandála (OHBP) agus cianfhaireachán a dhéanamh ar othair sheachtracha.
- Cianfhaireachas ar Sheirbhís Cúraim Sláinte Éigeandála (HMS) agus plean gníomhaíochta a bhunú chun maoirseacht agus creat a thabhairt isteach chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme, bunaithe ar dhoiciméid Anailís Staide, Creat Náisiúnta agus Plean Gníomhaíochta a sholáthraítear faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ghaolmhar.

Beidh na feidhmiúlachtaí seo a leanas sa chóras náisiúnta bainistíochta faisnéise r-Shláinte:

- Tuairisciú rialta ar shláinte an daonra mar bhonn do ghníomhaíochtaí spriocdhírithe chun galair a chosc agus a bhainistiú;
- Acmhainneachtaí anailísíochta sonraí náisiúnta a fhorbairt, lena n-áirítear comhtháthú soláthraithe cúraim sláinte agus comhéadan othar leis na bonneagair agus na cleachtais atá ann cheana;
- Acmhainneachtaí náisiúnta a fheabhsú chun an Intleacht Shaorga agus an ríomhaireacht ardfheidhmíochta a chur in úsáid, lena n-ardófar leibhéal na cibearshlándála r-Shláinte agus na n-ardscileanna digiteacha do ghairmithe cúraim sláinte, chomh maith le hothair trí ardteicneolaíochtaí, go háirithe an intleacht shaorga;
- Forbairt seirbhísí sláinte nua a chumasú bunaithe ar shonraí a bhailítear go hanaithnid agus atá ar fáil sa chóras sláinte.

Tacóidh cúig infheistíocht a ghabhann leis (C5.1 R5-I1 go I5) leis an athchóiriú.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht C5.1 R5-I1 — Comhtháthú digiteach amharclann oibriúcháin agus máinliachta róbataice ag KBC Split

Is é is cuspóir don bheart seo cóir leighis chuimsitheach a chur ar othair a bhfuil galair urchóideacha orthu agus bearta optamaithe cúraim sláinte a chomhtháthú. Ar an gcaoi sin, táthar ag súil go

gcuirfidh an infheistíocht feabhas ar thorthaí sláinte a bhuí le samhail chúraim nua a thabhairt isteach d'othair, go háirithe cóireálacha máinliachta úrscothacha nua. Tugann an infheistíocht aghaidh ar dhigitiú amharclann oibriúcháin agus ar cheannach trealaimh le haghaidh ardchóireáil ailse in KBC Split.

Críochnófar an beart faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht C5.1 R5-I2 — TELECORDIS

Is é cuspóir an bhirt seo seirbhísí cairdeolaíochta a dhigitiú lena bhféadfar faireachán leanúnach a dhéanamh ar riocht na n-othar, go háirithe iad siúd a bhfuil galair chairdiacha ainsealacha orthu. Táthar ag súil go gcuideoidh seirbhísí diagnóiseacha cairdeolaíochta tapa agus inrochtana ar leibhéal an chúraim phríomhúil le fadhbanna sláinte cairdiach othar a bhrath go tráthúil, le cóireáil thráthúil agus iomchuí agus le faireachán leanúnach a dhéanamh ar a staid sláinte. Thairis sin, soláthróidh an tseirbhís teilileighis Holter ECG rochtain ar chúram speisialaithe d'othair i gceantair iargúlta agus thuaithe, rud a mhéadóidh go suntasach infhaighteacht sainseirbhísí sláinte in ionaid áitiúla d'othair sheachtracha, a fheabhsóidh feidhmíocht speisialtóirí, a fheabhsóidh torthaí othar, a laghdóidh liostaí feithimh agus an costas a bhaineann le seirbhís cúraim sláinte a sholáthar. Áireofar leis an infheistíocht digitiú na bpróiseas diagnóiseach agus cumasófar léi na sonraí a chomhroinnt le sainionaid scaipthe.

Críochnófar an beart faoin 31 Márta 2023.

Infheistíocht C5.1 R5-I3 — Teilea-aistriú

Is é cuspóir an bhirt seo an tseirbhís aistrithe a dhigitiú agus a áirithiú go mbeidh speisialtóir aistrithe ar glao-dhualgas ar fáil do gach bunaíocht cúraim sláinte ospidéil ina bhfuil aonaid aistrithe, rud a chuirfidh le forbairt láidir na seirbhíse teilileighis trí tharchur digiteach sonraí leighis agus a neartóidh idirnascadh na mbunaíochtaí ospidéil uile le haonaid aistrithe.

Críochnófar an beart faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht C5.1 R5-I4 — Digiteáil agus comhtháthú seomraí oibriúcháin atá feistithe le máinliacht róbataice in Ionad Ospidéal Cliniciúil 'KBC Sestre Milosrdnice'

Is é cuspóir an bhirt seo digitiú amharclann oibriúcháin agus ceannach ardtrealaimh cóireála le haghaidh cóireálacha máinliachta nua-aimseartha nua-aimseartha. Le digitiú agus comhtháthú seomraí oibriúcháin, athrófar pleanáil, doiciméadú, stóráil agus comhroinnt sonraí maidir le hothair agus cineálacha agus modhanna cóireála oibríochtúla. Le máinliacht róbat, cuirfear feabhas ar cháilíocht na cóireála máinliachta, méadófar sábháilteacht othar, bainfear amach níos mó trédhearcachta maidir le cóireáil, rialú costais agus torthaí sláinte níos fearr, neartófar agus comhdhlúthófar acmhainní riachtanacha bonneagair faisnéise sláinte, tabharfar isteach córas seirbhísí sláinte gan pháipéar agus rannchuideofar leis an aistriú digiteach.

Críochnófar an beart faoin 31 Márta 2024.

Infheistíocht C5.1 R5-I5 — Aonaid dhiagnóiseacha Ospidéal Cliniciúil 'KB Merkur' a dhigitiú agus a fheistiú

Is é is cuspóir don bheart seo aonaid dhiagnóiseacha a dhigitiú agus a fheistiú, faireachán ar nósanna imeachta forbartha diagnóiseacha a éascú agus seirbhís cáilíochta níos fearr a chur ar fáil d'othair. Áireofar san infheistíocht ceannach feistí úrscothacha.

Críochnófar an beart faoin 31 Márta 2023.

U.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
318	C5.1. R1	M	Glacadh an Chreata Measúnaithe ar Fheidhmíocht na gCóras Sláinte (HSPA)	Teacht i bhfeidhm an Chreata Measúnaithe ar Fheidhmíocht na gCóras Sláinte				R3	2022	Leis an Measúnú ar Fheidhmíocht na gCóras Sláinte (HSPA), bunófar creat chun feidhmíocht sláinte a thomhas, ina leagfar amach príomhtháscairí feidhmíochta de réir modheolaíocht mheasúnaithe shainithe, a bheidh nasctha leis an bpróiseas chun bearta a nascadh leis na cuspóirí a leagtar amach sna páipéir straitéise náisiúnta agus sna hathchóirithe, tráthúlacht na sonraí, agus chun feabhas a chur ar an bhfaireachán ar thorthaí sláinte.
319	C5.1. R1	T	An t-am is fearr is féidir le haghaidh cóireáil dhiagnóiseach — liostaí feithimh		Líon laethanta	400	270	R4	2023	Laghdófar an tréimhse feithimh d'othair ar chóireáil dhiagnóiseach go 270 lá ó thréimhse ama reatha an liosta feithimh de 400 lá.
323	C5.1. R1-I4	M	Nuachóiriú na seirbhísí sláinte i Lárionad Ospidéal Cliniciúil KBC Split	Trealamh ceannaithe don Institiúid Chliniciúil um Radaeolaíocht Diagnóiseach agus Idirghabhála KBC Split				R4	2022	Trealamh a shuiteáil don Institiúid Chliniciúil don Radaeolaíocht Dhiagnóiseach agus Idirghabhála agus ag an Institiúid um Leigheas Cliniciúil Núicléach agus seomra ionscópach hibrideach a thógáil agus trealamh a chur ar fáil ag an Institiúid Ghaistreintreolaíochta, chun go bhféadfar nósanna imeachta nua diagnóiseacha agus teiripeacha a thabhairt isteach i Lárionad Ospidéal Cliniciúil KBC Split. Beidh an trealamh suiteáilte athshondas maighnéadach 3T ar a laghad, seomra angio

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										DSA dhigitigh néar-idirghabhála, meaisín digiteach x-ghathach diascópach, seomra gastrintreolaíoch ionscópach.
324	C5.1. R1-I5	T	Foirgneamh Bloic Oibriúcháin Lárnaigh agus an t-ábhar a ghabhann leis in Ospidéal Ginearálta Varaždin		Líon	0	1	R4	2025	Tógáil agus feistiú fhoirgneamh an Bhloic Lárnaigh Oibriúcháin (COB) le haonaid dianchúraim (JIL), steiriliú lárnach, diagnóisic RTG, fuilaistriú agus saotharlanna leighis-bithcheimiceacha, agus tógáil conairí nasctha le saoráidí leighis atá ann cheana.
325	C5.1. R1-I6	T	Feistí leighis diagnóiseacha in Ospidéal Cliniciúil Dubrava		Líon	0	8	R2	2023	Ocht bhfeiste leighis dhiagnóiseacha agus trealamh raideolaíoch digiteach a cheannach agus a shuiteáil don Institiúid Chliniciúil um Radaeolaíocht Diagnóiseach agus Idirghabhála. Tá sé beartaithe na gairis uile a shuiteáil de réir a chéile agus beidh siad uile oibríochtúil faoin 30 Meitheamh 2023 ar a dhéanaí.
326	C5.1. R1-I7	T	Áiseanna nua sa Lárionad Ospidéal Cliniciúil Sestre Milosrdnice		Líon	0	2	RÁITHE 1	2024	Beidh saoráidí comhtháite éigeandála um chead isteach san ospidéal, saoráidí ospidéil lae agus saoráidí máinliachta aon lae le trealamh agus troscán leighis, neamhliachta ag an Lárionad Ospidéal Cliniciúil (KBC).
327	C5.1. R1-I8	T	Feistí leighis le haghaidh Cóireáil oibríochtúil agus cóireáil othar a bhfuil titimeas atá		Líon	0	10	R2	2023	Chun an Institiúid Néareolaíochta ag Ospidéal Cliniciúil (KB) a fhorbairt a thuilleadh, déanfar deich dtrealamh leighis (gairis) Dubrava a shuiteáil agus a chur i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2023 ar a dhéanaí.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			frithsheasmhach in aghaidh cógasaíochta orthu in Ospidéal Cliniciúil Dubrava							Áireofar leis an infheistíocht trealamh a fháil amhail gaireas taifeadta canála SEEG 256, gaireas digiteach íomháithe cainéil EMNG agus EP 12. Gaireas teirmeatéachta Radaimhinicíochta (RF) agus oiriúnú acmhainneachta spásúla leordhóthanaí.
328	C5.1. R1-I9	M	Tionscadal Forbartha Lárionad Ospidéal Cliniciúil Ságrab	Trealamh ceannaithe don Lárionad Ospidéal Cliniciúil (KBC) Ságrab				RÁITHE 1	2026	Trealamh nua leighis agus neamhleighis a cheannach don Lárionad Ospidéal Cliniciúil (KBC) i Ságrab. .
329	C5.1. R2	M	Cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú agus a chomhchuibhiú trí r-Treoirlínte Cliniciúla a fhorbairt	Treoirlínte cliniciúla arna bhforbairt agus arna gcomhtháthú i ríomh-Treoirlínte i gcóras sláinte na Cróite ag an Aireacht Sláinte (MIZ).				R3	2025	Déanfaidh an Aireacht Sláinte (MIZ) treoirlínte cliniciúla chóras sláinte na Cróite a fhorbairt agus a chomhtháthú chomh maith le r-Treoirlínte lena gcomhchuibhítear cáilíocht an chúraim sláinte.
331	C5.1. R2-I1	T	Feabhas a chur ar cháilíocht na radaiteiripe oinceolaíochta		Líon	0	6	R4	2025	Beidh feistí leighis i sé ospidéal chun ailse a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil. Is éard a bheidh i gceist leis an infheistíocht ocht mbuncar a thógáil le haghaidh luasairí líneacha suite, 17 luasaire líneacha VMAT, ceithre luasaire líneacha SBRT, ceithre chriteiripe HDR, naoi n-ionsamhlóir CT, trealamh líonra radaiteiripe, trealamh dáileogmhéadrachta, trealamh grinnithe.
332	C5.1. R2-I2	T	Ardán TF aonair chun		Líon	0	1	R4	2025	Leis an ardán aonfhoirmeach TF, beifear in

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			faireachán a dhéanamh ar othair oinceolaíocha							ann sonraí sláinte a bhailiú, athruithe eagraíochtúla agus struchtúracha a phleanáil, rioscaí a shainaithint. Áireofar gach institiúid oinceolaíochta sa Chróit sa líonra oinceolaíochta náisiúnta.
333	C5.1. R3	M	Plean Forbartha Sláinte Náisiúnta 2021-2027	Glacadh an Phlean Forbartha Sláinte Náisiúnta 2021-2027				R3	2021	Le Plean Forbartha Sláinte Náisiúnta 2021-2027 mar scáthghníomh pleanála earnála leagfar amach cuspóirí, bearta, tionscadail agus gníomhaíochtaí sonracha a bheidh le cur chun feidhme faoi choimirce na hAireachta Sláinte (MIZ) agus é mar phríomhchuspóir feabhas a chur ar an gcóras sláinte agus ar na torthaí sláinte. Beidh an Plean Forbartha Sláinte Náisiúnta comhsheasmhach le Clár Athchóirithe Rialtas na Cróite, agus le Treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe do 2021-2027. Saineofar sa Phlean Forbartha Sláinte Náisiúnta riachtanais forbartha mheántéarmacha tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: — Riachtanais forbartha a shainiú chun córas cúraim sláinte atá solúbtha, éifeachtúil agus bainistithe go hiomlánaíoch a bhaint amach; — Bearta a léiriú maidir le sláinte a chur chun cinn go rathúil agus galair a chosc; —Comhordú soláthraithe cúraim sláinte a thabhairt isteach agus samhlacha cóireála agus athshlánaithe a chlaochlú i dtreo bainistiú gníomhach próisis cúraim ag gach céim agus

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										ag gach leibhéal; —Comhtháthú seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a shainiú agus samhlacha comhtháite cúraim fhadtéarmaigh a fhorbairt; —Bearta a thabhairt isteach chun cáilíocht an chúraim sláinte agus na sábháilteachta othar a rialú agus a fheabhsú; —Forálacha maidir le bainistiú foirne a fheabhsú. —Cuspóirí sonracha a thabhairt isteach a rannchuidíonn go hindíreach leis an gcuspóir straitéiseach a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Athchóiriú (NRS) a bhaint amach faoi 2030. Is mar seo a leanas a chuirfear leis an méadú sna blianta sláinte d'ionchas saoil: —Stíleanna maireachtála sláintiúla agus cosc galar a chur chun cinn, ar príomhfhadhb sláinte poiblí iad; —Feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim sláinte trí fheabhas a chur ar éifeachtacht, sábháilteacht, inrochtaineacht agus comhtháthú feidhmiúil gach leibhéil agus gach cuid den chúram sláinte; —An tsamhail chúraim nua a thabhairt isteach do phríomhdhúshláin sláinte amhail galair chardashoithíocha, oinceolaíocha agus neamhchoitianta, agus diaibéiteas chun fad a chur leis an bhfad agus chun feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil —Áit fostaíochta inmhianaithe a dhéanamh

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										den chóras sláinte trí rialachas straitéiseach, agus ar an gcaoi sin líon agus dáileadh barrmhaith na bhfostaithe sa chóras sláinte a áirithiú; — Samhail mhaoinithe agus bhainistíochta an chórais sláinte a fheabhsú. Chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach, saineofar na bearta agus na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme. Déanfar na táscairí toraidh le haghaidh gach ceann de na cuspóirí sonracha agus na táscairí toraidh a shainiú le haghaidh gach ceann de na gníomhaíochtaí. Áireofar sa Phlean Forbartha Sláinte Náisiúnta torthaí mhapáil na riachtanas sláinte agus cúraim shóisialta i réimse an chúraim fhadtéarmaigh. Úsáidtear sa doiciméad féin ionchuir ó ghníomhartha agus ó chláir náisiúnta eile (Creat Straitéiseach Náisiúnta in aghaidh na hAilse go 2030, Plean Náisiúnta um Fhorbairt Ospidéal Cliniciúil, Ospidéal Cliniciúil, Cliniciúil agus Ospidéal Ginearálta sa Chróit, Ailse Náisiúnta, Diaibéiteas, Galair Neamhchoitianta) agus Moltaí (CSRanna) don Chróit do 2019 agus 2020.
399	C5.1. R3-I1	M	Córas maoinithe láraithe a chruthú atá tiomnaithe do shainoiliúint leighis	Glacadh an chinnidh ag an Rialtas				R4	2023	Déanfar institiúidiú na tacaíochta airgeadais do speisialtóireachtaí leighis a chur i bhfeidhm trí chóras maoinithe láraithe a bhunú a bheidh tiomnaithe do shainoiliúint leighis, a bheidh dírithe go príomha ar aghaidh a thabhairt ar easnaimh i speisialtachtaí sonracha leighis,

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										lena n-áirítear cúram sláinte príomhúil agus sláinte phoiblí, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Ainmneofar leithdháileadh acmhainní airgeadais chun na críche sin go heisiach chun freastal ar riachtanais Líonra na Seirbhíse Sláinte Poiblí. Tógfar an córas sin chun aisghabháil cistí ó chláir oiliúna speisialaithe leighis neamhiomlána a ráthú, agus iad á dtreorú i dtreo chuspóirí réamhshainithe an chórais maoinithe láraithe le haghaidh sainoiliúint leighis, agus béim ar leith á leagan ar ghanntanais speisialtóirí leighis easnamhacha a cheartú.
334	C5.1. R3-I1	T	Sainoiliúint leighis ag bunleibhéal an chúraim sláinte		Líon	0	467	RÁITHE 1	2026	Déanfar conarthaí chun cistiú neamh-inaisíoctha a dhámhachtain, le haghaidh sainoiliúint leighis, a thabhairt i gcrích, lena gcumhdófar 467 n-oibrí sláinte ar a laghad, lena n-áirítear dochtúirí leighis a bhfuil speisialtóireacht acu i gcúram sláinte príomhúil, i leigheas éigeandála, agus i sláinte phoiblí.
335	C5.1. R3-I2	T	Bachelors of nursing specialist training in emergency medicine [Bachelors na sainoiliúna altranais sa mhíochaine éigeandála]		Líon	0	375	R2	2026	Cuirfear oiliúint ar 375 bhaitsiléir de theicneoirí altranais/leighis in aon bhliain amháin d’oiliúint speisialaithe sa leigheas éigeandála.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
336	C5.1. R4	M	Leasú ar an Acht um Chúram Sláinte agus ar an Acht um Árachas Sláinte Éigeantach	Teacht i bhfeidhm na nAchtanna lena leasaítear an tAcht um Chúram Sláinte agus an tAcht um Árachas Sláinte Éigeantach				R4	2022	Leis na leasuithe ar an Acht um Chúram Sláinte, ceadófar an Cinneadh nua maidir le Soláthar Comhpháirteach a bheith ceangailteach freisin ar na hinstitiúidí sláinte sin a raibh a rannpháirtíocht deonach go dtí seo agus, dá bhrí sin, méadófar líon na ngeallsealbhóirí a chumhdaítear leis an soláthar comhpháirteach. —Go gcuireann an Oifig Aonair um Leigheas Éigeandála feabhas ar eagrú gníomhaíochtaí leighis éigeandála agus go ndéanann sí cúraimí oibríochtúla ar fud chríoch Phoblacht na Cróite trí aonaid eagraíochtúla áirithe; —Rannchuideoidh atheagrú na seirbhíse sláinte poiblí le héifeachtúlacht a mhéadú agus leis an gcóras sláinte poiblí a neartú, agus béim ar leith á leagan ar chosc agus ar dhiagnóisiú luath, ar fhreagairt fheabhsaithe i gcúinsí éigeandála agus speisialta (paindéimí); —Cearta bainistíochta na n-ospidéal atá á mbainistiú faoi láthair ag na contaetha agus ag Cathair Shágraib a aistriú chuig Poblacht na Cróite chun úsáid réasúnach agus ardcháilíochta na n-acmhainneachtaí atá ann cheana a bhaint amach, infhaighteacht agus cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú trí shamhail bhainistíochta an ospidéil a atheagrú. Leis na leasuithe ar an Acht um Árachas Sláinte Éigeantach, bunófar critéir shoiléire thrédhearcacha chun clár na mbeart cúraim

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										sláinte faoi árachas sláinte éigeantach a chinneadh, na comhlachtaí a bhunóidh agus a ghlacfaidh clár beart agus raon feidhme an chúraim sláinte atá le cumhdach le hárachas sláinte éigeantach agus comhlíonadh reachtaíochta eile. Beidh sé d'aidhm ag an nGníomh an méid seo a leanas a dhéanamh: —Cúram sláinte a dhéanamh níos inrochtana agus níos tráthúla do dhaoine árachaithe nuair a bhíonn sé de dhíth orthu; Liostaí feithimh do sheirbhísí leighis aonair a laghdú, barrfheabhsú agus, i ndáil leis sin, dáileadh níos fearr a dhéanamh ar na hacmhainní cúraim sláinte atá ar fáil ó árachas sláinte éigeantach —Airgeadas a sholáthar chun cobhsaíocht airgeadais agus inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach agus, i ndáil leis sin, feabhas a chur ar staid daoine árachaithe i bhfeidhmiú árachais sláinte reachtúil; —Foráil a chur isteach chun tacú le heintitis chonarthacha HZZO mar sholáthraithe cúraim sláinte ó árachas sláinte éigeantach, a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí HZZO a íoc ina leith laistigh de na teorainneacha ama a fhorordaítear le dlí, chun an ceart chun cúraim sláinte a ráthú do dhaoine árachaithe.
337	C5.1. R4	T	Comhtháthú feidhmiúil ospidéal		Líon	12	20	R4	2023	Cuirfear comhtháthú feidhmiúil 8 n-ospidéal ar a laghad i gcrích, chun an córas ospidéil a chuíchóiriú trí ghníomhaíochtaí a laghdú/a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										athdháileadh agus trí acmhainneacht ghéar dho-aistrithe a laghdú, ospidéil ó lá go lá a neartú mar chóireálacha níos costéifeachtaí.
338	C5.1. R4	T	Nós imeachta soláthair chomhpháirtigh d'institiúidí sláinte		% (céatadán)	0	85	R4	2023	Déanfar 85 % ar a laghad de chatagóirí ceannaigh, arb ionann iad agus 80 % ar a laghad de chaiteachas iomlán na n-ospidéal faoi bhainistíocht rialtais, a sholáthar trí nós imeachta soláthair chomhpháirtigh. Chun an sprioc a bhaint amach, bunaithe ar leasú ar an gcinneadh maidir le seoladh comhpháirteach éigeantach nós imeachta soláthair shonraigh le haghaidh institiúidí sláinte — déanfaidh an Aireacht Sláinte (MIZ) an méid seo a leanas: a chinneadh nós imeachta soláthair chomhpháirtigh a fheidhmiú; comhaontuithe a thabhairt i gcrích le geallsealbhóirí soláthair chomhpháirtigh; painéil saineolaithe a chur ar bun chun sonraíochtaí teicniúla a tharraingt suas le haghaidh na gcatagóirí lena mbaineann; agus iv) na catagóirí soláthair dá dtagraítear sa chinneadh maidir le cur chun feidhme comhpháirteach éigeantach nós imeachta soláthair shonraigh le haghaidh institiúidí sláinte a chur chun feidhme — tar éis theacht i bhfeidhm na sonraíochtaí teicniúla. Seolfar nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh i gcomhréir leis an Acht um Sholáthar Poiblí agus le creat-chomhaontuithe/conarthaí a thabhairt i gcrích.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
339	C5.1. R4-I1	T	Bainistiú lárnach ar ullmhúcháin phaireintreacha in 8 n-ospidéal		% (céatadán)	0	75	R2	2025	Déanfar 75 % ar a laghad d'ullmhóidí paireintreacha in ocht n-ospidéal de chuid na Cróite trí chógais a ullmhú go lárnach.
340	C5.1. R4-I2	T	Córas teiripe aonaid le haghaidh foirmeacha soladacha cógas i 40 ospidéal de chuid na Cróite		Líon	0	40	R4	2025	Córas teiripe aonaid suiteáilte i 40 ospidéal de chuid na Cróite.
341	C5.1. R4-I3	T	Faireachán a dhéanamh ar na cógais sa chóras ospidéil ón gcógaslann go dtí an t-othar		Líon	0	30	R2	2026	Beidh réiteach TF comhtháite feidhmiúil ag 30 ospidéal ar a laghad chun faireachán a dhéanamh ar na cógais sa chóras ospidéil ón gcógaslann go dtí an t-othar.
342	C5.1. R4-I4	T	Córas chun faireachán a dhéanamh ar ghanntanais táirgí íocshláinte bunaithe ar theicneolaíocht 'bhlocshlabhra'		Líon	0	1	R2	2025	Forbrófar réiteach bogearraí chun faireachán a dhéanamh ar ghanntanais cógas leighis sa Chróit agus chun samhail chomhtháite a fhorbairt chun ganntanais cógas leighis a thuar agus a chosc. Déanfar faireachán ar chógais tríd an réiteach bogearraí blocshlabhra.
343	C5.1. R5-I5	T	Ionad Ospidéal Cliniciúil na nAonad Diagnóiseach Merkur		Líon	0	4	RÁITHE 1	2023	Chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse, líon na gcóireálacha othar a mhéadú, dlús a chur le hinfhaighteacht agus cáilíocht cúraim sláinte do gach catagóir othar agus iad a mhéadú, suiteálfar an trealamh le haghaidh 4 aonad dhiagnóiseacha ar a laghad ag Lárionad Ospidéal Cliniciúil Merkur. Is éard a bheidh sa

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										trealamh suiteáilte: —Gaireas le haghaidh macacardagrafaíocht thrastócach agus thrasaoidéastrach; —Trí mhonatóir chun críocha aonad corónach; —Córas teiliméadrachta othar sa bharda oscailte; —Ultrafhuaim chumhachta níos láidre; Ultrafhuaim chumhachta íochtair; Athshondas maighnéadach MR 3T; —Scanóir mamagrafaíochta; —Tomagrafaíocht ríomhaire ilslise (MSCT); Ultrafhuaim; Dronnach 3D/4D, faighne 3D/4D, tóireadóir dronnach 2D agus tóireadóir dronnach 2D; —Doppler Ardaicme i Lámh.
344	C5.1. R4-I5	T	Faireachán a dhéanamh ar thorthaí cóireála othar ainsealach neamhospidéil i gcógaslanna poiblí		Líon	0	1	R4	2025	Is éard atá i gceist leis an tionscadal faireachán a dhéanamh ar othair agus sonraí struchtúrtha a chruthú a chuirfear ar fáil trí Lárchóras Faisnéise Sláinte Phoblacht na Cróite (CEZIH).
346	C5.1. R5	M	Seirbhísí teilileighis a fheabhsú agus síneadh a chur leo	Teacht i bhfeidhm creata náisiúnta teilileighis lena leathnaítear raon feidhme na seirbhísí teilileighis				R4	2022	Leis an athchóiriú, tabharfar isteach forálacha maidir le creat feidhmiúil náisiúnta teilileighis a bhunú chun paraiméadair atá ríthábhachtach d’othair a tharchur ón tSeirbhís Sláinte Éigeandála (HMS) chuig an gComhsheirbhís Ospidéil Éigeandála (OHBP) agus cianfhaireachán a dhéanamh ar an tSeirbhís Sláinte Éigeandála d’Othair Sheachtracha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										(HMS). Seachadfaidh an tionscadal: i). Anailís ar dhálaí; II) Creat náisiúnta chun cianfhaireachas Seirbhíse Sláinte Éigeandála (HMS) a bhunú agus iii) Plean gníomhaíochta chun maoirseacht a thabhairt isteach agus creat chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme. I bhfianaise acmhainní teoranta agus fhad teoranta an chúnaimh theicniúil, ní bheidh sa chomhpháirt teilearaideolaíochta ach comhpháirt réamhráiteach ar leibhéal na mapála dea-chleachtais.
347	C5.1. R5-I1	T	Hallaí oibriúcháin digitithe comhtháite (Firule agus Križine) agus córas róbataice ag suíomh Firule suiteáilte agus feidhmiúil		Líon	0	4	R2	2024	Áirítear leis an tionscadal digitiú agus comhtháthú 4 amharclann oibriúcháin in Firule agus Križine, chomh maith le córas róbataice ag suíomh Firule. Athróidh an t-aistriú digiteach, an comhtháthú agus máinliacht róbat an chonair chóireála trí cháilíocht na cóireála máinliachta a fheabhsú, trí shábháilteacht othar a fheabhsú, trí thrédhearcacht níos fearr a bhaint amach sa chóireáil, trí chostais agus torthaí sláinte a rialú ar bhealach níos fearr, trí phríomhacmhainní bonneagair faisnéise sláinte a threisiú agus a chomhdhlúthú agus trí sheirbhísí cúraim sláinte gan pháipéar a nuachóiriú.
348	C5.1. R5-I2	T	Seirbhísí teileachairdeolaíochta		Líon	0	40	RÁITHE 1	2023	Is é is cuspóir don tionscadal TeleCordis an trealamh leighis agus ríomhaireachta is gá a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										shuiteáil chun seirbhísí leictreacardagram (ECG) a chur ar fáil, chomh maith le holtar brú agus leictreacardagram 12 chainéal (ECG) i gceantair iargúlta agus thuaithe nach gcumhdaítear go leordhóthanach leis na seirbhísí sin, amhail gan speisialtóir cairdeolaíochta a bheith ar fáil dóibh. Ceannófar an trealamh (pacáiste in aghaidh an ionaid) agus cuirfear in 40 ionad rochtana teilileighis ar a laghad é. Nascfaidh an clár le sainionaid teilileighis agus soláthróidh sé seirbhís teileachártaeolaíochta.
349	C5.1. R5-I3	T	Seirbhísí teilea-aistrithe		Líon	0	35	R4	2022	Tacóidh an tionscadal Teletransfusion leis an mbonneagar próisis cóireála digití atá ann cheana i gcás ina n-úsáideann sé na sonraí othar a fhaightear ón ríomhoideas agus ón eDossier is gá chun tús a chur le cóireáil i saoráid cúraim sláinte thánaisteach nó threasaigh. Nascfaidh an tionscadal ionaid aistrithe ospidéil i gcríoch na Cróite (35 ionad aistrithe ospidéil ar a laghad) agus cuirfidh sé an tseirbhís ar fáil 24 uair an chloig sa lá seacht lá na seachtaine. Ceannófar an trealamh (pacáiste in aghaidh an ionaid) agus cuirfear in ionaid rochtana teilileighis é, nascfaidh an clár le hionaid speisialtóireachta teilileighis agus soláthróidh sé seirbhís teilea-aistrithe.
350	C5.1. R5-I4	T	Lárionad Ospidéal		Líon	0	4	RÁITHE	2024	Ceithre sheomra oibriúcháin nuafheistithe ar a

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			Cliniciúil amharclann (KBC) a oibriú Sestre milosrdnice atá feistithe le máinliacht róbataice					1		laghad ina bhfuil teicneolaíocht róbait úrscothach, Beidh an fheidhmiúlacht seo a leanas indéanta: na sonraí go léir faoin othar a fháil i bhfíor-am ar scáileán an mhonatóra sa seomra oibriúcháin féin le linn na hoibríochta. Ina theannta sin, beifear in ann an t-ábhar íomháithe othar uile a chur ar fáil ar scáileán an mhonatóra le linn na hoibríochta, rud a chuirfidh le gnáthaimh níos sábháilte agus níos éifeachtaí. Leis an gcomhtháthú beifear in ann feistí diagnóiseacha agus teiripeacha eile a úsáid san amharclann oibriúcháin chéanna, a chomhtháthófar i gcóras comhtháite an tseomra oibriúcháin freisin.

U.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht C5.1 R1-I1 — cógaslanna soghluaiste a thabhairt isteach i gcúram príomhúil

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo cógas a sholáthar i réimsí nach bhfuil aon chógaslann iontu. Is é atá i gceist leis an mbeart cógaslanna soghluaiste a sholáthar.

Infheistíocht C5.1 R1-I2 — Aonaid shoghluaiste um chúram othar seachtrach

Is é is cuspóir don bheart seo príomhchóras soghluaiste cúraim othar seachtrach a bhunú i gceantair thuaithe, iargúlta agus oileánacha. Is éard atá sa bheart an córas clinice soghluaiste a bhunú.

Infheistíocht C5.1 R1-I3 — Aonaid inslithe chliniciúil a thógáil agus a fheistiú (3, 4 agus 1/5 d'fhoirgnimh) Galar Cliniciúil Tógálach 'An Dr Fran Mihaljević'

Is é is cuspóir don bheart seo cóireáil galar tógálach a bhaint amach trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí atá cothrom le dáta agus nuálach arb é is aidhm dóibh am cóireála, costas agus soláthar cúraim ardcháilíochta d'othair a laghdú. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo foirgnimh agus trealamh a thógáil in ionad an Ghalair Thógálaigh an Dr Fran Mihaljević.

U.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
320	C5.1. R1-I1	T	Rochtain ar chúram cógaslainne agus ar chógais		Líon	0	8	R2	2025	Soláthrófar sé chógaslann carbhán shoghluaiste ar a laghad agus dhá chógaslann bád ar a laghad.
321	C5.1. R1-I2	T	Cúram sláinte príomhúil othar seachtrach soghluaiste a sholáthar		Líon	0	33	R4	2025	Cuirfear córas clinic soghluaiste ar bun le 33 fheithicil othar seachtrach cúraim phríomhúil i gcontaetha lena gcumhdaítear limistéir thuaithe, iargúlta agus oileánacha bunaithe ar mhapáil atá dírithe ar 80 % de chumhdach seirbhíse cúraim phríomhúil d'othair sheachtracha shoghluaiste i limistéir thuaithe, iargúlta agus oileánacha. Ina theannta sin, bunófar samhail chonarthach chun inbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach na seirbhíse a áirithiú Riarfaidh an Aireacht Sláinte an oiliúint chun acmhainneacht na bhfoirne soghluaiste a mhéadú maidir le cúram sláinte príomhúil othar seachtrach a sholáthar.
322	C5.1. R1-I3	T	Foirgneamh nua i gcoimpléasc an Ghalair Thógála an Dr Fran Mihaljević		Líon	0	1	RÁITHE 1	2026	Is éard a bheidh sa tionscadal scartáil na bhfoirgneamh atá ann cheana (3, 4 agus 1/5) agus tógáil foirgnimh nua mar chuid den choimpléasc. Áireofar sa tionscadal athsholáthar trealaimh le haghaidh an Chlinic um Ghalair Thógálacha 'An Dr Fran Mihaljević'.

V. TIONSCNAMH 6.1: ATHCHÓIRIÚ FOIRGNEAMH

Tá stoc foirgneamh reatha na Cróite sách sean agus ní raibh sa ráta athchóirithe fuinnimh foirgneamh ach 0.7 % in aghaidh na bliana in 2014-2020. Is iad seanfhoirgnimh neamhéifeachtúla is cúis le 40 % den tomhaltas fuinnimh agus 36 % d'astaíochtaí CO2, agus tagann suas le 30 % d'fhoirgnimh faoin gcatagóir is measa feidhmíocht. Ní chomhlíonann formhór na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla na híoscheanglais maidir le cosaint ar chreathanna talún, cosaint ar dhóiteáin nó cosaint sláinte agus, dá bhrí sin, ní mór athchóiriú cuimsitheach a dhéanamh orthu. Ina theannta sin, i mí an Mhárta agus i mí na Nollag 2020, bhuail dhá shraith creathanna talún an Chróit agus rinne siad damáiste ábhartha mór i gcathair Shágrab, Contae Shágrab, Contae Krapina-Zagorje, Contae Sisak-Moslavina agus Contae Karlovac. De réir an Mhearmheasúnaithe ar riachtanais damáiste (Rialtas Phoblacht na Cróite, 2020), measadh gur thart ar EUR 17469000000 a bhí sna riachtanais atógála agus téarnaimh iomlána i gcontaetha Chathair Shágrab, Shágrab agus Krapina-Zagorje ó chrith talún mhí an Mhárta. Tá meastóireacht fós á déanamh ar an measúnú ar na damáistí ó chrith talún mhí na Nollag.

Baineann an tionscnamh seo i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite le hinfheistíochtaí agus athchóirithe arb é is aidhm dóibh athchóiriú cuimsitheach foirgneamh a spreagadh, lena n-áirítear athchóiriú fuinnimh, atreisiú struchtúrach agus athchóiriú tar éis an chreatha talún. Cumhdófar leis an athchóiriú foirgnimh ilteaghaise agus foirgnimh phoiblí, lena n-áirítear saoráidí sláinte agus oideachais, chomh maith le foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu.

Áirítear sa tionscnamh athchóirithe a thacóidh leis an bpróiseas athchóirithe agus dícharbónaithe foirgneamh, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar bhacainní sa mhargadh tógála agus ar shaincheisteanna sóisialta: i) athchóiriú atá dírithe ar dhícharbónú foirgneamh, ii) athchóiriú arb é is aidhm dó líon na n-oibrithe agus na saineolaithe san éifeachtúlacht fuinnimh agus san atógáil tar éis an chreatha talún a mhéadú iii) athchóiriú arb é is aidhm dó an t-ualach riaracháin ar na hiarratasóirí sa phróiseas athchóirithe a laghdú, iv) athchóiriú arb é is aidhm dó eolas ar ghníomhaíochtaí seismeacha a mhéadú, v) athchóiriú arb é is aidhm dó bonneagar glas agus bainistiú ciorclach foirgneamh agus spásanna a chur chun cinn agus a fhorbairt agus, vi) athchóiriú arb é is aidhm dó bainistiú córasach fuinnimh a fhorbairt agus samhail nua maoinithe éifeachtúlachta fuinnimh a thástáil.

Rannchuideoidh na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe leis na moltaí tírshonracha atá dírithe ar an gCróit le dhá bhliain anuas, maidir leis an ngá atá le 'beartas a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar [...] éifeachtúlacht fuinnimh, [...] agus ar bhonneagar comhshaoil (moladh tírshonrach 3, 2019) agus 'infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus [...], go háirithe ar bhonneagar comhshaoil [...] (moladh tírshonrach 3, 2020).

V.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C6.1 R1 — Dícharbónú foirgneamh

Rannchuideoidh an t-athchóiriú le tionscnamh rabharta athchóirithe na bhfoirgneamh atá ann cheana agus leis an stoc foirgneamh atá ann cheana a chlaochlú ina stoc foirgneamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus dícharbónaithe faoi 2050.

Áireofar san athchóiriú cláir athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a ghlacadh don tréimhse 2021-2030 d'fhoirgnimh ilteaghaise, d'fhoirgnimh phoiblí agus do chatagóir speisialta foirgneamh a bhfuil stádas earra cultúir acu, chomh maith leis an gclár chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú i réimsí arb ábhar imní ar leith é don stát do 2021-2025. Leis na cláir sin, spreagfar athchóiriú domhain foirgneamh agus aird ar leith á tabhairt ar dhálaí sláintiúla aeráide laistigh agus

sábháilteacht ó dhóiteán a áirithiú agus ar aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht sheismeach mhéadaithe chomh maith le bochtaineacht fuinnimh a laghdú.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Márta 2022.

Infheistíocht C6.1 R1-I1 — Athchóiriú fuinnimh foirgneamh

Is é cuspóir an bhirt tomhaltas fuinnimh le haghaidh téimh a laghdú agus coigilteas fuinnimh phríomhúil i bhfoirgnimh ilteaghaise agus san earnáil phoiblí a mhéadú. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí agus ilteaghaise.

Infheistíocht C6.1 R1-I3 — Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu

Is é cuspóir an bhirt athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu chun tomhaltas fuinnimh a laghdú. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin dhá chatagóir foirgneamh a athchóiriú: earraí cultúir agus foirgnimh atá faoi chosaint aonair agus atá suite laistigh de na heintitis chultúrtha agus stairiúla atá faoi chosaint.

Athchóiriú C6.1 R2 — Creat a fhorbairt chun scileanna leordhóthanacha a áirithiú i gcomhthéacs na bpost glas is gá le haghaidh atógáil tar éis an chreatha talún

Is é cuspóir an bhirt aghaidh a thabhairt ar an nganntanas lucht saothair cáilithe san fhoirgníocht trí chláir oideachais a sholáthar. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo an Plean Náisiúnta chun scileanna glasa a fhorbairt a fhoilsiú, cláir oideachais aosaigh maidir le hathchóiriú fuinnimh a sholáthar agus modúl nua máistirchláir maidir le hathchóiriú agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Athchóiriú C6.1 R3 — Éifeachtúlacht a mhéadú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus an próiseas athchóirithe a dhigitiú

Is é cuspóir an bhirt seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh chun an t-ualach riaracháin sa phróiseas athchóirithe fuinnimh agus tar éis crith talún a laghdú. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin seirbhísí ionaid ilfhreastail a fhorbairt agus acmhainneachtaí gairmiúla fostaithe poiblí a neartú.

Athchóiriú C6.1 R4 — Nuachóiriú agus comhtháthú sonraí seismeacha don phróiseas athchóirithe agus pleanáil tógála agus faireacháin amach anseo ar bhonneagar poiblí

Is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar athléimneacht riosca sa phleanáil spásúil agus in earnáil na tógála trí fheabhas a chur ar bhailiú agus ar phróiseáil sonraí seismeacha. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin na hacmhainneachtaí is gá a neartú chun sonraí seismeacha a bhailiú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh pleanáil spásúlachta agus cleachtais tógála níos sábháilte.

Infheistíocht C6.1 R4-I1 — Forbairt líonraí sonraí seismeolaíocha

Is é cuspóir an bhirt acmhainneachtaí a neartú chun faireachán agus anailís sheismeach a dhéanamh. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin trealamh seismeach a fháil agus oiliúint a chur ar shaineolaithe a oibríonn an trealamh agus a phróiseálann na sonraí.

Athchóiriú C6.1 R5 — Samhail nua de straitéisí um athnuachan uirbeach glas a thabhairt isteach agus treoirthionscadal a chur chun feidhme chun bonneagar glas a fhorbairt agus chun foirgnimh agus spás a bhainistiú go ciorclach

Is é cuspóir an bhirt creat a bhunú le haghaidh athnuachan uirbeach glas lena gcuirfear forbairt inbhuanaithe chun cinn. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin cláir a ghlacadh maidir le bainistiú ciorclach spáis agus foirgneamh agus maidir le bonneagar glas uirbeach, straitéisí athnuachana uirbí glasa a ghlacadh, agus treoirthionscadal a chur chun feidhme.

Athchóiriú C6.1 R6 — Treoirthionscadal chun bainistiú córasach fuinnimh a bhunú agus a chur chun feidhme agus chun samhail mhaoiniúcháin nua a fhorbairt

Is é cuspóir an bhirt samhail a fhorbairt agus a thástáil chun faireachán a dhéanamh ar thomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaise. Is éard atá i gceist leis an mbeart seo treoirthionscadal a chur chun feidhme maidir le bailiú uathoibríoch sonraí a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar thomhaltas fuinnimh agus uisce i bhfoirgnimh ilteaghaise.

V.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
351	C6.1. R1	M	Cláir náisiúnta athchóirithe fuinnimh a ghlacadh le haghaidh (i) foirgnimh ilteaghaise, (ii) foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu (don tréimhse 2021-30 araon), agus (iii) bochtaineacht fuinnimh a laghdú i limistéir arb ábhar imní ar leith iad don stát (don tréimhse 2021-25)	Foilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hAireachta Pleanála Fisiciúla, Foirgníochta agus Sócmhainní Stáit				R4	2021	Foilsiú na gclár chun athchóiriú domhain foirgneamh, córais mhalartacha ardéifeachtúlachta a spreagadh agus lena dtabharfar aird ar leith ar dhálaí sláintiúla aeráide laistigh, sábháilteacht ó dhóiteán agus rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht sheismeach mhéadaithe a áirithiú. Tabharfar isteach catagóir shonrach athchóirithe fuinnimh ar fhoirgnimh a bhfuil stádas sócmhainne cultúrtha acu nach bhfuil san áireamh go fóill i gcláir athchóirithe fuinnimh le haghaidh cómhaoiniú AE sa Chróit. Foilsiú an chláir um laghdú na bochtaineachta fuinnimh i réimsí ar ábhar imní ar leith iad don stát, don tréimhse 2021-2025, lena gcumhdaítear athchóiriú cuimsitheach foirgneamh i limistéir chúraim rialtais a fhaigheann cúnamh agus i limistéir chúraim rialtais speisialta, fothú acmhainneachta chun bochtaineacht fuinnimh a mhaolú, tomhaltas fuinnimh críochúsáide a laghdú agus, dá bhrí sin, astaíochtaí CO2 ó theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh nó ó theaghlaigh leochaileacha a laghdú.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
352	C6.1. R1	M	Glacadh an Chláir um Athchóiriú Fuinnimh ar fhoirgnimh na hearnála poiblí le haghaidh na tréimhse 2021-2030	Foilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hAireachta Pleanála Fisiciúla, Foirgníochta agus Sócmhainní Stáit				RÁITHE 1	2022	Foilsiú an chláir um athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh na hearnála poiblí don tréimhse 2021-2030, lena n-áirítear athchóiriú cuimsitheach ar fhoirgnimh na hearnála poiblí lena n-áirítear bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus acmhainní agus, ag an am céanna, riachtanais theirmeacha agus tomhaltas fuinnimh foirgneamh poiblí a laghdú agus úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus an laghdú ar astaíochtaí CO2 dá bharr sin a mhéadú.
353	C6.1. R1-I1	T	Conarthaí sínithe le haghaidh athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí agus ilteaghaise		EUR	0	66 361 404	R4	2022	Síníodh conarthaí lena soláthraítear EUR 66361404 le haghaidh athchóiriú fuinnimh foirgneamh. Gach conradh chun an ceanglas ábhartha éifeachtúlachta fuinnimh a lua maidir le híoslaghdú 50 % ar a laghad ar thomhaltas fuinnimh le haghaidh téimh i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh bliantúil le haghaidh téimh roimh an athchóiriú do gach foirgneamh (lena bhfuil coinne le haghaidh foirgneamh a bhfuil stádas earra cultúir aige), lena soláthrófar méadú 30 % ar choigilteas fuinnimh phríomhúil i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe agus lena n-urramófar an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ mar a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										inbhuanaithe a éascú.
354	C6.1. R1-I1	T	Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh ilteaghaise		Líon (m²)	0	241 850	R2	2026	Athchóiriú fuinnimh 241 850 m² ar a laghad d'fhoirgnimh ilteaghaise, íoscheanglas a bhaint amach maidir le tomhaltas fuinnimh le haghaidh téimh a laghdú 50 % ar a laghad i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh bliantúil le haghaidh téimh roimh an athchóiriú do gach foirgneamh (seachas na foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu), lena soláthrófar méadú 30 % ar choigilteas fuinnimh phríomhúil ar leibhéal na sprice i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe, agus a bheidh i gcomhréir le prionsabal DNSH. Is 20 % ar a mhéad den chostas athchóirithe a bheidh sa chostas a bhaineann le coirí comhdhlúthúcháin gáis a shuiteáil a chuirfear in ionad na gcoirí gáis, guail agus ola-bhunaithe atá ann cheana.
355	C6.1. R1-I1	T	Athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí		Líon (m²)	0	372 219	R2	2026	Athchóiriú fuinnimh 372 219 m² ar a laghad d'fhoirgnimh phoiblí, lena mbaintear amach íoscheanglas maidir le tomhaltas fuinnimh le haghaidh téimh a laghdú 50 % ar a laghad i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh bliantúil le haghaidh téimh roimh an athchóiriú do gach foirgneamh (seachas na foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu), lena soláthrófar méadú 30 % ar choigilteas fuinnimh phríomhúil ar leibhéal

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										na sprice i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe, agus a bheidh i gcomhréir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’. Is 20 % ar a mhéad den chostas athchóirithe a bheidh sa chostas a bhaineann le coirí comhdhlúthúcháin gáis a shuiteáil a chuirfear in ionad na gcoirí gáis, guail agus ola-bhunaithe atá ann cheana.
358	C6.1. R1-I3	T	Athchóiriú fuinnimh foirgneamh a bhfuil stádas earra cultúir acu		Líon (m²)	0	31 000	R2	2026	Athchóiriú fuinnimh 31 000 m² ar a laghad d’fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu, lena mbaintear amach méadú 30 % ar choigilteas fuinnimh phríomhúil ar leibhéal na sprice, le híoscheanglas 20 % do gach foirgneamh, i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe. Maoineofar athchóiriú na bhfoirgneamh sin ar ráta 100 % agus beidh sé i gcomhréir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’. Is 20 % ar a mhéad den chostas athchóirithe a bheidh sa chostas a bhaineann le coirí comhdhlúthúcháin gáis a shuiteáil a chuirfear in ionad na gcoirí gáis, guail agus ola-bhunaithe atá ann cheana.
359	C6.1. R2	M	Foilsiú an Phlean Forbartha Scileanna	Foilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hAireachta				R4	2022	Foilsiú an Phlean Forbartha Scileanna Náisiúnta lena bhfeabhsófar scileanna na

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			Náisiúnta i gcomhthéacs poist ghlasa a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus atógáil tar éis an chreatha talún	Pleanála Fisiciúla, Foirgníochta agus Sócmhainní Stáit						bpost glas i gcomhthéacs athchóiriú fuinnimh, athchóiriú tar éis crith talún, bonneagar glas, cur i bhfeidhm réiteach dúlrabhunaithe agus bainistiú ciorclach spáis agus tógála, bunaithe ar athbhreithniú ar chláir atá ann cheana agus ar ullmhú agus oiriúnú clár oideachais arna sainiú ag an athchóiriú.
360	C6.1. R2	M	Deimhniú oiliúna	Liosta na dteastas eisithe a chuir an institiúid oideachais ar fáil				R2	2026	Soláthróidh an institiúid oideachais nó na hinstitiúidí oideachais cruthúnas gur chríochnaigh 500 rannpháirtí cláir oideachais aosaigh i ndiaidh an chreatha talún agus/nó san athchóiriú fuinnimh.
401	C6.1. R2	M	Clárú i modúl nua an mháistirchláir a chuirtear ar fáil	Foilsíodh glao ar iarratais ar chead isteach i modúl nua an mháistirchláir				R2	2026	Foilseofar glao ar iarratais ar ligean isteach sa mhodúl nua den mháistirchlár lena gcumhdaítear ábhair athchóirithe agus éifeachtúlachta fuinnimh.
362	C6.1. R3	M	Oifig fhisiciúil ionaid ilfhreastail le haghaidh athchóiriú fuinnimh agus atreisiú seismeach curtha ar bun agus oibríochtúil	Ionad ilfhreastail oibríochtúil				R4	2021	Déanfar an oifig fhisiciúil ionaid ilfhreastail a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa limistéar atá buailte ag crith talún chun an t-ualach riaracháin ar shaoránaigh a laghdú. Áireofar leis an infheistíocht oiriúnú agus nuachóiriú an bhonneagair fhisicigh ag suíomh ina mbunófar ionad ilfhreastail, infheistíochtaí i seirbhísí forbartha agus cothabhála córas ar líne, infheistíochtaí i bhfeidhmiúlacht an chórais ar líne, oiliúint a chur ar an bhfoireann, oiliúint a chur ar

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										údaráis phoiblí atá rannpháirteach agus gníomhaíochtaí cur chun cinn.
363	C6.1. R3	M	Ionad ilfhreastail ar líne le haghaidh athchóiriú fuinnimh agus atreisiú seismeach curtha ar bun agus oibríochtúil	Ionad ilfhreastail ar líne oibríochtúil				R4	2022	Córas ilfhreastail ar líne a chur i bhfeidhm lena dtabharfar le chéile an fhaisnéis uile is gá le haghaidh athchóiriú fuinnimh agus atógáil tar éis an chreatha talún. Cuirfear an t-ionad ilfhreastail chun feidhme in dhá chéim: (i) seirbhísí éigeandála is gá chun athchóiriú struchtúrach práinneach agus athchóiriú riachtanach a dhéanamh ar dhamáiste chun leibhéal sábháilteachta a áirithiú do shaoránaigh agus do shaoráidí; (II) gach seirbhís agus faisnéis eile is gá le haghaidh athchóiriú cuimsitheach agus fuinnimh a chomhtháthú leis na seirbhísí agus leis an bhfaisnéis a áirítear le haghaidh an choincheapa ‘atógáil chun feabhais’.
364	C6.1. R3	T	Oiliúint curtha i gcrích d’fhostaithe poiblí chun seirbhísí ionaid ilfhreastail a sholáthar		Líon	0	80	R2	2026	Oiliúint a chur ar 80 fostaí poiblí ar a laghad chun seirbhísí a sholáthar lena gcomhcheanglaítear éifeachtúlacht fuinnimh agus atógáil tar éis an chreatha talún.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
365	C6.1. R4	M	Sonraí seismeacha a chomhtháthú	Sonraí seismeacha a chomhtháthaítear i mbunachair saineolaithe le haghaidh pleananna spásúla na n-aonad rialtais áitiúil				R2	2025	Déanfar sonraí seismeacha a chomhtháthú sa chóras pleanála spásúlachta agus cuirfear i bhfeidhm iad ar 10 mbunachar sonraí phíolótacha le haghaidh pleananna spásúla rialtais áitiúil.
366	C6.1. R4-I1	T	Aonaid trealaimh sheismigh arna soláthar		Líon	0	300	R4	2022	Leis an infheistíocht, neartófar acmhainneacht eagraíochtúil agus bonneagair Shuirbhé Seismeolaíoch Phoblacht na Cróite trí 300 aonad trealaimh ar a laghad a cheannach chun cáilíocht bhailiú, phróiseáil agus chur i bhfeidhm na sonraí seismeacha is gá le haghaidh phróiseas athchóirithe foirgneamh a mhéadú, pleanáil chun saoráidí nua a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh ar bhonneagar poiblí, chomh maith le hathléimneacht na Cróite i leith creathanna talún agus rioscaí gaolmhara a neartú.
367	C6.1. R4-I1	M	Oiliúint d'fhostaithe an tSuirbhé Seismeolaíoch	Oiliúint curtha ar fáil				R2	2026	Cuirfear oiliúint ar oibriú an trealaimh agus ar phróiseáil na sonraí ar fáil d'fhostaithe Shuirbhé Seismeolaíoch Phoblacht na Cróite.
368	C6.1. R5	M	Glacadh an Chláir um Bainistiú Ciorclach Spáis agus Forbartha Foirgneamh don	Foilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hAireachta Pleanála Fisiciúla, Foirgníochta agus				R4	2021	Sa Chlár Forbartha um Bainistiú Ciorclach Spáis agus Foirgneamh don tréimhse ó 2021 go 2030, a bheidh le glacadh ag an rialtas, leagfar amach cuspóirí agus bearta maidir le bainistiú ciorclach spáis agus foirgneamh

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			tréimhse 2021-2030 agus glacadh an Chláir Forbartha Bonneagair Ghlais Uirbigh don tréimhse 2021-2030	Sócmhainní Stáit						lena spreagtar inter alia bearta ciorclaíochta i bpleanáil foirgneamh nua, athúsáid foirgneamh tréigthe agus síneadh a chur le marthanacht spásanna agus foirgneamh atá ann cheana, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní foirgneamh agus úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú, táirgí agus ábhair foirgníochta a athúsáid, chun críche úsáid éifeachtúil acmhainní spásúla agus giniúint dramhaíola foirgneamh a laghdú i gcomhréir leis an bPlean Bainistithe Dramhaíola nuashonraithe, mar bhonn chun straitéisí athnuachana uirbí glasa a fhorbairt; Leagfar amach sa Chlár Forbartha don Bhonneagar Glas Uirbeach don tréimhse 2021-2030, atá le glacadh ag an rialtas, na cuspóirí agus na bearta a rannchuidíonn le maolú ar an athrú aeráide agus le héifeachtaí oileán teasa a laghdú, le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, le feabhas a chur ar cháilíocht saoil agus ar thithíocht i gcathracha, le sláinte an duine a fheabhsú, le feabhas a chur ar cháilíocht limistéar uirbeach trí thailte tearcúsáidte agus tréigthe a chlaochlú, le hinfheistíochtaí glasa a spreagadh, le tacaíocht a thabhairt d’athchóiriú agus do chaomhnú speiceas agus gnáthóg faoi na treoracha maidir le Speicis agus Gnáthóga i gcomhréir le

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 agus le poist nua a chruthú agus coigilteas fuinnimh a sheachadadh, a bheidh mar bhonn chun straitéisí athnuachana uirbí glasa a fhorbairt.
369	C6.1. R5	T	Straitéisí maidir le hathnuachan uirbeach glas a ghlacadh		Líon	0	10	R4	2023	10 straitéis maidir le hathnuachan uirbeach glas ar a laghad a ghlacadh chun bonn a chur faoi fhorbairt an spáis inbhuanaithe, agus béim á leagan ar bhonneagar uirbeach glas a fhorbairt agus ar réitigh dhúlrabhunaithe a chomhtháthú, samhlacha a chomhtháthú le haghaidh bainistiú ciorclach spáis agus foirgneamh, athléimneacht i gcoinne rioscaí agus an athraithe aeráide a neartú, agus tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe fhoriomlán.
370	C6.1. R5	T	Tabhairt chun críche treoirthionscadail a sainaithníodh trí straitéisí athnuachana uirbí glasa		Líon	0	1	R2	2026	Tabharfar treoirthionscadal amháin ar a laghad a shainaithnítear trí straitéisí athnuachana uirbí glasa chun críche.
371	C6.1. R6	M	Treoirthionscadal córasach bainistíochta fuinnimh curtha i gcrích go rathúil agus é mar aidhm	Treoirthionscadal comhlánaithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hAireachta Pleanála Fisiciúla, Foirgníochta agus Sócmhainní Stáit				R4	2023	Tar éis glao poiblí, cuirfidh an Aireacht Pleanála Fisiciúla, Foirgníochta agus Sócmhainní Stáit i gcomhar le Gníomhaireacht Réadmhaoine Rialtas na Cróite treoirthionscadal chun feidhme lena gcumhdófar gach earnáil tomhaltais

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			leis samhail nua maoinithe athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a thástáil							fuinnimh agus uisce san aonad rialtais áitiúil píolótach trí bhailiú uathoibríoch sonraí a bhunú maidir le tomhaltas fuinnimh agus uisce i bhfoirgnimh ilteaghaise sa limistéar píolótach roghnaithe. Is é cuspóir an treoirthionscadail coigilteas fuinnimh agus uisce a bhaint amach trí bhainistiú córasach fuinnimh a chur ar bun agus a chur chun feidhme agus deis a thabhairt tástáil a dhéanamh ar na féidearthachtaí cur chun feidhme a bhaineann leis an tsamhail mhaoiniúcháin nua le haghaidh athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh ilteaghaise, lena n-áirítear anailís costais is tairbhe chun í a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta. Ar bhonn na dtreoirlínte treoirthionscadail maidir le cur i bhfeidhm na samhla bainistíochta tomhaltais fuinnimh d’fhoirgnimh ilteaghaise ar an leibhéal náisiúnta.

V.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Athchóiriú C6.1 R7 — Úsáid chiorclach dramhaíola tógála ó fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu: treoirthionscadal ina ndéantar iniúchadh ar dheiseanna malartaithe agus trádála

Is é cuspóir an bhirt scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le húsáid chiorclach dramhaíola tógála ó fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin treoirthionscadail a chur chun feidhme agus treoirlínte náisiúnta a ghlacadh maidir le húsáid chiorclach dramhaíola tógála ó na foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu.

Infheistíocht C6.1 R1 — I4 Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu

Is é is cuspóir don bheart seo uaillmhian bheart C6.1 R1-I3 atá ann cheana maidir le hathchóiriú fuinnimh foirgneamh a bhfuil stádas earra cultúir acu a mhéadú. Déanfar na Treoirlínte maidir le hathchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu a ullmhú agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hAireachta Cultúir agus Meán. Soláthrófar moltaí sna treoirlínte maidir le bearta athchóirithe fuinnimh, réitigh theicniúla, agus ábhair nua-aimseartha, agus soiléireofar nósanna imeachta chun an doiciméadacht a ullmhú agus na ceadanna is gá a fháil.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

V.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
402	C6.1. R7	M	Comhaontuithe sínithe maidir le treoirthionscadail a chur chun feidhme	Comhaontuithe sínithe chun treoirthionscadail a chur chun feidhme				R3	2024	Síneofar comhaontuithe chun treoirthionscadail a chur chun feidhme leis na haonaid féinrialtais áitiúla.
403	C6.1. R7	T	Treoirthionscadail curtha i gcrích	Treoirthionscadail a chur i gcrích le láithreáin bhonneagair atá feistithe agus oibríochtúil.	Líon	0	2	RÁITHE 1	2026	Cuirfear treoirthionscadail i gcrích in dhá aonad rialtais áitiúil roghnaithe, ag díriú ar dhramhaíl tógála ó fhoirgnimh oidhreachta cultúrtha a athúsáid. Déanfar dhá shaoráid le haghaidh bainistiú dramhaíola foirgníochta a fheistiú agus a chur i bhfeidhm. Cuirfear tionscadail chun feidhme i gcomhréir le prionsabail DNSH. I gcás fáil feithiclí, soláthrófar tacaíocht go heisiach d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus/nó d'fheithiclí hibrideacha inluchtaithe a astaíonn níos lú ná 50 g CO2/km nó d'fheithiclí sainchuspóireacha bunaithe ar na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil i gcomhréir le rialacha soláthair phoiblí. Déanfar fardal d'fhoirgnimh roghnaithe a bhfuil stádas earra cultúir acu a ullmhú don dá aonad rialtais áitiúil.
404	C6.1. R7	M	Treoirlínte náisiúnta maidir le húsáid chiorclach dramhaíola tógála ó na foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu	Treoirlínte náisiúnta maidir le húsáid chiorclach na dramhaíola tógála ó na foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu foilsithe				RÁITHE 1	2026	Foilseofar treoirlínte maidir le húsáid chiorclach dramhaíola tógála ó fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu. Bunófar ardán digiteach maidir leis an bhfardal foirgneamh a bhfuil stádas earra cultúir acu.
405	C6.1. R1 — I4	M	Treoirlínte maidir le hathchóiriú fuinnimh foirgneamh a bhfuil stádas earra cultúir acu	Foilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hAireachta Cultúir agus Meán				R4	2023	Déanfar treoirlínte maidir le hathchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu a ullmhú agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hAireachta Cultúir agus Meán. Soláthrófar moltaí sna treoirlínte maidir le bearta

										athchóirithe fuinnimh, réitigh theicniúla, agus ábhair nua-aimseartha, agus soiléireofar nósanna imeachta chun an doiciméadacht a ullmhú agus na ceadanna is gá a fháil.

W. COMHPHÁIRT 7.1: Fuinneamh agus IOMPAR SUSÁLAITHE (COIMISIÚN REPOWEREU)

Is é príomhchuspóir na comhpháirte sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, go háirithe ón Rúis, agus dlús a chur leis an aistriú glas ar fud an gheilleagair. Tá sé beartaithe é sin a bhaint amach le bearta a bhaineann le gréasáin fuinnimh, bonneagar gáis nádúrtha leachtaithe agus gáis, glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, iompar astaíochtaí nialasacha, agus hidrigin in-athnuaite. Tá sé beartaithe leis na bearta thuasluaite cuidiú le feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair agus ar éagsúlú sholáthar gáis an Aontais, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí tháirgeadh agus glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh amhail bithmheatán inbhuanaithe, hidrigin in-athnuaite agus fuinneamh geoiteirmeach a mhéadú, sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur lena imscaradh, rannchuidiú le slándáil fuinnimh a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill i ndáileadh leictreachais, agus tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha.

As na naoi mbeart faoin gcomhpháirt sin, tá gné thrasteorann nó ilnáisiúnta ag baint le hocht gcinn díobh. Baineann na hinfheistíochtaí is mó a bhfuil gné thrasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo le hacmhainneacht chríochfort GNL ar oileán Krk a mhéadú agus an bonneagar gáis a neartú, chomh maith le hacmhainneachtaí tarchurtha agus dáileacháin an ghréasáin leictreachais a neartú. Baineann infheistíochtaí suntasacha eile a bhfuil gné thrasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo le glacadh méadaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail hidrigin in-athnuaite, bithmheatán inbhuanaithe agus fuinneamh geoiteirmeach, chomh maith leis na hinfheistíochtaí i bhfeithiclí a chumhachtaítear le breosla malartach le haghaidh iompar rialta uirbeach agus fo-uirbeach poiblí agus forbairt bonneagar breoslaí malartacha san iompar de bhóthar.

Rannchuideoidh na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha atá dírithe ar an gCróit maidir leis an ngá atá le heangacha tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú (Moltaí tírshonracha 2022.3.3 agus 2023.3.4), chun cur in úsáid agus glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú (Moltaí tírshonracha 2019.3.3, 2020.3.8, 2022.3.2, 2023.3.1 agus 3.2), chun allmhairí breosla iontaise a éagsúlú (Moltaí tírshonracha 2022.3.1), agus chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise san iompar a laghdú agus iompar astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn (Moltaí tírshonracha 2019.3.3, 2020.3.7, 2022.3.5, 2023.3.1 agus 3.6).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (C(2023) 6454 final), cé nach bhfuil feidhm ag an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ maidir le hinfheistíocht C7.1 I3 — Acmhainneacht chríochfort GNL ar oileán Krk a mhéadú agus an bonneagar gáis a neartú, i gcomhréir le hAirteagal 21c(6) de Rialachán (AE) 2021/241.

W.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C7.1 R1 — Beart méadaithe: Dícharbónú na hearnála fuinnimh

Is é is cuspóir don bheart seo Athchóiriú C1.2 R1 a mhéadú: An earnáil fuinnimh a dhícharbónú faoi Chomhchuid 1.2 (Aistriú fuinnimh le haghaidh geilleagar inbhuanaithe).
Is éard atá sa bheart córas new d’fhéintomhaltas le haghaidh saoráidí táirgthe fuinnimh i bhféinsoláthar.

Infheistíocht C7.1 R1-I1 — Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua (infheistíocht C1.2.R1-I3 arna haistriú ón gcinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a glacadh cheana)

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo úsáid hidrigine sa Chróit a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tionscadal hidrigine in-athnuaite a mhaoiniú, agus staidéir ar Stóráil Geolaíochta Carbóin.

Infheistíocht C7.1 R1-I2 — Geilleagar hidriginbhunaithe a bhunú

Is é cuspóir na hinfheistíochta glacadh tháirgeadh agus úsáid hidrigine in-athnuaite a mhéadú.
Is éard atá i gceist leis an infheistíocht Gníomhaireacht Hidreacarbóin na Cróite a ainmniú mar an comhlacht comhordaithe hidrigine sa Chróit, agus glacadh leis an Staidéar ar an bPlean chun Straitéis Hidrigine na Cróite a Fhorbairt agus a Chur Chun Feidhme go dtí 2050 ag Gníomhaireacht Hidreacarbóin na Cróite.

Infheistíocht C7.1 R1-I3 — Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh san iompar agus sa téamh a neartú

Is é cuspóir na hinfheistíochta glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis na hinfheistíochtaí oibreacha druileála geoiteirmeacha a rinneadh, agus glacadh an Phlean Forbartha um Acmhainneacht Gheoiteirmeach.

Infheistíocht C7.1 I4 — Feithiclí a chumhachtaítear le breoslaí malartacha a sholáthar le haghaidh iompar poiblí uirbeach agus fo-uirbeach rialta

Is é cuspóir na hinfheistíochta iompar rialta poiblí uirbeach agus fo-uirbeach paisinéirí a nuachóiriú agus úsáid feithiclí nialasacha a mhéadú.

Is éard atá san infheistíocht busanna faoi thiomáint breosla mhalartaigh (leictreach agus/nó hidrigin) a sholáthar.

Infheistíocht C7.1 I1 — Beart méadaithe: Soláthar feithiclí faoi thiomáint breosla mhalartaigh le haghaidh iompar poiblí uirbeach agus fo-uirbeach

Is é is cuspóir don bheart seo Infheistíocht C7.1 I4 a mhéadú: Soláthar feithiclí faoi thiomáint breosla mhalartaigh le haghaidh iompar rialta poiblí uirbeach agus fo-uirbeach faoi Chomhchuid 7.1 (Fuinneamh agus Iompar Iontaofa (Comhchuid REPowerEU)).

Is éard atá san infheistíocht busanna faoi thiomáint breosla mhalartaigh (leictreach agus/nó hidrigin) agus aonad fuinnimh hidrigine a sholáthar chun innill féinghluaiste leictreacha a chumhachtú.

W.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
406	C7.1. R1	M	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena mbunaítear an córas nua féintomhaltais	Foráil i ngníomh dlí lena mbunaítear an córas nua féintomhaltais, lena léirítear a theacht i bhfeidhm				RÁITHE 1	2025	Bunófar an córas nua féintomhaltais le haghaidh saoráidí táirgthe fuinnimh i bhféinsoláthar agus beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026. Leis an gcóras nua féintomhaltais, áiritheofar cóir chomhionann i measc na gcustaiméirí uile ó thaobh rochtain ar an ngréasán dáileacháin agus táillí gréasáin de. Leis an gcóras nua, athdhearfar an bealach chun luach saothair a ríomh don leictreachas féintáirgthe a instealltar san eangach; ní mór do na muirir agus na táillí uile, lena n-áirítear taraifí gréasáin, a bheith costas-léiritheach, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Ag an am céanna, cruthóidh an córas nua dreasachtaí do thomhaltóirí le bheith ina bhféintomhaltóirí, agus le haghaidh féintomhaltais. Ní fhorchuirfear muirir ná táillí ar leictreachas féintáirgthe a fhanann ar áitreabh an fhéintomhaltóra.
51	C7.1. R1-I1	M	Tionscadal hidrigine in-athnuaite a mhaoiniú	Dámhachtain deontais le haghaidh tionscadal hidrigine in-athnuaite, seachadadh an leictrealóra, plean cumhachta fótavoltaí a shuiteáil, agus conradh sínithe chun leictrealóir a				R4	2025	Deontas arna dhámhachtain de mhéid EUR 15 mhilliún chun tionscadal comhtháite hidrigine in-athnuaite a mhaoiniú, lena n-áirítear seachadadh ar láthair an leictrealóra ag a bhfuil acmhainneacht 10 MW ar a laghad de hidrigin in-athnuaite, gléasra cumhachta fótavoltaí a shuiteáil, agus conradh sínithe chun leictrealóir a shuiteáil.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				shuiteáil						Comhlíonfaidh an tionscadal na coinníollacha faoin Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001, agus faoi na Gníomhartha Tarmligthe ábhartha (AE) 2023/1185 agus (AE) 2023/1184.
52	C7.1. R1-I1	M	Tairiscint phoiblí seolta le haghaidh acmhainneacht bhreise hidrigine	Tairiscint phoiblí seolta le haghaidh acmhainneacht bhreise hidrigine				R2	2026	Tairiscint phoiblí a seoladh chun suiteáil a thógáil a shuiteálfaidh 20 MW d’acmhainneacht táirgeachta cumhachta hidrigine in-athnuaite, trí leictrealú.
54	C7.1. R1-I1	M	Staidéir ar Stóráil Gheolaíoch Carbóin	Foilsiú na n-achoimrí teicniúla ar na staidéir ar Stóráil Gheolaíoch Carbóin				R2	2026	Foilsiú sraithe achoimrí teicniúla ar na staidéir lena dtabharfar aghaidh ar an acmhainneacht stórála geolaíche CO2 faoi thalamh sa Chróit (ar tír agus amach ón gcósta). Áireofar sna staidéir mapáil ar struchtúir gheolaíocha atá inghlactha maidir le dé-ocsaíd charbóin a dhiúscairt go buan, agus staidéar féidearthachta comhtháite maidir le dé-ocsaíd charbóin a dhiúscairt go buan ag láithreán Bockovac.
407	C7.1. R1-I2	M	Comhlacht comhordaithe hidrigine	Foráil i ngníomh dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				RÁITHE 1	2024	Tiocfaidh gníomh dlí i bhfeidhm lena n-ainmneofar Gníomhaireacht Hidreacarbóin na Cróite mar an comhlacht comhordaithe hidrigine sa Chróit.
408	C7.1. R1-I2	M	Staidéar ar an bPlean chun Straitéis Hidrigine na Cróite a Fhorbairt agus a Chur Chun Feidhme go dtí	Staidéar ar an bPlean chun Straitéis Hidrigine na Cróite a Fhorbairt agus a Chur Chun Feidhme go dtí 2050 ar ghlac				RÁITHE 1	2025	Le Staidéar ar an bPlean chun Straitéis Hidrigine na Cróite a Fhorbairt agus a Chur Chun Feidhme go dtí 2050, déanfar anailís ar an úsáid is iomchuí hidrigine i ndícharbónú gheilleagar na Cróite, ag díriú ar úsáid

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			2050	Gníomhaireacht Hidreacarbóin na Cróite leis						hidrigine chun dícharbónú a dhéanamh ar earnálacha atá deacair a leictriú, amhail tionscal (próisis ardteochta), feithiclí tromshaothair, iompar muirí agus iarnróid, sula mbreithneofar earnálacha eile.
412	C7.1. R1-I3	M	Plean Forbartha na hAcmhainneachta Geoiteirmí	Glacadh agus foilsiú an Phlean Forbartha um Acmhainneacht Gheoiteirmeach ag an Aireacht Geilleagair agus Forbartha Inbhuanaithe				RÁITHE 1	2024	Déanfar an Plean Forbartha um Acmhainneacht Gheoiteirmeach a ghlacadh agus a fhoilsiú. Cinnfear leis an bPlean limistéir i bPoblacht na Cróite ina bhfuil sé beartaithe acmhainneacht gheoiteirmeach a fhiosrú, a fhorbairt agus a shaothrú.
413	C7.1. R1-I3	T	Oibreacha druileála geoiteirmeacha a rinneadh		Líon	0	2	R2	2026	Déanfar dhá thoibreacha geoiteirmeacha taiscéalaíochta a dhruileáil ar shuíomh roghnaithe. Ní fholóidh an druileáil aon taiscéalaíocht ná eastóscadh ola nó gáis. Ní cheannófar ná ní úsáidfear aon trealamh chun na gcríoch sin Áiritheofar go n-íoslaghdófar scaoileadh meatáin agus go bhfanfaidh sé i bhfad faoi bhun na tairsí 20,000 tona de choibhéis CO2 in aghaidh na bliana. Áiritheofar freisin nach mbeidh aon tionchar díobhálach ag an druileáil gheoiteirmeach ar ghanntanas uisce ná ar cháilíocht an uisce. Ní thacóidh an beart seo le córais téimh ceantair a úsáideann foinsí fuinnimh iontaise ná le haon infheistíocht i suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA).

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
116	C1.4. R4-I1	M	70 bus faoi thiomáint breosla mhalartaigh (leictreach agus/nó hidrigin)	70 bus faoi thiomáint breosla mhalartaigh (leictreach agus/nó hidrigin) ar glacadh leo go sealadach		0		R2	2026	Soláthrófar cruthúnas ar ghlacadh teicniúil sealadach tar éis a dtógála le haghaidh 70 bus nua a chumhachtaítear go malartach (faoi thiomáint leictreach agus/nó faoi thiomáint hidrigine).
414	C7.1. I1	M	103 bhus faoi thiomáint breosla mhalartaigh (leictreach agus/nó hidrigin)	103 bhus mhalartacha faoi thiomáint breosla (leictreach agus/nó hidrigin) ar glacadh leo go teicniúil				R2	2026	Soláthrófar cruthúnas ar ghlacadh teicniúil sealadach tar éis iad a thógáil le haghaidh 103 bhus nua a chumhachtaítear ar bhealach malartach (faoi thiomáint leictreach agus/nó faoi thiomáint hidrigine).
415	C7.1. I1	T	Aonad fuinnimh hidrigine amháin chun innill féinghluaiste leictreacha atá suite i vaigín ar leithligh (HERMES) a chumhachtú		Líon	0	1	R2	2026	Suiteálfar aonad fuinnimh hidrigine amháin chun innill féinghluaiste leictreacha atá suite i vaigín ar leithligh (HERMES) a chumhachtú.

W.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht C7.1 R1-I4 — Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh san iompar agus sa téamh a neartú

Is é cuspóir na hinfheistíochta glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht bonneagar luchtaithe a thógáil le haghaidh busanna leictreacha.

Infheistíocht C7.1 R1-I5 — Bithbhreoslaí a úsáid san iompar (infheistíocht C1.2.R1 -I4 arna haistriú ón gcinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a glacadh cheana)

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh san iompar a mhéadú.

Is éard atá san infheistíocht an plean a ghlacadh chun bithbhreoslaí a tháirgeadh agus a úsáid san iompar.

Infheistíocht C7.1 R1-I6 — Acmhainneachtaí tarchurtha an ghréasáin leictreachais a neartú

Is é is cuspóir don infheistíocht seo tacú le leictriú agus dícharbónú na hearnála fuinnimh.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht seanchlaochladáin leictreachais a athsholáthar agus fostáisiúin leictreacha a atógáil.

Infheistíocht C7.1 I3 — Toilleadh an chríochfoirt GNL ar oileán Krk a mhéadú agus an bonneagar gáis a neartú

Is é cuspóir na hinfheistíochta éagsúlú sholáthar gáis an Aontais a mhéadú agus slándáil an tsoláthair gáis chuig Ballstáit chomharsanachta na Cróite a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht acmhainneacht chríochfort GNL ar oileán Krk, leathnú phíblíne Zlobin — Bosiljevo, phíblíne Bosiljevo — Sisak — Kozarac, chomh maith le cuid Lučko — Zabok idirnascaire na Cróite — na Slóivéine.

W.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
418	C7.1. R1-I4	M	Bonneagar luchtaithe le haghaidh busanna leictreacha	Bonneagar luchtaithe le haghaidh busanna leictreacha a tógadh				R2	2026	Soláthrófar cruthúnas ar thógáil 150 pointe luchtaithe ar a laghad le haghaidh busanna leictreacha.
55	C7.1. R1-I5	M	Glacadh an plean chun bithbhreoslaí a tháirgeadh agus a úsáid san iompar	Teacht i bhfeidhm an Phlean agus an chláir chun bithbhreoslaí a tháirgeadh agus a úsáid san iompar				R4	2023	Tiocfaidh an Plean chun bithbhreoslaí a tháirgeadh agus a úsáid san iompar i bhfeidhm. Leagfar amach sa phlean beartas chun táirgeadh agus úsáid bithbhreoslaí ardfhorbartha san iompar a chur chun cinn i bPoblacht na Cróite. Áireofar sa phlean athbhreithniú agus measúnú leanúnach ar staid mhargadh na mbithbhreoslaí, samhlacha nua gnó, geallsealbhóirí, bearta chun táirgeadh agus úsáid mhéadaithe bithbhreoslaí ardfhorbartha san iompar a chur chun cinn.
419	C7.1. R1-I6	T	Claochladáin leictreachais a athsholáthar		Líon	0	8	R2	2026	Déanfar ocht seanchlaochladán leictreachais ar a laghad i gcóras tarchurtha a ionadú.
420	C7.1. R1-I6	T	Fostáisiúin a atógáil		Líon	0	2	R2	2026	Déanfar dhá fhostáisiún 110 kV ar a laghad a atógáil.
421	C7.1. I3	M	Conradh maidir le trealamh chun críochfort GNL ar oileán Krk a leathnú	Conradh maidir le trealamh sínithe				R4	2023	Síneofar conradh le haghaidh trealamh chun críochfort GNL Krk a leathnú d'fhonn an toilleadh a leathnú go 700 000 m^3 in aghaidh na huaire (m^3/u).
422	C7.1 I3	T	Críochfort GNL atá oibríochtúil ar oileán Krk a leathnú		m^3 san uair	450 000	700 000	R3	2025	Beidh leathnú an chríochfoirt GNL ar oileán Krk oibríochtúil le hacmhainneacht mhéadaithe ghásúcháin 700 000 m^3/h. Tiocfaidh méadú ar thoilleadh an chríochfoirt GNL ar oileán Krk ón

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										450 000 m³/h atá ann faoi láthair go 700 000 m³/h.
423	C7.1 I3	M	Conradh maidir le hoibreacha chun píblíne gháis Zlobin — Bosiljevo a leathnú	Conradh le haghaidh oibreacha sínithe				R3	2023	Síneofar conradh le haghaidh oibreacha chun píblíne gháis Zlobin — Bosiljevo a leathnú.
424	C7.1 I3	T	Píblíne leathnaithe Zlobin — Bosiljevo a thógáil		km	0	58	R2	2025	Tógfar píblíne gháis Zlobin leathnaithe — Bosiljevo, a bhfuil fad 58 km aici.
425	C7.1 I3	M	Tairiscint ar sholáthar píopaí chun píblíne gháis Bosiljevo — Sisak — Kozarac a leathnú	Tairiscint ar sholáthar píopaí seolta				RÁITHE 1	2024	Seolfar tairiscint chun píopaí a sholáthar chun píblíne gháis Bosiljevo — Sisak — Kozarac a leathnú.
426	C7.1 I3	T	Píblíne gháis Bosiljevo — Sisak — Kozarac a thógáil		km	0	122	R2	2026	Tógfar píblíne gháis Bosiljevo — Sisak — Kozarac, a bhfuil fad 122 km aici, rud a mhéadóidh an acmhainneacht iompair gáis i dtreo na hUngáire go 400000 sm3/h.
427	C7.1 I3	M	Tairiscint ar sholáthar píopaí chun cuid Lučko — Zabok den idirnascaire idir an Chróit agus an tSlóivéin a leathnú	Tairiscint ar sholáthar píopaí seolta				RÁITHE 1	2024	Seolfar tairiscint ar sholáthar píopaí chun cuid Lučko — Zabok an idirnascaire idir an Chróit agus an tSlóivéin a leathnú.
428	C7.1 I3	T	Tógáil stráice Lučko — Zabok idirnascaire na Cróite — na Slóivéine		km	0	36	R2	2026	Tógfar Roinn Lučko — Zabok, idirnascaire gáis na Cróite — na Slóivéine, atá 36 km ar fad, rud a mhéadóidh an acmhainneacht iompair gáis i dtreo na Slóivéine go 170000 sm3/h.

X. COMHCHUID 7.2: Rialáil Fuinnimh ar Fhoirgnimh (CAIBIDIL REPowerEU)

Is é príomhchuspóir na comhpháirte sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú glas ar fud an gheilleagair. Tá sé beartaithe é sin a bhaint amach le bearta a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh, dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, agus scileanna glasa a fheabhsú. Tá sé i gceist leis na bearta thuasluaite cuidiú le borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh, rannchuidiú leis an tslándáil fuinnimh a mhéadú, agus tacú le hathcháiliú an lucht saothair i dtreo scileanna glasa.

As na cúig bheart faoin gcomhpháirt sin, tá gné thrasteorann nó ilnáisiúnta ag baint le dhá cheann acu, is é sin na hinfheistíochtaí in athchóiriú fuinnimh foirgneamh agus in athchóiriú foirgneamh a ndearnadh damáiste dóibh i gcreathanna talún le hathchóiriú fuinnimh.

Rannchuideoidh na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha atá dírithe ar an gCróit maidir leis an ngá atá leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, go príomha i bhfoirgnimh chónaithe (Moltaí tírshonracha 2019.3.3, 2022.3.4, 2023.3.1. agus 3.5), maidir leis an ngá atá le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a fháil (Moltaí tírshonracha 2023.3.7), agus chun imscaradh agus glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú (Moltaí tírshonracha 2019.3.3, 2020.3.8, 2022.3.2, 2023.3.1 agus 3.2).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ á cur san áireamh (C(2023) 6454 final).

X.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú C7.2 R1 — Beart méadaithe: Éifeachtúlacht a mhéadú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus an próiseas athchóirithe a dhigitiú

Is é cuspóir an bhirt Athchóiriú C6.1.R3 a mhéadú: Éifeachtúlacht a mhéadú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus an próiseas athchóirithe a dhigitiú faoi thionscnamh 6.1: Athchóiriú foirgneamh Is éard atá sa chuid mhéadaithe den bheart ceardlanna rannpháirtíochta a eagrú, clár agus treoir a ullmhú d’aonaid féinrialtais áitiúla, agus ábhair oideachais a fhoilsiú.

Athchóiriú C7.2 R2 — Beart méadaithe: Samhail nua de straitéisí um athnuachan uirbeach glas a thabhairt isteach agus treoirthionscadal a chur chun feidhme chun bonneagar glas a fhorbairt agus chun bainistiú ciorclach a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar an spás

Is é cuspóir an bhirt Athchóiriú C6.1.R5 a mhéadú: Samhail nua de straitéisí um athnuachan uirbeach glas a thabhairt isteach agus treoirthionscadal a chur chun feidhme chun bonneagar glas a fhorbairt agus chun bainistiú ciorclach a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar an spás faoi thionscnamh 6.1: Athchóiriú foirgneamh Is éard atá sa chuid mhéadaithe den bheart straitéisí breise maidir le hathnuachan uirbeach glas a ghlacadh agus treoirthionscadail bhreise a chur chun feidhme.

Infheistíocht C7.2 I3 Athchóiriú foirgneamh a ndearnadh damáiste dóibh i gcreathanna talún le hathchóiriú fuinnimh

Is é is cuspóir don bheart an damáiste a rinne creathanna talún 2020 d'fhoirgnimh phoiblí a dheisiú, athléimneacht sheismeach foirgneamh a mhéadú agus a n-éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí a ndearnadh damáiste dóibh i gcreathanna talún.

Is le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a mhaoineofar athchóiriú foirgneamh go dtí a riocht bunaidh sula ndéanfar damáiste, i gcás inarb infheidhme, agus is leis an infheistíocht sin a mhaoineofar an difríocht leis an athchóiriú iomlán, lena n-áirítear an méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus a n-athléimneacht sheismeach a mhéadú (an prionsabal 'atógáil chun feabhais').

X.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
429	C7.2 R1	T	Ceardlanna rannpháirtíochta a reáchtáiltear		Líon	0	6	R3	2025	Déanfar sé cheardlann rannpháirtíochta ar a laghad maidir le hathchóiriú fuinnimh agus bonneagar glas a fhorbairt in aonaid féinrialtais éagsúla. Ullmhófar clár agus treoir maidir le ceardlanna rannpháirtíochta a reáchtáil d'ionadaithe na n-aonad féinrialtais áitiúil. Cuirfear ábhair oideachais ó na ceardlanna ar fáil don phobal ar a laghad ar thairseach an ionaid ilfhreastail.
430	C7.2 R2	T	Straitéisí maidir le hathnuachan uirbeach glas a ghlacadh		Líon	10	70	R3	2025	Glacfar 60 straitéis um athnuachan uirbeach glas ar a laghad.
431	C7.2 R2	T	Tabhairt chun críche treoirthionscadal arna sainaithint trí na straitéisí maidir le hathnuachan uirbeach glas		Líon	0	15	R2	2026	Tabharfar 15 thionscadal phíolótacha ar a laghad a shainaithnítear trí na straitéisí um athnuachan uirbeach glas chun críche.
448	C7.2 I3	T	Fuinneamh agus athchóiriú iar-chrith foirgneamh poiblí a ndearna na creathanna talún damáiste dóibh		Líon (m^2)	0	22 178	R2	2026	Athchóiriú fuinnimh agus iar-chrith 22 178 m^2 ar a laghad d'fhoirgnimh phoiblí a ndearna na creathanna talún damáiste dóibh (i gceann amháin nó níos mó de na limistéir seo a leanas: cathair Shágrab, Contae Krapina-Zagorje, Contae Zagreb,

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Contae Sisak-Moslavina, Contae Karlovac, Contae Varaždin, Contae Međimurje, Contae Brod-Posavina, Contae Koprivnica-Križevci agus Contae Bjelovar-Bilogora), íoscheanglas a bhaint amach maidir le tomhaltas fuinnimh le haghaidh téimh a laghdú 50 % ar a laghad i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh bliantúil le haghaidh téimh roimh an athchóiriú do gach foirgneamh (seachas foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu), rud a thabharfaidh méadú 30 % ar choigilteas fuinnimh phríomhúil ar leibhéal na sprice i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe agus a bheidh i gcomhréir le prionsabal DNSH. Is 20 % ar a mhéad den chostas athchóirithe a bheidh sa chostas a bhaineann le coirí comhdhlúthúcháin gáis a shuiteáil a chuirfear in ionad na gcoirí gáis, guail agus ola-bhunaithe atá ann cheana.

X.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Athchóiriú C7.2 R3 — Beart méadaithe: Samhail nua de straitéisí um athnuachan uirbeach glas a thabhairt isteach agus treoirthionscadal a chur chun feidhme chun bonneagar glas a fhorbairt agus chun bainistiú ciorclach a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar an spás

Is é cuspóir an bhirt Athchóiriú C6.1.R5 a mhéadú: Samhail nua de straitéisí maidir le hathnuachan uirbeach glas a thabhairt isteach agus treoirthionscadal a chur chun feidhme chun bonneagar glas a fhorbairt agus chun bainistiú ciorclach a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar an spás faoi thionscnamh 6.1 Athchóiriú foirgneamh. Is éard atá sa chuid mhéadaithe den bheart treoirthionscadail bhreise a chur chun feidhme.

Athchóiriú C7.2 R4 — Samhail nua de chláir foghlama aosaí a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh scileanna agus inniúlachtaí glasa a fhorbairt in earnáil na tógála, lena n-áirítear modúil chun tacú le lánpháirtiú oibrithe tríú tír

Is é cuspóir an bhirt creat a bhunú chun scileanna na n-oibrithe tríú tír in earnáil na tógála a neartú. Is éard atá i gceist leis an mbeart clár oideachais aosaigh a fhorbairt d'oibrithe ó thríú tíortha maidir le teicneolaíochtaí tógála éifeachtúlachta fuinnimh, modúl Cróitise a fhorbairt i ngairm na tógála agus modúl idirchultúrtha. .

Infheistíocht C7.2 I1 — Beart méadaithe: Athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh

Is é cuspóir an bhirt Infheistíocht C6.1 R1-I1 a mhéadú: Athchóiriú fuinnimh foirgneamh faoi thionscnamh 6.1: Athchóiriú foirgneamh Is éard atá sa chuid mhéadaithe den bheart líon na méadar cearnach athchóirithe d'fhoirgnimh phoiblí agus ilteaghaise a mhéadú agus córais fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil i bhfoirgnimh phoiblí a athchóirítear tríd an infheistíocht sin.

Infheistíocht C7.2 I2 — Athchóiriú foirgneamh a ndearnadh damáiste dóibh i gcreathanna talún le hathchóiriú fuinnimh

Is é is cuspóir don bheart an damáiste a rinne creathanna talún 2020 d'fhoirgnimh ilárasán agus phoiblí a dheisiú, athléimneacht sheismeach foirgneamh a mhéadú agus a n-éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí agus ilteaghaise a ndearnadh damáiste dóibh i gcreathanna talún agus córais fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil i bhfoirgnimh phoiblí a athchóiríodh tríd an infheistíocht sin.

Is le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a mhaoineofar athchóiriú foirgneamh go dtí a riocht bunaidh sula ndéanfar damáiste, i gcás inarb infheidhme, agus is leis an infheistíocht sin a mhaoineofar an difríocht leis an athchóiriú iomlán, lena n-áirítear an méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus a n-athléimneacht sheismeach a mhéadú (an prionsabal 'atógáil chun feabhais').

X.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
432	C7.2 R3	T	Tabhairt chun críche treoirthionscadal arna sainaithint trí na straitéisí maidir le hathnuachan uirbeach glas		Líon	0	4	R2	2026	Tabharfar ceithre thionscadal phíolótacha ar a laghad a shainaithnítear trí na straitéisí maidir le hathnuachan uirbeach glas chun críche.
433	C7.2 R4	M	Clár oideachais d'oibrithe ó thríú tíortha	Clár oideachais a chlúdaíonn topaicí athchóirithe a dearadh				RÁITHE 1	2025	Dearfar clár oideachais aosaigh lena gcumhdófar topaicí athchóirithe.
435	C7.2 I1	T	Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh ilteaghaise		Líon (m²)	0	361 431	R2	2026	Athchóiriú fuinnimh 361 431 m² ar a laghad d'fhoirgnimh ilteaghaise, íoscheanglas a bhaint amach maidir le tomhaltas fuinnimh le haghaidh téimh a laghdú 50 % ar a laghad i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh bliantúil le haghaidh téimh roimh an athchóiriú do gach foirgneamh (seachas an foirgneamh a bhfuil stádas earra cultúir aige), lena soláthrófar méadú 30 % ar choigilteas fuinnimh phríomhúil ar leibhéal na sprice i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe agus a bheidh i gcomhréir le prionsabal DNSH. Is 20 % ar a mhéad den chostas athchóirithe a bheidh sa chostas a bhaineann le coirí comhdhlúthúcháin gáis a shuiteáil a chuirfear in ionad na gcoirí gáis, guail agus ola-bhunaithe atá ann cheana.

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
436	C7.2 I1	T	Athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí		Líon (m²)	0	365 517	R2	2026	Athchóiriú fuinnimh 365 517 m² ar a laghad d'fhoirgnimh phoiblí, lena mbaintear amach íoscheanglas maidir le tomhaltas fuinnimh le haghaidh téimh a laghdú 50 % ar a laghad i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh bliantúil le haghaidh téimh roimh an athchóiriú do gach foirgneamh (seachas na foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu), lena soláthrófar méadú 30 % ar choigilteas fuinnimh phríomhúil ar leibhéal na sprice i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe, agus a bheidh i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Is 20 % ar a mhéad den chostas athchóirithe a bheidh sa chostas a bhaineann le coirí comhdhlúthúcháin gáis a shuiteáil a chuirfear in ionad na gcoirí gáis, guail agus ola-bhunaithe atá ann cheana.
437	C7.2 I1	T	Córais fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil i bhfoirgnimh phoiblí		Líon	0	60	R2	2026	Suiteálfar 60 córas fuinnimh in-athnuaite ar a laghad i bhfoirgnimh phoiblí a athchóireofar faoin infheistíocht sin.
438	C7.2 I2	T	Conarthaí sínithe le haghaidh athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh ilteaghaise a ndearna na creathanna talún damáiste dóibh		EUR	0	13 000 000	R2	2024	Síníodh conarthaí lenar dámhadh EUR 13 mhilliún ar a laghad chun athchóiriú fuinnimh a dhéanamh ar fhoirgnimh ilteaghaise a ndearna na creathanna talún damáiste dóibh. Ceanglófar le gach conradh (i) laghdú íosta 50 % ar a laghad ar thomhaltas fuinnimh le haghaidh téimh i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										bliantúil le haghaidh téimh roimh an athchóiriú do gach foirgneamh (seachas na foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu), a rannchuideoidh le méadú 30 % ar a laghad ar choigilteas fuinnimh phríomhúil a bhaint amach i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe agus (ii) comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ mar a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú.
356	C7.2 I2	T	Fuinneamh agus athchóiriú iar-chrith foirgneamh ilteaghaise a ndearna na creathanna talún damáiste dóibh		Líon (m²)	0	78 350	R2	2026	Athchóiriú fuinnimh agus iar-chrith 78 350 m² ar a laghad d’fhoirgnimh ilteaghaise a ndearna na creathanna talún damáiste dóibh (i gceann de na limistéir seo a leanas: cathair Shágrab, Contae Krapina-Zagorje, Contae Zagreb, Contae Sisak-Moslavina, Contae Karlovac, Contae Varaždin, Contae Međimurje, Contae Brod-Posavina, Contae Koprivnica-Križevci agus Contae Bjelovar-Bilogora), íoscheanglas a bhaint amach maidir le tomhaltas fuinnimh le haghaidh téimh a laghdú 50 % ar a laghad i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh bliantúil le haghaidh téimh roimh an athchóiriú do gach foirgneamh (seachas foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu), rud a thabharfaidh méadú 30 % ar choigilteas fuinnimh phríomhúil ar leibhéal na sprice i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe, agus a bheidh i gcomhréir le

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										prionsabal DNSH. Is 20 % ar a mhéad den chostas athchóirithe a bheidh sa chostas a bhaineann le coirí comhdhlúthúcháin gáis a shuiteáil a chuirfear in ionad na gcoirí gáis, guail agus ola-bhunaithe atá ann cheana.
357	C7.2 I2	T	Fuinneamh agus athchóiriú iar-chrith foirgneamh poiblí a ndearna na creathanna talún damáiste dóibh		Líon (m^2)	0	574 317	R2	2026	Athchóiriú fuinnimh agus iar-chrith 574 317 m^2 ar a laghad d'fhoirgnimh phoiblí a ndearna na creathanna talún damáiste dóibh (i gceann amháin nó níos mó de na limistéir seo a leanas: cathair Shágrab, Contae Krapina-Zagorje, Contae Zagreb, Contae Sisak-Moslavina, Contae Karlovac, Contae Varaždin, Contae Međimurje, Contae Brod-Posavina, Contae Koprivnica-Križevci agus Contae Bjelovar-Bilogora), íoscheanglas a bhaint amach maidir le tomhaltas fuinnimh le haghaidh téimh a laghdú 50 % ar a laghad i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh bliantúil le haghaidh téimh roimh an athchóiriú do gach foirgneamh (seachas foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu), rud a thabharfaidh méadú 30 % ar choigilteas fuinnimh phríomhúil ar leibhéal na sprice i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe agus a bheidh i gcomhréir le prionsabal DNSH. Is 20 % ar a mhéad den chostas athchóirithe a bheidh sa chostas a bhaineann le coirí comhdhlúthúcháin gáis a shuiteáil a chuirfear in

Líon	Tomhais	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										ionad na gcoirí gáis, guail agus ola-bhunaithe atá ann cheana.
439	C7.2 I2	T	Córais fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil i bhfoirgnimh phoiblí a ndearna na creathanna talún damáiste dóibh		Líon	0	50	R2	2026	Suiteálfar 50 córas fuinnimh in-athnuaite ar a laghad i bhfoirgnimh phoiblí a athchóireofar faoin infheistíocht seo.

4. Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Is é EUR 9961398190 costais mheasta iomlána phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite.

Is é EUR 2721804579 costais mheasta iomlána chaibidil REPowerEU. Go háirithe, is é EUR 559000000 costais mheasta iomlána na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2023/435 agus is é EUR 2162804579 costais na mbeart eile i gcaibidil REPowerEU.

ROINN 2: TACAÍOCHT AIRGEADAIS

1. Ranníocaíocht

Déanfar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a eagrú ar an mbealach seo a leanas:

1. An Chéad Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
45	C1.2. R1-I2	M	Ghlac an Rialtas Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú
46	C1.2. R1-I2	T	Líon na gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite in earnáil na tionsclaíochta
49	C1.2. R1-I3	M	Teacht i bhfeidhm an Achta um Breoslaí Iompair Malartacha
59	C1.3. R1	M	Glacadh an Chláir Ilbhliantúil Tógála um Chóireáil Uisce agus Fuíolluisce Uirbigh
81	C1.3. R2	M	Glacadh an Achta um Bainistiú Dramhaíola
82	C1.3. R2	M	Athbhreithniú ar Phlean Bainistithe Dramhaíola Phoblacht na Cróite le haghaidh na tréimhse 2017-2022
91	C1.4. R1	M	Na leasuithe ar Acht na mBóithre
92	C1.4. R1	M	An Clár Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030
98	C1.4. R2	M	Glacadh na Litreach Beartais Earnála
109	C1.4. R3	M	An tAcht nua um Thrácht Cósta Rialta agus Séasúrach
110	C1.4. R3	M	An tAcht nua um Loingseoireacht Intíre agus Calafoirt
126	C1.5. R1	M	An Clár Oibríochtúil chun acmhainneacht mhargaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a neartú don tréimhse 2021-2026
134	C1.5. R3	M	Aonad a bhunú chun Tionscadail um Chlaochlú Digiteach a Chur Chun Feidhme agus a Bhainistiú san Aireacht Talmhaíochta
140	C1.6. R1	M	Anailís ar chásanna mar chuid den Fhorbairt Turasóireachta Inbhuanaithe Straitéis do 2030
156	C2.1. R2	M	Leasú ar reachtanna ARPA chun a shainordú a athshainiú
157	C2.1. R2	M	Bunú an chórais cur chun feidhme agus iniúchóireachta agus rialaithe don phlean téarnaimh agus athléimneachta
158	C2.1. R2	M	Glacadh an Ghnímh maidir leis an gcreat institiúideach do chistí an Aontais
159	C2.1. R2	M	Measúnú ar an acmhainneacht riaracháin

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
207	C2.4. R1	M	Cinneadh nua ó Rialtas na Cróite glactha maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit a bhfuil leas ar leith ag an gCróit iontu
231	C2.6. R1	M	Straitéis nua frithéillitheachta le haghaidh 2021-2030 a ghlacadh
232	C2.6. R1	M	Glacadh an Dlí nua maidir le Coinbhleacht Leasa a Chosc
247	C2.7. R1	M	An creat fioscach a neartú tríd an nGníomh um an mBuiséad a leasú chun feabhas a chur ar na próisis bhuiséadacha
248	C2.7. R1	M	Feidhmiúlacht iomlán an Choimisiúin um Beartas Fioscach a áirithiú.
250	C2.8. R1	M	Feasacht a mhúscailt i measc na bpáirtithe freagracha uile trí oiliúint rialta
251	C2.8. R2	M	Leanúint den chomhar idir an Oifig um Fhrithsciúradh Airgid agus údaráis mhaoirseachta
253	C2.8. R3	M	Cur chun feidhme iomlán an Phlean Gníomhaíochta nua chun rioscaí sainaitheanta sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a mhaolú bunaithe ar mheasúnú riosca náisiúnta nuashonraithe.
265	C3.1. R1	M	Glacadh an chreata dhlíthiúil athbhreithnithe maidir leis an bhfoghlaim aosach
293	C4.1. R4	M	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht um Pá Íosta
302	C4.3. R1	M	Glacadh an Phlean Náisiúnta i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta 2021-2027
312	C4.3. R3	M	Glacadh an Phlean Náisiúnta um Fhorbairt Seirbhísí Sóisialta 2021-2027
333	C5.1. R3	M	Plean Forbartha Sláinte Náisiúnta 2021-2027
351	C6.1. R1	M	Cláir náisiúnta athchóirithe fuinnimh a ghlacadh le haghaidh (i) foirgnimh ilteaghaise, (ii) foirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu (don tréimhse 2021-30 araon), agus (iii) bochtaineacht fuinnimh a laghdú i limistéir arb ábhar imní ar leith iad don stát (don tréimhse 2021-25)
362	C6.1. R3	M	Oifig fhisiciúil ionaid ilfhreastail le haghaidh athchóiriú fuinnimh agus athchóiriú seismeach cur ar bun agus oibriú treisithe
368	C6.1. R5	M	Glacadh an Chláir um Bainistiú Ciorclach Spáis agus Forbartha Foirgneamh don tréimhse 2021-2030 agus glacadh an Chláir Forbartha Bonneagair Ghlais Uirbigh don tréimhse 2021-2030
		Méid tráthchoda	EUR 804597701

2. An Dara Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
2	C1.1.1. R1-I1	M	Ardán digiteach oibríochtúil chun táillí a íoc
6	C1.1.1. R1-I2	T	Cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta chun muirir neamhchánach agus pharaifhioscacha a laghdú 2020

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
14	C1.1.1. R4-I1	M	Foilsiú glaonna ar chistiú le haghaidh infheistíochtaí lena ndírítear ar ghníomhaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a bhfuil critéir incháilitheachta sheanbhunaithe acu d'iarratasóirí agus do thionscadail (lena n-áirítear critéir chomhlíontachta 'gan dochar suntasach a dhéanamh')
16	C1.1.1. R4-I2	M	Ionstraim airgeadais a bhunú chun tacú le hinfheistíocht ó mhicrifhiontair agus ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide
19	C1.1.1. R4-I3	M	Ionstraim airgeadais a bhunú chun tacú le hinfheistíocht ag cuideachtaí meánchaipitlithe agus cuideachtaí móra
21	C1.1.1. R4-I4	M	Ionstraim airgeadais a bhunú le haghaidh maoiniú níos fabhraí d'eintitis phoiblí
25	C1.1.1. R6	M	Leasuithe ar an gcreat dlíthiúil
36	C1.2. R1	M	Doiciméad measúnaithe a fhoilsiú ina bhfuil moltaí chun bacainní agus nósanna imeachta riaracháin a mhaolú lena gcuirtear srian ar ghlacadh níos airde foinsí fuinnimh in-athnuaite
50	C1.2. R1-I3	M	Glacadh na Straitéise Forbartha Hidrigine
63	C1.3. R1-I1	T	Líonra séarachais poiblí tógtha nó athdhéanta
68	C1.3. R1-I2	T	Líonra soláthair uisce poiblí tógtha nó athdhéanta
131	C1.5. R2	M	An tAcht nua um Chomhdhlúthú Talún Talmhaíochta
138	C1.5. R4	M	An t-ardán ar líne chun cur amú bia a chosc agus bia a uasghrádú córas TF deonacháin
160	C2.1. R2	M	Uasghrádú chóras TF eFondovi: Córas Stórais um Iniúchadh agus Rialú: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF
174	C2.2. R4	M	Na creataí reachtacha a leasú chun cumasc deonach feidhmiúil nó iarbhír na n-aonad rialtais áitiúil (LGUnna) a spreagadh agus Cinneadh ó Rialtas na Cróite a ghlacadh maidir leis na critéir chun dreasachtaí fioscacha a dheonú le haghaidh cumaisc dheonacha fheidhmiúla nó iarbhír
202	C2.3. R4	M	Barrfheabhsú an phróisis deonaithe ceadanna le haghaidh infheistíochtaí nascachta
214	C2.5. R1	M	Uirlisí leictreonacha a chuirtear ar fáil agus acmhainneachtaí riaracháin leordhóthanacha do Chomhairle Bhreithiúnach an Stáit (Državno sudbeno vijeće, DSV) agus do Chomhairle Aturnae an Stáit (Državnoodvjetničko vijeće, DOV)
215	C2.5. R1	M	Leasuithe arna nglacadh ar an Acht Féimheachta agus ar an Acht um Dhócmhainneacht Tomhaltóirí
216	C2.5. R1	M	Leasuithe glactha ar an gCód um Nós Imeachta Coiriúil
266	C3.1. R1	M	Anailís chuimsitheach ar riachtanais mheánoideachais
286	C4.1. R1	M	Beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a fhorlíonadh
291	C4.1. R3	M	Scileanna a fhorbairt de réir riachtanais an mhargaidh
303	C4.3. R1	M	Glacadh an Achta Leasa Shóisialaigh nua

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
309	C4.3. R2	T	Oiliúint a chur ar ghairmithe meantóireachta sóisialta
352	C6.1. R1	M	Glacadh an Chláir um Athchóiriú Fuinnimh ar fhoirgnimh na hearnála poiblí le haghaidh na tréimhse 2021-2030
		Méid tráthchoda	EUR 804597701

3. An Tríú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
1	C1.1.1. R1	M	Glacadh na Straitéise um Meastóireacht ar Éifeachtaí Eacnamaíocha an Rialacháin ar earnáil na FBManna ag Rialtas na Cróite agus an Phlean Gníomhaíochta a ghabhann léi
7	C1.1.1. R1-I2	T	Cur chun feidhme na mbeart sna Pleananna Gníomhaíochta chun an t-ualach riaracháin ar an ngeilleagar a mhaolú 2018, 2019, 2020
23	C1.1.1. R5-I1	M	Ionstraim maoinithe cothromais agus cuasachothromais (PE) a chruthú
37	C1.2. R1	M	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta agus/nó rialacháin chun feabhas a chur ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear córas préimhbhunaithe a thabhairt isteach chun tacú le foinsí in-athnuaite fuinnimh.
60	C1.3. R1	M	Leasuithe ar an gcreat dlíthiúil in earnáil an uisce
69	C1.3. R1-I2	T	Gairis méadraithe uisce atá suiteáilte ag láithreáin astarraingthe uisce
74	C1.3. R1-I3	T	Conarthaí oibreacha arna dtabhairt i gcrích le haghaidh tionscadail cosanta ar thuilte
75	C1.3. R1-I3	T	Struchtúir chosanta ar thuilte a tógadh
76	C1.3. R1-I3	T	Sruthchúrsaí athbheochana
83	C1.3. R2	M	Glacadh Phlean Bainistithe Dramhaíola Phoblacht na Cróite le haghaidh na tréimhse 2023-2029
84	C1.3. R2-I1	T	Laghdú ar sciar na dramhaíola cathrach a sheoltar lena diúscairt (49 %)
99	C1.4. R2	M	An Plean Náisiúnta um Fhorbairt Bonneagair Iarnróid agus an Plean Bainistíochta Náisiúnta um Bonneagar Iarnróid agus Saoráidí Seirbhíse
111	C1.4. R3	M	An tAcht nua um Fhearann Muirí agus Calafoirt Mhuirí
114	C1.4. R3-I3	T	Faradh cábla nua ‘Križnica’ i mbun oibríochta trasna Abhainn Drava i mBardas Pitomača
141	C1.6. R1	M	Glacadh na Straitéise um Fhorbairt na Turasóireachta Inbhuanaithe faoi 2030 ag Rialtas Phoblacht na Cróite
144	C1.6. R1-I1	M	Glaonna poiblí a sheoladh ar aistriú glas agus digiteach an bhonneagair turasóireachta poiblí atá ann cheana agus ar bhonneagar turasóireachta poiblí a fhorbairt lasmuigh de na príomhlimistéir turasóireachta agus chósta
146	C1.6. R1-I2	M	Glaonna poiblí a sheoladh chun an inbhuanaitheacht a neartú agus chun borradh a chur faoi aistriú glas agus aistriú digiteach na bhfiontraithe turasóireachta, agus 50 % ar a laghad de na hinfheistíochtaí iomlána ag tacú leis an aistriú glas
